2026/1563

21.9.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/1563 ÓN gCOIMISIÚN

an 3 Iúil 2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta áirithe a shimpliú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ráitis airgeadais bhliantúla, ráitis airgeadais chomhdhlúite agus tuarascálacha gaolmhara cineálacha áirithe gnóthas, lena leasaítear Treoir 2006/43/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 78/660/CEE agus 83/349/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 29b(1), an chéad fhomhír, di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sonraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ([2]) ón gCoimisiún na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá le húsáid ag gnóthais chun a dtuairisciú inbhuanaitheachta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE, ag tosú ón mbliain airgeadais a léirítear in Airteagal 5(2) de Threoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) le haghaidh gach catagóire gnóthas.

(2) Le Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), leasaíodh Treoir 2013/34/AE trí, *inter alia*, an líon gnóthas a thagann faoi raon feidhme Airteagail 19a agus 29a den Treoir sin a laghdú agus trí na ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta a shimpliú ó bhlianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. I gcomhréir le Treoir (AE) 2026/470, agus ar bhonn na taithí a fuarthas ó chur i bhfeidhm na gcaighdeán inbhuanaitheachta atá ann cheana, is gá na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta atá ann cheana a leasú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an líon pointí sonraí a laghdú; (ii) tosaíocht a thabhairt do phointí sonraí cainníochtúla de rogha ar théacs insinte; (iii) idirdhealú breise a dhéanamh idir pointí sonraí sainordaitheacha agus pointí sonraí deonacha; (iv) treoracha soiléire a sholáthar maidir le conas prionsabal na hábharthachta a chur i bhfeidhm; (v) feabhas a chur ar chomhsheasmhacht le reachtaíocht eile de chuid an Aontais; agus (vi) idir-inoibritheacht le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta dhomhanda a chur san áireamh, a mhéid is féidir. Thairis sin, is gá forálacha áirithe de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a shimpliú agus struchtúr agus cur i láthair na gcaighdeán tuairiscithe a shimpliú.

(3) Chuir an Coimisiún comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais san áireamh, ar comhairle í a chomhlíonann na critéir a leagtar amach in Airteagal 49(3b), an chéad fhomhír, an dara fomhír agus an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE. Mar sin féin, chun comhréireacht a áirithiú agus chun éascú a dhéanamh ar na gnóthais lena mbaineann na caighdeáin thuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm ceart, tá athruithe déanta ag an gCoimisiún i ndáil le comhairle theicniúil an Ghrúpa Chomhairligh Eorpaigh um Thuairisciú Airgeadais a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) ábharthacht agus measúnú ábharthachta; (ii) cur i láthair cothrom; (iii) leibhéal an chomhiomlánaithe agus an dí-chomhiomlánaithe; (iv) an cumas faisnéis áirithe a fhágáil ar lár; (v) éifeachtaí airgeadais lena bhfuil coinne; (vi) astaíochtaí gás ceaptha teasa; (vii) pleananna um aistriú aeráide; (viii) micreaphlaistigh; (ix) astú truailleán; (x) substaintí arb údar mór imní iad; (xi) forálacha sonracha maidir le gníomhaíochtaí bainistithe sócmhainní; (xii) teagmhais maidir le cearta an duine agus teagmhais idirdhealaithe; agus (xiii) comhleanúnachas le Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir le dícheall cuí.

([1]) IO L 182, 29.6.2013, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/34/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2023 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (IO L, 2023/2772, 22.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2772/oj).

([3]) Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 537/2014, Treoir 2004/109/CE, Treoir 2006/43/CE agus Treoir 2013/34/AE, a mhéid a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach (IO L 322, 16.12.2022, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/2464/oj).

([4]) Treoir (AE) 2026/470 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena leasaítear Treoracha 2006/43/CE, 2013/34/AE, (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach (IO L, 2026/470, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2026/470/oj).

([5]) Treoir (AE) 2024/1760 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach agus lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus Rialachán (AE) 2023/2859 (IO L, 2024/1760, 5.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1760/oj).

(4) Comhlíonann na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29b de Threoir 2013/34/AE.

(5) Is gá, dá bhrí sin, na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a ionadú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a leasú dá réir sin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 29b(1), an tríú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm tráth nach luaithe ná 4 mhí tar éis a ghlactha.

(8) Chun am iomchuí a thabhairt do ghnóthais ullmhú do chur i bhfeidhm na gceanglas nua, agus chun costais chomhlíontachta a íoslaghdú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir leis na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.

(9) Chun an t-ualach tuairiscithe a laghdú ar ghnóthais atá faoi réir caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta cheana féin faoin leagan de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún atá i bhfeidhm faoi láthair, ba cheart cead a bheith ag na gnóthais sin, le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2026, na caighdeáin a chur i bhfeidhm de réir mar is infheidhme de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ([6]) ón gCoimisiún nó de bhun an Rialacháin seo. Ina theannta sin, gnóthais a roghnaíonn Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ón gCoimisiún a chur i bhfeidhm le haghaidh na mblianta airgeadais sin, ba cheart dóibh a bheith in ann faoisimh áirithe a thugtar isteach leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm. Chun trédhearcacht agus inchomparáideacht a áirithiú, ba cheart do ghnóthais a lua go soiléir ina ráiteas inbhuanaitheachta cén leagan atá á chur i bhfeidhm acu maidir leis na blianta airgeadais sin.

(10) I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an ceathrú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go comhpháirteach le Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe, dá dtagraítear in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]), agus leis an gCoiste Rialála Cuntasaíochta, dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]).

(11) I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an cúigiú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, d'iarr an Coimisiún tuairim ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, ón Údarás Baincéireachta Eorpach agus ón Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde.

(12) I gcomhréir le hAirteagal 49(3b), an séú fomhír, de Threoir 2013/34/AE, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle freisin leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha, leis an mBanc Ceannais Eorpach, le Coiste na gComhlachtaí Eorpacha um Fhormhaoirseacht Iniúchóireachta agus leis an Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a bunaíodh de bhun Airteagal 20 de Rialachán (AE) 2020/852,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 mar a leanas:

(1) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(2) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II.

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2025 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm na gceanglas maidir le nochtadh a chur siar le haghaidh gnóthais áirithe (IO L, 2025/1416, 10.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/1416/oj).

([7]) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/852/oj).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le caighdeáin idirnáisiúnta chuntasaíochta a chur i bhfeidhm (IO L 243, 11.9.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/1606/oj).

Airteagal 2

Forálacha idirthréimhseacha le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir agus an 31 Nollaig 2026

1. Le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2026, féadfaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ceachtar díobh seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(a) na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416 nó na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo;

(b) na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 arna leasú go deireanach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1416leis na faoisimh seo a leanas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:

(i) CETI 1, mír 27 maidir leis an gcur chuige ón mbarr anuas le haghaidh an mheasúnaithe ábharthachta dúbailte;

(ii) CETI 1 míreanna 32-33 maidir le costas míchuí agus iarrachtaí míchuí agus teorannú an tslabhra luacha sa mheasúnú ábharthachta dúbailte;

(iii) CETI 1 míreanna 74-75 maidir le héadálacha agus diúscairtí nua;

(iv) CETI 1 mír 90 maidir le méadracht le haghaidh gníomhaíochtaí neamhshuntasacha;

(v) CETI 1 mír 91 maidir le raon feidhme tuairiscithe páirteach an tslabhra luacha;

(vi) CETI 1 mír 92 maidir le hoibríochtaí comhpháirteacha;

(vii) CETI 1 mír 106 maidir le nochtaí Tacsanomaíochta a chur i láthair i bhfoscríbhinn ar leithligh;

(viii) CETI 1 mír 110 maidir leis an achoimre feidhmiúcháin.

2. Na gnóthais a roghnaíonn na caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm sa leagan dá dtagraítear i bpointe (a) nó i bpointe (b) de mhír 1, luafaidh siad go soiléir ina ráiteas inbhuanaitheachta an leagan atá á chur i bhfeidhm acu maidir le blianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2026 agus an 31 Nollaig 2026.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 10 Samhain 2026.

Beidh feidhm aige maidir leis na blianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 3 Iúil 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN I

Caighdeáin Eorpacha maidir le Tuairisciú um Inbhuanaitheacht 'CETI'

CETI 1 – CEANGLAIS GHINEARÁLTA

CLÁR

Cuspóir

1. Caighdeáin CETI agus coinbhinsiúin maidir le dréachtú

   1.1. Caighdeáin CETI agus nochtaí eintiteas-sonracha

   1.2. Coinbhinsiúin maidir le dréachtú

2. Cur i láthair cothrom agus saintréithe cáilíochtúla na faisnéise

3. Ábharthacht dhúbailte mar bhonn ag tuairisciú inbhuanaitheachta

   3.1. Measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le tuairisciú

      3.1.1. Ábharthacht faisnéise

      3.1.2. Céimeanna chun an fhaisnéis atá le tuairisciú a chinneadh

      3.1.3. Boinn chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht

      3.1.4. Tréimhsiúlacht an mheasúnaithe ábharthachta dúbailte

   3.2. Measúnú ábharthachta dúbailte: Ábharthacht tionchair agus ábharthacht airgeadais

      3.2.1. Measúnú ábharthachta tionchair

      3.2.2. Measúnú ábharthachta airgeadais

   3.3. Imthosca sonracha

      3.3.1. Tionchair nó rioscaí ábhartha a eascraíonn as gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair nó ar rioscaí a bhaineann le topaicí eile

      3.3.2. Leibhéal an chomhiomlánaithe agus an dí-chomhiomlánaithe

4. Dícheall cuí

5. Gnóthas tuairiscithe agus slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach

   5.1. Gnóthas tuairiscithe agus a oibríochtaí féin

   5.2. Faisnéis faoin slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach a chuimsiú

   5.3. Forálacha agus eisceachtaí chun teorainneacha tuairiscithe faoi seach na n-oibríochtaí dílse agus an tslabhra luacha a chinneadh

   5.4. Faoiseamh i leith fáltas agus diúscairtí

6. Tréimhse thuairiscithe, bonnbhliain agus tréimhsí ama

   6.1. Tréimhse thuairiscithe agus bonnbhliain

   6.2. Eatramh ama: sainmhíniú ar gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach chun críocha tuairiscithe

7. Faisnéis inbhuanaitheachta a ullmhú

7.1. Faisnéis chomparáideach

7.2. Breithiúnas, neamhchinnteacht tomhais agus neamhchinnteacht um thoradh

7.3. Faoisimh chun ráiteas inbhuanaitheachta CETI a ullmhú

7.4. Faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi atá ar fáil gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí

7.5. Nochtaí maidir le teagmhais a thabhairt cothrom le dáta tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

7.6. Earráidí i dtréimhsí roimhe sin a thuairisciú

7.7. Faisnéis a fhágáil amach

7.8. Tuairisciú ar dheiseanna ábhartha

8. Ceanglais maidir le cur i láthair agus struchtúr an ráitis inbhuanaitheachta

8.1. Ceanglas ginearálta maidir le cur i láthair, struchtúr agus inneachar an ráitis inbhuanaitheachta

8.2. Cur i láthair na faisnéise forlíontaí a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta

8.3. Roghanna chun faisnéis a chur i láthair thar chodanna den ráiteas inbhuanaitheachta

9. Faisnéis nasctha agus naisc le codanna eile den tuairisciú corparáideach

9.1. Faisnéis nasctha

9.2. Nascacht dhíreach agus indíreach le ráitis airgeadais, lena n-áirítear comhsheasmhacht toimhdí

9.3. Cuimsiú de réir tagartha

10. Forálacha idirthréimhseacha

10.1. Foráil idirthréimhseach a bhaineann le Caibidil 5 *Gnóthas tuairiscithe agus slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach*

10.2. Foráil idirthréimhseach a bhaineann le Caibidil 7.1 *Faisnéis chomparáideach*

10.3. Foráil idirthréimhseach: Liosta de Cheanglais maidir le Nochtadh a thugtar isteach de réir a chéile

Foscríbhinn A – *Liosta na dtopaicí*

Foscríbhinn B – *Saintréithe cáilíochtúla na faisnéise*

Cuspóir

1. Sonraítear sna Caighdeáin Eorpacha maidir le Tuairisciú um Inbhuanaitheacht (CETI) an fhaisnéis inbhuanaitheachta a cheanglaítear ar ghnóthais a nochtadh i gcomhréir le Treoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta) arna leasú le Treoir (AE) 2022/2464 (an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach) agus le Treoir (AE) 2026/470 (Treoir 'Omnibus I').

2. Le CETI, ceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoina ***thionchair*** ábhartha ar dhaoine agus ar an gcomhshaol agus faoina ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a ***bhaineann le hinbhuanaitheacht***('tionchair, rioscaí agus deiseanna' i dteannta a chéile). Is ionann tuairisciú faoin dá pheirspictíocht sin agus prionsabal na ***hábharthachta dúbailte*** (féach Caibidil 3).

3. Is é is cuspóir don ***ráiteas inbhuanaitheachta***, ina iomláine, ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna ábhartha uile an ghnóthais a bhaineann le hinbhuanaitheacht*** agus an chaoi a mbainistíonn an gnóthas iad a chur i láthair go cothrom (féach Caibidil 2). Beidh an fhaisnéis a thuairisceofar úsáideach ***d'úsáideoirí*** ráiteas inbhuanaitheachta ilchuspóireach.

4. Is iad seo a leanas ***úsáideoirí ráiteas inbhuanaitheachta*** ilchuspóireach:

   (a) príomhúsáideoirí tuarascálacha airgeadais ilchuspóireacha, amhail infheisteoirí, iasachtóirí agus creidiúnaithe eile atá ann cheana agus a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais; agus

   (b) úsáideoirí eile ráiteas inbhuanaitheachta ilchuspóireach, amhail comhpháirtithe gnó an ghnóthais, comhpháirtithe sóisialta (ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí), an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

5. Ina ***ráiteas inbhuanaitheachta***, nochtfaidh an gnóthas faisnéis faoi na ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha arna n-eagrú faoi ***thopaicí*** lena mbaineann siad. Cumhdóidh an fhaisnéis sin na réimsí tuairiscithe seo a leanas: (a) rialachas, (b) straitéis lena n-áirítear ***éifeachtaí airgeadais***, (c) bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna, lena n-áirítear ***beartais*** agus ***gníomhaíochtaí*** gaolmhara, agus (d) ***méadracht*** agus ***spriocanna.***

6. Ní shainordaítear iompraíocht le CETI ach amháin iompraíocht a bhaineann go sonrach le faisnéis inbhuanaitheachta a thuairisciú. Le tuairisciú i gcomhréir le CETI, ní dhíolmhaítear an gnóthas ó oibleagáidí eile, lena n-áirítear oibleagáidí díchill chuí, a leagtar síos i ndlí an Aontais.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 4 **(Cuspóir ginearálta)**	Tagraíonn na téarmaí 'tuarascálacha airgeadais ilchuspóireacha' agus '***ráitis inbhuanaitheachta*** ilchuspóireacha' do thuarascálacha: (a) atá dírithe ar ***úsáideoirí*** a bhfuil eolas réasúnta acu ar ábhair ghinearálta na dtuarascálacha sin; agus (b) a chuireann faisnéis atá úsáideach ó thaobh cinnteoireachta de a theastaíonn ó ghrúpaí úsáideoirí san áireamh, gan é a bheith d'aidhm acu freastal ar riachtanais shonracha faisnéise uile gach úsáideora ar leith.

1. **Caighdeáin CETI agus coinbhinsiúin maidir le dréachtú**

1.1. *Caighdeáin CETI agus nochtaí eintiteas-sonracha*

7. Mínítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* coinbhinsiúin maidir le dréachtú agus leagtar amach ceanglais ghinearálta chun ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais a shainaithint, agus chun faisnéis atá le tuairisciú a ullmhú agus a chur i láthair. Leagtar amach ann freisin ceanglais ghinearálta maidir leis an mbonn atá leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a ullmhú.

8. Cuirfidh an gnóthas an Caighdeán sin i bhfeidhm i gcomhar le CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* (dá ngairtear 'caighdeáin thrasearnálacha' sa dá chás) agus leis na caighdeáin thopaicshonracha.

9. Le CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* bunaítear Ceanglais maidir le Nochtadh maidir leis an bhfaisnéis a sholáthróidh an gnóthas ar leibhéal ginearálta ar fud na ***dtopaicí*** uile lena mbaineann a ***thionchair***, a ***rioscaí*** agus a ***dheiseanna*** ábhartha, ***lena*** gcumhdaítear na réimsí tuairiscithe a liostaítear i mír5.

10. Le caighdeáin thopaicshonracha, tugtar aghaidh ar ***thopaicí*** agus ar fhothopaicí, lena gcomhlánaítear na ceanglais dá bhforáiltear in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, agus cuimsítear leo na réimsí tuairiscithe a liostaítear i mír 5. Tugtar forléargas sa tábla i bhFoscríbhinn A *Liosta Topaicí* ar na topaicí agus na fothopaicí a chumhdaítear le caighdeáin thopaicshonracha.

11. Má thagann an gnóthas ar an gconclúid nach bhfuil ***topaic*** a bhaineann le ***tionchar***, ***riosca*** nó ***deis*** ábhartha cumhdaithe ag CETI, nó nach bhfuil sí cumhdaithe le gráinneacht leordhóthanach, soláthróidh sé nochtaí eintiteas-sonracha agus na forálacha maidir le cur i láthair cothrom i gCaibidil 2 á gcur san áireamh. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i ngeall ar shainiúlachtaí earnála nó ar fhíorais agus imthosca eile atá ábhartha don ghnóthas féin.

12. Agus a nochtaí eintiteas-sonracha á bhforbairt aige, breithneoidh an gnóthas inchomparáideacht le himeacht ama agus le gnóthais eile a oibríonn san earnáil nó sna hearnálacha céanna.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 2 i gcás mhír 11 **(Topaicí eintiteas-sonracha)**	Ag brath ar fhíorais agus imthosca an ghnóthais, d'fhéadfadh ***topaicí*** a bheith ann seachas iad siúd a chumhdaítear i gceanglais thopaicshonracha CETI a chumhdóidh an gnóthas tar éis a mheasúnaithe ***ábharthachta***. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh i gcás ina bhfuil baint ag a ***shamhail ghnó*** agus a straitéis ghnó le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha nach gcomhfhreagraíonn do thopaicí CETI.
AR 3 i gcás mhír 11 **(Ceanglais maidir le nochtaí eintiteas-sonracha)**	Agus nochtaí eintiteas-sonracha á bhforbairt ag an ngnóthas, áiritheoidh sé an méid seo a leanas: (a) comhlíonann siad saintréithe cáilíochtúla na faisnéise a leagtar amach i bhFoscríbhinn B; agus (b) áirítear sna nochtaí an fhaisnéis ábhartha is gá le haghaidh na réimsí tuairiscithe ábhartha a liostaítear i mír 5.
AR 4 i gcás mhír 11 **(Nochtaí eintiteas-sonracha agus méadracht)**	Breithneoidh an gnóthas na nithe seo a leanas agus úsáideacht na ***méadrachta*** a bheidh le háireamh ina nochtaí eintiteas-sonracha á cinneadh aige: (a) leis an méadracht atá roghnaithe aige, soláthraítear faisnéis ábhartha maidir le ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha; (b) áirithítear leis an tomhas léiriú dílis bunaithe ar fhaisnéis agus ar thoimhdí atá réasúnta, ar féidir tacú leo agus atá infhíoraithe; agus (c) tá faisnéis chomhthéacsúil leordhóthanach curtha ar fáil aige.
AR 5 i gcás mhír 12 **(Foinsí le haghaidh nochtaí eintiteas-sonracha)**	Agus nochtaí eintiteas-sonracha an ghnóthais á bhforbairt ag an ngnóthas, féadfaidh sé úsáid a bhaint as na dea-chleachtais, na creataí nó na caighdeáin tuairiscithe atá ar fáil, amhail treoraíocht thionscalbhunaithe na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais agus Caighdeáin an Ghrúpa um an gCaidreamh Idirinstitiúideach (lena n-áirítear topaicí agus caighdeáin earnála an Ghrúpa um an gCaidreamh Idirinstitiúideach).

1.2. *Coinbhinsiúin maidir le dréachtú*

13. Ar fud CETI, cuirtear na téarmaí a shainmhínítear sa *Ghluais téarmaí a shainmhínítear in CETI* (Iarscríbhinn II, tábla 2, a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1563 in iúl i g***cló trom iodálach***, ach amháin i gcás ina n-úsáidtear téarma sainithe níos mó ná uair amháin sa mhír chéanna.

14. Tuigtear go bhfuil na téarmaí 'topaic inbhuanaitheachta' agus 'fothopaic inbhuanaitheachta' in CETI comhchiallach leis na téarmaí 'ábhair inbhuanaitheachta' nó 'tosca inbhuanaitheachta' mar a úsáidtear i dTreoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta). Déantar nochtaí in CETI a struchtúrú ina ***dtopaicí***. Déantar topaic a imdhealú a thuilleadh ina fothopaicí. In CETI, úsáidtear an téarma ***topaic*** (i ***gcló trom iodálach***) chun topaic nó fothopaic a léiriú ag brath ar an leibhéal gráinneachta is iomchuí is gá chun na cuspóirí nochta faoi seach a chomhlíonadh.

15. I ngach CETI:

(a) tagraíonn '***tionchair***' do thionchair iarbhír agus fhéideartha, dhearfacha agus dhiúltacha ar dhaoine agus ar an gcomhshaol; agus

(b) tagraíonn '***rioscaî***' agus '***deiseanna***' do ***rioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta*** an ghnóthais a dhéanann difear (nó a bhféadfaí coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfaidís difear) d'fheidhmíocht airgeadais, staid airgeadais, sreafaí airgid, rochtain ar mhaoiniú nó costas caipitil an ghnóthais sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma.

16. Tuigtear go bhfuil ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a thuairiscítear sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** mar an gcéanna le príomhthionchair, rioscaí agus deiseanna an ghnóthais dá dtagraítear i dTreoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta).

17. Tá struchtúr na faisnéise in CETI bunaithe ar 'Ceanglais maidir le Nochtadh'. Is éard atá i ngach Ceanglas maidir le Nochtadh pointe sonraí ar leith amháin nó níos mó. Cuirtear Ceanglais maidir le Nochtadh in iúl leis na téarmaí 'nochtfaidh', 'tuairisceoidh', 'tabharfaidh tuairisc' agus 'míneoidh sé' chun a léiriú go bhfuil an fhaisnéis atá i gceist forordaithe, faoi réir ***ábharthacht*** na faisnéise (féach míreanna 23 agus 24).

18. Tá 'Ceanglais maidir le Cur i bhFeidhm' shainordaitheacha in CETI lena dtacaítear le cur i bhfeidhm na gceanglas a fhorordaítear i bpríomhchorp na gcaighdeán, agus a bhfuil an t-údarás céanna acu agus atá acu. Tacaíonn ARanna in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus i gcaighdeáin thopaicshonracha le nochtaí a ullmhú a chomhlíonann saintréithe cáilíochtúla na faisnéise (féach Foscríbhinn B). Úsáideann ARanna an téarma 'breithneoidh' chun saincheisteanna, acmhainní nó modheolaíochtaí a léiriú a bhfuil coinne leis go gcuirfidh an gnóthas san áireamh iad nó go n-úsáidfidh sé iad agus nochtadh ar leith á ullmhú. Tá roghanna cur i láthair in ARanna freisin, lena léirítear go bhféadfar píosa faisnéise ar leith a sholáthar i bhfoirm tábla, mar théacs insinte nó trí úsáid a bhaint as cineálacha eile roghanna cur i láthair.

2. **Cur i láthair cothrom agus saintréithe cáilíochtúla na faisnéise**

19. Le cur i láthair cothrom, tá sé de cheanglas faisnéis ábhartha a nochtadh faoi ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais i gcomhréir le Caibidil 3 agus a léiriú dílis i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach sa Chaighdeán seo (maidir le hábharthacht agus léiriú dílis féach Foscríbhinn B). Chun léiriú dílis a bhaint amach, soláthróidh an gnóthas léiriú iomlán, neodrach agus cruinn ar a thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha.

20. Le cur i láthair cothrom, tá sé de cheanglas freisin go nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

(a) faisnéis atá inchomparáide, infhíoraithe agus intuigthe (féach Foscríbhinn B); agus

(b) faisnéis eintiteas-sonrach, agus CETI á chur i bhfeidhm, ní leor í chun é a chur ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais agus ar an gcaoi a mbainistíonn an gnóthas iad (féach mír 3).

21. Trí CETI a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an scagaire ***ábharthachta*** mar a leagtar amach i mír 24, agus le nochtaí eintiteas-sonracha nuair is gá (féach mír 11), faightear ***ráiteas inbhuanaitheachta*** lena mbaintear amach cur i láthair cothrom.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 6 i gcás míreanna 19–20 **(Faisnéis a mheastar a bheith ina hiomláine)**	Chun cuspóir a ***ráitis inbhuanaitheachta*** a leagtar amach i mír 3 a chomhlíonadh, breithneoidh an gnóthas cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear leis an ráiteas inbhuanaitheachta, ina iomláine, cur i láthair cothrom ar a ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Breithneofar sa mheasúnú sin an léargas foriomlán a chuirtear in iúl leis an bhfaisnéis a nochtar ar fud an ráitis inbhuanaitheachta seachas nochtaí aonair ina n-aonar. D'fhéadfadh cur leis an bhfaisnéis eintiteas-sonrach a bheith mar thoradh air sin, chomh maith le cur chun feidhme na forála i mír 24, trí úsáid a bhaint as na critéir maidir le hábharthacht faisnéise i mír 23. Ní dhéanann úsáid ceann amháin nó níos mó de na forálacha i gCaibidlí 5.4, 7.3, 7.4, nó 7.7 dochar do chur i láthair cothrom ar choinníoll go dtugann an gnóthas mínithe a chuireann ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar na hiarmhairtí ar an bhfaisnéis tuairiscithe agus ar na teorainneacha a eascraíonn as sin.

AR 7 i gcás mhír 20(b) **(Faisnéis bhreise i gcreataí tuairiscithe eile)**	Tagraíonn creataí tuairiscithe eile 'd'fhaisnéis bhreise' mar an t-ábhar a nochtfaidh gnóthas thar na ceanglais dá bhforáiltear sna caighdeáin chun cur i láthair cothrom a áirithiú. In CETI, tá an cuspóir céanna ag an téarma 'nochtaí eintiteas-sonracha'.

3. **Ábharthacht dhúbailte mar bhonn ag tuairisciú inbhuanaitheachta**

22. Cinneann an gnóthas an fhaisnéis atá le nochtadh bunaithe ar a mheasúnú ***ábharthachta dúbailte*** (féach mír 2) agus bunaithe ar na forálacha chun an fhaisnéis atá le tuairisciú a chinneadh, mar a mhínítear sa Chaibidil seo.

3.1. *Measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le tuairisciú*

3.1.1. Ábharthacht faisnéise

23. Tá faisnéis ábhartha nuair a dhéantar an fhaisnéis sin a fhágáil ar lár, míráiteas a dhéanamh ina taobh nó í a dhoiléiriú, d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go mbeadh tionchar aici ar na nithe seo a leanas:

(a) cinntí a dhéanann ***príomhúsáideoirí*** tuarascálacha airgeadais ilchuspóireacha bunaithe ar na tuarascálacha sin, lena n-áirítear ráitis airgeadais agus an ***ráiteas inbhuanaitheachta***, a bhaineann le hacmhainní a sholáthar don ghnóthas; nó

(b) cinntí, a dhéanann úsáideoirí eile ráiteas inbhuanaitheachta 'ilchuspóireach' bunaithe ar an ráiteas inbhuanaitheachta maidir le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais agus maidir leis an gcaoi a mbainistíonn an gnóthas iad.

24. Ach amháin faisnéis a chinnfidh sé a nochtadh de réir roinn 8.2. *Cur i láthair na faisnéise forlíontaí a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*, ní nochtfaidh an gnóthas faisnéis arna forordú le Ceanglas maidir le Nochtadh nó pointe sonraí CETI mura bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha agus ní nochtfaidh sé faisnéis nach bhfuil ábhartha agus faisnéis eintiteas-sonrach á nochtadh aige i gcomhréir le mír 11.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 8 i gcás mhír 23 **(Cinntí)**	Agus úsáideacht faisnéise á meas ó thaobh úsáideacht cinnteoireachta de, cuirfidh an gnóthas san áireamh an fhaisnéis a theastaíonn ó ghrúpaí úsáideoirí den sórt sin, gan é a bheith d'aidhm aige freastal ar riachtanais shonracha faisnéise uile gach úsáideora aonair.

3.1.2. Céimeanna chun an fhaisnéis atá le tuairisciú a chinneadh

25. Cinneann an gnóthas an fhaisnéis atá le tuairisciú in dhá chéim:

(a) sainaithnítear ann ***topaicí*** a bhaineann lena ***thionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha (féach Caibidlí 3.2.1 agus 3.2.2); agus ansin,

(b) cinntear leis an fhaisnéis atá le tuairisciú maidir le gach ceann de na ***topaicí*** sin (féach míreanna 29, 30 agus 31 den Chaighdeán seo).

26. Maidir le ***topaicí*** a shainaithint, tuairisceoidh an gnóthas faisnéis ábhartha le haghaidh topaice nó fothopaice nuair a bhaineann sí le ***tionchar***, ***riosca*** nó ***deis*** ábhartha amháin nó níos mó arna sainaithint bunaithe ar na critéir i gCaibidlí 3.2.1. agus 3.2.2.

27. Gan dochar do na critéir i gCaibidlí 3.2.1 agus 3.2.2, féadfaidh an gnóthas teacht ar chonclúid, gan tuilleadh measúnaithe, maidir le ***hábharthacht*** nó neamhábharthacht a ***thionchair***, a ***rioscaí*** nó a ***dheiseanna*** le haghaidh ***topaice*** nó fothopaice, ar bhonn anailíse ar a straitéis agus ar a ***shamhail ghnó*** lena n-áirítear a earnáil(earnálacha) oibríochtaí, a **limistéir gheografacha**, agus gnéithe a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh (cur chuige 'ón mbarr anuas' i leith measúnú ábharthachta). Sa chur chuige sin, mura bhfuil ábharthacht nó neamhábharthacht tionchair, riosca nó deiseanna amháin nó níos mó soiléir ar bhonn na hanailíse thuas, déanfaidh an gnóthas measúnú sonrach ar na tionchair, na rioscaí nó na deiseanna atá i gceist.

28. Gan dochar do na critéir i gCaibidlí 3.2.1 agus 3.2.2, féadfaidh an gnóthas brath ar ***mheasúnú ábharthachta*** a dhéantar ar leibhéal na ***dtionchar***, na ***rioscaí*** agus na ***ndeiseanna*** amháin (cur chuige 'ón mbun aníos' i leith measúnú ábharthachta).

29. Maidir leis an bhfaisnéis atá le tuairisciú, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

    (a) CETI 2 Nochtaí Ginearálta a chur i bhfeidhm;

    (b) i gcás ***topaice*** nó fothopaice a bhaineann lena ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha:

        i. CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* GDR-P, GDR-A, GDR-M, agus GDR-T a chur i bhfeidhm maidir le ***beartais***, ***gníomhaíochtaí***, ***méadracht*** agus ***spriocanna***;

        ii. faisnéis a nochtadh maidir leis na Ceanglais maidir le Nochtadh (lena n-áirítear ARanna) atá ábhartha don topaic shonrach nó don fhothopaic shonrach sna caighdeáin thopaicshonracha; agus

    (c) faisnéis eintiteas-sonrach a chur leis i gcás inar gá i gcomhréir le mír 11.

30. I gcás ina mbaineann ***tionchar***, ***riosca*** nó ***deis*** ábhartha le ***fothopaic***, ní thuairisceoidh an gnóthas ach an fhaisnéis ábhartha don fhothopaic sin.

31. Agus faoisimh CETI á n-úsáid, nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis a fhorordaítear i bhFochaibidlí 5.4, 7.3, 7.4, agus 7.7.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 9 i gcás mhír 27 **(Cur chuige 'ón mbarr anuas')**	Le cur chuige ón mbarr anuas, cuirtear ar a chumas don ghnóthas obair nach bhfuil gá léi a sheachaint agus measúnú á dhéanamh aige ar ***ábharthacht*** nó neamhábharthacht a ***thionchar***, a ***rioscaí*** nó a ***dheiseanna*** le haghaidh ***topaice*** nó fothopaice. Go ginearálta, le cur chuige ón mbarr anuas, ní cheanglaítear ar an ngnóthas an measúnú ábharthachta a dhéanamh ar leibhéal na dtionchar, na rioscaí agus na ndeiseanna aonair. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le leibhéal measúnaithe níos mionsonraithe, dá bhféadfaí coinne réasúnach a bheith leis go dtiocfadh conclúid dhifriúil as sin maidir le hábharthacht thionchair, rioscaí nó dheiseanna an ghnóthais maidir le topaic nó fothopaic. Agus cur chuige ón mbarr anuas á leanúint, is féidir teacht ar an gconclúid ábharthachta ar leibhéal na topaice maidir le tionchair, rioscaí agus deiseanna comhcheangailte.
AR 10 i gcás mhíreanna 27-28 **(Cuir chuige a chomhcheangal)**	Féadfaidh an gnóthas 'cur chuige ón mbarr anuas' a chomhcheangal le hanailís 'ón mbun aníos' le haghaidh ***topaicí*** eile.
AR 11 i gcás mhír 27 **(Limistéir gheografacha)**	Is féidir anailís a dhéanamh ar ***limistéir gheografacha*** nó ar chomhthéacsanna geografacha ar leibhéil éagsúla (tír, réigiún, contae, imchuach uisce, ***éiceachóras*** nó ***láithreán***) de réir a n-ábharthachta don mheasúnú.
AR 12 i gcás mhír 29 **(CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* Ceanglais maidir le Nochtadh)**	Is de chineál bunúsach iad na Ceanglais maidir le Nochtadh in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus, dá bhrí sin, is dócha go mbeidh faisnéis ábhartha ann do gach gnóthas mar thoradh orthu.

3.1.3. Boinn chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht

32. Déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas ina mheasúnú ***ábharthachta dúbailte***:

(a) úsáidfidh sé faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi agus atá ar fáil don ghnóthas ar an dáta tuairiscithe gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí (féach Caibidil 7.4);

(b) ní cheanglaítear air measúnú a dhéanamh ar gach ***tionchar***, ***riosca*** nó ***deis*** a d'fhéadfadh a bheith ann ar fud gach réimse dá oibríochtaí agus dá ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach, ach díreoidh sé ar réimsí ina meastar gur dócha go dtiocfaidh tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha chun cinn bunaithe ar straitéis agus ***samhail ghnó*** an ghnóthais, ar ***limistéir gheografacha***, ar earnálacha, ar ***ghaolmhaireachtaí gnó***, ar chineál na ngníomhaíochtaí, nó ar thosca eile.

33. D'fhéadfadh an gnóthas a bheith in ann an measúnú ***ábharthachta*** a dhéanamh maidir leis an slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach gan ionchur díreach ó ghníomhaithe sa slabhra luacha, agus úsáid á baint ina ionad sin as meánsonraí réigiúnacha, sonraí earnála nó faisnéis atá ar fáil go ginearálta faoi ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bheith ann sa chomhthéacs atá i gceist.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 13 i gcás mhír 32 **(Faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi agus tionchair, rioscaí agus deiseanna a shainaithint)**	I gcomhréir le húsáid faisnéise réasúnta ar féidir tacú léi atá ar fáil don ghnóthas ar an dáta tuairiscithe gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí (Caibidil 7.4): (a) ní gá go mbeadh sé de cheanglas faisnéis chainníochtúil ná scóráil chainníochtúil a úsáid. D'fhéadfadh anailís cháilíochtúil a bheith leordhóthanach chun go dtiocfaidh an gnóthas ar chonclúid réasúnach maidir le ***hábharthacht tionchar***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** a bhaineann le ***topaic*** ar leith; agus (b) ní cheanglaítear ar an ngnóthas cuardach uileghabhálach a dhéanamh ar fhaisnéis chun tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha a shainaithint.
AR 14 i gcás mhír 32 **(Gnáthfhoinsí inmheánacha agus seachtracha)**	Féadfaidh an gnóthas breithniú a dhéanamh ar na gnáthfhoinsí inmheánacha agus seachtracha seo a leanas chun tacú leis an measúnú ***ábharthachta***: dícheall cuí inbhuanaitheachta agus próisis ghinearálta bainistithe riosca an ghnóthais; a rannpháirtíocht le ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear; taithí phiara; tuarascálacha agus staitisticí, sonraí eolaíocha, agus comhairle ó shaineolaithe.
AR 15 i gcás mhír 32 **(Saintréithe na déine agus na tréimhse ama)**	Agus a mheasúnú ***ábharthachta*** á dhéanamh aige (féach míreanna 27 agus 32), ní gá don ghnóthas anailís a dhéanamh ar an méid seo a leanas: (a) gach saintréith déine (féach Caibidil 3.2.1), más féidir teacht ar chonclúid go bhfuil an tionchar dian gan anailís a dhéanamh ar gach saintréith ar leithligh; agus (b) gach tréimhse ama do gach ***tionchar***, ***riosca*** nó ***deis***, mura bhfuil gá le measúnú breise, amhail nuair a mheasann an gnóthas go bhforbróidh an tionchar, an riosca nó an deis le himeacht ama.
AR 16 i gcás mhír 32 **(Leibhéal an mheasúnaithe ábharthachta)**	Tacaíonn na míreanna seo a leanas le cinneadh an leibhéil ag a ndéantar an measúnú ***ábharthachta***. Leibhéal an chomhiomlánaithe nó an dí-chomhiomlánaithe arna ghlacadh chun críoch tuairiscithe, déantar é a chinneadh ar leithligh ón leibhéal ar a ndéantar an measúnú ábharthachta agus i gcomhréir le forálacha Chaibidil 3.3.2 *Leibhéal an chomhiomlánaithe agus an dí-chomhiomlánaithe*. Maidir le limistéir gheografacha a shainaithnítear faoi mhír 32(b), d'fhéadfadh sé go mbeadh ar an ngnóthas an comhthéacs sonrach a mheas chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht ***tionchar***, ***rioscaí***, nó ***deiseanna***. D'fhéadfadh sé sin a bheith riachtanach más rud é, mar shampla, nach féidir ábharthacht nó neamhábharthacht tionchair, riosca nó deise le haghaidh ***topaice*** nó fothopaice a shuí gan an comhthéacs sonrach a mheas nó más rud é go bhféadfaí go réasúnta coinne a bheith leis go ndéanfadh an comhthéacs sonrach difear don chonclúid maidir le hábharthacht an tionchair, an riosca nó na deise atá i gceist. Maidir le ***topaicí*** comhshaoil, áirítear an méid seo a leanas, i measc nithe eile, ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar thionchair dhiúltacha a bheith ann i gcomhthéacs sonrach na ***tíreolaíochta***: cáilíocht an aeir áitiúil, an uisce áitiúil agus ***na hithreach*** áitiúla; infhaighteacht uisce i limistéir ina bhfuil ***strus maidir le huisce***; agus láithreacht ***speicis*** agus ***éiceachórais atá faoi bhagairt*** i ***limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de***.

	Ós rud é go mbaineann sé le tionchair agus ***spleáchais*** a bhaineann leis an dúlra, soláthraíonn na chéad trí chéim de chur chuige LEAP (a aimsiú, a mheas, a mheasúnú) tagairt luachmhar maidir le conas an méid seo a leanas a dhéanamh: (a) an áit a dtarlaíonn comhéadain leis an dúlra a aimsiú laistigh d'oibríochtaí dílse agus de ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais; (b) meastóireacht a dhéanamh ar na spleáchais agus na ***tionchair***; agus (c) measúnú a dhéanamh ar na ***rioscaí*** nó na ***deiseanna*** gaolmhara. I gcás topaicí sóisialta, áirítear an méid seo a leanas, i measc nithe eile, ar na tosca a mbíonn tionchar acu ar thionchair dhiúltacha a bheith ann i gcomhthéacs sonrach na tíreolaíochta: limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus limistéir ardriosca, agus pobail leochaileacha amhail ***pobail dhúchasacha*** nó oibrithe imirceacha a bheith i láthair.

3.1.4. Tréimhsiúlacht an mheasúnaithe ábharthachta dúbailte

34. Ar gach dáta tuairiscithe, breithneoidh an gnóthas ar tharla athruithe nach beag a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chonclúidí an mheasúnaithe ***ábharthachta*** a rinneadh i dtréimhsí tuairiscithe roimhe sin. Má shainaithnítear na hathruithe sin, déanfaidh an gnóthas an measúnú a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta. D'fhéadfadh baint a bheith ag athruithe le gníomhaíochtaí, struchtúr, ***gaolmhaireachtaí gnó*** an ghnóthais, tuiscint ar ***thionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna***, modheolaíochtaí measúnaithe, nó an timpeallacht sheachtrach.

3.2. *Measúnú ábharthachta dúbailte: Ábharthacht tionchair agus ábharthacht airgeadais*

35. Tá dhá ghné ag baint le h***ábharthacht dhúbailte***: ***ábharthacht tionchair*** agus ***ábharthacht airgeadais*** agus breithneoidh an gnóthas an chaoi a n-idirghníomhaíonn siad. Is féidir le ***tionchar*** a bheith ábhartha ó thaobh airgeadais de ón tús nó éirí ábhartha ó thaobh airgeadais de, nuair atá coinne réasúnta leis go ndéanfaidh sé difear d'fheidhmíocht airgeadais, staid airgeadais, sreafaí airgid an ghnóthais, dá rochtain ar mhaoiniú nó do chostas caipitil sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma. Is féidir le tionchair a bheith ábhartha go heisiach ó thaobh tionchair de, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil siad ábhartha ó thaobh airgeadais de.

36. Go ginearálta, is é an measúnú ar ***thionchair*** an túsphointe. Déanfaidh an gnóthas meastóireacht chomh maith ar cé acu atá nó nach bhfuil ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha ann nach mbaineann le tionchair an ghnóthais, amhail rioscaí fisiceacha.

37. Cinnfidh an gnóthas cé na ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** atá ábhartha, bunaithe ar na critéir i gCaibidlí 3.2.1 agus 3.2.2, arna dtacú le breithnithe cáilíochtúla iomchuí agus tairseacha cainníochtúla.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 17 i gcás mhír 37 **(Measúnú ábharthachta do ghnóthais a bhainistíonn infheistíochtaí ar choinníollacha áirithe)**	I gcás ina mbainistíonn an gnóthas infheistíochtaí atá faoi réir dualgas muiníneach thar ceann a chliant de bhun sainordú arna chomhaontú leis na cliaint sin gan rioscaí ná luaíochtaí úinéireachta a choinneáil, níl coinne leis go ndéanfaidh an gnóthas sin measúnú ar na ***tionchair***, na ***rioscaí*** agus na ***deiseanna*** a bhaineann leis na hinfheistíochtaí sin.

3.2.1. Measúnú ábharthachta tionchair

38. Sainaithnítear sa mheasúnú ***ábharthachta tionchair*** tionchair ábhartha an ghnóthais.

39. Tuairisceoidh an gnóthas faisnéis faoi ***thopaic*** ar leith ó pheirspictíocht ***tionchair*** má bhaineann an topaic sin le tionchair ábhartha iarbhír nó fhéideartha, dhearfacha nó dhiúltacha an ghnóthais ar dhaoine nó ar an gcomhshaol sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma. Áirítear ar thionchair iad siúd a bhfuil baint acu le hoibríochtaí dílse an ghnóthais agus lena ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach, lena n-áirítear trína ***tháirgí*** agus trína sheirbhísí, agus trína ***ghaolmhaireachtaí gnó*** ina shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach. Níl gaolmhaireachtaí gnó teoranta do ghaolmhaireachtaí conarthacha díreacha.

40. Maidir le ***tionchair*** dhiúltacha iarbhír, déanfar measúnú ar ***ábharthacht*** bunaithe ar dhéine an tionchair. Maidir le tionchair dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ann, déanfar measúnú air bunaithe ar mheascán de dhéine agus de dhóchúlacht. Déanfar measúnú ar dhéine bunaithe ar na tosca seo a leanas: scála, raon feidhme agus carachtar doleigheasta an tionchair. I gcás tionchar diúltach ionchasach ar chearta an duine, bíonn tosaíocht ag déine an tionchair ar a dhóchúlacht.

41. Maidir le ***tionchair*** dhearfacha iarbhír, déanfar measúnú ar ***ábharthacht*** bunaithe ar scála agus ar raon feidhme an tionchair. Maidir le tionchair dhearfacha a d'fhéadfadh a bheith ann, déanfar measúnú ar ábharthacht bunaithe ar scála, raon feidhme agus dóchúlacht an tionchair.

42. Is príomh-ionchur sa ***mheasúnú ábharthachta tionchair*** é torthaí na rannpháirtíochta le ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear a dhéantar i gcomhthéacs gníomhaíochtaí leanúnacha díchill chuí inbhuanaitheachta. Is éard is páirtithe leasmhara dá ndéantar difear ann daoine aonair nó grúpaí a ndéanann gníomhaíochtaí an ghnóthais agus a ***ghaolmhaireachtaí gnó*** díreacha agus indíreacha ina **shlabhra luacha** réamhtheachtach agus iartheachtach difear dá leasanna nó a bhféadfadh na gníomhaíochtaí agus na gaolmhaireachtaí gnó sin difear a dhéanamh dá leasanna. An tsochaí shibhialta, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus ceardchumainn mar ***úsáideoirí***, is féidir leo a bheith ina n-ionadaithe do pháirtithe leasmhara dá ndéantar difear.

43. Tá feidhm ag an méid seo a leanas agus cinneadh á dhéanamh maidir le conas breithniú a dhéanamh, sa mheasúnú ábharthachta, ar ***bheartais*** agus ar ***ghníomhaíochtaí*** chun ***tionchair*** dhiúltacha a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a leigheas:

(a) déanfar measúnú ar dhéine na ***dtionchar*** diúltach iarbhír – iad siúd a thagann chun solais le linn na bliana tuairiscithe – de réir mar a tháinig siad chun cinn iarbhír le linn na bliana tuairiscithe. Áirítear ar ***thionchair iarbhír*** na tionchair sin a tionscnaíodh sna tréimhsí tuairiscithe roimhe sin agus atá fós ann sa tréimhse thuairiscithe reatha. Déantar measúnú ar a ndéine bunaithe ar an tréimhse thuairiscithe reatha, i.e. ag cur san áireamh an chaoi ar maolaíodh, ar cuireadh deireadh leo nó ar íoslaghdaíodh iad sna tréimhsí roimhe sin. Ní bhreithneofar sa mheasúnú gníomhaíochtaí **feabhsúcháin** chun aghaidh a thabhairt ar thionchair dá ndéanfaí na gníomhaíochtaí sin le linn na tréimhse tuairiscithe;

(b) ní dhéanfar measúnú ar dhéine agus ar dhóchúlacht na ***dtionchar*** diúltach a d'fhéadfadh a bheith ann – iad siúd a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo – agus ***beartais*** agus ***gníomhaíochtaí*** coisctheacha agus maolaithe á gcur san áireamh ach amháin más féidir glacadh leis go réasúnta go laghdóidh na beartais agus na gníomhaíochtaí sin déine nó dóchúlacht na dtionchar diúltach sin go héifeachtach. Ní bhreithneofar gníomhaíochtaí ná beartais nár cuireadh chun feidhme go fóill; agus

(c) d'fhéadfadh an fhaisnéis faoi ***thionchair*** agus faoin gcaoi a mbainistíonn an gnóthas iad trí ***bheartais*** agus ***gníomhaíochtaí*** a bheith úsáideach ***d'úsáideoirí*** chun cinntí a dhéanamh, gan beann ar a éifeachtaí a bhainistíonn an gnóthas iad nó gan beann ar a éifeachtaí a rialáiltear na ***topaicí*** comhfhreagracha. Sna cásanna sin, ní mór é sin a chur san áireamh sa mheasúnú ábharthachta.

44. Déanfar measúnú ar ***thionchair dhearfacha*** astu féin, gan glanluacháil in aghaidh ***tionchair*** dhiúltacha. Ní tionchair dhearfacha iad torthaí na ngníomhaíochtaí chun tionchair dhiúltacha a bhfuil baint ag an ngnóthas leo, nó comhlíonadh an dlí agus na rialála, a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a leigheas. Áirítear ar thionchair dhearfacha éifeachtaí ghníomhaíochtaí gnó, ***tháirgí*** nó sheirbhísí an ghnóthais lena ndéantar tionchair dhiúltacha páirtí eile a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a leigheas, nuair nach bhfuil baint ag an gnóthas leis na tionchair sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 18 i gcás mhíreanna 38–39 **(Samplaí de thionchair a bhfuil baint ag an ngnóthas leo)**	Seo a leanas dhá shampla de ***thionchair*** a bhfuil baint ag an ngnóthas leo: (a) má úsáideann an gnóthas cóbalt ina ***tháirgí*** a mhianaítear agus ***saothar leanaí*** in úsáid, tá baint ag an ***tionchar diúltach*** a eascraíonn as sin le táirgí an ghnóthais trí na sraitheanna de ***ghaolmhaireachtaí gnó*** ina ***shlabhra luacha réamhtheachtach***. Áirítear ar na gaolmhaireachtaí gnó sin na ***soláthróirí***, an bruithneoir agus trádálaí mianraí agus an fiontar mianadóireachta a úsáideann saothar leanaí; agus (b) má sholáthraíonn an gnóthas iasachtaí airgeadais do ghnóthais le haghaidh gníomhaíochtaí gnó arb é a bhíonn mar thoradh orthu, de shárú ar chaighdeáin chomhshaoil chomhaontaithe, go ndéantar éilliú ar uisce agus ar thalamh timpeall ar na hoibríochtaí, beidh an tionchar diúltach sin nasctha leis an ngnóthas trína ghaolmhaireacht leis an ngnóthas a soláthraíonn sé na hiasachtaí dó.

AR 19 i gcás míreanna 38–39 **(Breithnithe cáilíochtúla agus tairseacha cainníochtúla)**	Sa chur chuige ‘ón mbarr anuas’, d’fhéadfadh sé gur leor breithnithe cáilíochtúla chun teacht ar chonclúid maidir le h***ábharthacht***. I gcur chuige ‘ón mbun aníos’, féadfaidh an gnóthas breithnithe cáilíochtúla nó tairseacha cainníochtúla a úsáid, ag brath ar chineál an ***tionchair***, ar na sonraí atá ar fáil agus ar imthosca eile.
AR 20 i gcás míreanna 38–39 **(Céimeanna sa mheasúnú ábharthachta tionchair)**	Breithneoidh an gnóthas na céimeanna seo a leanas sa mheasúnú ***ábharthachta tionchair***: (a) tuiscint a fháil (gníomhaíochtaí, ***gaolmhaireachtaí gnó*** agus ***páirtithe leasmhara***); (b) ***tionchair*** iarbhír agus ***fhéideartha*** a shainaithint (diúltach agus dearfach); agus (c) measúnú a dhéanamh ar ábharthacht na dtionchar iarbhír agus féideartha agus na ***topaicí*** atá le tuairisciú a chinneadh, bunaithe ar thoradh an mheasúnaithe.
AR 21 i gcás míreanna 38–39 **(Téarmaí a úsáidtear i gcreataí tuairiscithe eile)**	Úsáidtear an téarma ‘na tionchair is suntasaí’ i roinnt creataí tuairiscithe atá ann cheana chun tagairt a dhéanamh do ***thionchair*** a dtugtar tuairisc orthu in CETI mar ‘thionchair ábhartha’.
AR 22 i gcás míreanna 40 - 41 **(Scála, raon feidhme agus carachtar doleigheasta)**	Déantar measúnú ar dhéine **tionchair** bunaithe ar a scála, ar a raon feidhme agus ar a charachtar doleigheasta: (a) scála: cé chomh tromchúiseach agus atá an tionchar diúltach nó cén chomh tairbhiúil agus atá an tionchar dearfach do dhaoine nó don chomhshaol; (b) raon feidhme: cé chomh forleathan agus atá na tionchair dhiúltacha nó dhearfacha. I gcás na dtionchar comhshaoil, féadfar an raon feidhme a thuiscint mar mhéid an damáiste comhshaoil nó an pheiriméadair gheografaigh. I gcás na dtionchar ar dhaoine, féadfar an raon feidhme a thuiscint mar an líon daoine dá ndearnadh difear diúltach; agus (c) carachtar doleigheasta: cé acu a d’fhéadfaí nó nach bhféadfaí na tionchair dhiúltacha a leigheas agus a mhéid a d’fhéadfaí na tionchair dhiúltacha a leigheas, i.e., an comhshaol nó na daoine dá ndearnadh difear a chur ar ais go dtí an staid ina raibh siad roimhe sin. Is féidir le haon cheann de na trí shaintréith (scála, raon feidhme, agus carachtar doleigheasta) tionchar diúltach a dhéanamh tromchúiseach.
AR 23 i gcás mhír 42 **(Páirtithe leasmhara)**	Is iad seo a leanas na gnáthchatagóirí de ***pháirtithe leasmhara*** gnóthais dá ndéantar difear: oibrithe agus ***ionadaithe oibrithe*** i ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais agus ina ***shlabhraí luacha*** réamhtheachtacha agus iartheachtacha, pobail a ndéanann a oibríochtaí gnó nó gníomhaíochtaí slabhra luacha réamhtheachtacha agus iartheachtacha difear dóibh, agus ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh*** a ***tháirgí*** agus a sheirbhísí. Chun breithniú a dhéanamh ar na páirtithe leasmhara dá ndéantar difear, ní mór aird ar leith a thabhairt ar na páirtithe leasmhara sna catagóirí sin atá i staideanna an-leochaileach. Féadfar a mheas gur páirtí leasmhar ciúin a ndéantar difear dó é an dúlra.
AR 24 i gcás mhír 42 **(Obair le páirtithe leasmhara dá ndéantar difear)**	Má théann an gnóthas i dteagmháil le ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear mar chuid dá phróiseas díchill chuí (más ann dóibh) chun ***tionchair*** dhiúltacha a shainaithint, a mheasúnú agus aghaidh a thabhairt orthu, soláthraíonn torthaí na rannpháirtíochta sin ionchur luachmhar dá mheasúnú ***ábharthachta***, gan gá le próiseas rannpháirtíochta ar leithligh a chur i bhfeidhm don mheasúnú ábharthachta. Mar sin féin, féadfaidh an gnóthas ionchur díreach ina mheasúnú ábharthachta a lorg freisin ó pháirtithe leasmhara dá ndéantar difear nó óna n-ionadaithe (amhail ionadaithe **fostaithe** nó ceardchumainn), chomh maith le ***húsáideoirí*** an tuairiscithe inbhuanaitheachta agus saineolaithe eile. Áirítear leis sin aiseolas ar chonclúidí an ghnóthais maidir le tionchair, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha a shainaithint, agus maidir leis na ***topaicí*** atá le tuairisciú.
AR 25 i gcás mhír 42 **(Ionadaithe oibrithe)**	I gcomhréir le Treoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta), arna leasú leis an Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, cuirfidh bainistíocht an ghnóthais ***ionadaithe na n-oibrithe*** ar an leibhéal iomchuí ar an eolas agus pléifidh sí leo an fhaisnéis ábhartha agus na modhanna chun faisnéis inbhuanaitheachta a fháil agus a fhíorú. Is gné luachmhar den rannpháirtíocht le ***páirtithe leasmhara*** é próiseas den sórt sin agus, i gcás inarb infheidhme, an chumarsáid ghaolmhar leis na ***comhlachtaí ábhartha riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta***.

AR 26 i gcás mhír 43(a) **(Breithniú ar bheartais agus gníomhaíochtaí a cuireadh chun feidhme)**	Mar léiriú, chun breithniú a dhéanamh ar ***bheartais*** agus ***gníomhaíochtaí*** a cuireadh chun feidhme sa mheasúnú ***ábharthachta*** i ndáil le mír 43(a), nuair a tharlaíonn doirteadh ola, meastar gur maolú é an iarracht an doirteadh a shrianadh, agus meastar gur ***feabhsúchán*** é deisiú an damáiste nó na díobhála arbh é an doirteadh ba chúis leis.
AR 27 i gcás mhír 43(b) **(Beartas ina aonar)**	Má thugtar ***gníomhaíochtaí*** amach anseo le tuiscint le ***beartas*** chun a áirithiú go bhfuil sé éifeachtach maidir le déine nó dóchúlacht ***tionchair*** a laghdú, ní bhreithneofar an beartas sin a bheith ann ná na gníomhaíochtaí gaolmhara amach anseo a bheith ann agus ***ábharthacht*** an tionchair atá i gceist á measúnú.
AR 28 i gcás mhír 43(c)	Sna cásanna ar a dtugtar tuairisc i mír 43(c), oiriúnóidh an gnóthas a chur chuige maidir leis an measúnú ***ábharthachta*** de réir mar is iomchuí chun freastal ar riachtanais faisnéise ***úsáideoirí***, mar a dtugtar tuairisc orthu i mír 23.

3.2.2. Measúnú ábharthachta airgeadais

45. Comhfhreagraíonn an measúnú ***ábharthachta airgeadais*** do shainaithint na faisnéise a mheastar a bheith ábhartha do ***phríomhúsáideoirí*** na dtuarascálacha airgeadais ilchuspóireacha agus cinntí á ndéanamh a bhaineann le hacmhainní a sholáthar don ghnóthas (féach mír 23(a)).

46. Is leathnú ar an méid seo a leanas é raon feidhme na ***hábharthachta airgeadais*** le haghaidh tuairisciú inbhuanaitheachta raon feidhme na ***hábharthachta*** a úsáidtear sa phróiseas chun a chinneadh cén fhaisnéis a áireofar i ráitis airgeadais an ghnóthais ar bhonn na rialacha aitheantais agus tomhais is infheidhme. Níl ábharthacht airgeadais ***topaice*** teoranta do ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha a dhéanann difear d'eintitis atá faoi rialú an ghnóthais, ach áirítear léi faisnéis faoi rioscaí agus deiseanna ábhartha atá inchurtha i leith ***gaolmhaireachtaí gnó*** sa ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach (féach mír62).

47. Tuairisceoidh an gnóthas faisnéis ar ***thopaic*** ó pheirspictíocht ***ábharthachta airgeadais*** má spreagann sí éifeachtaí airgeadais ábhartha, nó dá bhféadfaí coinne a bheith leis le réasún go spreagfadh sí ***éifeachtaí airgeadais*** ábhartha. Is amhlaidh atá i gcás ina ngineann na ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** a bhaineann le topaic agus a bhfuil tionchar ábhartha acu, nó a bhféadfadh coinne réasúnach a bheith leis go mbeadh tionchar ábhartha acu, ar fhorbairt, ar staid airgeadais, ar fheidhmíocht airgeadais, ar shreafaí airgid, ar rochtain ar mhaoiniú nó ar chostas caipitil an ghnóthais sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma.

48. D'fhéadfadh ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** eascairt as teagmhais roimhe seo nó teagmhais amach anseo. Eascraíonn rioscaí agus deiseanna ábhartha as na nithe seo a leanas de chuid an ghnóthais:

    (a) ***tionchair*** ábhartha arna sainaithint sa mheasúnú ***ábharthachta tionchair***;

    (b) ***spleáchais*** ar acmhainní nádúrtha, daonna agus sóisialta; agus

    (c) tosca eile, amhail neamhchosaint ar ghuaiseacha aeráide nó athruithe rialála lena dtugtar aghaidh ar ***rioscaí sistéamacha***.

49. Agus ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** á sainaithint aige, breithneoidh an gnóthas ***spleáchais*** mar fhoinsí ***éifeachtaí airgeadais***, i dtéarmaí sreafaí airgid nó i dtéarmaí acmhainní nach n-aithnítear i ráitis airgeadais. D'fhéadfadh spleáchais a bheith ina bhfoinsí rioscaí nó deiseanna gan beann ar na ***tionchair*** a ***d'fhéadfadh*** a bheith acu ar na hacmhainní nádúrtha, daonna agus sóisialta a bhfuiltear ag brath orthu.

50. Déantar measúnú ar ***ábharthacht rioscaí*** agus ***deiseanna*** bunaithe ar mheascán den dóchúlacht go dtarlóidh siad agus de mhéid fhéideartha na n-***éifeachtaí airgeadais***.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 29 i gcás mhír 48 **(Riosca inmheánach bainistíocht)**	Is ionchur luachmhar é an creat inmheánach bainistithe riosca sa mheasúnú ***ábharthachta*** ar ***rioscaí*** agus ar ***dheiseanna***. I gcás institiúidí creidmheasa agus gnóthais árachais, féadfaidh na creataí rialála stuamachta is infheidhme a bheith mar bhonn eolais faoin measúnú ábharthachta.
AR 30 i gcás mhír 49 **(Spleáchais)**	D'fhéadfadh ***spleáchais*** difear a dhéanamh do na nithe seo a leanas: (a) cumas an ghnóthais na hacmhainní is gá ina phróisis ghnó a úsáid nó a fháil; (b) cáilíocht agus praghsáil na n-acmhainní sin; nó (c) an cumas brath ar théarmaí inghlactha i gcaidrimh is gá le haghaidh próisis ghnó.
AR 31 i gcás mhír 49 **(Rannchuidiú le héifeachtaí airgeadais)**	Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar ***ábharthacht rioscaí*** agus ***deiseanna***, breithneoidh an gnóthas a rannchuidiú le ***héifeachtaí airgeadais*** sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma trí úsáid a bhaint as an méid seo a leanas: (a) ***cásanna***/réamhaisnéisí dóchúla; agus (b) ***éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** nach léirítear (nó nach léirítear go fóill) i ráitis airgeadais agus a eascraíonn as rioscaí agus deiseanna ábhartha. D'fhéadfadh sé sin eascairt as cásanna nach n-aithnítear sócmhainní agus dliteanais nó ioncam agus costais i ráitis airgeadais go fóill i gcomhréir leis na critéir maidir le haitheantas cuntasaíochta.

3.3. *Imthosca sonracha*

3.3.1. Tionchair nó rioscaí ábhartha a eascraíonn as gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair nó ar rioscaí a bhaineann le topaicí eile

51. Leis an measúnú ***ábharthachta***, féadfar cásanna a shainaithint ina bhféadfadh ***gníomhaíochtaí*** an ghnóthais a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar ***thionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** áirithe a bhaineann le ***topaic*** amháin tionchair dhiúltacha ábhartha nó rioscaí ábhartha a chruthú a bhaineann le topaic amháin eile nó níos mó. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an gnóthas a nochtadh i láthair ar bhealach lena n-éascófar an tuiscint ar na naisc idir topaicí éagsúla.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 32 i gcás mhír 51 **(Tionchair nó rioscaí a eascraíonn as gníomhaíochtaí)**	Is léiriú é an méid seo a leanas ar chásanna den sórt sin. Is é an toradh a bhíonn ar an ***bplean aistrithe*** um maolú aeráide ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha nó ***rioscaí*** a bhaineann le ***lucht saothair dílis***. Chun faisnéis nasctha a chur chun cinn (féach Caibidil 9.1), déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) nochtann sé faoina lucht saothair dílis na tionchair dhiúltacha ábhartha nó na rioscaí a eascraíonn as an bplean aistrithe, lena n-áirítear na ***gníomhaíochtaí*** is cúis leo, le crostagairt don nochtadh aeráide; agus (b) tugtar tuairisc sa nochtadh aeráide ar an gcaoi a dtugtar aghaidh ar na tionchair dhiúltacha ábhartha nó ar na rioscaí a bhaineann leis an aeráid.

3.3.2. Leibhéal an chomhiomlánaithe agus an dí-chomhiomlánaithe

52. Déanfaidh an gnóthas an fhaisnéis a chomhiomlánú nó a dhí-chomhiomlánú ar bhealach a léireoidh an leibhéal ag a dtagann athruithe móra ar ***thionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha chun cinn, amhail de réir ***topaice***, earnála, fochuideachta, ***tíreolaíochta***, sócmhainne. Breithneoidh an gnóthas físeáin agus imthosca ábhartha chun an leibhéal comhiomlánaithe a thacaíonn le léiriú dílis ar a thionchair, a rioscaí nó a dheiseanna a chinneadh.

53. Áiritheoidh an gnóthas nach ndéanfaidh an leibhéal comhiomlánaithe agus dí-chomhiomlánaithe aon fhaisnéis ábhartha a cheilt.

54. Léireoidh an dí-chomhiomlánú a úsáidtear chun nochtadh ar leith a chur i láthair an leibhéal a sholáthraíonn an fhaisnéis is ábhartha ***d'úsáideoirí***, i.e. ***topaic***, grúpa ***tionchar***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna***, tionchar aonair, riosca nó deis. Ba cheart a léiriú leis sin tosca amhail cineál na dtionchar, na rioscaí nó na ndeiseanna atá i gceist nó an chaoi a mbainistíonn an gnóthas iad.

55. Agus tuairisciú á dhéanamh ar leibhéal comhdhlúite, déanfaidh an gnóthas an measúnú ar ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha don ghrúpa comhdhlúite gan beann ar struchtúr dlíthiúil an ghrúpa. Áiritheoidh sé go gcumhdófar gníomhaíochtaí a fhochuideachtaí ar bhealach lenar féidir tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha ar leibhéal an ghrúpa a shainaithint go neamhchlaonta. Má shainaithníonn an gnóthas difríochtaí móra idir tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha ar leibhéal grúpa agus tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha ceann amháin nó níos mó dá fhochuideachtaí, déanfaidh sé faisnéis a dhí-chomhiomlánú agus a chur i láthair ar bhealach lenar féidir tuiscint leordhóthanach a fháil ar thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha na fochuideachta nó na bhfochuideachtaí lena mbaineann. Mura bhfuil tionchar, riosca nó deis ábhartha arna chinneadh ar leibhéal an ghrúpa ábhartha le haghaidh na bhfochuideachtaí nó na ngníomhaíochtaí uile sa ghrúpa, féadfar an fhaisnéis a sholáthar ar leibhéal imdhealaithe, lena gcumhdaítear na fochuideachtaí nó na gníomhaíochtaí dá bhfuil an tionchar, an riosca nó an deis ábhartha agus iad sin amháin (féach freisin na faoisimh le haghaidh ***méadrachta*** i mír 93).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 33 i gcás mhír 52 **(Limistéir gheografacha ábhartha)**	Breithneoidh an gnóthas faisnéis thuairiscithe a dhí-chomhiomlánú de réir ***limistéir gheografacha*** ábhartha (féach AR 11) ar an leibhéal iomchuí, i gcás ina bhfuil déine na ***dtionchar*** ábhartha bunúsach ag brath go mór ar shaintréithe chomhthéacs na limistéar geografach sin, nó i gcás ina bhfuil difríochtaí móra i ngníomhaíochtaí an ghnóthais a dhéanann difear do na limistéir gheografacha sin. Ní cheilfidh an leibhéal comhiomlánaithe arna ghlacadh idirnaisc idir tionchair, rioscaí agus a spreagthaí atá ann i gcomhthéacsanna geografacha sonracha, amhail éifeachtaí carnacha ar éiceachórais nó ar acmhainní comhroinnte.
AR 34 i gcás mhír 53 **(Leibhéal míchuí comhiomlánaithe)**	Féadfar faisnéis a dhoiléiriú i gcás ina bhféadfadh leibhéal míchuí comhiomlánaithe tionchar a imirt ar chinneadh ***phríomhúsáideoirí*** na ráiteas airgeadais ilchuspóireach nó ar chinntí úsáideoirí eile na ***ráiteas inbhuanaitheachta*** ilchuspóireach. D'fhéadfadh leibhéal míchuí comhiomlánaithe ***tionchar***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bheith mar thoradh ar chomhiomlánú na dtionchar, na rioscaí agus na ndeiseanna sin nach bhfuil saintréithe comhroinnte acu nó ar dhí-chomhiomlánú na dtionchar, na rioscaí agus na ndeiseanna sin a bhfuil saintréithe comhroinnte acu. Bíonn faisnéis doiléir nuair a bhíonn faisnéis ábhartha faoi cheilt ag faisnéis neamhábhartha.

4. **Dícheall cuí**

56. Is éard is dícheall cuí ann an próiseas trína ndéanann an gnóthas ***tionchair*** dhiúltacha iarbhír agus fhéideartha ar dhaoine agus ar an gcomhshaol a bhaineann lena ghnó a shainaithint, a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a leigheas. Le Treoir (AE) 2024/1760 (Treoir maidir le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhuanaitheachta), bunaítear ceanglais díchill chuí do ghnóthais atá faoi réir a forálacha. Le hionstraimí idirnáisiúnta Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus le Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta, soláthraítear treoraíocht ábhartha freisin maidir leis an bpróiseas díchill chuí. Is cleachtas leanúnach é dícheall cuí a fhreagraíonn d'athruithe ar straitéis, ***samhail ghnó***, gníomhaíochtaí, ***gaolmhaireachtaí gnó***, agus comhthéacs agus cleachtais oibriúcháin an ghnóthais, lena n-áirítear dearadh, ceannach, agus díol agus dáileadh, agus a d'fhéadfadh na hathruithe sin a spreagadh.

57. Ní fhorchuirtear le CETI aon cheanglas iompair i ndáil le dícheall cuí; ná ní dhéanann siad ról ***chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta*** an ghnóthais maidir le hiompar díchill chuí a leathnú ná a mhodhnú. Tá forálacha CETI gan dochar d'fhorálacha na Treorach maidir le Dícheall Cuí Corparáideach Inbhuanaitheachta le haghaidh gnóthais a thagann faoi raon feidhme na treorach sin.

58. Tá toradh phróiseas díchill chuí inbhuanaitheachta an ghnóthais mar bhonn eolais faoin measúnú ar a ***thionchair*** dhiúltacha ábhartha.

59. Ceann de chéimeanna an phróisis díchill chuí is ea ***tionchair*** dhiúltacha a bhfuil baint acu le hoibríochtaí, ***táirgí*** nó seirbhísí dílse an ghnóthais a shainaithint agus a mheasúnú, lena n-áirítear trí ***ghaolmhaireachtaí gnó*** i ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais. Cuireann na céimeanna sainaitheanta tionchair agus measúnaithe tionchair sa phróiseas díchill chuí bonn eolais faoin measúnú ar thionchair ábhartha chun críoch tuairiscithe (féach Caibidil 3.2.1). Trí thionchair dhiúltacha ábhartha a shainaithint tacaítear freisin le rioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta ábhartha a shainaithint, ar ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** iad a tharlaíonn go minic de bharr na dtionchar sin. I gcás nach féidir leis an ngnóthas aghaidh a thabhairt ar na tionchair uile ag an am céanna, bítear in ann leis an bpróiseas díchill chuí tosaíocht a thabhairt do ***ghníomhaíocht*** bunaithe ar dhéine agus ar dhóchúlacht na dtionchar.

5. **Gnóthas tuairiscithe agus slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach**

5.1. *Gnóthas tuairiscithe agus a oibríochtaí féin*

60. Is le haghaidh an ghnóthais tuairiscithe chéanna leis na ráitis airgeadais a bheidh an ***ráiteas inbhuanaitheachta***. Má ullmhaíonn an máthairghnóthas ráitis airgeadais chomhdhlúite, is don mháthairchuideachta agus dá fochuideachtaí a bheidh an ráiteas inbhuanaitheachta i gcomhréir leis na ceanglais chuntasaíochta is infheidhme. Níl feidhm aige sin mura gceanglaítear ar an ngnóthas ráitis airgeadais a ullmhú nó má ullmhaítear a thuairisciú inbhuanaitheachta comhdhlúite i gcomhréir le hAirteagal 48i de Threoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta).

61. I gcás tuairisciú grúpa, is iondúil go measann an gnóthas tuairiscithe – ach amháin i gcás imthosca sonracha, amhail léasú agus sócmhainní arna sealbhú ag scéimeanna sochar fadtéarmach fhostaithe an ghnóthais – gur cuid dá oibríochtaí féin iad na nithe seo a leanas: sócmhainní, dliteanais, ioncaim agus speansais an mháthairghnóthais agus a fhochuideachtaí, atá lonnaithe laistigh nó lasmuigh den Aontas, mar a chinntear i gcomhréir leis na ceanglais chuntasaíochta is infheidhme. Déantar foráil i míreanna 62 go 75 maidir le forálacha agus eisceachtaí breise chun teorainneacha tuairiscithe oibríochtaí dílse agus an ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach a chinneadh. Ina theannta sin, féadfaidh an fhochuideachta a eisiadh ó raon feidhme na ráiteas airgeadais comhdhlúite mar gheall ar a neamhábharthacht ó thaobh airgeadais de a eisiamh ó theorainn an tuairiscithe inbhuanaitheachta, mura bhfuil fíorais agus imthosca sonracha ann a nochtann an grúpa do ***thionchair*** a eascraíonn as an bhfochuideachta i gceist a chomhlíonann tairseacha ***ábharthachta*** an ghrúpa.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 35 i gcás mhír 61 **(Fochuideachta ag a bhfuil tréimhse thuairiscithe éagsúil)**	Agus fochuideachtaí a bhfuil tréimhsí tuairiscithe éagsúla acu á gcur san áireamh sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** comhdhlúite, féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint as forálacha cuntasaíochta is infheidhme a dhéileálann leis na himthosca sin.
AR 36 i gcás mhír 61 **(Sciar na n-oibríochtaí comhpháirteacha)**	Gan dochar don fhaoiseamh i mír 92, aicmeoidh an gnóthas mar '***oibríochtaí dílse***' na ***tionchair***, na ***rioscaí*** agus na ***deiseanna*** a bhaineann leis an sciar de shócmhainní, dliteanais, ioncaim agus speansais a oibríochta comhpháirtí a aithnítear sna ráitis airgeadais.

5.2. *Faisnéis faoin slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach a chuimsiú*

62. A mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais agus chun saintréithe cáilíochtúla na faisnéise a chomhlíonadh (féach Foscríbhinn B), leathnófar an fhaisnéis tuairiscithe thar a oibríochtaí féin chun tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha atá nasctha leis an ngnóthas a chumhdach trína ***ghaolmhaireachtaí gnó*** dhíreacha agus indíreacha sa ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach (faisnéis slabhra luacha), gan dochar don fhaoiseamh i leith éadálacha agus diúscairtí i gCaibidil 5.4.

63. Áireoidh an gnóthas faisnéis ábhartha faoin ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach i gcomhréir le toradh a mheasúnaithe ***ábharthachta dúbailte*** mar a thuairiscítear sa chaighdeán seo agus aon cheanglas sonrach a bhaineann leis an slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach in CETI eile.

64. Chun mír 63 a chur i bhfeidhm, ní gá faisnéis a chur ar fáil maidir le gach gníomhaí sa ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach ach ní gá ach faisnéis ábhartha a chur san áireamh.

65. Chun ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha atá nasctha leis an ngnóthas trína ***ghaolmhaireachtaí gnó*** sa ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach a shainaithint, agus chun tuairisciú a dhéanamh orthu, féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint as faisnéis a bhailítear go díreach ó chontrapháirtithe sa slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach, nó féadfaidh sé meastacháin a úsáid, ag brath ar bhreithnithe praiticiúlachta agus iontaofachta a bhaineann leis an ionchur is gá. Agus meastacháin á bhforbairt aige, féadfaidh an gnóthas úsáid a bhaint as faisnéis inmheánach agus sheachtrach, amhail sonraí ó fhoinsí indíreacha, meánsonraí earnála, anailísí samplacha, sonraí margaidh agus piarghrúpaí, sonraí bunaithe ar chaiteachas nó ionadaithe eile.

66. Agus Airteagal 19a(3), an chéad fhomhír go dtí an séú fomhír, agus Airteagal 29a(3), an chéad fhomhír go dtí an séú fomhír, de Threoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta) á gcur i bhfeidhm, cuirfidh an gnóthas san áireamh nach gcuimsítear le huasteorainn (caidhp slabhra luacha) na faisnéise inbhuanaitheachta a d'fhéadfaí a éileamh ar na gnóthais faoi chosaint ina shlabhra luacha ach na pointí sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1560 ón gCoimisiún an … lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint ag an gcaidhp slabhra luacha 2026/1560 ([1]). Tá feidhm ag an teorannú sin freisin maidir le gnóthais neamh-AE i slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais tuairiscithe.

67. Is féidir le ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** éagsúla a bheith ábhartha i ndáil le codanna éagsúla de ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais.

68. Ní áireofar san fhaisnéis a thuairiscítear faoi ***bheartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna*** faisnéis faoin ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach ach amháin a mhéid atá an slabhra luacha laistigh de raon feidhme bheartais, ghníomhaíochtaí agus spriocanna an ghnóthais.

69. Láimhseáiltear infheistíochtaí, lena n-áirítear suíomhanna scairsheilbhe in eintitis chomhlachaithe agus i gcomhfhiontair, mar ***ghaolmhaireachtaí gnó***.

70. Gan dochar don fhaoiseamh i mír 92, i gcásanna áirithe, is cuid de ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais iad comhlaigh nó comhfhiontair a dtugtar cuntas orthu faoi mhodh an chothromais lasmuigh den chaidreamh scairsheilbhe, amhail nuair is ***soláthróirí*** nó custaiméirí iad freisin. Sna cásanna sin, nochtfaidh an gnóthas faisnéis a bhaineann leis na gaolmhaireachtaí soláthair nó custaiméara sin, i gcomhréir le mír 62, agus comhsheasmhach leis an gcur chuige arna ghlacadh le haghaidh ***gaolmhaireachtaí gnó comhchosúla***. Sna cásanna sin, agus ***méadracht*** á cinneadh, níl sonraí an chomhlaigh ná sonraí an chomhfhiontair teoranta don sciar cothromais arna shealbhú, ach léireoidh siad na ***tionchair***, na ***rioscaí*** agus na ***deiseanna*** atá nasctha leis an ngnóthas tríd an gcaidreamh soláthair nó custaiméara. Ciallaíonn sé sin go mbreithníonn an gnóthas a chaidreamh mar infheisteoir san eintiteas comhlachaithe nó sa chomhfhiontar agus a chaidreamh soláthair nó custaiméara araon.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 37 i gcás mhíreanna 62-63 **(Tuairisciú slabhra luacha le haghaidh gnóthais a bhainistíonn infheistíochtaí ar choinníollacha áirithe)**	I gcás ina mbainistíonn an gnóthas infheistíochtaí atá faoi réir dualgas muiníneach thar ceann a chliant de bhun sainordú arna chomhaontú leis na cliaint sin gan rioscaí ná luaíochtaí úinéireachta a choinneáil, níl coinne leis go soláthróidh an gnóthas sin sonraí maidir leis na hinfheistíochtaí sin.
AR 38 i gcás mhír 63 **(Méadracht agus slabhra luacha)**	Ceanglaítear ar an ngnóthas ***méadracht*** eintiteas-sonrach a áireamh chun a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach a chumhdach nuair is gá sin i gcomhréir le mír 11, ós rud é nach gcumhdaítear leis an méadracht a shainítear i gcaighdeáin thopaicshonracha CETI ach a n-oibríochtaí féin, cé is moite ***d'astaíochtaí GCT*** (CETI E1-8).

5.3. *Forálacha agus eisceachtaí chun teorainneacha tuairiscithe faoi seach na n-oibríochtaí dílse agus an tslabhra luacha a chinneadh*

71. D'fhéadfadh foinsí éagsúla a bheith ag ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhaineann le sócmhainn léasaithe, ag brath ar cé acu a eascraíonn siad as úsáid na sócmhainne nó as a húinéireacht. Tá an tsócmhainn léasaithe á húsáid ag an léasaí, agus tuairisceoidh sé na tionchair a bhaineann le húsáid na sócmhainne ina oibríochtaí féin le linn thréimhse an léasa. Tugann an léasóir an ceart don léasaí an tsócmhainn a úsáid agus tuairisceoidh sé na tionchair a bhaineann le húsáid na sócmhainne mar chuid dá ***shlabhra luacha*** iartheachtach. Maidir le rioscaí agus deiseanna a bhaineann le sócmhainn léasaithe, chomh maith le tionchair seachas iad siúd a bhaineann le húsáid na sócmhainne léasaithe, cé acu a fhabhraíonn nó nach bhfabhraíonn siad chuig an léasóir nó chuig an léasaí, braitheann sé ar fhorálacha an chonartha léasa, rud ba cheart a léiriú san fhaisnéis a thuairiscítear.

([1]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1560 ón gCoimisiún an 3 Iúil 2026 lena bhforlíontar Treoir 2013/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí chaighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta a bhunú lena n-úsáid go deonach ag gnóthais atá faoi chosaint ag an gcaidhp slabhra luacha (IO L, 2026/1563, 21.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/1563/oj).

72. Na ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** a eascraíonn as sócmhainní arna sealbhú ag scéimeanna fadtéarmacha sochair fostaithe an ghnóthais, tá siad nasctha leis an ngnóthas trína ***ghaolmhaireachtaí gnó*** sa ***slabhra luacha***.

73. Tá tosaíocht ag forálacha mhír 71 agus 72 ar chaighdeáin thopaicshonracha, lena n-áirítear ar na forálacha in CETI E1-8.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 39 i gcás mhír 71 (Sócmhainní léasaithe)	Mar shampla, is é an léasaí seachas an léasóir is cúis le ***truailliú***, agus fuinneamh in úsáid nó uisce á ídiú aige i monarcha ar léas. Dá bhrí sin, déanann an léasaí measúnú ar na ***tionchair*** ábhartha a bhaineann le húsáid na sócmhainní léasaithe ina oibríochtaí féin.

5.4. *Faoiseamh i leith fáltas agus diúscairtí*

74. Má fhaigheann an gnóthas fochuideachta le linn na tréimhse tuairiscithe, féadfaidh sé cuimsiú na fochuideachta sin sa mheasúnú ***ábharthachta*** agus sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a chur siar go dtí an chéad tréimhse thuairiscithe eile. Má fhágann fochuideachta an grúpa le linn na tréimhse tuairiscithe, féadfaidh sé raon feidhme an mheasúnaithe ábharthachta agus na teorann tuairiscithe a choigeartú ó thús na tréimhse tuairiscithe reatha.

75. Má úsáideann an gnóthas faoiseamh mhír 74, úsáidfidh sé an fhaisnéis atá ar fáil chun aon teagmhas mór a nochtadh a rinne difear don fhochuideachta le linn na tréimhse tuairiscithe ón éadáil nó go dtí an diúscairt agus ag a bhfuil éifeacht ar ***thionchair*** an ghrúpa ar ábhair inbhuanaitheachta nó ar ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** a bhaineann leo.

6. **Tréimhse thuairiscithe, bonnbhliain agus tréimhsí ama**

6.1. *Tréimhse thuairiscithe agus bonnbhliain*

76. Beidh an tréimhse thuairiscithe le haghaidh ***ráiteas inbhuanaitheachta an ghnóthais*** – lena n-áirítear chun ***méadracht*** a ríomh – comhsheasmhach le tréimhse thuairiscithe a ráiteas airgeadais.

77. Is í an bhonnbhliain an dáta tagartha stairiúil nó an tréimhse dá bhfuil faisnéis ar fáil agus ar féidir faisnéis ina dhiaidh sin a chur i gcomparáid léi le himeacht ama.

78. Cuirfidh an gnóthas faisnéis chomparáideach i láthair i leith na bonnbhliana le haghaidh ***méadrachta*** a thuairiscítear sa tréimhse reatha agus dul chun cinn i dtreo ***sprice*** á thuairisciú aige mura leagtar síos a mhalairt go sonrach mar cheanglas leis an gCeanglas maidir le Nochtadh ábhartha. Má baineadh garspriocanna amach idir an bhonnbhliain agus an tréimhse thuairiscithe, is faisnéis chomhthéacsúil úsáideach é tuairisciú a dhéanamh ar an méid sin a baineadh amach.

6.2. *Eatramh ama: sainmhíniú ar gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach chun críocha tuairiscithe*

79. Le linn dó a ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a ullmhú, glacfaidh an gnóthas na heatraimh ama seo a leanas ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe:

(a) tréimhse ama ghearrthéarmach: fad na tréimhse a glacadh dá ráitis airgeadais;

(b) tréimhse ama mheántéarmach: ó dheireadh na tréimhse gearrthéarmaí suas le 5 bliana; agus

(c) tréimhse ama fhadtéarmach: breis agus 5 bliana.

80. Úsáidfidh an gnóthas miondealuithe breise le haghaidh tréimhse ama fhadtéarmach má tá coinne le ***tionchair*** nó le ***gníomhaíochtaí*** thar thréimhse is faide ná 5 bliana toisc go soláthraítear faisnéis ábhartha trí mhiondealú den sórt sin a chur leis.

81. Féadfaidh an gnóthas sainmhíniú difriúil a ghlacadh ar thréimhsí ama meántéarmacha nó fadtéarmacha más rud é go mbíonn faisnéis neamhábhartha mar thoradh ar úsáid tréimhsí ama meántéarmacha nó fadtéarmacha a shainmhínítear i mír 79. D'fhéadfadh sé sin tarlú má úsáideann an gnóthas sainmhíniú difriúil ar (a) a phróisis chun ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a shainaithint agus a bhainistiú nó (b) a ***ghníomhaíochtaí*** agus a ***spriocanna***. D'fhéadfadh na himthosca sin a bheith ann mar gheall ar shaintréithe a bhaineann go sonrach leis an tionscal, amhail sreabhadh airgid agus timthriallta gnó nó tréimhsí pleanála a úsáidtear de ghnáth san earnáil le haghaidh cinnteoireachta, fad ionchasach na n-infheistíochtaí caipitil, nó na tréimhsí ama ar lena linn a dhéanann ***úsáideoirí*** a measúnuithe.

82. Tagraíonn tagairtí do 'ghearrthéarmach', 'meántéarmach' agus 'fadtéarmach' in CETI do thréimhsí ama arna gcinneadh ag an ngnóthas i gcomhréir leis na forálacha i míreanna 79-81.

7. Faisnéis inbhuanaitheachta a ullmhú

7.1. *Faisnéis chomparáideach*

83. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis chomparáideach i leith na tréimhse roimhe sin le haghaidh na ***méadrachta*** cainníochtúla agus na méideanna uile. Más ábhartha chun tuiscint a fháil ar ***ráiteas inbhuanaitheachta*** na tréimhse reatha, ceanglaítear air freisin faisnéis chomparáideach a nochtadh le haghaidh nochtaí insinte.

84. An sainmhíniú ar mhéadracht agus ríomh ***méadrachta***, lena n-áirítear méadracht a úsáidtear chun ***spriocanna*** a leagan síos agus chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin, beidh siad comhsheasmhach le himeacht ama. Soláthróidh an gnóthas faisnéis chomhthéacsúil agus figiúirí comparáideacha athbhreithnithe ach amháin má tá sé ***dodhéanta*** déanamh amhlaidh más rud é:

(a) rinne sé méadracht nó sprioc a athshainiú nó a ionadú; nó

(b) shainaithin sé faisnéis nua maidir leis na figiúirí measta a nochtadh sa tréimhse roimhe sin agus soláthraítear leis an bhfaisnéis nua fianaise ar imthosca a bhí ann le linn na tréimhse roimhe sin.

85. I gcás ina mbíonn sé ***dodhéanta*** faisnéis chomparáideach a athbhreithniú le haghaidh ***méadrachta*** le haghaidh tréimhse amháin nó níos mó roimhe sin, nochtfaidh an gnóthas é sin.

86. I gcás ina gceanglaíonn CETI ar an ngnóthas níos mó ná tréimhse chomparáideach amháin a chur i láthair le haghaidh ***méadrachta*** nó pointe sonraí, beidh tosaíocht ag ceanglais an CETI sin.

87. I gcás ***méadrachta*** agus méideanna airgeadaíochta:

(a) má thuairiscíonn an gnóthas méideanna comparáideacha atá an-difriúil leis an bhfaisnéis a tuairiscíodh sa tréimhse roimhe sin, soláthróidh sé na cúiseanna leis an athrú agus an difríocht idir na méideanna a tuairiscíodh sa tréimhse roimhe sin agus na méideanna athbhreithnithe;

(b) má thuairiscíonn an gnóthas ar ***thopaic*** nó ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha den chéad uair, ní cheanglaítear air faisnéis chomparáideach a bhaineann leo a chur i láthair sa tréimhse thuairiscithe reatha (i.e. murar tuairiscíodh iad i ***ráitis inbhuanaitheachta*** roimhe sin de chuid an ghnóthais); agus

(c) gan dochar don fhaoiseamh le haghaidh éadálacha agus diúscairtí (féach Caibidil 5.4), i gcás inar gá chun tuiscint a thabhairt ar an dul chun cinn i dtreo ***sprioc*** a bhaint amach tar éis móréadála nó mórdhiúscartha, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar an gcaoi a ndéanann an t-idirbheart difear don dul chun cinn i dtreo an sprioc a bhaint amach.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 40 i gcás mhír 84(b) **(Athbhreithniú a dhéanamh ar fhigiúirí chomparáideacha)**	Ní cheanglaítear ar an ngnóthas athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfigiúr comparáideach le haghaidh faisnéis nua a fhaightear mura soláthraíonn na comparáidí athbhreithnithe faisnéis úsáideach, amhail nuair a bhraitheann an mhodheolaíocht mheastacháin le haghaidh na ***méadrachta*** ábhartha go córasach ar an dáta tuairiscithe ar ionchur ón tréimhse roimhe sin.

7.2. *Breithiúnas, neamhchinnteacht tomhais agus neamhchinnteacht um thoradh*

88. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis chun é a chur ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** na nithe seo a leanas a thuiscint:

(a) na breithiúnais a dhéanann sé a bhfuil an éifeacht is mó acu ar an bhfaisnéis a thuairiscítear;

(b) na héiginnteachtaí móra a dhéanann difear don fhaisnéis a chuirtear i láthair, lena n-áirítear cé acu atá nó nach bhfuil sé ag brath ar mheastacháin; agus

(c) toimhdí agus teorainneacha móra sna meastacháin.

89. Leagtar síos mar cheanglas le roinnt CETI go nochtfar faisnéis a bhfuil torthaí neamhchinnte aici, amhail mínithe ar theagmhais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo. Agus breithiúnas á thabhairt ar cé acu atá nó nach bhfuil faisnéis maidir le teagmhais fhéideartha den sórt sin sa todhchaí ábhartha, tagróidh an gnóthas do na critéir i gCaibidil 3.2.2 agus breithneoidh sé an méid seo a leanas:

(a) na ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** mar gheall ar na teagmhais (an toradh a d'fhéadfadh a bheith ann);

(b) déine agus dóchúlacht na ***dtionchar féideartha*** ar dhaoine nó ar an gcomhshaol mar thoradh ar theagmhais fhéideartha amach anseo; agus

(c) an raon torthaí féideartha agus dóchúlacht na dtorthaí féideartha laistigh den raon sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 41 i gcás mhír 89 **(Maidir le breithiúnais)**	Agus a ***ráiteas inbhuanaitheachta*** á ullmhú aige, déanann an gnóthas breithiúnais éagsúla, seachas iad siúd lena mbaineann meastacháin, a d'fhéadfadh difear nach beag a dhéanamh don fhaisnéis a thuairiscítear, amhail nuair is amhlaidh an méid seo a leanas: (a) faisnéis ábhartha atá le háireamh sa ráiteas inbhuanaitheachta a shainaithint (féach mír 23); agus (b) ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha a shainaithint, iad a cheangal leis an ***topaic (na topaicí)*** ábhartha, agus measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le nuashonrú ar an measúnú ***ábharthachta*** (féach Caibidil 3).
AR 42 i gcás mhír 89 **(Toimhdí agus meastacháin réasúnta ar féidir tacú leo a úsáid)**	Cuid fhíor-riachtanach de ***ráiteas inbhuanaitheachta*** an ghnóthais a ullmhú is ea meastacháin réasúnta a úsáid, lena n-áirítear meastacháin réasúnta a úsáid agus anailís ***cáis*** nó íogaireachta á forbairt. Ní dhéanann sé dochar d'úsáideacht na faisnéise sin ar choinníoll go mínítear na toimhdí agus na meastacháin mhóra. Fiú le leibhéal ard neamhchinnteachta tomhais ní gá go gcuirfí cosc ar thoimhde ná ar mheastachán den sórt sin faisnéis úsáideach a sholáthar nó saintréithe cáilíochtúla na faisnéise a chomhlíonadh (féach Foscríbhinn B).
AR 43 i gcás mhír 89 **(Toimhdí agus meastacháin réasúnta ar féidir tacú leo a úsáid)**	Baineann an ceanglas i mír 88(b) leis na meastacháin a éilíonn na breithiúnais is deacra, is suibiachtúla nó is casta.

7.3. *Faoisimh chun ráiteas inbhuanaitheachta CETI a ullmhú*

90. Féadfaidh an gnóthas gníomhaíochtaí a eisiamh ó ríomhanna ***méadrachta*** más rud é, mar gheall ar a gcineál, nach spreagadh mór iad do na ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** a airbheartaíonn an mhéadracht a léiriú, agus mura bhfuil coinne leis go ndéanfaidh a n-eisiamh ón ríomh dochar d'ábharthacht agus do léiriú dílis na faisnéise tuairiscithe. Nochtfaidh an gnóthas má úsáidtear an faoiseamh sin agus áireoidh sé aon fhaisnéis ábhartha chun é a chur ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar na teorainneacha raoin feidhme a eascraíonn as.

91. Seachas agus tuairisciú á dhéanamh ar mhéadracht CETI E1-8 *Oll-astaíochtaí GCT scóip 1, 2, 3*, más féidir leis an ngnóthas sonraí iontaofa díreacha nó measta a sholáthar gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí a thabhú ach amháin le haghaidh cuid dá oibríochtaí féin nó dá ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach nó iartheachtach atá sainithe go hoibiachtúil, nochtfaidh sé gur shainaithin sé ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha ach nach féidir an ***mhéadracht*** chomhfhreagrach a thuairisciú faoi láthair ach amháin ar raon feidhme tuairiscithe páirteach nó le haghaidh fothacar den slabhra luacha. Sa chás sin, nochtfaidh an gnóthas na ***gníomhaíochtaí*** atá déanta aige chun cumhdach agus cáilíocht na faisnéise tuairiscithe a mhéadú i dtréimhsí sa todhchaí agus an dul chun cinn atá déanta i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin. Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú ar chumhdach na faisnéise tuairiscithe le himeacht ama, go háirithe le haghaidh méadracht in oibríochtaí dílse. Tá feidhm ag an mír seo gan dochar d'infheidhmeacht na bhforálacha i bhFochaibidil 7.4.

92. Féadfaidh an gnóthas oibríochtaí comhpháirteacha nach bhfuil rialú oibriúcháin aige orthu a eisiamh ó raon feidhme ríomh na ***méadrachta*** comhshaoil arna tuairisciú i gcomhréir le CETI E2 *Truailliú*, CETI E3 *Uisce*, CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* agus CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach*. Nochtfaidh an gnóthas má tá an faoiseamh sin á úsáid agus áireoidh sé aon fhaisnéis ábhartha chun tuiscint a thabhairt ar na teorainneacha raoin feidhme a eascraíonn as. Sa chás sin, agus gan dochar do mheasúnú an ghnóthais cé acu a fheidhmíonn nó nach bhfeidhmíonn sé rialú oibriúcháin, nochtfaidh sé na ***gníomhaíochtaí*** atá déanta aige chun cumhdach na faisnéise tuairiscithe agus a cáilíocht i dtréimhsí sa todhchaí a mhéadú agus an dul chun cinn atá déanta i gcomparáid leis an tréimhse roimhe sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 44 i gcás mhír 92 **(Faoiseamh agus astaíochtaí GCT scóip 3)**	Agus an fhaisnéis maidir le h***oll-astaíochtaí GCT scóip 3*** á hullmhú, laistigh de na teorainneacha a shainítear sa chaighdeán seo agus in AR 19 de CETI E1 Athrú Aeráide, tá feidhm ag mír AR 24 de CETI E1 Athrú Aeráide.

7.4. *Faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi atá ar fáil gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí*

93. Úsáidfidh an gnóthas an fhaisnéis réasúnta uile ar féidir tacú léi atá ar fáil don ghnóthas ar an dáta tuairiscithe gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí:

(a) chun ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha a shainaithint;

(b) chun raon feidhme a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh a chinneadh, lena n-áirítear a leithead agus a chomhdhéanamh, i ndáil le tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha;

(c) agus an fhaisnéis á leathnú chun faisnéis faoin slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach a áireamh, mar a leagtar síos mar cheanglas le mír 62;

(d) chun faisnéis maidir le ***méadracht*** a ullmhú; agus

(e) chun tuairisc a thabhairt ar na ***héifeachtaí airgeadais*** atá ann faoi láthair agus ***a bhfuil coinne leo***.

94. Braitheann an measúnú ar cad is costas míchuí nó iarracht mhíchuí ann ar imthosca sonracha an ghnóthais agus tá sé de cheanglas ann breithniú cothrom a dhéanamh ar na costais don ghnóthas agus ar thairbhí na faisnéise a eascraíonn as sin ***d'úsáideoirí***.

95. Tá faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi atá ar fáil don ghnóthas gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí faoi réir athmheasúnú le haghaidh gach tréimhse tuairiscithe. Léirítear leis torthaí na ***ngníomhaíochtaí*** a rinne an gnóthas roimhe seo chun feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí nó ar infhaighteacht níos airde faisnéise seachtraí. Mar thoradh air sin, meastar go dtiocfaidh feabhas ar infhaighteacht faisnéise le himeacht ama.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 45 i gcás mhír 94 **(Faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi atá ar fáil gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí)**	Cumhdaítear le faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi tosca a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas, chomh maith le coinníollacha ginearálta sa timpeallacht sheachtrach. Áirítear le faisnéis réasúnta ar féidir tacú léi faisnéis faoi theagmhais roimhe seo, dálaí reatha agus réamhaisnéisí ar dhálaí amach anseo.Ní cheanglaítear ar an ngnóthas cuardach uileghabhálach a dhéanamh ar fhaisnéis den sórt sin. Agus measúnú á dhéanamh ar cé acu a bheadh nó nach mbeadh costas míchuí nó iarracht mhíchuí ag baint le nochtadh a ullmhú ar an dáta tuairiscithe, breithneoidh an gnóthas, ina aonar nó i gcomhpháirt, critéir amhail: (a) a mhéid, a acmhainní agus a ullmhacht theicniúil i ndáil le scála agus castacht a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh; agus (b) infhaighteacht uirlisí chun rochtain a fháil ar fhaisnéis agus chun faisnéis a chomhroinnt, lena n-áirítear uirlisí digiteacha. Agus measúnú á dhéanamh ar infhaighteacht faisnéise, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) úsáidfidh sé faisnéis inmheánach agus sheachtrach atá ar fáil don ghnóthas ar an dáta tuairiscithe, agus é á aithint go léiríonn an infhaighteacht ar an dáta tuairiscithe na feabhsuithe ar bhailiú sonraí a cuireadh chun feidhme ón tréimhse roimhe sin; agus (b) tá coinne leis go ndéanfaidh sé an fhaisnéis a eascraíonn as na nithe seo a leanas a mheas a bheith ar fáil gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí: i. acmhainní inmheánacha, amhail: próisis bainistithe riosca an ghnóthais; faisnéis a úsáideann an gnóthas chun a ráitis airgeadais a ullmhú, a ***shamhail ghnó*** a oibriú, a straitéis a leagan síos, a dhícheall cuí inbhuanaitheachta a dhéanamh agus a ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhainistiú; agus ii. acmhainní seachtracha, amhail taithí earnála nó piarghrúpa, agus taighde eolaíoch.

7.5. *Nochtaí maidir le teagmhais a thabhairt cothrom le dáta tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe*

96. Más rud é, tar éis na tréimhse tuairiscithe ach sula n-údaraítear an tuarascáil bhainistíochta lena heisiúint, go bhfaigheann an gnóthas faisnéis ina soláthraítear fianaise nó léargais ar dhálaí a bhí ann i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe, tabharfaidh an gnóthas a nochtaí cothrom le dáta i bhfianaise na faisnéise nua.

97. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis faoi idirbhearta ábhartha, faoi theagmhais eile agus faoi dhálaí a tharlaíonn tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe ach roimh an dáta a údaraítear an tuarascáil bhainistíochta lena heisiúint agus soláthróidh sé faisnéis insinte ina léireofar gur ann do na teagmhais sin i ndiaidh na bliana, a gcineál agus a n-iarmhairtí féideartha.

7.6. *Earráidí i dtréimhsí roimhe sin a thuairisciú*

98. Ceartóidh an gnóthas earráidí réamhthréimhse ábhartha trí na méideanna comparáideacha a athlua don réamhthréimhse / do na réamhthréimhsí a nochtadh, mura bhfuil sé ***dodhéanta*** déanamh amhlaidh. Ní bhaineann an ceanglas sin le tréimhsí tuairiscithe roimh an gcéad bhliain de chur i bhfeidhm CETI ag an ngnóthas.

99. Ceartaítear earráidí a d'fhéadfadh a bheith sa tréimhse thuairiscithe chéanna sula n-údaraítear an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** lena eisiúint. Ní thagtar ar earráidí ábhartha uaireanta áfach go dtí tréimhse ina dhiaidh sin. I gcás earráidí ábhartha a aimsítear i dtréimhse ina dhiaidh sin, má tá sé ***dofheidhmithe*** éifeacht earráide ar gach réamhthréimhse a chuirtear i láthair a chinneadh, athshonróidh an gnóthas an fhaisnéis chomparáideach chun an earráid a cheartú ón dáta is luaithe is infheidhmithe.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 46 i gcás mhír 99 (Earráidí réamhthréimhse)	Is earráidí réamhthréimhse iad easnaimh agus míráitis i ***ráiteas inbhuanaitheachta*** an ghnóthais le haghaidh réamhthréimhse amháin nó níos mó. Tarlaíonn earráidí den sórt sin nuair nach n-úsáidtear faisnéis iontaofa, nó nuair a bhaintear mí-úsáid as faisnéis iontaofa: (a) a bhí ar fáil nuair a údaraíodh eisiúint na tuarascála bainistíochta ina gcuimsítear an ráiteas inbhuanaitheachta do na tréimhsí sin; agus (b) a bhféadfaí coinne réasúnach a bheith leis go bhfuarthas í agus gur cuireadh san áireamh í nuair a bhí nochtaí inbhuanaitheachta atá cuimsithe sna tuarascálacha sin á n-ullmhú. Cuimsítear le hearráidí den sórt sin: éifeachtaí botúin mhatamaiticiúla, botúin maidir leis na sainmhínithe ar ***mhéadracht*** nó ar ***spriocanna*** a chur i bhfeidhm, dearmaid nó míchialla a bhaint as fíorais, agus calaois. Déantar idirdhealú idir ceartuithe ar earráidí agus athruithe ar mheastacháin. D'fhéadfadh sé gur ghá meastacháin a athbhreithniú de réir mar a thagann faisnéis bhreise chun solais.

7.7. *Faisnéis a fhágáil amach*

100. Agus faisnéis a leagtar síos mar cheanglas le CETI á nochtadh ag an ngnóthas, féadfaidh sé an fhaisnéis seo a leanas a fhágáil ar lár:

(a) i gcásanna eisceachtúla, faisnéis a dhéanfadh dochar tromchúiseach do sheasamh tráchtála an ghnóthais dá nochtfaí í, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:

i. nach gcuireann an t-easnamh sin cosc ar thuiscint chóir chothrom ar fhorbairt, ar fheidhmíocht ná ar sheasamh an ghnóthais, ná ar a ***rioscaí*** ná a ***thionchair*** ábhartha;

ii. chinn an gnóthas nach féidir an fhaisnéis a nochtadh ar bhealach, cuir i gcás ar leibhéal comhiomlánaithe, a chuirfeadh ar a chumas cuspóirí an cheanglais maidir le nochtadh a chomhlíonadh gan dochar tromchúiseach a dhéanamh dá sheasamh tráchtála;

iii. i gcás gach pointe sonraí a fágadh ar lár, nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine sin;

iv. go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(b) faisnéis a chomhfhreagraíonn do chaipiteal intleachtúil, maoin intleachtúil, fios gnó, faisnéis theicneolaíoch, nó torthaí nuálaíochta, a cháilíonn mar rún trádála mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Threoir (AE) 2016/943 (An Treoir maidir le Rúin Trádála) ([2]), ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

i. i gcás gach pointe sonraí a fágadh ar lár, nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine sin; agus

ii. go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí.

(c) faisnéis rúnaicmithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

i. i gcás gach pointe sonraí a fágadh ar lár, nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine sin; agus

ii. go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí;

(d) faisnéis eile atá le cosaint ar rochtain nó ar nochtadh neamhúdaraithe mar gheall ar oibleagáidí a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais nó sa dlí náisiúnta, nó chun príobháideachas nó slándáil duine nádúrtha nó slándáil duine dhlítheanaigh a choimirciú, ar choinníoll go gcomhlíontar an dá choinníoll seo a leanas:

i. i gcás gach pointe sonraí a fágadh ar lár, nochtann an gnóthas gur bhain sé úsáid as an díolúine sin; agus

ii. go ndéanann an gnóthas athmheasúnú ar gach dáta tuairiscithe i dtaobh an bhféadfar an fhaisnéis a fhágáil ar lár i gcónaí.

([2]) Treoir (AE) 2016/943 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le fios gnó agus faisnéis ghnó neamhnochta (rúin trádála) a chosaint i gcoinne a n-éadála, a n-úsáide agus a nochta neamhdhleathaigh ('An Treoir maidir le Rúin Trádála') (IO L 157, 15.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2016/943/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

101. Déanfaidh an gnóthas gach iarracht réasúnta chun a áirithiú, sa bhreis ar na heasnaimh dá dtagraítear i mír 100, nach lagófar ábharthacht fhoriomlán an nochta atá i gceist.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 47 i gcás mhír 101 **(Faisnéis is féidir a fhágáil ar lár)**	Cé nach gceanglaítear ar ghnóthais nach bhfuil bunaithe san Aontas an fhaisnéis chéanna a thuairisciú, ní fhéadfar é sin a úsáid chun údar a thabhairt le faisnéis a fhágáil ar lár faoi mhír 101 pointe (a).

7.8. *Tuairisciú ar dheiseanna ábhartha*

102. Agus tuairisciú á dhéanamh ar ***dheiseanna*** ábhartha, is éard a bheidh sa nochtadh faisnéis thuairisciúil a chuirfidh ar chumas ***úsáideoirí*** na deiseanna a thuiscint. Ní thuairisceoidh an gnóthas deiseanna ginearálta don earnáil ach amháin deiseanna atá á saothrú nó á n-ionchorprú faoi láthair ina straitéis ghinearálta. Tá feidhm ag na forálacha maidir le ***héifeachtaí airgeadais*** in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus tuairisciú á dhéanamh ar dheiseanna ábhartha.

8. **Ceanglais maidir le cur i láthair agus struchtúr an ráitis inbhuanaitheachta**

8.1. *Ceanglas ginearálta maidir le cur i láthair, struchtúr agus inneachar an ráitis inbhuanaitheachta*

103. Cuirfidh an gnóthas i láthair na nochtaí uile a leagtar síos mar cheanglas le CETI laistigh de roinn thiomnaithe den tuarascáil bhainistíochta a shainaithnítear mar ***ráiteas inbhuanaitheachta*** an ghnóthais ina n-áirítear freisin na nochtaí sin arna gcuimsiú de réir tagartha i gcomhréir le Caibidil 9.3.

104. Cuirfear faisnéis inbhuanaitheachta i láthair:

(a) ar bhealach lenar féidir faisnéis a leagtar síos mar cheanglas le CETI a shainaithint go soiléir le hais faisnéis eile a áirítear sa tuarascáil bhainistíochta; agus

(b) faoi struchtúr lena n-éascaítear rochtain agus tuiscint ar an ***ráiteas inbhuanaitheachta***, i bhformáidí a bheidh inléite ag an duine agus ag meaisín araon.

105. Leagfaidh an gnóthas a ***ráiteas inbhuanaitheachta*** amach i gceithre chuid, san ord seo a leanas: faisnéis ghinearálta, faisnéis faoin gcomhshaol, faisnéis shóisialta agus faisnéis rialachais. Féadfaidh sé foscríbhinní nó fochodanna ar leithligh a úsáid i gcomhréir le míreanna 107-111. Féadfaidh an gnóthas a ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a struchtúrú ar bhealach atá éagsúil leis an mbealach a shainítear sa chéad abairt den mhír seo, ar choinníoll go gcuireann sé míniú réasúnaithe i láthair maidir le struchtúr malartach a úsáid agus go gcomhlíonann sé forálacha uile eile na caibidle seo.

106. Má ullmhaíonn an gnóthas nochtaí de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus de bhun na Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún, ceanglaítear air iad a áireamh ina ***ráiteas inbhuanaitheachta***, agus féadfaidh sé é sin a dhéanamh i bhfoscríbhinn ar leithligh laistigh den tuarascáil bhainistíochta. Níl na nochtaí sin faoi réir fhorálacha CETI, cé is moite den mhír seo.

8.2. *Cur i láthair na faisnéise forlíontaí a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*

107. Féadfaidh an gnóthas faisnéis fhorlíontach a áireamh ina ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a eascraíonn as (i) reachtaíocht eile lena gceanglaítear air faisnéis inbhuanaitheachta a nochtadh, nó (ii) caighdeáin nó creataí tuairiscithe a nglactar leo go ginearálta, lena n-áirítear treoraíocht neamh-shainordaitheach agus treoraíocht earnáilsonrach, arna bhfoilsiú ag comhlachtaí eile a leagann síos caighdeáin (amhail an Tionscnamh Tuairiscithe Domhanda), fiú mura bhfuil an fhaisnéis sin ábhartha. Déanfar faisnéis den sórt sin a shainaithint go soiléir le tagairt iomchuí don reachtaíocht, don chaighdeán nó don chreat gaolmhar.

108. Más gá chun éilimh sonraí ***úsáideora*** shonraigh a chomhlíonadh, féadfaidh an gnóthas nochtaí forlíontacha nach bhfuil ábhartha a áireamh ina ***ráiteas inbhuanaitheachta***.

109. Nochtaí a dhéanfar i gcomhréir le míreanna 107 agus 108:

(a) sainaithneofar go soiléir nach n-eascróidh siad as an measúnú ***ábharthachta***;

(b) léiriú dílis a sholáthar ar na gnéithe a bhfuil sé beartaithe acu ionadaíocht a dhéanamh orthu; agus

(c) cuirfear i láthair iad ar bhealach nach ndéanfaidh aon fhaisnéis ábhartha a dhoiléiriú.

8.3. *Roghanna chun faisnéis a chur i láthair thar chodanna den ráiteas inbhuanaitheachta*

110. Féadfaidh an gnóthas achoimre feidhmiúcháin a sholáthar sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** ina n-áirítear na príomhtheachtaireachtaí maidir lena ***thionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha comhshaoil, sóisialta agus rialachais agus maidir lena mbainistíocht. Comhlíonfaidh ábhar agus cur i láthair na hachoimre feidhmiúcháin sin saintréithe cáilíochtúla na faisnéise agus is cuid lárnach é den ráiteas inbhuanaitheachta arna ullmhú i gcomhréir le forálacha CETI. De rogha air sin, féadfaidh an gnóthas faisnéis a ionchorprú trí thagairt a dhéanamh d'achoimre feidhmiúcháin a chuirtear lasmuigh dá ráiteas inbhuanaitheachta, amhail i roinn eile den tuarascáil bhainistíochta, ar choinníoll go gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le corprú trí thagairt (féach Fochaibidil 9.3).

111. Féadfaidh an gnóthas foscríbhinní nó fochodanna ar leithligh a úsáid ina ***ráiteas inbhuanaitheachta***:

(a) faisnéis níos mionsonraithe a chur i láthair a bhaineann le haon cheann de na ceithre chuid;

(b) inléiteacht a éascú le hinnéacsanna inneachair, táblaí ina mapáiltear nochtaí éagsúla nó táblaí crostagartha; agus

(c) faisnéis fhorlíontach arna hullmhú i gcomhréir le Fochaibidil 8.2 thuas a chur i láthair.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 48 i gcás mhír 111 **(Eolas níos mionsonraithe a chur i láthair)**	Féadfaidh an gnóthas tagairtí inmheánacha a úsáid thar chodanna nó fochodanna éagsúla (lena n-áirítear foscríbhinní) sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** chun an tuiscint ar naisc atá ann idir míreanna éagsúla faisnéise a éascú. Ní cuimsiú de réir tagartha iad na tagairtí inmheánacha sin.

9. **Faisnéis nasctha agus naisc le codanna eile den tuairisciú corparáideach**

9.1. *Faisnéis nasctha*

112. Soláthróidh an gnóthas faisnéis a chuirfidh ar chumas ***úsáideoirí*** a ***ráitis inbhuanaitheachta*** na naisc a thuiscint:

(a) laistigh den ráiteas inbhuanaitheachta; agus

(b) idir an ráiteas inbhuanaitheachta agus doiciméid tuairiscithe chorparáidigh eile arna bhfoilsiú ag an ngnóthas, lena n-áirítear a ráitis airgeadais.

113. D'fhéadfadh athrá na faisnéise céanna laistigh den ***ráiteas inbhuanaitheachta*** faisnéis ábhartha a cheilt agus cur isteach ar sholáthar faisnéise gonta agus intuigthe. Má tá an fhaisnéis chéanna ábhartha do níos mó ná Ceanglas maidir le Nochtadh amháin, féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis a chur i láthair i gcás ina measann sé gurb í is ábhartha agus crostagairt a dhéanamh don suíomh sin de réir mar is iomchuí.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 49 i gcás mhír 113(a) **(Naisc laistigh den ráiteas inbhuanaitheachta)**	I measc na nasc laistigh den ***ráiteas inbhuanaitheachta*** tá: (a) na cinn sin idir na nochtaí ginearálta maidir le rialachas agus straitéis agus na nochtaí maidir le ***topaic shonrach;*** agus (b) iad sin idir an fhaisnéis faoi ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha i gcomhréir le CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* (SBM 3 agus IRO 2) agus na ***beartais***, na ***gníomhaíochtaí***, na ***spriocanna*** agus an ***mhéadracht*** faoi seach.

9.2. *Nascacht dhíreach agus indíreach le ráitis airgeadais, lena n-áirítear comhsheasmhacht toimhdí*

114. Má áirítear sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** méideanna airgeadaíochta nó faisnéis chainníochtúil eile a chuirtear i láthair i ráitis airgeadais an ghnóthais freisin, déanfaidh an gnóthas crostagairt dá ráitis airgeadais ('nascacht dhíreach').

115. Má áirítear sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** méideanna ar comhiomlánú nó cuid de mhéideanna iad a chuirtear i láthair i ráitis airgeadais an ghnóthais ('nascacht indíreach'), míneoidh an gnóthas conas a bhaineann na méideanna sin leis na méideanna is ábhartha a chuirtear i láthair sna ráitis airgeadais.

116. Na sonraí agus na toimhdí a úsáidtear chun an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a ullmhú, beidh siad comhsheasmhach, a mhéid is féidir, leis na sonraí agus na toimhdí comhfhreagracha a úsáidtear chun na ráitis airgeadais a ullmhú. Chun tacú leis an tuiscint ar shonraí agus toimhdí móra, míneoidh an gnóthas aon difríocht nach beag i dtoimhdí idir iad siúd a úsáidtear chun na ráitis inbhuanaitheachta a ullmhú agus iad siúd a úsáidtear chun na ráitis airgeadais a ullmhú.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 50 i gcás mhír 115 **(An t-airgeadra atá le húsáid)**	I gcás méideanna airgeadaíochta, úsáidfidh an gnóthas an t-airgeadra céanna agus atá sna ráitis airgeadais.

9.3. *Cuimsiú de réir tagartha*

117. Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha i mír 118, féadfar faisnéis nó pointe sonraí sonrach arna fhorordú le Ceanglas maidir le Nochtadh a chuimsiú sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** trí chrostagairt a dhéanamh do na nithe seo a leanas:

(a) roinn eile den tuarascáil bhainistíochta;

(b) na ráitis airgeadais;

(c) an ráiteas rialachais chorparáidigh (mura cuid den tuarascáil bhainistíochta é);

(d) an tuarascáil luacha saothair a leagtar síos mar cheanglas le Treoir 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Treoir maidir le Cearta Sealbhóirí – TCS) ([4]);

(e) an doiciméad clárúcháin uilíoch, dá dtagraítear in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Rialachán maidir le Réamheolairí) ([5]); agus

(f) nochtaí poiblí faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil – CRR) ([6]) (nochtaí Cholún 3). Sa chás sin, beidh an fhaisnéis ag teacht le raon feidhme an chomhdhlúthaithe a úsáidtear don ráiteas inbhuanaitheachta tríd an bhfaisnéis ionchorpraithe a chomhlánú le heilimintí breise de réir mar is gá.

118. Féadfaidh an gnóthas faisnéis a chuimsiú trí thagairt do na doiciméid, nó do chuid de na doiciméid, arna liostú i mír 117, ar choinníoll gur fíor an méid seo a leanas i dtaca leis an bhfaisnéis arna gcuimsiú de réir tagartha:

(a) is gné ar leithligh den fhaisnéis é a shainaithnítear go soiléir sa doiciméad tacaíochta mar ghné lena dtugtar aghaidh ar an Ceanglas maidir le Nochtadh maidir le CETI nó ar an bpointe sonraí ábhartha;

(b) foilsítear é roimh an tuarascáil bhainistíochta nó an tráth céanna leis an tuarascáil bhainistíochta;

(c) tá sé sa teanga chéanna leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta***;

([4]) Treoir (AE) 2007/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le feidhmiú cearta áirithe scairshealbhóirí i gcuideachta liostaithe ('an Treoir maidir le Cearta Sealbhóirí' nó 'TCS')(IO L 184, 14.7.2007, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2007/36/2024-01-09) (an Treoir maidir le Cearta Sealbhóirí – TCS).

([5]) Rialachán (AE) 2017/1129 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an réamheolaire atá le foilsiú nuair a thairgtear urrúis don phobal nó nuair a ligtear isteach iad chun a dtrádála ar mhargadh rialáilte, agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/71/CE ('Rialachán maidir le Réamheolairí') (IO L 168, 30.6.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1129/2021-11-10). ('Rialachán maidir le Réamheolairí').

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ('an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil' nó 'CRR') (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj). (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil – CRR).

(d) tá sé faoi réir an leibhéil chéanna dearbhaithe ar a laghad agus atá an chuid eile den ráiteas inbhuanaitheachta. Sa chás sin, ní leagtar síos mar cheanglas go mbeidh an doiciméad iomlán ina bhfuil an fhaisnéis faoi réir dearbhú; agus

(e) ceadaítear na ceanglais digitithe theicniúla chéanna leis an bhfaisnéis eile sa ráiteas inbhuanaitheachta.

119. Ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a bhunaítear i mír 118, féadfar faisnéis arna forordú le Ceanglas maidir le Nochtadh nó le pointe sonraí a chuimsiú sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** faoi threoir thuarascáil an ghnóthais arna hullmhú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1221/2009 ó aPharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) maidir le Scéim an Aontais um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil. Sa chás seo, áiritheoidh an gnóthas go dtáirgtear an fhaisnéis arna cuimsiú de réir tagartha ag úsáid an bhunúis chéanna chun faisnéis CETI a ullmhú, lena n-áirítear raon feidhme chomhdhlúthaithe agus chóireála na faisnéise sa slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach.

120. Breithneoidh an gnóthas comhtháiteacht fhoriomlán na faisnéise tuairiscithe agus áiritheoidh sé nach gcuirfidh an cuimsiú de réir tagartha isteach ar inléiteacht an ***ráitis inbhuanaitheachta***.

10. **Forálacha idirthréimhseacha**

121. Mura sonraítear a mhalairt, tá feidhm ag na forálacha idirthréimhseacha sa Chaibidil seo ón gcéad bhliain airgeadais atá an gnóthas faoi réir na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta), i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír agus an tríú fomhír, de Threoir (AE) 2022/2464 (TTCI), arna leasú le Treoir (AE) 2025/794 (an Treoir 'Stad an Clog') ([8]) agus le Treoir (AE) 2026/470 (Treoir 'Omnibus I'). Dá réir sin, le cur i bhfeidhm deonach níos luaithe CETI, ní chuirtear teorainn le húsáid na bhfaoiseamh sa chaibidil seo agus ní spreagtar tús na bhforálacha céimnithe isteach. Sa chaibidil seo, tagraíonn bliain airgeadais do thréimhse thuairiscithe ***ráitis inbhuanaitheachta*** gnóthais dar tús an 1 Eanáir den bhliain faoi seach nó ina dhiaidh sin.

122. Is éard is 'gnóthais bhabhta a haon' ann na gnóthais sin a gceanglaítear orthu tuairisciú ar an inbhuanaitheacht le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús idir an 1 Eanáir 2024 agus an 31 Nollaig 2026, gan beann ar an tráth a thrasuíonn an Ballstát ábhartha Treoir (AE) 2022/2464 (TTCI) arna leasú le Treoir (AE) 2025/794 (an Treoir 'Stad an Clog') agus le Treoir (AE) 2026/470 (Treoir 'Omnibus I'). Sainmhínítear iad in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (a), agus an tríú fomhír, pointe (a), de TTCI. Is éard is 'gnóthais eile' ann na gnóthais sin a gceanglaítear orthu tuairisciú ar inbhuanaitheacht le haghaidh na mblianta airgeadais dar tús an 1 Eanáir 2027 nó dá éis sin, gan beann ar an tráth a thrasuíonn an Ballstát ábhartha an TTCI arna leasú leis an Treoir 'Stad an Clog' agus leis an Treoir 'Omnibus I'. Sainmhínítear iad in Airteagal 5(2), an chéad fhomhír, pointe (b), agus an tríú fomhír, pointe (b), de TTCI.

10.1. Foráil idirthréimhseach a bhaineann le Caibidil 5 *Gnóthas tuairiscithe agus slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach*

123. I gcás na chéad 3 bliana airgeadais ina bhfuil an gnóthas faoi réir ceanglais tuairiscithe inbhuanaitheachta faoi Airteagail 19a agus 29a de Threoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta), i gcomhréir le hAirteagal 5(2), an chéad fhomhír agus an tríú fomhír de Threoir (AE) 2022/2464 (TTCI), arna leasú le Treoir (AE) 2025/794 (an Treoir 'Stad an Clog') agus le Treoir (AE) 2026/470 (Treoir 'Omnibus I'), agus i gcás nach bhfuil an fhaisnéis uile is gá maidir lena ***shlabhra luacha*** ar fáil, míneoidh an gnóthas na hiarrachtaí a rinneadh chun an fhaisnéis is gá a fháil faoina shlabhra luacha, na cúiseanna nach bhféadfaí an fhaisnéis uile is gá a fháil, agus a phleananna chun an fhaisnéis is gá a fháil amach anseo.

10.2. *Foráil idirthréimhseach a bhaineann le Caibidil 7.1* Faisnéis chomparáideach

124. Ní cheanglaítear ar ghnóthais 'bhabhta a haon', mar a shainmhínítear i mír 122, faisnéis chomparáideach a nochtadh dá gcéad bhliain tuairiscithe i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/1563 ón gCoimisiún an 2026/1563 maidir le ***méadracht*** chainníochtúil agus méideanna cainníochtúla mar a leagtar síos mar cheanglas le Caibidil 7.1 i gcás nach bhfuil an mhéadracht agus na méideanna sin mar an gcéanna leis an méadracht agus na méideanna a leagtar síos mar cheanglas le Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2772 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le caighdeáin tuairiscithe inbhuanaitheachta (an chéad tacar CETI). Ní cheanglaítear ar 'ghnóthais eile' mar a shainmhínítear i mír 122 faisnéis chomparáideach a nochtadh mar a leagtar síos mar cheanglas le Caibidil 7.1 dá gcéad bhliain airgeadais tuairiscithe.

([7]) Regulation (EC) No 1221/2009 of the European Parliament and of the Council of 25 November 2009 on the voluntary participation by organisations in a Community eco-management and audit scheme (EMAS), repealing Regulation (EC) No 761/2001 and Commission Decisions 2001/681/EC and 2006/193/EC (OJ L 342, 22.12.2009, p. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1221/oj).

([8]) Treoir (AE) 2025/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2025 lena leasaítear Treoracha (AE) 2022/2464 agus (AE) 2024/1760 a mhéid a bhaineann leis na dátaí óna bhfuil na Ballstáit le ceanglais áirithe maidir le tuairisciú inbhuanaitheachta corparáideach agus le dícheall cuí i dtaca le hinbhuanaitheacht chorparáideach a chur i bhfeidhm (an Treoir 'Stad an Clog') (IO L, 2025/794, 16.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2025/794/oj). (an Treoir 'Stad an Clog').

10.3. *Foráil idirthréimhseach: Liosta de Cheanglais maidir le Nochtadh a thugtar isteach de réir a chéile*

125. Maidir le gnóthais 'bhabhta a haon, mar a shainmhínítear i mír 122, a sháraíonn, ar dhátaí a gcláir chomhardaithe, glanláimhdeachas EUR 450 000 000 agus 1 000 ***fostaí*** ar an meán le linn na bliana airgeadais, féadfaidh siad an méid seo a leanas a fhágáil ar lár ina ***ráiteas inbhuanaitheachta***:

(a) Ceanglais maidir le Nochtadh uile CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais*, CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*, CETI S3 *Pobail dá ndéantar difear*, agus CETI S4 *Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh* dá mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2027, faoi réir fhorálacha CETI 2 *Nochtadh Ginearálta*, míreanna 7 go 10;

(b) an fhaisnéis uile maidir le ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo***, a leagtar síos mar cheanglas i mír 27 de CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus in CETI E1-11 le haghaidh a mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2028, cé is moite de CETI E1-11 mír 39(a)(b) agus 40 (a)(b).

(c) faisnéis chainníochtúil maidir le héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo, a leagtar síos mar cheanglas i mír 27 de CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus in CETI E1-11 le haghaidh a mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2030, cé is moite de CETI E1-11 mír 39(a)(b) agus 40 (a)(b);

(d) faisnéis chainníochtúil a bhaineann le ***substaintí arb údar imní iad*** arna forordú le CETI E2-5, dá mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2030;

(e) faisnéis faoi ***shubstaintí arb údar mór imní iad*** más ***úsáideoir earraí*** ina bhfuil na substaintí sin é an gnóthas, dá mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2028; agus

(f) CETI S1-6, S1-7 le haghaidh fostaithe dílse i dtíortha nach tíortha LEE iad, pointí sonraí S1-10, S1-11, S1-12, S1-13 i mír 37(d), (e) agus pointí sonraí ***oibrithe nach fostaithe iad***, agus S1-14 le haghaidh a mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2027.

126. Gnóthais 'bhabhta a haon', mar a shainmhínítear i mír 122, nach bhfuil glanláimhdeachas níos mó ná EUR 450 000 000 acu ar dhátaí a gcláir comhardaithe nó ag a bhfuil 1 000 fostaí ar an meán le linn na bliana airgeadais, féadfaidh siad an méid seo a leanas a fhágáil ar lár ina ráiteas inbhuanaitheachta:

(a) Ceanglais maidir le Nochtadh uile de na caighdeáin thopaicshonracha uile dá mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2027, faoi réir fhorálacha CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, míreanna 7 go 10;

(b) an fhaisnéis uile maidir le ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo***, a leagtar síos mar cheanglas i mír 27 de CETI 2 Nochtaí Ginearálta agus in CETI E1-11 le haghaidh a mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2028, cé is moite de CETI E1-11 mír 39(a)(b) agus 40 (a)(b);

(c) faisnéis chainníochtúil maidir le héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo, a leagtar síos mar cheanglas i mír 27 de CETI 2 Nochtaí Ginearálta agus in CETI E1-11 le haghaidh a mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2030, cé is moite de CETI E1-11 mír 39(a)(b) agus 40 (a)(b);

(d) faisnéis chainníochtúil a bhaineann le ***substaintí arb údar imní iad*** arna forordú le CETI E2-5, dá mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2030;

(e) faisnéis faoi ***shubstaintí arb údar mór imní iad*** más ***úsáideoir earraí*** ina bhfuil na substaintí sin é an gnóthas, dá mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2028; agus

(f) CETI S1-6, S1-7 le haghaidh fostaithe dílse i dtíortha nach tíortha LEE iad, pointí sonraí S1-10, S1-11, S1-12, S1-13 i mír 37(d), (e) agus pointí sonraí ***oibrithe nach fostaithe iad***, agus S1-14 le haghaidh a mblianta airgeadais roimh an mbliain airgeadais 2027.

127. Féadfaidh 'gnóthais eile' mar a shainmhínítear i mír 122 an méid seo a leanas a fhágáil ar lár ina ***ráiteas inbhuanaitheachta***:

(a) na Ceanglais maidir le Nochtadh uile in CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais*, CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*, CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear*, agus CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh* dá gcéad 2 bhliain airgeadais tuairiscithe;

(b) an fhaisnéis uile maidir le h***éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo***, a leagtar síos mar cheanglas i mír 27 de CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus in CETI E1-11 dá gcéad dá bhliain airgeadais tuairiscithe, cé is moite de CETI E1-11 mír 39(a)(b) agus 40(a)(b);

(c) faisnéis chainníochtúil maidir le héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo, a leagtar síos mar cheanglas i mír 27 de CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus in CETI E1-11 dá gcéad 4 bliana airgeadais tuairiscithe, cé is moite de CETI E1-11 mír 39(a)(b) agus 40(a)(b);

(d) faisnéis chainníochtúil a bhaineann le ***substaintí arb údar imní iad*** arna forordú le CETI E2-5, dá gcéad 3 bliana airgeadais tuairiscithe;

(e) faisnéis faoi ***shubstaintí arb údar mór imní iad*** más ***úsáideoir earraí*** ina bhfuil substaintí den sórt sin é an gnóthas, dá gcéad bhliain airgeadais tuairiscithe; agus

(f) CETI S1-6, S1-7 le haghaidh ***fostaithe*** dílse i dtíortha nach tíortha LEE iad, pointí sonraí S1-10, S1-11, S1-12, S1-13 i mír 37(d), (e) agus pointí sonraí ***oibrithe nach fostaithe iad***, agus S1-14 dá gcéad bhliain tuairiscithe.

Foscríbhinn A

Liosta na dtopaicí

Is dlúthchuid de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* í an Fhoscríbhinn seo agus soláthraítear treoraíocht neamhcheangailteach léi chun tacú le cur i bhfeidhm na bhforálacha sa Chaighdeán seo.

Sa tábla seo a leanas tugtar liosta na ***dtopaicí*** agus na bhfothopaicí a chumhdaítear le caighdeáin thopaicshonracha mar cheann de na hionchuir leis an measúnú ***ábharthachta dúbailte***. Ní mór don ghnóthas a imthosca sonracha féin a chur san áireamh agus na topaicí nó na fothopaicí atá le tuairisciú á gcinneadh aige. I gcás inar gá, breithneoidh sé topaicí nó fothopaicí nach gcumhdaítear le CETI chun nochtaí eintiteas-sonracha a fhorbairt maidir le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha, mar a thuairiscítear i mír 11.

Topaicí	Fothopaicí
An tAthrú Aeráide (CETI E1)	Maolú ar an athrú aeráide
	Oiriúnú don athrú aeráide
	Fuinneamh
Truailliú (CETI E2)	Truailliú aeir
	Truailliú uisce
	Truailliú ithreach
	Substaintí arb údar imní iad, lena n-áirítear substaintí ar údar mór imní iad
	Micreaphlaistigh
Uisce (CETI E3)	Úsáid uisce, lena n-áirítear aistarraingt, tomhaltas, sceitheadh agus stóráil
Bithéagsúlacht agus Éiceachórais (CETI E4)	Spreagthaí na bithéagsúlachta agus athrú éiceachórais (lena n-áirítear athrú ar ghnáthóga talún agus muirí, speicis ionracha)
	Staid na speiceas
	Méid agus riocht na n-éiceachóras talún agus muirí
	Seirbhísí éiceachórais
An Geilleagar Ciorclach agus Úsáid Acmhainní (CETI E5)	Insreafaí acmhainní
	Eis-sreafaí acmhainní a bhaineann le táirgí agus seirbhísí
	Eis-sreafaí acmhainní (dramhaíl)
Lucht Saothair Dílis agus Oibrithe sa Slabhra Luacha (CETI S1/S2) (*)	Dálaí oibre (lena n-áirítear pá leordhóthanach, cothromaíocht oibre agus saoil, am oibre, fostaíocht shlán) agus cosaint shóisialta
	Idirphlé sóisialta agus cómhargáil, saoirse comhlachais, cearta faisnéise agus comhairliúcháin oibrithe, lena n-áirítear trí chomhairlí oibreacha
	Sláinte agus sábháilteacht
	Oiliúint agus forbairt scileanna
	Éagsúlacht agus cóir chomhionann (lena n-áirítear comhionannas inscne, pá comhionann as obair ar comhionann a luach, fostaíocht agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas, neamh-idirdhealú, frithchiapadh, bearta in aghaidh foréigin)
	Cearta daonna eile a bhaineann le saothar (lena n-áirítear saothar leanaí, saothar éignithe, príobháideachas agus tithíocht leordhóthanach, uisce agus sláintíocht (**)

Topaicí	Fothopaicí
Na Comhphobail dá ndéantar difear (CETI S3)	Cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha pobal (lena n-áirítear tionchair a bhaineann le talamh, tionchair a bhaineann le slándáil, tithíocht agus bia leordhóthanach, uisce agus sláintíocht)
	Cearta sibhialta agus polaitiúla pobal (lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil, tionchair ar chosantóirí chearta an duine)
	Cearta na bpobal dúchasach (lena n-áirítear saorthoiliú feasach roimh ré, féinchinntiú, cearta cultúrtha)
Tomhaltóirí agus Úsáideoirí deiridh (CETI S4)	Tionchair a bhaineann le faisnéis do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí (lena n-áirítear príobháideachas, rochtain ar fhaisnéis, saoirse chun tuairimí a nochtadh)
	Sábháilteacht phearsanta tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, cosaint leanaí, slándáil duine)
	Cuimsiú sóisialta tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear rochtain ar tháirgí agus ar sheirbhísí, cleachtais mhargaíochta fhreagracha, neamh-idirdhealú)
Iompar Gnó (CETI G1)	Cultúr corparáideach, lena n-áirítear frithéilliú agus frithbhreabaireacht, cosaint sceithirí agus leas ainmhithe
	Tionchar polaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta
	Bainistiú caidreamh le soláthróirí, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta, go háirithe íocaíochtaí déanacha le gnóthais bheaga agus mheánmhéide (FBManna)

(*) Nóta le haghaidh CETI S2 Oibrithe sa Slabhra Luacha. Braitheann leibhéal mionsonraithe an mheasúnaithe ábharthachta d'oibrithe sa slabhra luacha, i gcomparáid leis an leibhéal a dhéantar do lucht saothair dílis, ar chineál agus ar cháilíocht na sonraí atá ar fáil. D'fhéadfadh leibhéil éagsúla doimhneachta agus gráinneachta a bheith mar thoradh air sin san anailís — go háirithe maidir le tionchair agus rioscaí sa slabhra luacha réamhtheachtach/iartheachtach. Mar thoradh air sin, cé go bhfuil fothopaicí faoi CETI S1 Lucht Saothair Dílis agus CETI S2 Oibrithe sa Slabhra Luacha ailínithe, d'fhéadfadh an chaoi a ndéanann an gnóthas tionchair dhiúltacha agus rioscaí diúltacha a mheas agus a mheasúnú a bheith éagsúil eatarthu.

(**) Tá 'uisce agus sláintíocht' infheidhme maidir le CETI S2 Oibrithe sa Slabhra Luacha.

Foscríbhinn B

Saintréithe cáilíochtúla na faisnéise

Is dlúthchuid de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* í an fhoscríbhinn seo agus tá an t-údarás céanna aici agus atá ag na codanna eile den Chaighdeán. Sainítear san Fhoscríbhinn seo na saintréithe cáilíochtúla a chomhlíonfaidh an fhaisnéis a chuirtear i láthair sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** arna ullmhú i gcomhréir le CETI, mar a leagtar amach i gCaibidil 2 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

Ábharthacht

QC1. Tá faisnéis inbhuanaitheachta ábhartha i gcás ina bhféadfadh sé difríocht a dhéanamh i gcinntí ***úsáideoirí*** faoi chur chuige ***ábharthachta dúbailte*** (féach Caibidil 3).

QC2. D'fhéadfadh faisnéis difríocht a dhéanamh maidir le cinneadh fiú má roghnaíonn roinnt ***úsáideoirí*** gan leas a bhaint aisti nó má tá siad ar an eolas maidir léi cheana féin ó fhoinsí eile. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag faisnéis inbhuanaitheachta ar chinntí úsáideoirí má tá luach tuarthach, luach deimhniúcháin nó an dá cheann aige. Tá luach tuarthach ag faisnéis más féidir í a úsáid mar ionchur i bpróisis arna gcur in úsáid ag úsáideoirí chun torthaí a thuar sa todhchaí. Ní gá gur tuar nó réamhaisnéis a bheadh i bhfaisnéis inbhuanaitheachta le go mbeadh luach tuarthach aici, ach ina ionad sin beidh luach tuarthach aici má chuireann úsáideoirí in úsáid í chun a dtuartha féin a dhéanamh.

QC3. Tá luach deimhniúcháin ag faisnéis nuair a thugtar aiseolas inti (ag deimhniú nó ag athrú) faoi mheastóireachtaí roimhe sin.

QC4. Is gné ábharthachta eintiteas-sonrach é an ***ábharthacht*** bunaithe ar chineál nó ar mhéid, nó an dá cheann, na míreanna lena mbaineann an fhaisnéis, agus measúnú á dhéanamh i gcomhthéacs thuairisciú um inbhuanaitheacht an ghnóthais (féach caibidil 3).

Léiriú dílis

QC5. Chun go mbeidh sí úsáideach, ní hamháin go gcaithfidh an fhaisnéis feiniméin ábhartha a léiriú; ní mór dó léiriú dílis a thabhairt freisin ar shubstaint na bhfeiniméan a airbheartaíonn sé a léiriú. Le léiriú dílis, leagtar síos mar cheanglas go mbeadh an fhaisnéis (a) comhlánaithe, (b) neodrach agus (c) cruinn.

QC6. Áirítear le léiriú iomlán ar ***thionchar***, ***riosca*** nó ***deis*** an fhaisnéis uile is gá do na ***húsáideoirí*** chun an tionchar, riosca nó deis sin a thuiscint. Áirítear leis sin an chaoi ar oiriúnaigh an gnóthas a straitéis, a bhainistiú riosca agus a rialachas mar fhreagairt ar an tionchar, ar an riosca nó ar an deis sin, chomh maith leis na ***beartais*** agus na ***gníomhaíochtaí*** atá i bhfeidhm chun é a bhainistiú, agus ***méadracht*** a sainaithníodh chun ***spriocanna*** a leagan síos agus feidhmíocht a thomhas.

QC7. Tá léiriú neodrach gan chlaonadh sa roghnú nó sa nochtadh a dhéanann sé ar fhaisnéis. Tá faisnéis neodrach mura bhfuil sí claonta, ualaithe, curtha i dtábhacht, má tá an bhéim bainte de nó má ionramháiltear í ar shlí eile ionas go mbeidh sé níos dóchúla go bhfaighidh na ***húsáideoirí*** an fhaisnéis sin go fabhrach nó go neamhfhabhrach. Beidh sí cothrom, chun gnéithe fabhracha/deimhneacha agus neamhfhabhracha/diúltacha a chumhdach. Tabharfar an aird chéanna ar ***thionchair*** ábhartha idir dhiúltach agus dearfach ó pheirspictíocht ***ábharthachta tionchair*** de chomh maith le ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha ó pheirspictíocht ***ábharthachta airgeadais*** de. Aon fhaisnéis inbhuanaitheachta mhianaidhme, mar shampla ***spriocanna*** nó pleananna, cumhdóidh sí mianaidhmeanna agus tosca araon a d'fhéadfadh cosc a chur ar an ngnóthas na mianaidhmeanna sin a bhaint amach chun léiriú neodrach a bheith aige.

QC8. Tacaítear leis an neodracht trí fheidhmiú stuamachta, i.e. a bheith cúramach agus breithiúnais á ndéanamh faoi choinníollacha éiginnteachta. Ní dhéanfar faisnéis a ghlanluacháil ná a chúiteamh le bheith neodrach. Ciallaíonn feidhmiú stuamachta nach ndéantar áibhéil faoi ***dheiseanna*** agus nach ndéantar beag is fiú de ***rioscaí***. Mar an gcéanna, ní cheadaítear le feidhmiú stuamachta go ndéanfaí beag is fiú de dheiseanna ná go ndéanfaí áibhéil faoi rioscaí. Féadfaidh an gnóthas faisnéis ghlan a chur i láthair, mar aon le holl-luachanna, mura bhfolaíonn cur i láthair den sórt sin faisnéis ábhartha agus má áirítear míniú soiléir léi maidir le héifeachtaí na glanluachála agus na cúiseanna atá leis an nglanluacháil.

QC9. Is féidir le faisnéis a bheith cruinn gan a bheith iomlán beacht i ngach cás. Tugann faisnéis chruinn le tuiscint go bhfuil próisis agus rialuithe inmheánacha leormhaithe curtha chun feidhme ag an ngnóthas chun earráidí ábhartha nó míráitis ábhartha a sheachaint. Dá bharr sin, cuirfear meastacháin i láthair le béim shoiléir ar na lochtanna a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus an neamhchinnteacht a ghabhann leis sin (féach Roinn 7.2). An méid beachtais a theastóidh agus a bheifear in ann a bhaint amach, agus na tosca a fhágann go mbíonn faisnéis cruinn, beidh siad ag brath ar chineál na faisnéise agus ar chineál na ***dtopaicí*** ar a dtugtar aghaidh inti. Le cruinneas, mar shampla, leagtar síos mar cheanglas:

(a) go bhfuil faisnéis fhíorasach saor ó earráid ábhartha;

(b) go bhfuil tuairiscí beacht;

(c) go sainaithnítear meastacháin, neastacháin agus réamhaisnéisí go soiléir mar mheastacháin, neastacháin agus réamhaisnéisí;

(d) nach ndearnadh aon earráid ábhartha le linn do phróiseas iomchuí chun meastachán, neastachán nó réamhaisnéis a fhorbairt a bheith á roghnú agus á chur i bhfeidhm, agus go bhfuil na hionchuir leis an bpróiseas sin réasúnta agus gur féidir tacú leo;

(e) go bhfuil na dearbhuithe réasúnta agus bunaithe ar fhaisnéis de cháilíocht agus de chainníocht leordhóthanach; agus

(f) go dtugann faisnéis maidir le breithiúnais faoin todhchaí léiriú dílis ar na breithiúnais agus ar an bhfaisnéis sin araon ar a bhfuil siad bunaithe.

Inchomparáideacht

QC10. Tá faisnéis inbhuanaitheachta inchomparáide nuair is féidir í a chur i gcomparáid le faisnéis arna soláthar ag an ngnóthas i dtréimhsí roimhe sin agus, nuair is féidir í a chur i gcomparáid le faisnéis arna soláthar ag gnóthais eile, go háirithe iad sin ag a raibh gníomhaíochtaí den chineál céanna nó a bhí ag feidhmiú laistigh den earnáil chéanna. Is féidir ***sprioc***, bonnlíne, tagarmharc tionscail, faisnéis inchomparáide ó ghnóthais eile nó ó eagraíocht ag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta, etc. a úsáid mar phointe tagartha i gcomhair comparáide.

QC11. Baineann comhsheasmhacht le hinchomparáideacht, ach ní hionann iad. Tagraíonn comhsheasmhacht don úsáid a bhaintear as na cuir chuige nó na modhanna céanna don ***topaic*** céanna, ó thréimhse go tréimhse ag an ngnóthas agus gnóthais eile. Cuidíonn comhsheasmhacht chun sprioc na hinchomparáideachta a bhaint amach.

QC12. Ní rud uilíoch í inchomparáideacht. Ionas go mbeidh faisnéis inchomparáide, beidh comhpháirteanna comhchosúla cosúil lena chéile agus beidh cuma dhifriúil ar chomhpháirteanna difriúla. Ní fheabhsaítear inchomparáideacht na faisnéise inbhuanaitheachta trí rudaí nach bhfuil cosúil lena chéile a dhéanamh cosúil lena chéile aon ní ná mar a fheabhsaítear í trí chuma dhifriúil a chur ar rudaí.

Infhíoraitheacht

QC13. Cuidíonn infhíoraitheacht chun muinín a thabhairt d'***úsáideoirí*** go bhfuil faisnéis iomlán, neodrach agus cruinn. Tá faisnéis inbhuanaitheachta infhíoraithe más féidir comhthacú leis an bhfaisnéis inti féin nó leis na hionchuir a úsáideadh chun í a dhíorthú.

QC14. Ciallaíonn infhíoraitheacht go bhféadfadh breathnóirí eolasacha agus neamhspleácha éagsúla teacht ar chomhthoil, cé nach gá go mbeidís go hiomlán ar aon intinn, gur léiriú dílis é léiriú áirithe. Soláthrófar faisnéis inbhuanaitheachta ar bhealach lena bhfeabhsaítear a hinfhíoraitheacht, mar shampla trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) faisnéis a chur san áireamh ar féidir comhthacú léi trína cur i gcomparáid le faisnéis eile atá ar fáil d'***úsáideoirí*** maidir le gnó an ghnóthais, maidir le gnóthaí eile nó maidir leis an timpeallacht sheachtrach;

(b) faisnéis a sholáthar faoi ionchuir agus modhanna ríomha a úsáideadh chun meastacháin nó neastacháin a chur le chéile; agus

(c) faisnéis a sholáthar arna hathbhreithniú agus arna comhaontú ag ***comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** nó ag a gcoistí.

QC15. Beidh roinnt faisnéise inbhuanaitheachta i bhfoirm mínithe nó faisnéise réamhbhreathnaithí. Is féidir tacú leis na nochtaí sin trí léiriú dílis a dhéanamh ar bhonn fíorasach mar shampla ar straitéisí, pleananna agus anailísí ***riosca*** an ghnóthais. Chun cuidiú le h***úsáideoirí*** cinneadh a dhéanamh cé acu faisnéis den sórt sin a úsáid nó gan a úsáid, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na toimhdí agus na modhanna bunúsacha trínar cuireadh an fhaisnéis le chéile, chomh maith le tosca eile a sholáthraíonn fianaise go léiríonn sé na pleananna nó na cinntí iarbhír a rinne an gnóthas.

Sothuigtheacht

QC16. Tá faisnéis inbhuanaitheachta sothuigthe nuair atá sí soiléir agus gonta. Cuireann faisnéis intuigthe ar a chumas d'aon ***úsáideoir*** réasúnta eolasach an fhaisnéis atá á cur in iúl a thuiscint go héasca.

QC17. Chun go mbeidh nochtaí inbhuanaitheachta gonta, ní mór dóibh (a) faisnéis chineálach ina bhfuil 'téacs réamhshocraithe' a sheachaint, faisnéis nach mbaineann go sonrach leis an ngnóthas; (b) dúbailt gan ghá na faisnéise a sheachaint, lena n-áirítear faisnéis a sholáthraítear freisin i ráitis airgeadais; agus (c) teanga shoiléir agus abairtí agus míreanna dea-struchtúrtha a úsáid. Tá nochtaí gonta mura n-áirítear iontu ach faisnéis ábhartha. Déanfar faisnéis fhorlíontach a chuirtear i láthair de bhun Fho-Chaibidil 8.2 a sholáthar ar bhealach a sheachnaíonn folú faisnéise ábhartha.

QC18. D'fhéadfaí soiléireacht a fheabhsú trí fhaisnéis maidir le forbairtí sa tréimhse thuairiscithe a idirdhealú ó fhaisnéis 'sheasta' ar beag athrú a ndéantar uirthi, ó thréimhse go chéile. Is féidir é sin a dhéanamh, mar shampla, trí thuairisc ar leith a thabhairt ar ghnéithe de rialachas an ghnóthais a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus próisis bainistithe ***riosca*** ar tháinig athrú orthu ón tréimhse thuairiscithe roimhe sin i gcomparáid leo siúd nár tháinig aon athrú orthu.

QC19. Bíonn iomláine, soiléireacht agus inchomparáideacht na nochtaí inbhuanaitheachta uile ag brath ar fhaisnéis a bheith á cur i láthair mar fhaisnéis iomlán comhleanúnach. Ionas go mbeidh nochtaí inbhuanaitheachta comhleanúnach, cuirfear i láthair iad ar bhealach a mhíníonn an comhthéacs agus na naisc idir an fhaisnéis ghaolmhar. Le comhleanúnachas, ceanglaítear ar an ngnóthas freisin faisnéis a sholáthar ar bhealach a ligeann d'***úsáideoirí*** faisnéis maidir lena ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a cheangal le faisnéis i ráitis airgeadais an ghnóthais.

QC20. Má bhíonn impleachtaí ag ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a pléadh sna ráitis airgeadais do thuairisciú um inbhuanaitheacht, áireoidh an gnóthas sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** an fhaisnéis a theastaíonn ó ***úsáideoirí*** chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí sin agus cuirfidh sé naisc iomchuí i láthair chuig na ráitis airgeadais (féach Caibidil 9). Beidh an leibhéal faisnéise, gráinneachta agus teicniúlachta ailínithe le riachtanais agus le hionchais úsáideoirí. Seachnófar giorrúcháin agus ní mór na haonaid tomhais a shainiú agus a nochtadh.

CETI 2 – NOCHTAÍ GINEARÁLTA

CLÁR ÁBHAR

Cuspóir

Ceanglais maidir le Nochtadh

Ceanglas maidir le Nochtadh BP-1 – *Bonn ginearálta le ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú*

Riachtanas maidir le Nochtadh BP-2 – *Faisnéis shonrach má úsáideann an gnóthas roghanna céimnithe isteach*

Rialachas

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-1 – *Ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta i ndáil le hinbhuanaitheacht*

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-2 – *Feidhmíocht a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chomhtháthú i scéimeanna dreasachta*

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-3 – *Ráiteas maidir le dícheall cuí*

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-4 – *Bainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha ar thuairisciú inbhuanaitheachta*

Straitéis

Ceanglas maidir le Nochtadh SBM-1 – *Straitéis, samhail ghnó agus slabhra luacha*

Ceanglas maidir le Nochtadh SBM-2 – *Leasanna agus tuairimí páirtithe leasmhara*

Ceanglas maidir le Nochtadh SBM-3 – *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha, le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais*

Ceanglas maidir le Nochtadh IRO-1 – *Tuairisc ar an bpróiseas chun tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus faisnéis ábhartha atá le tuairisciú a shainaithint agus a mheasúnú*

Ceanglas maidir le Nochtadh IRO-2 – *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*

Ceanglais Ghinearálta maidir le Nochtadh le haghaidh beartas, gníomhaíochtaí, méadrachta agus spriocanna

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh beartas – GDR-P

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh gníomhaíochtaí agus acmhainní – GDR-A

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh méadrachta – GDR-M

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh spriocanna – GDR-T

Foscríbhinn A – Liosta na bpointí sonraí i gcaighdeáin thrasearnálacha agus i gcaighdeáin thopaicshonracha a eascraíonn as reachtaíocht eile an Aontais

Cuspóir

1. Leagtar amach in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* na Ceanglais maidir le Nochtadh a bhfuil feidhm acu maidir le ***topaicí*** inbhuanaitheachta (i.e. ábhair thrasearnálacha). Cumhdaítear leis na réimsí tuairiscithe a shainítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 5.

2. Cuirfidh an gnóthas na Ceanglais maidir le nochtadh a shainítear sa Chaighdeán seo i bhfeidhm agus faisnéis á soláthar aige maidir le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha agus maidir leis na ***topaicí*** a bhaineann leo agus cuirfidh sé an fhaisnéis sin i láthair i gcomhréir le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 52 agus 53 maidir le comhiomlánú agus dí-chomhiomlánú.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Ceanglas maidir le Nochtadh BP-1 – Bonn ginearálta le ráiteas inbhuanaitheachta a ullmhú

3. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar an mbonn atá leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a ullmhú, lena n-áirítear na nochtaí a leagtar síos mar cheanglas le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* in imthosca sonracha.

4. Nochtfaidh an gnóthas:

   (a) cé acu a ullmhaíodh an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** ar bhonn comhdhlúite nó ar bhonn aonair agus i gcás nach ionann teorainn tuairiscithe oibríochtaí an ghnóthais féin agus an teorainn a glacadh sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, tuairisc ar an difríocht sin agus na cúiseanna atá léi; agus

   (b) forbhreathnú ar a mhéid a chumhdaítear ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais leis an ráiteas inbhuanaitheachta.

5. Luafaidh an gnóthas gur ullmhaíodh a ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i gcomhréir le CETInna de réir mar is infheidhme ag deireadh na tréimhse tuairiscithe.

6. Nochtfaidh an gnóthas aon fhaoiseamh, rogha nó foráil shonrach eile a fhorordaítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* a chuireann sé i bhfeidhm, mar aon leis an bhfaisnéis ghaolmhar is gá.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH BP-1

AR 1 i gcás mhír 4(a)	D'fhéadfadh difríochtaí ón teorainn tuairiscithe a úsáidtear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite teacht chun cinn nuair a eisiatar fochuideachta ó chomhdhlúthú toisc go bhfuil sí neamhábhartha ó thaobh airgeadais de (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 62).
AR 2 i gcás mhír 6	Is iad seo a leanas na faoisimh, na roghanna nó na forálacha sonracha eile atá le breithniú: (a) faoiseamh i leith éadálacha agus diúscairtí (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 74 agus 75); (b) diallas ó thréimhsí ama réamhshainithe (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 81); (c) athruithe ar ullmhú nó ar chur i láthair na faisnéise inbhuanaitheachta (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 84 agus 85); (d) coigeartuithe ar fhaisnéis chomparáideach (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 87 (a) agus (c)); (e) cur i bhfeidhm breithiúnais ábhartha agus faisnéise atá faoi réir éiginnteachtaí móra (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 89); (f) faisnéis áirithe a fhágáil ar lár sna cásanna dá dtagraítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 100); (g) faoiseamh chun gníomhaíochtaí nach spreagthóirí móra ***tionchar***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** iad a eisiamh ó ríomh na ***méadrachta*** (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 90);

	(h) faoiseamh chun teorainn tuairiscithe pháirteach a thuairisciú le haghaidh méadrachta mar gheall ar easpa sonraí iontaofa (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 91); (i) faoiseamh chun comhoibríochtaí a eisiamh ó mhéadracht chomhshaoil (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 92); (j) teorainneacha móra a dhéanann difear don fhaisnéis tuairiscithe faoin bhforáil maidir le costas míchuí nó iarracht mhíchuí le haghaidh pointí sonraí sonracha (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 7.4); (k) nochtaí le haghaidh teagmhas tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe a thabhairt cothrom le dáta (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 96 agus 97); (l) earráidí tuairiscithe i dtréimhsí roimhe sin (CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 98 agus 99). Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas faoi mhír 6 a chur i láthair sa roinn um Fhaisnéis Ghinearálta dá ***ráiteas inbhuanaitheachta*** nó in éineacht leis na nochtaí ábhartha lena mbaineann an fhaisnéis.

Riachtanas maidir le Nochtadh BP-2 – Faisnéis shonrach má úsáideann an gnóthas roghanna céimnithe isteach

7. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar na forálacha céimnithe isteach a d'úsáid an gnóthas.

8. Más rud é, trí na forálacha céimnithe isteach arna soláthar ag CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* míreanna 125(a), 126(a) agus 127(a) a chur i bhfeidhm, go bhfágann an gnóthas ar lár an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le ceann amháin nó níos mó de na caighdeáin a liostaítear sa mhír sin, nochtfaidh sé mar sin féin cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh measúnú ar na ***tionchair***, na ***rioscaí*** agus na ***deiseanna*** a bhaineann leis na ***topaicí*** de thoradh mheasúnú ***ábharthachta*** an ghnóthais.

9. De bhreis ar mhír 8, má measadh ceann amháin nó níos mó de na ***topaicí*** sin a bheith ábhartha, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

   (a) nochtfaidh sé an topaic nó an fhothopaic/na fothopaicí a mheastar a bheith ábhartha, agus tabharfaidh sé tuairisc ghairid ar an gcaoi a gcuirtear san áireamh i ***samhail ghnó*** agus i straitéis ghnó an ghnóthais na ***tionchair*** a bhaineann leis na topaicí sin. Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis sin a nochtadh ar leibhéal na topaice nó na fothopaice;

   (b) tuairisc ghairid a thabhairt ar aon ***sprioc*** faoi cheangal ama atá leagtha síos aige a bhaineann leis na topaicí atá i gceist, ar an dul chun cinn atá déanta aige i dtreo na spriocanna sin a bhaint amach, agus ar cé acu atá nó nach bhfuil na spriocanna a bhaineann leis an m***bithéagsúlacht*** agus le h***éiceachórais*** bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte;

   (c) tuairisc ghairid a thabhairt ar a chuid ***beartas*** i ndáil leis na hábhair atá i gceist;

   (d) tuairisc ghairid a thabhairt ar ***ghníomhaíochtaí*** atá déanta aige chun tionchair dhiúltacha iarbhír nó fhéideartha a bhaineann leis an topaic atá i gceist a shainaithint, faireachán a dhéanamh orthu, iad a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a leigheas, agus ar thoradh na ngníomhaíochtaí sin; agus

   (e) ***méadracht*** a bhaineann leis na nithe atá i gceist a nochtadh.

10. Más rud é, trí na forálacha céimnithe isteach eile dá bhforáiltear le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* i míreanna 125(b)-(e), 126(b)-(e) agus 127(b)-(e) a chur i bhfeidhm, go bhfágann an gnóthas an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le Ceanglais maidir le Nochtadh eile a liostaítear sna míreanna sin ar lár, nochtfaidh sé an méid sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH BP-2

AR 3 i gcás mhír 9	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas i mír 9 a chur i láthair sa chuid ghinearálta dá ***ráiteas inbhuanaitheachta*** nó in éineacht leis na nochtaí topaicshonracha ábhartha.
AR 4 i gcás mhír 10	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas i mír 10 a chur i láthair sa chuid ghinearálta dá ***ráiteas inbhuanaitheachta*** nó laistigh den innéacs inneachair dá dtagraítear in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* IRO-2, AR 29 má roghnaíonn sé an rogha sin.

Rialachas

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-1 – Ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta i ndáil le hinbhuanaitheacht

11. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le nochtadh seo tuiscint a chumasú ar róil agus ar fhreagrachtaí na ***gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta***, chomh maith leis na próisis, na rialuithe agus na nósanna imeachta gaolmhara maidir le faireachán, bainistiú agus maoirseacht a dhéanamh ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha.

12. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) maidir le comhdhéanamh a ***chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta***, an céatadán de ***chomhaltaí boird neamhspleácha*** ([9]), ionadaíocht ***fostaithe*** agus oibrithe eile, más ann dóibh, agus an céatadán de réir inscne agus de réir gnéithe eile den éagsúlacht a chuireann an gnóthas san áireamh;

(b) saineolas agus scileanna na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta i ndáil le maoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha agus an chaoi a gcinneann siad an bhfuil scileanna agus saineolas iomchuí ar fáil nó an ndéanfar iad a fhorbairt chun straitéisí agus bearta eile a bhainistiú nó a mhaoirsiú atá ceaptha chun freagairt do thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha;

(c) céannacht agus freagrachtaí na ndaoine aonair, an choiste boird nó an chomhlachta chomhchosúil laistigh de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta, atá freagrach as bainistiú nó formhaoirseacht a dhéanamh ar thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha, mar aon le léiriú ar aon tionchair, rioscaí agus deiseanna a dtugann na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta aghaidh orthu go díreach gan príomhchinneadh a tharmligean chuig comhlachtaí eile nó chuig an mbainistíocht;

(d) an chaoi a ndéanann na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta agus an bhainistíocht shinsearach feidhmiúcháin maoirseacht ar ***spriocanna*** a leagan síos a bhaineann le tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha, agus an chaoi a ndéanann siad faireachán ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin; agus

(e) an chaoi a gcuireann na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha san áireamh agus straitéis an ghnóthais á bainistiú nó á maoirsiú acu, a chinntí maidir le mór-idirbhearta, agus a phróiseas bainistithe riosca agus ***beartais*** ghaolmhara, lena n-áirítear cé acu a bhreithnigh nó nár bhreithnigh an comhlacht/na comhlachtaí nó an duine/na daoine aonair comhbhabhtálacha a bhaineann leis na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH GOV-1

AR 5 i gcás mhír 12	Chun críoch an nochta sin, áirítear an próiseas díchill chuí a cuireadh i bhfeidhm i mbainistiú na ***dtionchar***, na ***rioscaí*** agus na ***ndeiseanna*** ábhartha.
AR 6 i gcás mhír 12(a)	Déanfar éagsúlacht inscne an bhoird a ríomh mar mheánchóimheas idir comhaltaí boird baineanna agus comhaltaí boird fireanna ([10]).
AR 7 i gcás mhír 12(b)	Tagraíonn saineolas a bhaineann le hinbhuanaitheacht do shaineolas atá ag na comhlachtaí go díreach nó a bhfuil rochtain acu air.
AR 8 i gcás mhír 12(c)	Is éard a bheidh sa tuairisc ar na freagrachtaí forléargas ar an gcaoi a léirítear freagrachtaí gach comhlachta nó duine aonair maidir le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha agus ***topaicí*** gaolmhara i dtéarmaí tagartha an ghnóthais, i sainorduithe an bhoird agus i ***mbeartais*** ghaolmhara eile.

([9]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún mar a leagtar amach sa táscaire 'Meánchéatadán ualaithe comhaltaí boird atá neamhspleách' i Roinn 1 d'Iarscríbhinn II.

([10]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sé ó tháscaire breise a bhaineann leis na drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #13 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 an 6 Aibreán 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i ndáil le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Éagsúlacht inscne an Bhoird'). Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a nochtadh faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar a leagtar amach leis an táscaire 'Meán-chóimheas ualaithe idir comhaltaí boird baineanna agus fireanna' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-2 – Feidhmíocht a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chomhtháthú i scéimeanna dreasachta

13. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar phríomhghnéithe aon scéime dreasachta atá nasctha le ***topaicí*** inbhuanaitheachta atá i bhfeidhm do chomhaltaí na ***gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta.***

14. Má tá scéimeanna dreasachta ag an ngnóthas do chomhaltaí na ***gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** atá nasctha le ***topaicí*** inbhuanaitheachta, nochtfaidh sé conas atá luach saothair na gcomhaltaí nasctha le topaicí inbhuanaitheachta**,** lena n-áirítear:

(a) tuairisc ar phríomh-shaintréithe na scéimeanna dreasachta;

(b) ***spriocanna*** nó ***méadracht*** a úsáidtear má dhéantar measúnú ar an bhfeidhmíocht in aghaidh spriocanna nó méadracht shonrach a bhaineann le hinbhuanaitheacht; agus

(c) cion an luacha saothair inathraithe atá ag brath ar spriocanna nó méadracht a bhaineann leis an inbhuanaitheacht.

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-3 – Ráiteas maidir le dícheall cuí

15. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar an áit, laistigh den ***ráiteas inbhuanaitheachta***, a nochtar príomhchéimeanna an phróisis díchill chuí (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 4) a chuirtear i bhfeidhm maidir le ***topaicí*** inbhuanaitheachta.

16. Míneoidh an gnóthas i gcás ina léirítear cur i bhfeidhm phríomhghnéithe agus phríomhchéimeanna an phróisis díchill chuí ina ***ráiteas inbhuanaitheachta*** ([11]).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH GOV-3

AR 9 i gcás mhír 16	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas i mír 16 a chur i láthair i bhfoirm tábla, agus crostagairt á déanamh idir príomhchéimeanna a phróisis díchill chuí agus na nochtaí ábhartha ina ***ráiteas inbhuanaitheachta***.

Ceanglas maidir le Nochtadh GOV-4 – Bainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha ar thuairisciú inbhuanaitheachta

17. Is é is cuspóir don Cheanglas seo maidir le Nochtadh tuiscint a thabhairt ar phróisis bhainistithe ***riosca*** agus rialaithe inmheánaigh an ghnóthais i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta.

18. Nochtfaidh an gnóthas raon feidhme, príomhghnéithe agus comhpháirteanna a phróiseas agus a chóras bainistithe ***riosca*** agus rialaithe inmheánaigh i ndáil le tuairisciú inbhuanaitheachta.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH GOV-4

AR 10 i gcás mhír 18	Breithneoidh an gnóthas iomláine agus sláine na sonraí, agus cruinneas na dtorthaí meastacháin, mar ghnéithe atá ábhartha i gcomhthéacs an bhainistithe ***riosca*** a bhaineann leis an bpróiseas tuairiscithe.

([11]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #10 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('An easpa díchill chuí').

Straitéis

Ceanglas maidir le Nochtadh SBM-1 – Straitéis, samhail ghnó agus slabhra luacha

19. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar phríomhghnéithe straitéis ghinearálta, ***shamhail ghnó*** agus ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais a bhaineann le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha nó a dhéanann difear dóibh, chun tuiscint a chumasú ar a neamhchosaint ar thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha den sórt sin agus ar an áit as a dtagann siad.

20. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas faoi phríomhghnéithe a straitéise ginearálta agus a ***shamhla gnó*** a bhaineann leis na ***topaicí*** a bhaineann lena ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna ábhartha***, nó a dhéanann difear dóibh:

(a) tuairisc ar a shamhail ghnó, ar a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach agus ar a shuíomh sa slabhra luacha sin;

(b) tuairisc ar an méid seo a leanas:

i. na grúpaí móra ***táirgí*** agus seirbhísí a thairgtear, margaí móra nó grúpaí custaiméirí a bhfreastalaítear orthu, agus a n-ábharthacht maidir le rannchuidiú le cuspóirí foriomlána an ghnóthais a bhaineann le hinbhuanaitheacht, lena n-áirítear athruithe móra sa tréimhse thuairiscithe (e.g. táirgí, seirbhísí, margaí nó grúpaí custaiméirí nua/aistrithe);

ii. i gcás inarb infheidhme agus inarb ábhartha, táirgí agus ***seirbhísí a bhfuil toirmeasc orthu*** i margaí áirithe;

(c) na hearnálacha móra ina n-oibríonn sé, lena n-áirítear gníomhaíochtaí atá inmheánach don ghrúpa má tá na gníomhaíochtaí sin mór nó nasctha nó a d'fhéadfadh a bheith nasctha le tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha;

(d) i gcás inarb infheidhme, ráiteas ina dtugtar le fios, in éineacht leis na hioncaim ghaolmhara, go bhfuil an gnóthas gníomhach in:

i. earnáil na ***mbreoslaí iontaise*** (gual, ola agus gás), lena n-áirítear dí-chomhiomlánú ioncam a dhíorthaítear ó ghual, ola agus gás ([12]);

ii. táirgeadh ceimiceán ([13]), i.e., tagann a ghníomhaíochtaí faoi Rannán 20.2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([14]);

iii. tionscal na n-arm toirmiscthe ([15]) (mianaigh frithphearsanra, cnuasmhuinisin, airm cheimiceacha nó airm bhitheolaíocha);

iv. saothrú agus táirgeadh tobac ([16]).

([12]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Neamhchosaint ar chuideachtaí atá gníomhach in earnáil na mbreoslaí iontaise').

([13]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí a tháirgeann ceimiceáin').

([14]) Rialachán (CE) Uimh 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialacháin CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1: ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1893/oj).

([15]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha, mar a leagtar amach le táscaire #14 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún, agus i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1775 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 a mhéid a bhaineann leis an sainmhíniú ar airm thoirmiscthe.

([16]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais riarthóirí tagarmharcanna tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1818 mar a leagtar amach i mír b) d'Airteagal 12.1.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH SBM-1

AR 11 i gcás mhír 20(c)	Tá sé ábhartha ***d'úsáideoirí*** na hearnálacha móra a nochtadh, toisc go dtacaíonn sé leis an tuiscint ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhfuil an gnóthas nasctha leo, go háirithe nuair is coitianta iad sin in earnáil ar leith. Ina theannta sin, tacaíonn sé sin leis an tuiscint ar fhaisnéis a d'fhéadfadh a bheith eintiteas-sonrach a áirítear sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** chun gnéithe a bhaineann go sonrach leis an ngnóthas nó atá coitianta in earnáil ar leith a chumhdach.
AR 12 i gcás mhír 20(c)	Is iad na hearnálacha ina bhfuil an gnóthas gníomhach earnálacha a oibríochtaí féin.
AR 13 i gcás mhír 20(b)(c)	Measfar earnáil, margadh agus grúpa ***táirgí***, seirbhísí nó ***tomhaltóirí*** a bheith mór más rud é: (a) is é a ghineann níos mó ná 10 faoin gcéad d'ioncam an ghnóthais; nó (b) tá sé nasctha le ***tionchair*** ábhartha ***iarbhír*** nó ***fhéideartha*** an ghnóthais. I gcás earnálacha móra a eascraíonn as gníomhaíochtaí atá inmheánach don ghrúpa, níl feidhm ach ag an gcritéar i litir (b). Le CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, ní thugtar sainordú maidir le córas sonrach aicmithe gníomhaíochtaí gnó. Agus a earnálacha móra á nochtadh aige, féadfaidh an gnóthas ceann amháin de na cuir chuige seo a leanas a chur i bhfeidhm: (a) córas aicmithe NACE (ainmníocht staidrimh do ghníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas Eorpach NACE Rev.2.1); (b) na deighleoga intuairiscithe a nochtar sna ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 8 *Deighleoga oibriúcháin* nó prionsabail chuntasaíochta áitiúla a bhfuil glactha leo go ginearálta; nó (c) aicmiú na ndea-chleachtas nó na gcreataí atá ar fáil, amhail treoraíocht thionscalbhunaithe na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais agus Caighdeáin an Ghrúpa um an gCaidreamh Idirinstitiúideach a shainítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, AR 5.
AR 14 i gcás mhír 20(d)(i)	Beidh ríomh an ioncaim a dhíorthaítear ó earnáil na ***mbreoslaí iontaise*** bunaithe ar ioncaim ó thaiscéalaíocht, mianadóireacht, eastóscadh, táirgeadh, próiseáil, stóráil, scagadh nó dáileadh breoslaí iontaise, lena n-áirítear a n-iompar, a stóráil agus a dtrádáil, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (62), de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]).

Ceanglas maidir le Nochtadh SBM-2 – Leasanna agus tuairimí páirtithe leasmhara

21. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar ***rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara*** an ghnóthais agus ar an gcaoi a dtugtar leasanna agus tuairimí na ***bpríomhpháirtithe leasmhara*** ar aird a ***chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** agus bonn eolais a chur faoina straitéis agus faoina ***shamhail ghnó***.

22. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) tuairisc achomair ar a ***rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara***, lena n-áirítear faisnéis faoi na ***príomhpháirtithe leasmhara*** lena raibh sé rannpháirteach, agus tagairt á déanamh do ghnáthchatagóirí páirtithe leasmhara dá ndéantar difear a shainítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, AR 23;

(b) an tuiscint atá aige ar leasanna agus ar thuairimí a phríomhpháirtithe leasmhara de réir mar a bhaineann siad lena straitéis agus lena ***shamhail ghnó***; agus

(c) an chaoi a gcuirtear na ***comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** ar an eolas faoi thuairimí agus leasanna na bpríomhpháirtithe leasmhara dá ndéantar difear (lena n-áirítear ***ionadaithe na n-oibrithe***) maidir lena ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha.

([17]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

Ceanglas maidir le Nochtadh SBM-3 – Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha, le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais

23. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar na hidirghníomhaíochtaí idir ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais agus a straitéis agus a ***shamhail ghnó***, chomh maith leis na ***héifeachtaí airgeadais*** gaolmhara.

24. Nochtfaidh an gnóthas tuairisc ardleibhéil ar an gcaoi a n-eascraíonn ***tionchair*** ábhartha as a straitéis agus a ***shamhail ghnó***, ar éifeachtaí na ***rioscaí*** agus na ***ndeiseanna*** ar a shamhail ghnó agus ar a ***shlabhra luacha***, agus ar an gcaoi ar thug sé aghaidh ar na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna sin, agus ar an gcaoi a bhfuil sé beartaithe aige aghaidh a thabhairt orthu, ina straitéis agus ina chinnteoireacht.

25. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoin gcaoi a ndearna ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha difear dá staid airgeadais, dá fheidhmíocht airgeadais agus dá shreafaí airgid le haghaidh na tréimhse tuairiscithe (***éifeachtaí airgeadais reatha***).

26. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil maidir leis na ***rioscaí*** agus na ***deiseanna*** ábhartha a shainaithnítear i mír 25 a bhfuil riosca mór ann go ndéanfar coigeartú ábhartha ina leith laistigh den chéad tréimhse thuairiscithe bhliantúil eile ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas a thuairiscítear sna ráitis airgeadais ghaolmhara.

27. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoin gcaoi a bhfuil coinne aige go n-athróidh a staid airgeadais, a fheidhmíocht airgeadais agus a shreafaí airgid sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, i bhfianaise a straitéise chun ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhainistiú (***éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo***).

28. Ní gá don ghnóthas faisnéis chainníochtúil a sholáthar maidir leis na ***héifeachtaí airgeadais reatha*** nó na ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** má chinneann sé an méid seo a leanas:

    (a) níl na héifeachtaí inaitheanta ar leithligh; nó

    (b) tá an leibhéal éiginnteachta tomhais a bhaineann le meastachán a dhéanamh ar na héifeachtaí sin chomh hard sin nach mbeadh an fhaisnéis chainníochtúil a thiocfadh as sin úsáideach (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 89 agus 90).

29. Ní gá don ghnóthas faisnéis chainníochtúil a sholáthar maidir leis na ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** ó ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha mura bhfuil na scileanna, na cumais nó na hacmhainní aige chun an fhaisnéis chainníochtúil sin a sholáthar.

30. Agus nochtaí á n-ullmhú aige maidir leis na ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo***, úsáidfidh an gnóthas an fhaisnéis réasúnta uile ar féidir tacú léi atá ar fáil dó ar an dáta tuairiscithe gan costas míchuí ná iarracht mhíchuí (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 94, 95 agus 96).

31. Má chinneann an gnóthas nach gá dó faisnéis chainníochtúil a sholáthar faoi na ***héifeachtaí airgeadais reatha*** nó faoi na ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** ó ***riosca*** nó ó ***dheis*** ar aon cheann de na cúiseanna a shonraítear i míreanna 28 agus 29, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

    (a) an fáth nár chuir sé faisnéis chainníochtúil ar fáil a mhíniú;

    (b) faisnéis cháilíochtúil a sholáthar maidir leis na ***héifeachtaí airgeadais*** sin, lena n-áirítear míreanna líne, iomláin agus fo-iomláin a shainaithint laistigh de na ráitis airgeadais ghaolmhara ar dócha go ndéanfaidh an riosca nó an deis sin difear dóibh, nó a ndearna an riosca nó an deis sin difear dóibh; agus

    (c) faisnéis chainníochtúil a sholáthar faoi éifeachtaí airgeadais comhcheangailte an riosca nó na deise sin in éineacht le rioscaí nó deiseanna eile agus tosca eile, mura gcinneann an gnóthas nach mbeadh faisnéis chainníochtúil faoi na héifeachtaí airgeadais comhcheangailte úsáideach.

32. Le linn dó faisnéis chainníochtúil a sholáthar, féadfaidh an gnóthas méideanna aonair nó raonta a chur i láthair.

33. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis cháilíochtúil faoi athléimneacht a straitéise agus a ***shamhla gnó*** maidir lena chumas a ***rioscaí*** ábhartha a bhainistiú mar a nochtar i gcomhréir le mír 24. Áireofar san fhaisnéis sin an chaoi a ndearnadh an anailís agus na tréimhsí ama a breithníodh.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH SBM-3

AR 15 i gcás mhír 24	Féadfaidh an gnóthas breithniú a dhéanamh ar na naisc atá ann idir mír 24 agus IRO-2, mír 37(a) chun an t-ábhar a chur i láthair ar bhealach lena seachnaítear dúbláil agus lena n-éascaítear tuiscint ar an bhfaisnéis arna tuairisciú i gcomhréir leis na míreanna sin. Dírítear i mír 24 ar idirghníomhaíocht ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***dheiseanna*** ábhartha an ghnóthais lena straitéis agus lena ***shamhail ghnó*** a thuairisciú. IRO-2, díríonn mír 37(a) ar thuairisc ar na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna sin agus ar an gcaoi ar dócha go ndéanfaidh siad difear do dhaoine agus don chomhshaol.
AR 16 i gcás mhíreanna 25 agus 26	Má áirítear an fhaisnéis sna ráitis airgeadais, féadfar í a chuimsiú de réir tagartha (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 9.3).
AR 17 i gcás mhír 27	Agus an nochtadh maidir le ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** á ullmhú, breithneoidh an gnóthas conas a mheasann sé go n-athróidh a staid airgeadais, a fheidhmíocht airgeadais agus a shreafaí airgid sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, i bhfianaise a straitéise chun ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhainistiú, agus an méid seo a leanas á chur san áireamh: (a) a phleananna infheistíochta agus diúscartha a fógraíodh (e.g. caiteachas caipitiúil, éadálacha agus dífheistithe móra, comhfhiontair, claochlú gnó, nuálaíocht, réimsí nua gnó agus aistarraingtí sócmhainní), lena n-áirítear pleananna nach bhfuil an gnóthas faoi ghealltanas conarthach ina leith; agus (b) na foinsí cistiúcháin atá beartaithe aige chun a straitéis a chur chun feidhme. (c) Is dócha go mbeidh úsáid meastachán i gceist le tuairisciú ar éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo. Má chruthaítear níos déanaí go bhfuil meastacháin ar éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo a nochtar i dtréimhse thuairiscithe roimhe sin míchruinn de réir mar a thagann faisnéis bhreise chun solais, déanfaidh an gnóthas athbhreithniú ar a mheastacháin sa chéad ráiteas inbhuanaitheachta iomchuí eile dá chuid. Dá bhrí sin, ní gá go dtabharfaí le tuiscint leis an ngá a d'fhéadfadh a bheith ann athbhreithniú a dhéanamh ar mheastachán go raibh earráid tuairiscithe ann, mar a mhínítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, AR 46. (d) Na forálacha maidir le faisnéis áirithe a fhágáil ar lár in CETI 1, Caibidil 7.7, lena n-áirítear faisnéis a fhágáil ar lár a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do sheasamh tráchtála an ghnóthais, tá feidhm acu freisin agus tuairisciú á dhéanamh ar éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo.
AR 18 i gcás mhíreanna 25 agus 27	D'fhéadfadh faisnéis neamhairgeadaíochta amhail méideanna, líon na ***dtáirgí***, nó líon na ***bhfostaithe*** a bheith i bhfaisnéis chainníochtúil.
AR 19 i gcás mhíreanna 25 agus 27	Agus faisnéis arna tuairisciú i gcomhréir le míreanna 25 agus 27 maidir le ***héifeachtaí airgeadais reatha*** agus ***éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** á cur i láthair, féadfaidh an gnóthas breithniú a dhéanamh ar an nasc leis an bhfaisnéis arna tuairisciú i gcomhréir le GDR-A, míreanna 46(b)(c) maidir le hacmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar na ***príomhghníomhaíochtaí***.
AR 20 i gcás mhíreanna 25 agus 27	Na Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le ***héifeachtaí airgeadais reatha*** agus ***éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo***, tá siad ceaptha chun faisnéis a sholáthar a chomhlánaíonn an fhaisnéis a sholáthraítear sna ráitis airgeadais. Féach Caibidil 9 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* le haghaidh na gceanglas maidir le conas tacú le sothuigtheacht na nasc idir ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** agus an fhaisnéis a thuairiscítear sna ráitis airgeadais.
AR 21 i gcás mhíreanna 28 agus 29	Mura féidir leis an ngnóthas faisnéis chainníochtúil a sholáthar i gcomhréir le míreanna 28 agus 29, tá coinne leis go soláthróidh sé faisnéis cháilíochtúil atá úsáideach chun críche cinneadh a dhéanamh de réir mhír 23 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*. Sa chás sin, tá feidhm ag mír 24 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* freisin.

Ceanglas maidir le Nochtadh IRO-1 – Tuairisc ar an bpróiseas chun tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus faisnéis ábhartha atá le tuairisciú a shainaithint agus a mheasúnú

34. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar an bpróiseas trína sainaithníonn an gnóthas ***tionchair***, ***rioscaí, deiseanna*** agus na ***topaicí*** gaolmhara, agus trína ndéanann sé measúnú ar a n-***ábharthacht***, mar bhonn chun na nochtaí atá le déanamh ina ***ráiteas inbhuanaitheachta*** a chinneadh (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 3).

35. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) tuairisc achomair ar an bpróiseas agus ar na céimeanna cinnteoireachta a leanann sé chun ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** agus na ***topaicí*** gaolmhara a shainaithint agus chun measúnú a dhéanamh ar a n-***ábharthacht***, lena n-áirítear an cur chuige chun a oibríochtaí féin agus a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach a chumhdach, na príomh-mhodheolaíochtaí, na príomh-ionchuir agus na príomhthoimhdí a glacadh, chomh maith leis na breithnithe cáilíochtúla nó na tairseacha cainníochtúla;

(b) an chaoi a ndearna sé measúnú ar thionchair agus ar thug sé tosaíocht dóibh bunaithe ar a ndéine agus ar a ndóchúlacht (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 44 agus 45), an chaoi a mbreithnítear gníomhaíochtaí chun tionchair dhiúltacha a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a leigheas, agus an chaoi a ndearna sé breithniú ar réimsí ina bhfuil rioscaí méadaithe tionchar diúltach a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha, ***gaolmhaireachtaí gnó***, nó ***limistéir gheografacha***;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil an measúnú bunaithe ar phróiseas díchill chuí inbhuanaitheachta an ghnóthais, agus, má théann sé i gcomhairle le ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear agus le saineolaithe seachtracha chun a thionchair a thuiscint, conas a chuireann na comhairliúcháin sin bonn eolais faoin measúnú;

(d) athruithe móra ar an bpróiseas i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin; agus

(e) nuair a nuashonraigh sé a mheasúnú ábharthachta go deireanach.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH IRO-1

AR 22 i gcás mhír 35(a)	Féadfar a áireamh san ionchur, i gcás inarb ábhartha agus lasmuigh d'fhaisnéis chineálach, próisis díchill chuí a bhí mar bhonn eolais faoin measúnú, foinsí sonraí sonracha, anailís tagarmhairc earnála, agus próisis bainistithe ***riosca***; Obair le ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear; taithí tionscail agus piarghrúpa; tuarascálacha, staitisticí agus sonraí eolaíocha; agus rannpháirtíocht le saineolaithe.
AR 23 i gcás mhír 35(a)	Leis an tuairisc ar an bpróiseas chun ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a shainaithint agus a mheasúnú, meastar go gcumhdófar ***spleáchais*** nuair is ábhartha.
AR 24. i gcás mhír 35(a)–(d)	Díreoidh an gnóthas ar fhaisnéis a bhaineann go sonrach lena phróiseas measúnaithe ***ábharthachta*** féin. Seachnóidh sé nochtaí caighdeánaithe cineálacha, dá ngairtear 'téacs réamhshocraithe' uaireanta, amhail faisnéis lena dtugtar tuairisc mhionsonraithe gur chuir sé na critéir a leagtar amach in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* i bhfeidhm nó gur lean sé an próiseas molta.
AR 25. i gcás mhír 35(b)	Tugtar aghaidh ar fhaisnéis a bhaineann le rannpháirtíocht le ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear in CETI 2 IRO-1 agus SBM-2 agus CETI S1-S4. Chun dúbailt a sheachaint agus chun tacú le hinsint chomhleanúnach: (a) áirítear le nochtaí ábhartha faoi CETI 2 IRO-1, mír 35(c), an chaoi a n-áirítear sa phróiseas measúnaithe ***ábharthachta*** comhairliúchán le páirtithe leasmhara dá ndéantar difear agus le saineolaithe seachtracha; (b) tugtar aghaidh ar fhaisnéis maidir le rannpháirtíocht leanúnach le páirtithe leasmhara dá ndéantar difear (mar a shainmhínítear in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, AR 23) sna caighdeáin shóisialta faoi seach (CETI S1-2, S2-2, S3-2 agus S4-2); (c) nochtaí a bhaineann leis an gcaoi a dtugtar leasanna agus tuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara (lena n-áirítear ***ionadaithe na n-oibrithe***) a ndéantar difear dóibh ar aird ***chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** na ngnóthas agus ar an gcaoi a gcuirtear bonn eolais faoina straitéis agus faoina ***shamhail ghnó***, maidir lena ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha, cumhdaítear iad faoi CETI 2 SBM-2, mír 22(c).
AR 26 i gcás mhír 35(b)	Agus nochtadh á dhéanamh aige maidir leis an gcaoi ar bhreithnigh an gnóthas réimsí ***rioscaí*** méadaithe ***tionchar*** diúltach a bhaineann le gníomhaíochtaí sonracha, ***gaolmhaireachtaí gnó***, nó ***limistéir gheografacha***, soláthraítear treoraíocht in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 32 (b) agus 33.

Ceanglas maidir le Nochtadh IRO-2 – Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta

36. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar thoradh an mheasúnaithe ***ábharthachta***, i dtéarmaí ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha agus faisnéis ábhartha arna tuairisciú i gcomhréir le CETI.

37. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) tuairisc achomair ar na ***tionchair*** ábhartha ***iarbhír*** agus ***fhéideartha***, dhearfacha agus dhiúltacha a bhíonn aige, lena n-áirítear an chaoi a ndéanann siad difear do dhaoine nó don chomhshaol nó an chaoi ar dócha go ndéanfaidh siad difear dóibh, agus na ***rioscaí*** agus na ***deiseanna ábhartha*** a bhaineann leis, agus sonrófar na ***topaicí*** gaolmhara agus an chaoi agus an áit a bhfuil na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna nasctha lena oibríochtaí féin agus lena ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach;

(b) an bunús chun teacht ar an gconclúid nach bhfuil an t-athrú aeráide ábhartha, má tá an gnóthas tar éis teacht ar an gconclúid sin agus, dá bhrí sin, má fhágann sé na Ceanglais maidir le Nochtadh uile ar lár in CETI E1 *Athrú Aeráide*;

(c) athruithe a bhaineann leis na tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin;

(d) liosta de na Ceanglais maidir le Nochtadh a comhlíonadh agus an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** á ullmhú, lenar féidir le ***húsáideoirí*** a shainaithint an áit a bhfuil na nochtaí gaolmhara lonnaithe sa ráiteas inbhuanaitheachta agus lena dtugtar léiriú ar leithligh orthu siúd a chuimsítear de réir tagartha (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 9.3);

(e) liosta d'fhaisnéis 'fhorlíontach' arna soláthar i gcomhréir le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 8.2;

(f) a nochtadh do riosca méadaithe ***teagmhas*** a bhaineann le ***saothar éigeantais*** nó éigeantach agus ***saothar leanaí*** de réir chineál na n-oibríochtaí (amhail monarchana monaraíochta), nó de réir tíortha nó ***limistéir gheografacha*** ([18]), má tá an gnóthas nasctha trína oibríochtaí féin nó trína ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach le tionchair dhiúltacha ábhartha a bhaineann le saothar éigeantais nó éigeantach nó saothar leanaí; agus

(g) tábla de na pointí sonraí uile a eascraíonn as reachtaíocht eile de chuid an Aontais mar a liostaítear i bhFoscríbhinn A a ghabhann leis an gCaighdeán seo, lena léirítear an áit ar féidir teacht orthu sa ráiteas inbhuanaitheachta nó, i gcás na bpointí sonraí sin a ndearna an gnóthas measúnú orthu mar phointí nach bhfuil ábhartha, nach bhfuil siad ábhartha.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH IRO-2

AR 27 i gcás mhír 37(a)	Cumhdaítear leis an tuairisc ar ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha freisin na ***spleáchais*** ghaolmhara a mhéid is gá chun tuiscint a fháil ar na rioscaí agus na deiseanna sin. Tá feidhm ag mír 49 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* maidir leis an nochtadh arna fhorordú leis an gCeanglas maidir le Nochtadh seo a chur i láthair.
AR 28 i gcás mhír 37(a)	Féadfaidh an gnóthas an tuairisc ar a ***thionchair***, ***a rioscaí*** nó a ***dheiseanna*** ábhartha a chur i láthair ar an suíomh céanna lena nochtaí maidir leis na ***beartais***, ***gníomhaíochtaí***, ***méadracht*** agus ***spriocanna*** gaolmhara trína mbainistíonn sé iad, chun dúbláil a sheachaint agus chun tacú le hinsint chomhleanúnach. Má fheidhmíonn an gnóthas an rogha sin, cuirfidh sé tuairisc achomair i láthair fós ar a thionchair, a rioscaí agus a dheiseanna ábhartha in éineacht lena nochtaí arna n-ullmhú i gcomhréir le IRO-2.

([18]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscairí breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire # 12 agus # 13 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Oibríochtaí agus soláthróirí atá go mór i mbaol ó thaobh teagmhais saothair éignithe nó éigeantaigh de' agus 'Oibríochtaí agus soláthróirí atá go mór i mbaol ó thaobh teagmhais saothair leanaí de').

AR 29 i gcás mhír 37(d)	Féadfaidh an gnóthas an nochtadh a chur i láthair mar innéacs inneachair, i.e. liosta tábla de na Ceanglais maidir le Nochtadh a áirítear sa ***ráiteas inbhuanaitheachta***, chun tacú leis an áit ina bhfuil siad lonnaithe a shainaithint (leathanach/míreanna). Féadfaidh sé liosta na faisnéise arna cuimsiú de réir tagairtí a chur i láthair i bhfoscríbhinn laistigh dá ráiteas inbhuanaitheachta, nó féadfaidh sé an fhaisnéis is gá a chur i láthair i liosta na Ceanglais maidir le Nochtadh tuairiscithe mar a leagtar síos mar cheanglas i mír 37(d). Féadfaidh an gnóthas tagairt dhíreach a dhéanamh do na huimhreacha Cheanglas maidir le Nochtadh ina ráiteas inbhuanaitheachta (e.g. i gceannteidil na roinne nó i dteidil na míre). Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis 'fhorlíontach' a sholáthraítear faoi mhír 37(e) a chur i láthair trína haibhsiú i gceannteidil na roinne, i dteidil na míre, nó san innéacs ábhair réamhluaite, ionas go ndéanfar í a idirdhealú go soiléir mar fhaisnéis fhorlíontach.

Ceanglais Ghinearálta maidir le Nochtadh le haghaidh beartas, gníomhaíochtaí, méadrachta agus spriocanna

38. Le faisnéis faoi ***bheartais***, ***gníomhaíochtaí, méadracht*** agus ***spriocanna***, beifear in ann tuiscint a fháil ar an leibhéal ar a mbainistíonn an gnóthas a ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Má tá beartais glactha ag an ngnóthas, má tá gníomhaíochtaí curtha i bhfeidhm aige, má tá spriocanna leagtha síos aige nó mura n-úsáideann sé méadracht ach amháin le haghaidh gnéithe áirithe de ***thopaic***, léireofar é sin sa chaoi a ndéantar an nochtadh a ullmhú agus a chur i láthair, rud a chuirfidh ar chumas ***úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar na gnéithe sonracha a chumhdaítear.

39. Mura bhfuil ***beartais***, ***gníomhaíochtaí,*** nó ***spriocanna*** ag an ngnóthas faoi threoir ***topaice*** a bhaineann le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha, nochtfaidh sé an méid sin.

40. Cuirfidh an gnóthas na ceanglais a shonraítear in GDR-P, GDR-A, GDR-M agus GDR-T i bhfeidhm agus faisnéis á nochtadh aige i gcomhréir le caighdeán topaicshonrach nó ar bhonn eintiteas-sonrach maidir leis an méid seo a leanas:

    (a) a ***bheartais*** agus a ***ghníomhaíochtaí*** chun tionchair dhiúltacha ábhartha ***iarbhír*** agus ***fhéideartha*** a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a ***leigheas***, agus chun ***rioscaí*** ábhartha a bhainistiú nó chun tionchair dhearfacha ábhartha iarbhír agus fhéideartha agus ***deiseanna*** ábhartha a shaothrú; agus

    (b) an ***mhéadracht*** agus na ***spriocanna*** chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn le himeacht ama i ndáil lena thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH PATM GDR

AR 30 i gcás mhír 38	Má chuireann an gnóthas na ***beartais***, na ***gníomhaíochtaí***, an ***mhéadracht*** nó na ***spriocanna*** céanna i bhfeidhm maidir le níos mó ná ***tionchar***, ***riosca*** nó ***deis*** ábhartha amháin, nó maidir le níos mó ná ***topaic*** amháin, ní fhéadfaidh sé an fhaisnéis a nochtadh ach aon uair amháin, agus raon feidhme a chur i bhfeidhm á shoiléiriú aige an tráth céanna. Féadfaidh sé crostagairt a dhéanamh don fhaisnéis sin ó shuíomhanna eile sa tuarascáil i gcás inarb ábhartha. Leis an gcur chuige sin, is féidir leis an ngnóthas faisnéis a chur i láthair ar bhealach atá comhsheasmhach lena chur chuige bainistíochta. Féadfaidh an gnóthas a nochtaí a struchtúrú agus a chur i láthair ar bhealach a léiríonn an cur chuige bainistíochta bunaithe ar a thosaíochtaí bainistíochta a léiríonn a straitéis agus a ***shamhail ghnó*** agus a ailíniónn leo.
AR 31 i gcás mhír 39	Má chuireann an gnóthas a ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha i láthair (IRO-2, mír 37(a)) agus na ***topaicí*** gaolmhara i bhfoirm tábla, féadfaidh sé a léiriú sa tábla céanna na topaicí ábhartha nó na tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha nach bhfuil ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** ná ***spriocanna*** i bhfeidhm aige ina leith trína marcáil amhlaidh sa tábla.

AR 32 i gcás mhír 38	D'fhéadfadh leibhéal na mionsonraí a sholáthraítear a bheith éagsúil maidir le gach Ceanglas maidir le Nochtadh, ag brath ar chineál na ***dtionchar, na rioscaí*** agus na ***ndeiseanna*** ábhartha atá i gceist, agus ar dhifríochtaí i gcur chuige reatha an ghnóthais i leith a mbainistíochta. Beidh leibhéal na mionsonraí a sholáthrófar comhréireach le déine na dtionchar, le méid an riosca nó na deise, nó le tábhacht na dtionchar, na rioscaí agus na ndeiseanna do straitéis agus do ***shamhail ghnó*** an ghnóthais. Bainfidh an fhaisnéis go sonrach leis an tréimhse thuairiscithe i ngach cás inar féidir. Agus tuairisciú á dhéanamh ag an ngnóthas ar ***bheartais***, ***gníomhaíochtaí, méadracht*** agus ***spriocanna***, tuairisceoidh sé faisnéis ábhartha, agus seachnóidh sé faisnéis ina bhfuil téacs réamhshocraithe, agus dá bhrí sin nach bhfuil ábhartha ***d'úsáideoirí***. D'fhéadfadh mionsonraí iomarcacha, go háirithe maidir le cleachtais choiteanna arb eol d'úsáideoirí atá réasúnta eolach iad, faisnéis ábhartha a cheilt.
AR 33 i gcás mhír 40	Chun dúbailt a sheachaint agus chun tacú le hinsint chomhleanúnach, féadfaidh an gnóthas an tuairisc ar a ***thionchair, a rioscaí*** agus a ***dheiseanna*** ábhartha a chur i láthair, mar a leagtar síos mar cheanglas faoi IRO-2, mír 37(a), mar aon le faisnéis faoi na ***beartais***, na ***gníomhaíochtaí***, an ***mhéadracht*** agus na ***spriocanna*** trína mbainistíonn sé na tionchair, na rioscaí agus na deiseanna sin.

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh beartas – GDR-P

41. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh Ginearálta seo tuiscint a chumasú ar na ***beartais*** atá i bhfeidhm ag an ngnóthas chun a thionchair dhiúltacha ábhartha ***iarbhír*** agus ***fhéidearthaa*** a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a ***leigheas***, agus ***rioscaí*** ábhartha a bhainistiú agus ***deiseanna*** ábhartha nó tionchair dhearfacha a shaothrú.

42. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas faoi ***bheartais*** arna nglacadh chun a ***thionchair***, a ***rioscaí*** agus a ***dheiseanna*** ábhartha a bhainistiú:

(a) tuairisc ar phríomhábhar an bheartais, lena n-áirítear a chuspóirí ginearálta agus na tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha lena mbaineann sé, agus, má tháinig athruithe ar na beartais a glacadh le linn na tréimhse tuairiscithe, tuairisc ar na hathruithe sin;

(b) tuairisc ar raon feidhme an bheartais, nó ar a eisiamh, i dtéarmaí oibríochtaí an ghnóthais féin, a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach nó iartheachtach agus a ***limistéir gheografacha*** agus, má shainítear iad, na grúpaí ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear;

(c) má thagraíonn an beartas do chaighdeáin nó do thionscnaimh tríú páirtí a gheallann an gnóthas a urramú trí chur chun feidhme an bheartais, tagairt don chaighdeán nó don tionscnamh tríú páirtí i gceist; agus

(d) maidir le ***topaicí*** sóisialta, tuairisc ar an mbreithniú a tugadh ar leas na bpáirtithe leasmhara dá ndéantar difear agus an beartas seo á leagan síos, más rud é gur tugadh breithnithe den sórt sin.

43. Nochtfaidh an gnóthas an bhfuil ***beartas*** uileghabhálach um chearta an duine aige lena ngealltar ([19]) Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta a chur chun feidhme. Más amhlaidh an cás, nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis a shonraítear i mír 42 le haghaidh an bheartais sin agus sonróidh sé na grúpaí ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear a chumhdaítear (e.g. ***lucht saothair dílis***, ***oibrithe sa slabhra luacha***, ***pobail dá ndéantar difear***, ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh***).

([19]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #11 i dTábla 1 agus táscaire #9 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa próiseas agus sásraí comhlíontachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh phrionsabail Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta' agus 'Easpa beartais um chearta an duine'). Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach le táscaire 'Neamhchosaint na punainne tagarmhairc ar chuideachtaí nach bhfuil beartais díchill chuí acu maidir le saincheisteanna a dtugtar aghaidh orthu i gCoinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair 1 go 8' i Ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH GDR-P

AR 34 i gcás mhír 43	Agus faisnéis á nochtadh faoina ***bheartas*** maidir le cearta an duine chun Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine a chur chun feidhme, breithneoidh an gnóthas an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, arb é atá ann Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus an dá Chúnant lena gcuirtear chun feidhme iad, agus prionsabail EIS a bhaineann le cearta bunúsacha a leagtar amach i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha ag an Obair.

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh gníomhaíochtaí agus acmhainní – GDR-A

44. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh Ginearálta seo tuiscint a chumasú ar ***phríomhghníomhaíochtaí*** an ghnóthais, ar gníomhaíochtaí iad a rinneadh nó atá beartaithe, chun a ***thionchair, a rioscaí*** agus a ***dheiseanna*** ábhartha a bhainistiú, agus i gcás inarb infheidhme, chun cuspóirí na ***mbeartas*** gaolmhar a bhaint amach.

45. Nuair a chuireann an gnóthas ***príomhghníomhaíochtaí*** chun feidhme chun ***tionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhainistiú, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh sa bhliain tuairiscithe agus na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe don todhchaí, lena n-áirítear a dtréimhse ama;

(b) tuairisc ar raon feidhme na bpríomhghníomhaíochtaí; agus

(c) na torthaí a bhfuiltear ag súil leo ó na príomhghníomhaíochtaí agus, i gcás inarb infheidhme, an chaoi a rannchuidíonn a gcur chun feidhme leis na cuspóirí ***beartais*** gaolmhara a bhaint amach.

46. I gcás inar leithdháileadh acmhainní airgeadais móra (caiteachas oibríochtúil nó caipitiúil), nó ina bhfuil coinne leis go leithdháilfear iad, ar chur chun feidhme na ***bpríomhghníomhaíochtaí***, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

(a) tuairisc a thabhairt ar an gcineál acmhainní móra airgeadais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo arna leithdháileadh ar na príomhghníomhaíochtaí, agus cé acu atá nó nach bhfuil an cumas na príomhghníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme ag brath ar réamhchoinníollacha sonracha (e.g. tacaíocht airgeadais a dheonú nó forbairtí ***beartais*** phoiblí agus margaidh);

(b) nochtfaidh sé méid na n-acmhainní móra airgeadais arna leithdháileadh ar na príomhghníomhaíochtaí sa tréimhse thuairiscithe (más ann dóibh), agus léireoidh sé na míreanna líne comhfhreagracha nó na nótaí comhfhreagracha i gcás ina n-áirítear iad sna ráitis airgeadais; agus

(c) raon táscach acmhainní airgeadais a sholáthar amach anseo a mheastar a leithdháilfear chun na príomhghníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH GDR-A

AR 35 i gcás mhír 45	Is iad na ***príomhghníomhaíochtaí*** i gcomhthéacs an Cheanglais maidir le Nochtadh seo na gníomhaíochtaí sin a bhfuil ról nach beag acu maidir le ***tionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais a bhainistiú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a dhéantar chun tacú le ***leigheas*** a sholáthar. Áirítear ar na príomhghníomhaíochtaí gníomhaíochtaí atá mar chuid de chleachtais ghnó an ghnóthais, dícheall cuí inbhuanaitheachta agus bainistiú foriomlán gnó agus riosca. D'fhéadfadh sé gur tionscnaíodh príomhghníomhaíochtaí i dtréimhsí tuairiscithe roimhe seo agus go leanfar dá gcur chun feidhme nó go mbeidh éifeachtaí acu sa tréimhse tuairiscithe reatha. Ar mhaithe le sothuigtheacht, féadfar príomhghníomhaíochtaí a chomhiomlánú más infheidhme. Os a choinne sin, má chumhdaíonn príomhghníomhaíochtaí níos mó ná tionchar, riosca nó deis ábhartha amháin, is féidir é sin a léiriú agus a chrostagairt más gá.
AR 36 i gcás mhír 45	Féadfar ***gníomhaíochtaí*** a dhéanamh ina n-aonar nó i gcomhar le gnóthais eile, go háirithe más de chineál sistéamach nó forleathan iad na ***tionchair iarbhír*** nó na ***tionchair fhéideartha*** agus mura féidir leis an ngnóthas aghaidh a thabhairt orthu ina aonar. B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach ***d'úsáideoirí*** fios a bheith acu an bhfuil príomhghníomhaíocht comhoibríoch.

AR 37 i gcás mhír 45	Féadfar ***príomhghníomhaíochtaí*** comhshaoil a aicmiú i gcomhréir leis an ordlathas maolaithe (i.e. seachaint, íoslaghdú, athbhunú agus cúiteamh).
AR 38 i gcás mhír 45(a)	Tagraíonn raon feidhme na ***bpríomhghníomhaíochtaí*** dá gcumhdach i dtéarmaí gníomhaíochtaí laistigh d'oibríochtaí an ghnóthais féin, dá ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach, dá fhochuideachtaí, dá ***limistéir gheografacha***, agus, má shainítear iad, do na grúpaí ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear. Tagraíonn an tráthchlár do na tréimhsí ama a bhfuil sé beartaithe ag an ngnóthas gach gníomhaíocht a chur i gcrích lena linn.
AR 39 i gcás mhír 46	Féadfaidh an gnóthas an fhaisnéis maidir le leithdháileadh acmhainní a chur i láthair i bhfoirm tábla arna miondealú idir (i) caiteachas caipitiúil agus caiteachas oibríochtúil, agus idir (ii) acmhainní a chuirtear i bhfeidhm sa bhliain tuairiscithe reatha agus an leithdháileadh beartaithe acmhainní i gcaitheamh tréimhsí ama sonracha.
AR 40 i gcás mhír 46(b) agus (c)	Má tá acmhainní móra neamhairgeadais leithdháilte ag an ngnóthas (e.g. acmhainní coibhéiseacha lánaimseartha), féadfar an fhaisnéis faoi na hacmhainní sin a chur i láthair mar chainníochtaí neamhairgeadaíochta.
AR 41 i gcás mhír 46(b) agus (c)	Agus nochtaí á n-ullmhú maidir le hacmhainní airgeadais móra a leithdháileadh, nó a bhfuil coinne leis go leithdháilfear iad, ar chur chun feidhme ***príomhghníomhaíochtaí***, féadfaidh an gnóthas an nochtadh a theorannú do na nithe seo a leanas: (a) na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhphleananna gníomhaíochta a d'fhormheas sí agus a d'fhógair sí; agus (b) na foinsí cistiúcháin atá beartaithe aige chun na príomhghníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme.

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh méadrachta – GDR-M

47. Is é is cuspóir don Cheanglas Ginearálta maidir le Nochtadh seo tacú le hullmhú na nochtaí maidir le ***méadracht*** ag an ngnóthas.

48. Nochtfaidh an gnóthas an ***mhéadracht*** a leagtar síos mar cheanglas le caighdeáin thopaicshonracha i ndáil le ***tionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha, chomh maith le méadracht a shainítear ar bhonn eintiteas-sonrach i gcomhréir le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, mír 11. D'fhéadfaí a áireamh leis sin méadracht a úsáideann an gnóthas chun meastóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht agus chun éifeachtacht a ***ghníomhaíochtaí*** a rianú chun a thionchair, a rioscaí agus a dheiseanna ábhartha a bhainistiú.

49. Maidir le gach ***méadracht***, déanfaidh an gnóthas na nithe seo a leanas:

(a) an mhéadracht féin, a haonad tomhais, an mhodheolaíocht ríofa agus na foinsí (e.g. paraiméadair ionchuir) a úsáidtear don ríomh, agus i gcás inarb ábhartha, an mhodheolaíocht mheastacháin, lena n-áirítear toimhdí agus teorainneacha móra;

(b) i gcás méadracht ***slabhra luacha***, más infheidhme, an spleáchas ar shonraí ó fhoinsí nó ionadaithe indíreacha agus aon ***ghníomhaíocht*** atá beartaithe chun cáilíocht na sonraí a fheabhsú amach anseo (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 5);

(c) faisnéis chomhthéacsúil faoin méadracht; agus

(d) athruithe móra ar an bhfeidhmíocht i gcomparáid leis na tréimhsí tuairiscithe roimhe sin, lena n-áirítear dul chun cinn a rinneadh maidir leis na ***spriocanna*** a leag an gnóthas síos a bhaint amach, agus, i gcás móréadálacha nó diúscairtí, an chaoi a ndéanann an t-idirbheart difear don dul chun cinn sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH GDR-M

AR 42 i gcás mhír 48	Áirítear le ***méadracht*** an mhéadracht sin a shainítear in CETI, chomh maith le méadracht a shainaithnítear ar bhonn eintiteas-sonrach, cibé acu a thógtar ó fhoinsí eile í nó a d'fhorbair an gnóthas féin í, amhail caighdeáin thopaicshonracha CETI S2-S4 nach bhforordaíonn méadracht shonrach.

AR 43 i gcás mhír 49(a)	Eascraíonn an córas Eorpach aonad tomhais ó Chóras Idirnáisiúnta na nAonad (SI). Sloinnfear na haonaid tomhais trí úsáid a bhaint as na hainmneacha agus na siombailí a leagtar síos i dTreoir 80/181/CEE ([20]) ón gComhairle, arna leasú le Treoir 2009/3/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([21]). Nochtfar ***méadracht*** trí úsáid a bhaint as na haonaid a shonraítear sna caighdeáin thopaicshonracha, atá ailínithe leis an Treoir sin. Féadfar réimíreanna SI agus a siombailí comhfhreagracha a úsáid chun iolraí nó fo-iolraí deachúlacha áirithe a ainmniú i gcás inarb iomchuí, chun luachanna a chur i láthair ar an leibhéal is iomchuí dar leis an ngnóthas. Mar shampla, in ionad 1 200 000 tCO_2e a thuairisciú, féadfaidh an gnóthas 1.2 $MtCO_2e$ a thuairisciú.
AR 44 i gcás mhír 49(c)	Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh ar fhaisnéis chomhthéacsúil faoi ***mhéadracht***: (a) na cúiseanna ar roghnaigh an gnóthas cur chuige tomhais ar leith, chomh maith leis na cúiseanna leis na hionchuir agus na toimhdí a úsáideann sé; agus (b) i gcás méadracht chomhshaoil, dálaí agus saintréithe sonracha comhshaoil an limistéir ina bhfuil an ***tionchar*** ag tarlú a bhfuil gá leo chun an mhéadracht atá i gceist a thuiscint.

Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh spriocanna – GDR-T

50. Is é is cuspóir don Cheanglas Ginearálta maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar an gcaoi a socraíonn an gnóthas ***spriocanna***, mar a shainmhínítear iad i dtéarmaí na dtorthaí a bhfuil coinne leo do dhaoine, don chomhshaol nó don ghnóthas féin, agus ar an gcaoi a rianaíonn an gnóthas éifeachtacht a ***bheartas*** agus a ***ghníomhaíochtaí*** i ndáil lena ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha, chomh maith leis an dul chun cinn agus an éifeachtacht fhoriomlán i dtreo na spriocanna arna nglacadh le himeacht ama. Áirítear leis sin – i gcás inarb infheidhme – an bhfuil an dul chun cinn ailínithe le plean gníomhaíochta gaolmhar nó an ndéanann aon fhíoras agus imthoisc mhór a bhaineann leis an bplean gníomhaíochta difear do bhaint amach na sprice.

51. Nochtfaidh an gnóthas na ***spriocanna*** cáilíochtúla nó cainníochtúla intomhaiste, faoi cheangal ama, atá dírithe ar thorthaí atá leagtha síos aige a bhaineann lena ***thionchair***, lena ***rioscaí*** agus lena ***dheiseanna*** ábhartha. Maidir le gach sprioc, nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar ghaol na sprice lena cuspóirí ***beartais*** agus lena ***gníomhaíochtaí***;

(b) an spriocluach sainithe (nó an leibhéal más sprioc cháilíochtúil í) atá le baint amach, lena n-áirítear cé acu dearbhluach nó sprioc choibhneasta í an sprioc má shainmhínítear amhlaidh iad agus an t-aonad ina dtomhaistear í;

(c) raon feidhme na sprice, i dtéarmaí ghníomhaíochtaí an ghnóthais laistigh dá oibríochtaí féin nó dá ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach, chomh maith le teorainneacha geografacha;

(d) an luach bonnlíne (nó an leibhéal más sprioc cháilíochtúil í) agus an bhonnbhliain óna dtomhaistear dul chun cinn, má shainíonn an gnóthas é;

(e) an spriocbhliain nó an sprioctréimhse a bhfuil feidhm ag an sprioc maidir léi agus tuairisc ar aon gharsprioc nó sprioc eatramhach atá leagtha síos ag an ngnóthas;

(f) na modheolaíochtaí agus na toimhdí móra a úsáidtear chun spriocanna a shainiú;

(g) cé acu atá nó nach bhfuil an sprioc ina cheanglas de réir an dlí;

(h) i gcás inarb infheidhme, na ***cásanna*** roghnaithe ar a bhfuil sé bunaithe, na príomhfhoinsí sonraí agus an leibhéal comhoiriúnachta le spriocanna beartais náisiúnta, AE nó idirnáisiúnta; agus

(i) cé acu atá nó nach bhfuil spriocanna an ghnóthais a bhaineann le ***topaicí*** comhshaoil bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte.

52. Mura bhfuil aon ***sprioc*** intomhaiste atá dírithe ar thorthaí leagtha síos ag an ngnóthas, nochtfaidh sé cé acu a rianaíonn nó nach rianaíonn sé éifeachtacht a ***bheartas*** agus a ***ghníomhaíochtaí*** i ndáil lena ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha, agus má rianaíonn, conas a rianaíonn sé an éifeachtacht sin mar sin féin.

([20]) Treoir 80/181/CEE ón gComhairle an 20 Nollaig 1979 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le haonaid tomhais agus maidir le haisghairm Threoir 71/354/CEE (IO L 39, 15.2.1980, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1980/181/oj).

([21]) Treoir 2009/3/EC ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 lena leasaítear Treoir 80/181/CEE ón gComhairle maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le haonaid tomhais (OJ L 114, 7.5.2009, p.10, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/3/oj).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM LE hAGHAIDH GDR-T

AR 45 i gcás mhír 50	Nochtar faisnéis faoi dhul chun cinn agus éifeachtacht i dtreo na ***spriocanna*** a glacadh le himeacht ama faoi GDR-M, mír 49(d).
AR 46 i gcás mhír 51	Déantar ***spriocanna*** atá dírithe ar thorthaí maidir le ***tionchair*** ábhartha a shainiú i dtéarmaí na dtorthaí a bhfuiltear ag súil leo do dhaoine agus don chomhshaol.
AR 47 i gcás mhír 51(i)	Tuigfear gurb é atá i gceist le 'bunaithe ar fhianaise eolaíoch dhochloíte' úsáid a bhaint as faisnéis bhithfhisiciúil láidir, phiarmheasúnaithe nó údarásach ar bhealach eile lena sainaithnítear ***tairseacha éiceolaíocha*** ábhartha nó lena gcainníochtaítear coinníollacha, conairí agus srianta trí úsáid a bhaint as sonraí eimpíreacha, samhaltú nó creataí eolaíocha aitheanta. Cuirfidh fianaise den sórt sin ar chumas an ghnóthais ***spriocanna*** atá bunaithe ar an éiceolaíocht, a bhaineann go sonrach leis an gcomhthéacs agus atá intomhaiste a shocrú.

Foscríbhinn A

Liosta na bpointí sonraí i gcaighdeáin thrasearnálacha agus i gcaighdeáin thopaicshonracha a eascraíonn as reachtaíocht eile an Aontais

Is dlúthchuid de CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* í an Fhoscríbhinn seo agus soláthraítear léi léiriú neamhcheangailteach ar na pointí sonraí in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta* agus caighdeáin thopaicshonracha a eascraíonn as reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

Tábla 1

Pointí sonraí i bpríomhchorp an Chaighdeáin

Ceanglas maidir le Nochtadh agus pointe sonraí gaolmhar in CETI	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI 2 GOV-1 Céatadán na gcomhaltaí boird atá neamhspleách			Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II	
CETI 2 GOV-3 Ráiteas maidir le dícheall cuí	Táscaire uimhir 10 Tábla #3 d'Iarscríbhinn 1			
CETI 2 SBM-1 Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gníomhaíochtaí breoslaí iontaise	Táscairí uimhir 4 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1	Airteagal 449a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 arna léamh i gcomhar le hAirteagal 435 den Rialachán sin; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún ([5]) Tábla 1: Faisnéis cháilíochtúil maidir le riosca Comhshaoil agus Tábla 2: Faisnéis cháilíochtúil maidir le riosca Sóisialta; Teimpléad 1: Leabhar baincéireachta-Táscairí maidir le riosca aistrithe féideartha an Athraithe aeráide: Cáilíocht chreidmheasa na neamhchosaintí de réir na hearnála, astaíochtaí agus aibíocht iarmharach	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, Airteagal 12(1)	
CETI 2 SBM-1 Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann le táirgeadh ceimiceach	Táscaire uimhir 9 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II	

Ceanglas maidir le Nochtadh agus pointe sonraí gaolmhar in CETI	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI 2 SBM-1 Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hairm thoirmiscthe	Táscaire uimhir 14 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ([6]) ón gCoimisiún, Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II	
CETI 2 SBM-1 Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí a bhaineann le saothrú agus táirgeadh tobac			Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, Airteagal 12(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II	
CETI 2 GDR-P Beartas um chearta an duine	Táscaire 11 de thábla #1 agus táscaire 9 de thábla #3 d'Iarscríbhinn 1		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Roinn 1 agus Roinn 2 maidir leis an bhFachtóir sóisialta in Iarscríbhinn II	
CETI E1-1 Plean aistrithe le haghaidh maolú ar an athrú aeráide				Rialachán (AE) 2021/1119, Airteagal 2(1)
CETI E1-6 Spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT	Táscaire uimhir 4 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1	Airteagal 449a Rialachán (AE) 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún Teimpléad 3: Leabhar baincéireachta – Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: méadracht um ailíniú	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, Airteagal 6	
CETI E1-7 Ídiú fuinnimh ó fhoinsí iontaise dí-chomhiomlánaithe de réir foinsí (earnálacha aeráide ardtionchair amháin)	Táscaire uimhir 5 Tábla #1 agus Táscaire uimhir 5 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E1-7 Tomhaltas fuinnimh agus meascán fuinnimh	Táscaire uimhir 5 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1			

Ceanglas maidir le Nochtadh agus pointe sonraí gaolmhar in CETI	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI E1-8 Oll-astaíochtaí GCT Scóip 1, 2, 3	Táscairí uimhir 1 agus uimhir 2 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1	Airteagal 449a; Rialachán (AE) 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún Teimpléad 1: Leabhar baincéireachta – Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cáilíocht chreidmheasa na neamhchosaintí de réir na hearnála, astaíochtaí agus aibíocht iarmharach	Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún, Airteagail 5(1), 6 agus 8(1)	
CETI E1-9 Aistrithe GCT agus creidmheasanna carbóin				Rialachán (AE) 2021/1119, Airteagal 2(1)
CETI E1-11 Neamhchosaint na punainne tagarmhairc do rioscaí fisiceacha a bhaineann leis an aeráid			Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818, Iarscríbhinn II Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816, Iarscríbhinn II	
CETI E1-11 Miondealú ar shuim ghlanluacha a shócmhainní eastáit réadaigh de réir aicmí éifeachtúlachta fuinnimh		Airteagal 449a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún; Teimpléad 2: Leabhar baincéireachta -Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Iasachtaí atá comhthaobhaithe le réadmhaoin dhochorraithe – Éifeachtúlacht fuinnimh na comhthaobhachta		
CETI E1-11 Méid neamhchosanta na punainne ar dheiseanna a bhaineann leis an aeráid			Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818	
CETI E2-4 Méid na dtruailleán ábhartha a astaítear san aer, san uisce agus san ithir	Táscaire uimhir 8 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1 Táscaire uimhir 2 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1 Táscaire uimhir 1 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1 Táscaire uimhir 3 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			

Ceanglas maidir le Nochtadh agus pointe sonraí gaolmhar in CETI	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI E3-1 Beartais a bhaineann le huisce	Táscaire uimhir 7 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E3-1 Beartas lena gcumhdaítear limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce	Táscaire uimhir 8 Tábla 2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E3-4 An t-uisce iomlán a athchúrsáladh agus a athúsáideadh	Táscaire uimhir 6.2 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E4-5 Gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar diúltach acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de	Táscaire uimhir 7 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E4-2 Beartas lena gcumhdaítear láithreáin i limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó gar dóibh	Táscaire uimhir 14.2 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E5-5 Dramhaíl neamh-athchúrsáilte	Táscaire uimhir 13 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E5-5 Dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl radaighníomhach	Táscaire uimhir 9 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1			
CETI 2 IRO-2 Riosca i leith teagmhais saothair éignithe	Táscaire uimhir 13 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI 2 IRO-2 Riosca i leith teagmhais saothair leanaí	Táscaire uimhir 12 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI 2 GDR-P Tiomantais sa bheartas maidir le cearta an duine	Táscaire uimhir 9 Tábla #3 agus Táscaire uimhir 11 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II	

Ceanglas maidir le Nochtadh agus pointe sonraí gaolmhar in CETI	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI S1-1 Próisis agus bearta chun gáinneáil ar dhaoine a chosc	Táscaire uimhir 11 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI S1-2 Sásra casaoide, lena n-áirítear ábhair a bhaineann le fostaithe	Táscaire uimhir 5 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I agus Táscaire uimhir 11 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I			
CETI S1-13 Córas bainistithe sláinte agus sábháilteachta	Táscaire uimhir 1 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI S1-13 An ráta timpistí a bhaineann leis an obair	Táscaire uimhir 2 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta in Iarscríbhinn II	
CETI S1-13 An líon laethanta a cailleadh de dheasca díobhálacha, timpistí, nó tinnis	Táscaire uimhir 3 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI S1-15 Bearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní	Táscaire uimhir 12 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta in Iarscríbhinn II	
CETI S1-15 Cóimheas luacha saothair iomlán bliantúil	Táscaire uimhir 8 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI S1-16 Teagmhais idirdhealaithe	Táscaire uimhir 7 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI S1-16 Teagmhais maidir le cearta an duine	Táscaire uimhir 10 Tábla #1 agus Táscaire uimhir 14 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta in Iarscríbhinn II	

Ceanglas maidir le Nochtadh agus pointe sonraí gaolmhar in CETI	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI S2-1 Próisis agus bearta chun gáinneáil ar dhaoine a chosc	Táscaire uimhir 11 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I			
CETI S2-1 Cód iompair	Táscaire uimhir 4 Tábla #3 d'Iarscríbhinn 1			
CETI S3-2 Sásra casaoide	Táscaire uimhir 11 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I			
CETI S2-3 Teagmhais maidir le cearta an duine	Táscaire uimhir 10 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I agus Táscaire uimhir 14 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta in Iarscríbhinn II	
CETI S3-3 Teagmhais maidir le cearta an duine	Táscaire uimhir 10 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I agus Táscaire uimhir 14 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta in Iarscríbhinn II	
CETI S4-2 Sásra casaoide	Táscaire uimhir 11 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I			
CETI S4-3 Teagmhais maidir le cearta an duine	Táscaire uimhir 10 Tábla #1 d'Iarscríbhinn I agus Táscaire uimhir 14 Tábla #3 d'Iarscríbhinn I		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta in Iarscríbhinn II	
CETI G1-1 Beartais atá comhsheasmhach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe	Táscaire uimhir 15 Tábla #3 d'Iarscríbhinn 1			

Ceanglas maidir le Nochtadh agus pointe sonraí gaolmhar in CETI	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI G1-1 Sceithirí a chosaint	Táscaire uimhir 6 Tábla #3 d'Iarscríbhinn 1			
CETI G1-2 Gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar chaighdeáin frithéillithe agus frithbhreabaireachta	Táscaire uimhir 16 Tábla #3 d'Iarscríbhinn 1			
CETI G1-4 Ciontuithe agus Fíneálacha as dlíthe in aghaidh an éillithe agus in aghaidh na breabaireachta a shárú	Táscaire uimhir 17 Tábla #3 d'Iarscríbhinn 1		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II	

([1]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais (an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe or 'RNAI') (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/2088/oj).

([2]) Rialachán (AE) 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó 'CRR').

([3]) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le hinnéacsanna a úsáidtear mar thagarmharcanna in ionstraimí airgeadais agus i gconarthaí airgeadais nó chun feidhmíocht cistí infheistíochta a thomhas agus lena leasaítear Treoir 2008/48/CE agus Treoir 2014/17/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 596/2014 ('an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide') (IO L 171, 29.6.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1011/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2024 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le nochtaí poiblí ag institiúidí maidir leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i gCuid a hOcht, Teidil II agus III den Rialachán sin, agus lena n aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/637 ón gCoimisiún.

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún an 17 Iúil 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le híoschaighdeáin i ndáil le Tagarmharcanna Aistrithe Aeráide AE agus Tagarmharcanna AE atá ailínithe le Comhaontú Pháras (IO L 406, 3.12.2020, lch. 17) mar a leasaíodh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/1775 ón gCoimisiún.

Tábla 2

Sonraíochtaí modheolaíochta in AR a chomhfhreagraíonn do reachtaíocht an Aontais

Ceanglas maidir le Cur i bhFeidhm in CETI Leasaithe	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI 2 GOV-1 Éagsúlacht inscne an Bhoird	Táscaire uimhir 13 Tábla #1 d'Iarscríbhinn 1		Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún, Iarscríbhinn II	

Ceanglas maidir le Cur i bhFeidhm in CETI Leasaithe	Tagairt ([1]) RNAI	Tagairt Cholún 3 ([2])	Tagairt don Rialachán maidir le Tagarmharcanna ([3])	Tagairt do Dhlí Aeráide an Aontais ([4])
CETI E1-11 Suíomh sócmhainní móra lena ngabhann riosca fisiceach ábhartha		Airteagal 449a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún; Teimpléad 5: Leabhar baincéireachta – Riosca fisiceach maidir leis an athrú aeráide: Neamhchosaintí faoi réir riosca fisiceach.		
CETI E4-5 Díghrádú talún, gaineamhlú, séalú ithreach	Táscaire uimhir 10 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E4-5 Speicis nádúrtha agus limistéir faoi chosaint	Táscaire uimhir 14.1 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E4-2 Cleachtais nó beartais talún / talmhaíochta inbhuanaithe	Táscaire uimhir 11 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E4-2 Cleachtais nó beartais aigéan / farraigí inbhuanaithe	Táscaire uimhir 12 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			
CETI E4-2 Beartais chun aghaidh a thabhairt ar dhífhoraoisiú	Táscaire uimhir 15 Tábla #2 d'Iarscríbhinn 1			

([1]) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe nó 'RNAI').
([2]) Rialachán (AE) 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (an Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil nó 'CRR').
([3]) Rialachán (AE) 2016/1011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide').
([4]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Dlí Aeráide Eorpach').

CETI E1 – *ATHRÚ AERÁIDE*

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Straitéis

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-1 – *Plean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-2 – *Rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint agus anailís ar chásanna*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-3 – *Athléimneacht i ndáil leis an athrú aeráide*

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-4 – *Beartais a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú aeráide*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-5 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní i ndáil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin*

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-6 – *Spriocanna a bhaineann leis an athrú aeráide*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-7 – *Tomhaltas fuinnimh agus meascán fuinnimh*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-8 – *Oll-astaíochtaí Scóip 1, 2, 3 agus Iomlán na n-astaíochtaí GCT*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-9 – *Aistrithe GCT agus tionscadail maolaithe GCT arna maoiniú trí chreidmheasanna carbóin*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-10 – *Praghsáil inmheánach carbóin*

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-11 – *Éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo ó rioscaí fisiceacha ábhartha agus rioscaí aistrithe ábhartha agus deiseanna ábhartha a bhaineann leis an aeráid*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann leis an athrú aeráide a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na fo***thopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ***ábharthachta***, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

2. Soláthrófar faisnéis sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI E1 *Athrú Aeráide* má bhaineann an ***topaic*** sin le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir nochta seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na Ceanglais maidir le Nochtadh ábhartha.

5. Cuirtear san áireamh sa Chaighdeán seo creataí rialála an Aontais agus creataí ábhartha eile, lena n-áirítear Dlí Aeráide an Aontais (Rialachán (AE) 2021/1119), an Rialachán maidir le Caighdeáin Tagarmhairc Aeráide (Rialachán (AE) 2020/1818), an Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (RNAI) (Rialachán (AE) 2019/2088), Rialachán an Aontais maidir le Tacsanomaíocht (Rialachán (AE) 2020/852) agus nochtaí 'Colún 3', mar a thugtar orthu, faoin Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (Rialachán (AE) 2022/2453).

6. Leagtar Ceanglais maidir le Nochtadh amach sa Chaighdeán seo i ndáil leis na fothopaicí seo a leanas: ***maolú ar an athrú aeráide***, ***oiriúnú don athrú aeráide*** agus fuinneamh.

7. Baineann ***maolú ar an athrú aeráide*** le hiarrachtaí an ghnóthais an méadú ar an meánteocht dhomhanda a theorannú go 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh (Rialachán (AE) 2021/1119). Cumhdaítear leis an gCaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann leis an gcaoi a dtugann an gnóthas aghaidh ar a ***astaíochtaí GCT*** chomh maith leis na ***rioscaí aistrithe*** gaolmhara.

8. Baineann ***oiriúnú don athrú aeráide*** le próiseas coigeartaithe an ghnóthais do thionchair iarbhír an athraithe aeráide do na tionchair a mheastar a bheidh ann. Cumhdaítear leis an gCaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh i dtaca le guaiseacha a bhaineann leis an aeráid a bhféadfadh ***rioscaí*** fisiceacha aeráide a bheith mar thoradh orthu don ghnóthas agus dá réitigh oiriúnaithe chun na rioscaí sin a laghdú. Cumhdaítear leis freisin ***rioscaí aistrithe*** a eascraíonn as an oiriúnú is gá do ghuaiseacha a bhaineann leis an aeráid.

9. Leis na Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le fuinneamh, cumhdaítear gach cineál táirgthe agus tomhaltais fuinnimh.

Idirghníomhaíocht le CETI eile

10. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad seo a leanas na príomhphointí idirghníomhaíochta idir CETI E1 *Athrú Aeráide* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile:

   (a) Cumhdaítear le CETI E1 *Athrú Aeráide* na seacht GCT seo a leanas, ach níl sé teoranta dóibh: CO_2, CH_4, N_2O, HFCanna, PFCanna, SF_6 agus NF_3. Tugann CETI E2 *Truailliú* aghaidh ar ***shubstaintí ídithe ózóin***, ocsaídí nítrigine (NO_x) agus ocsaídí sulfair (SO_x), i measc ***astaíochtaí*** aeir eile, atá nasctha leis an athrú aeráide;

(b) baineann ***maolú ar an athrú aeráide*** agus ***oiriúnú don athrú aeráide*** le topaicí a dtugtar aghaidh orthu go háirithe in CETI E3 *Uisce* agus CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais*. Le CETI E1 *Athrú Aeráide* tugtar aghaidh, i measc nithe eile, ar ***rioscaí fisiceacha*** géara agus ainsealacha a eascraíonn as guaiseacha a bhaineann le huisce agus leis an aigéan. Le CETI E1 Athrú Aeráide tugtar aghaidh freisin ar ***astaíochtaí GCT*** ó úsáid acmhainní nádúrtha, úsáid talún agus ***athrú ar thalamhúsáid*** chomh maith le haistrithe GCT ón atmaisféar, mar shampla trí ***réitigh dhúlrabhunaithe***. Tugtar aghaidh ar ***chailliúint na bithéagsúlachta*** agus ar dhíghrádú éiceachórais arb é an t-athrú aeráide is cúis leo nó a bhfuil dlús á chur leis in CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais*;

(c) ***tionchair*** ar dhaoine a d'fhéadfadh eascairt as an aistriú chuig geilleagar atá aeráidneodrach, cumhdaítear iad faoi CETI S1 *Lucht saothair dílis*, CETI S2 *Oibrithe sa slabhra luacha*, CETI S3 *Pobail dá ndéantar difear* agus CETI S4 *Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Straitéis

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-1 – *Plean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide*

11. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar iarrachtaí maolaithe an ghnóthais san am a chuaigh thart, atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo chun a áirithiú go bhfuil a straitéis agus a ***shamhail ghnó*** comhoiriúnach leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe agus leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C i gcomhréir le Comhaontú Páras agus le cuspóirí an Dlí Aeráide Eorpaigh (Rialachán (AE) 2021/1119), lena n-áirítear aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

12. Áireofar an méid seo a leanas san fhaisnéis faoin ***bplean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide*** ([22]):

(a) tuairisc ar a phríomhghnéithe. Áirítear leis sin ***spriocanna maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú***, na ***luamháin dícharbónaithe***, na ***príomhghníomhaíochtaí***, na hinfheistíochtaí agus an cistiú is gá chun tacú le cur chun feidhme an phlean, na ***comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** an plean a fhormheas, agus an chaoi a bhfuil an plean leabaithe i straitéis ghnó fhoriomlán an ghnóthais agus ailínithe léi. Áireofar ann freisin faisnéis faoin gcaoi a bhfuil nó a mbeidh straitéis agus ***samhail ghnó*** an ghnóthais comhoiriúnach, de bhun chur chun feidhme an phlean, le teorannú an téimh dhomhanda go 1,5 °C i gcomhréir le Comhaontú Páras agus le cuspóir an Aontais aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050;

(b) Méideanna CapEx a infheistíodh le linn na tréimhse tuairiscithe a bhaineann le gníomhaíochtaí eacnamaíocha guail, ola agus gáis ([23]) má tá siad ag an ngnóthas;

(c) faisnéis faoi na príomhthoimhdí a úsáidtear agus faoi na ***spleáchais*** ar a bhfuil an plean ag brath;

(d) measúnú cáilíochtúil agus míniú ar an gcaoi a bhféadfadh ***astaíochtaí GCT gaibhnithe*** a d'fhéadfadh a bheith ann ó phríomhshócmhainní fisiceacha agus ó ***phríomhtháirgí*** baint amach an phlean a chur i mbaol agus ***riosca aistrithe*** a spreagadh; agus

(e) míniú ar dhul chun cinn an ghnóthais maidir leis an bplean aistrithe a chur chun feidhme.

13. Mura bhfuil ***plean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide*** i bhfeidhm ag an ngnóthas lena n-áirítear na príomhghnéithe a liostaítear i mír 12(a), nochtfaidh sé an méid sin agus cuirfidh sé in iúl an bhfuil coinne aige plean aistrithe a ghlacadh agus, má tá, cathain a ghlacfaidh sé plean den sórt sin.

([22]) Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Dlí Aeráide Eorpach'), Airteagal 2 (1).

([23]) Na méideanna CapEx atá á mbreithniú, baineann siad leis na cóid NACE seo a leanas: (a) B.05 Mianadóireacht guail agus ligníte, B.06 Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha (teoranta do pheitriliam amh), B.09.1 Gníomhaíochtaí tacaíochta le haghaidh eastóscadh peitriliam agus gáis nádúrtha (teoranta do pheitriliam amh), (b) C.19 Monarú cóic agus táirgí peitriliam scagtha, (c) D.35.1 - Giniúint, tarchur agus dáileadh cumhachta leictrí, (d) D.35.3 - Soláthar gaile agus aerchóirithe (teoranta do ghiniúint cumhachta nó teasa gualbhreoslaithe agus ola-adhainte), (e) D.46.81 - Mórdhíol breoslaí soladacha, leachtacha agus gásacha agus táirgí gaolmhara (teoranta do bhreoslaí soladacha agus leachtacha).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 12 **(Plean aistrithe le haghaidh maolú ar an athrú aeráide)**	Leagtar amach i ***bplean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide*** an chaoi a bhfuil sé beartaithe ag an ngnóthas a straitéis agus a ***shamhail ghnó*** a athrú ó bhonn chun comhoiriúnacht leis an aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a áirithiú, agus áirítear ann na príomhghnéithe a liostaítear i mír 12. Is féidir le plean aistrithe an ghnóthais maidir le maolú ar an athrú aeráide a bheith neamhspleách nó san áireamh i ***bplean aistrithe*** níos leithne lena gcumhdaítear gnéithe maolaithe agus oiriúnaithe araon. Má chumhdaítear oiriúnú freisin le plean aistrithe an ghnóthais, sonrófar an fíoras sin sa nochtadh agus déanfar crostagairt don fhaisnéis arna soláthar i gcomhréir le CETI E1-3 agus E1-5.
AR 2 i gcás mhír 12(a) **(Tuairisc ar na príomhghnéithe)**	Agus na príomhghnéithe dá dtagraítear i mír 12(a) á nochtadh aige, tagróidh an gnóthas, más infheidhme, do nochtaí maidir le ***beartais***, ***gníomhaíochtaí***, ***acmhainní*** agus ***spriocanna*** a dhéantar in áiteanna eile (e.g. CETI E1-5 agus E1-6 chomh maith le CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*). Le nochtadh an ***phlean aistrithe***, comhdhlúthaítear príomhghnéithe phlean an ghnóthais i dtuairisc chomhleanúnach lena léirítear go bhfuil siad ailínithe go straitéiseach chun claochlú gnó a spreagadh. Is iad seo a leanas na nochtaí ábhartha faoin mír seo: (a) ráiteas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na ***spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT*** bunaithe ar eolaíocht agus comhoiriúnach leis an téamh domhanda a theorannú go 1.5 °C (le tagairt do CETI E1-6, mír 24, agus na Ceanglais ghaolmhara maidir le Cur i bhFeidhm (ARanna)). Má nochtann an gnóthas faisnéis faoi phlean aistrithe a thagraíonn do spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT nach bhfuil comhoiriúnach leis an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C, míneoidh sé an méid sin sa ráiteas, go háirithe trí mhíniú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil a spriocluach nó a spriocluachanna i gcomparáid leis an luach tagartha nó leis na luachanna tagartha agus ar an gcaoi ar bhreithnigh sé forbairtí amach anseo; (b) ***luamháin dícharbónaithe*** arna sainaithint (ag tagairt do CETI E1-5), lena n-áirítear athruithe ar phunann ***táirgí*** agus seirbhísí an ghnóthais agus glacadh teicneolaíochtaí nua ina oibríochtaí féin, ***slabhra luacha*** réamhtheachtach nó iartheachtach; (c) an méid acmhainní airgeadais móra (caiteachas oibríochtúil nó caipitiúil) a leithdháiltear nó a bhfuil coinne lena leithdháileadh chun a ***phlean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide*** a chur chun feidhme, lena n-áirítear raon táscach acmhainní airgeadais amach anseo a bhfuil coinne leo (ag tagairt do CETI E1-5 agus CETI 2 GDR-A). Is féidir an nochtadh sin a theorannú do (a) na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhphleananna gníomhaíochta formheasta agus fógartha agus (b) na foinsí cistiúcháin atá beartaithe chun na gníomhaíochtaí sin a chur chun feidhme (CETI 2 AR 41). Dírítear sa nochtadh a leagtar síos mar cheanglas le mír 12(a) ar na príomhghnéithe is gá a sholáthar chun comhleanúnachas agus inchreidteacht phlean aistrithe an ghnóthais maidir le maolú ar an athrú aeráide a léiriú. Ní cheanglaítear ar an ngnóthas faisnéis inmheánach mhionsonraithe a nochtadh, ar faisnéis í a úsáidtear chun a phlean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide a bhainistiú thar raon feidhme an nochta sin.
AR 3 i gcás mhír 12(c) **(Príomhthoimhdí agus spleáchais)**	Baineann faisnéis maidir le ***spleáchais***, mar shampla, le teicneolaíochtaí áirithe a chur in úsáid, infhaighteacht lucht saothair nó an cumas athruithe a chur chun feidhme sa ***slabhra luacha***. Más infheidhme, áireoidh an gnóthas faisnéis i gcomhréir le CETI 2 GDR-A maidir le spleáchais ar acmhainní airgeadais amach anseo agus ar acmhainní eile agus maidir leis an gcaoi a bhféadfadh siad sin srian a chur ar ***ghníomhaíochtaí*** an phlean aistrithe maidir le ***maolú ar an athrú aeráide***. Baineann faisnéis maidir le toimhdí, e.g., le hionchais maidir le ceanglais rialála nó le cumas gnóthais athruithe atá beartaithe a chur chun feidhme laistigh dá shlabhra luacha.
AR 4 i gcás mhír 12(d) **(Measúnú astaíochtaí gaibhnithe)**	Leis an measúnú cáilíochtúil ar ***astaíochtaí gaibhnithe***, féachtar lena áirithiú go ndéanann an gnóthas na ***hastaíochtaí*** sin a mheas go leordhóthanach ina ***phlean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide***, lena mínítear conas a d'fhéadfadh méid na n-astaíochtaí gaibhnithe cur chun feidhme an ***phlean aistrithe*** a chur i mbaol.
AR 5 i gcás mhír 12(e) **(Míniú ar dhul chun cinn)**	Agus míniú á thabhairt ar an dul chun cinn atá déanta aige maidir leis an ***bplean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide*** a chur chun feidhme, míneoidh an gnóthas comhpháirteanna cainníochtúla agus cáilíochtúla amhail cur in úsáid ***acmhainní***, na ***gníomhaíochtaí*** a rinneadh agus na ***laghduithe*** ar ***astaíochtaí GCT*** a baineadh amach nó a bhfuiltear ag súil lena mbaint amach. Áireofar san fhaisnéis maidir le dul chun cinn, i gcás inarb infheidhme, ***méadracht*** earnáilsonrach is féidir a úsáid chun dul chun cinn a rianú i gcoinne ***spriocanna*** sonracha aeráide a d'fhéadfadh a bheith leagtha síos ag an ngnóthas, agus úsáid á baint as caighdeáin dícharbónaithe earnála aitheanta.

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-2 – *Rioscaí a bhaineann leis an aeráid a shainaithint agus anailís ar chásanna*

14. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar an gcaoi a sainaithníonn agus a ndéanann an gnóthas measúnú ar ***rioscaí*** agus ***deiseanna a bhaineann leis an aeráid*** maidir le ***hábharthacht airgeadais***.

15. Míneoidh an gnóthas i gcás gach ***riosca*** ábhartha a bhaineann leis an aeráid a shainaithnítear (in aghaidh CETI 2 IRO-2, mír 37) cé acu a aicmíonn nó nach n-aicmíonn sé an riosca mar ***riosca fisiceach a bhaineann leis an aeráid*** nó mar ***riosca aistrithe a bhaineann leis an aeráid***.

16. I dteannta an nochta arna sholáthar i gcomhréir le CETI 2 IRO-1, nochtfaidh an gnóthas príomhghnéithe den mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar conas a d'fhéadfadh a shócmhainní agus a ghníomhaíochtaí gnó ina oibríochtaí féin agus ina ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach a bheith neamhchosanta agus a bheith íogair sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma maidir leis an méid seo a leanas:

(a) guaiseacha a bhaineann leis an aeráid; agus

(b) teagmhais agus treochtaí aistrithe a bhaineann leis an aeráid.

17. Má úsáidtear anailís ***ar chásanna*** a bhaineann leis an aeráid, nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

(a) raonta na gcásanna a chuirtear i bhfeidhm, lena n-áirítear:

i. cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh cás ardastaíochtaí amháin ar a laghad le haghaidh ***rioscaí fisiceacha a bhaineann leis an aeráid***;

ii. cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh cás amháin ar a laghad i gcás ***rioscaí aistrithe a bhaineann leis an aeráid*** i gcomhréir leis an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C gan aon sárú nó le sárú teoranta; agus

iii. réamh-mheastachán meánteochta domhanda gaolmhar na gcásanna agus an fáth a meastar iad a bheith ábhartha;

(b) raon feidhme na n-oibríochtaí a úsáidtear (e.g. suíomhanna oibriúcháin, aonaid ghnó);

(c) na príomhthoimhdí a rinneadh (e.g. beartais phoiblí, treochtaí maicreacnamaíocha, athróga náisiúnta nó réigiúnacha, úsáid agus meascán fuinnimh, forbairtí teicneolaíochta); agus

(d) an tréimhse ama ina ndearnadh é.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 6 i gcás mhíreanna 16 agus 17 **(Príomhghnéithe na modheolaíochta agus na hanailíse ar chásanna)**	Agus a anailís ***riosca*** a bhaineann leis an aeráid á déanamh aige, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) guaiseacha a bhaineann leis an aeráid (i gcás ***rioscaí fisiceacha a bhaineann leis an aeráid***) nó teagmhais aistrithe (i gcás ***rioscaí aistrithe a bhaineann leis an aeráid***) a shainaithint sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma agus scagadh a dhéanamh ar a shócmhainní agus ar a ghníomhaíochtaí gnó chun a mheas an bhfuil siad neamhchosanta ar rioscaí den sórt sin; agus (b) measúnú a dhéanamh ar a mhéid atá a shócmhainní agus a ghníomhaíochtaí gnó neamhchosanta agus íogair i leith na nguaiseacha agus na dteagmhas aistrithe sainaitheanta a bhaineann leis an aeráid, agus dóchúlacht, méid agus fad na nguaiseacha agus na dteagmhas sin á gcur san áireamh. I gcás guaiseacha a bhaineann leis an aeráid, cuirfidh an chuideachta suíomhanna a sócmhainní agus a ***spleáchas*** gnó ina slabhra luacha san áireamh. Féadfaidh an gnóthas anailís ar chásanna a bhaineann leis an aeráid a úsáid, mar shampla má úsáideann sé anailís den sórt sin chun ceanglais eile a chomhlíonadh nó nuair a chuireann sé creat tuairiscithe eile i bhfeidhm nó nuair a mheasann an gnóthas go gcuidíonn anailís den sórt sin le rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid a shainaithint agus a mheasúnú le haghaidh ábharthacht airgeadais.

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-3 – *Athléimneacht i ndáil leis an athrú aeráide*

18. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar a mhéid a ullmhaítear straitéis agus ***samhail ghnó*** an ghnóthais do ***rioscaí*** ábhartha a bhaineann leis an aeráid agus ar a mhéid is féidir leo oiriúnú dóibh.

19. Sa bhreis ar an nochtadh in CETI 2 SBM-3, nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas maidir le hathléimneacht a straitéise agus a ***shamhla gnó*** i leith ***rioscaí*** a bhaineann leis an aeráid:

(a) torthaí a anailíse ar ***athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide*** i ndáil le rioscaí a bhaineann leis an aeráid. Míneoidh an gnóthas an méid seo a leanas: (i) impleachtaí an mheasúnaithe, más ann dóibh, dá straitéis agus dá shamhail ghnó; (ii) an chaoi a gcuireann na héifeachtaí a shainaithnítear tríd an ***anailís ar chásanna*** a bhaineann leis an aeráid, má úsáidtear iad, bonn eolais faoi fhreagairt fhéideartha an ghnóthais ar rioscaí a bhaineann leis an aeráid; agus (iii) conas a rannchuidíonn a ***phlean aistrithe***, más ann dó, agus a ***ghníomhaíochtaí*** maolaithe agus oiriúnaithe atá ann faoi láthair agus atá beartaithe (CETI E1-5) lena athléimneacht i leith rioscaí a bhaineann leis an aeráid;

(b) réimsí móra éiginnteachta sa mheasúnú ar a athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide; agus

(c) a chumas a straitéis agus a shamhail ghnó a choigeartú nó a oiriúnú don athrú aeráide sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 7 i gcás mhír 19	Cuireann an anailís ar ***athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide*** le sainaithint na ***rioscaí*** a bhaineann leis an aeráid a thuairiscítear in CETI E1-2, mír 15. Dá bhrí sin, tá raon feidhme na hanailíse ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ailínithe le raon feidhme rioscaí ábhartha an ghnóthais a bhaineann leis an aeráid agus tá sé bunaithe ar ***anailís ar chásanna*** a bhaineann leis an aeráid má dhéantar í. Má úsáidtear anailís ar chásanna a bhaineann leis an aeráid go sonrach chun measúnú a dhéanamh ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide, nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis a fhorordaítear faoi mhíreanna 17 agus 19.
AR 8 i gcás mhír 19 **(Athléimneacht na straitéise)**	Agus measúnú á dhéanamh ar ***athléimneacht in aghaidh athrú aeráide*** a straitéise agus a shamhla gnó, breithneoidh an gnóthas impleachtaí na measúnuithe a rinneadh i gcomhréir le CETI E1-2 dá straitéis agus dá ***shamhail ghnó*** agus na neamhchosaintí faoi ***riosca*** arna nochtadh i gcomhréir le CETI E1-11 (***éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo***), lena n-áirítear ***gníomhaíochtaí*** a leagtar síos mar cheanglas chun freagairt do na rioscaí agus na ***deiseanna*** a bhaineann leis an aeráid arna sainaithint trí ***anailís ar chásanna*** a bhaineann leis an aeráid má dhéantar iad.
AR 9 i gcás mhír 19(a) **(Athléimneacht na straitéise)**	Agus torthaí agus impleachtaí a anailíse ar ***athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide*** á nochtadh aige i gcomhréir le mír 19(a), soláthróidh an gnóthas a mheasúnú ar a athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ar an dáta tuairiscithe. Ní cheanglaítear ar ghnóthas anailís a dhéanamh ar athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide ar bhonn bliantúil. Má tá a mheasúnú ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhaineann leis an aeráid tugtha cothrom le dáta ag an ngnóthas (de réir CETI E1-2), tabharfaidh sé a anailís ar athléimneacht cothrom le dáta. Agus faisnéis á nochtadh acu i gcomhréir le mír 19, féadfaidh institiúidí airgeadais úsáid a bhaint as faisnéis a thuairiscíonn siad faoin gcreat rialála stuamachta is infheidhme má áirítear ann tagairtí d'anailís athléimneachta nó do choincheapa gaolmhara amhail úsáid ***cásanna*** i gcomhthéacs pleananna riosca inbhuanaitheachta.
AR 10 i gcás mhír 19(c) **(Athléimneacht na straitéise)**	Agus a chumas á nochtadh aige chun a straitéis agus a ***shamhail ghnó*** a choigeartú i gcomhréir le mír 19(c), breithneoidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) infhaighteacht agus solúbthacht ***acmhainní*** airgeadais atá ann cheana chun ***éifeachtaí airgeadais rioscaí*** a bhaineann leis an aeráid a bhainistiú agus chun leas a bhaint as ***deiseanna a bhaineann leis an aeráid***; (b) a chumas sócmhainní atá ann cheana a ath-imlonnú, a athchuspórú, a uasghrádú nó a dhíchoimisiúnú mar fhreagairt ar athruithe a bhaineann leis an aeráid; (c) éifeacht na n-infheistíochtaí atá ann faoi láthair agus atá beartaithe i ***ndeiseanna maolaithe***, oiriúnaithe agus aistrithe ar an ***athrú aeráide*** maidir le ***hathléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide***; (d) crostagairt a dhéanamh dá ***ghníomhaíochtaí*** maidir le ***maolú ar an athrú aeráide*** agus ***oiriúnú don athrú aeráide***, a nochtar in CETI E1-5.

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-4 – *Beartais a bhaineann le maolú ar an athrú aeráide agus le hoiriúnú don athrú aeráide*

20. Nochtfaidh an gnóthas a ***bheartais maidir le maolú ar an athrú aeráide*** agus ***oiriúnú don athrú aeráide*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-P.

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-5 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní i ndáil le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin*

21. Nochtfaidh an gnóthas a ***phríomhghníomhaíochtaí*** agus a phríomhacmhainní maidir le ***maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide*** arna leithdháileadh ar a gcur chun feidhme, i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-A.

22. I dteannta CETI 2 GDR-A, agus ***gníomhaíochtaí*** atá ann faoi láthair agus atá beartaithe á nochtadh ag an ngnóthas, nochtfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) a phríomhghníomhaíochtaí maidir le ***maolú ar an athrú aeráide*** trí ***luamhán dícharbónaithe***; agus

(b) an ***laghdú ar astaíochtaí GCT*** a baineadh amach agus a bhfuiltear ag súil leis trí luamhán dícharbónaithe.

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-6 – *Spriocanna a bhaineann leis an athrú aeráide*

23. Nochtfaidh an gnóthas a ***spriocanna maidir leis an athrú aeráide*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-T.

24. Nochtfaidh an gnóthas na ***spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT*** ([24]) atá leagtha síos aige, lena n-áirítear:

(a) dearbhspriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT le haghaidh raonta feidhme 1, 2 agus 3, ar leithligh nó comhcheangailte, agus i gcás inarb ábhartha, i luach déine. Sonróidh an gnóthas, i gcás spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT comhcheangailte, an Scóip ***astaíochtaí GCT*** (1, 2 agus/nó 3) a chumhdaítear leis an sprioc, an sciar a bhaineann le gach Scóip astaíochtaí GCT faoi seach;

(b) má tá raon feidhme (tíreolaíocht, GCTanna a chumhdaítear, eintitis a áirítear) na sprice maidir le hastaíochtaí GCT a laghdú éagsúil le raon feidhme an fhardail GCT (a thuairiscítear faoi CETI E1-8), na céatadáin le haghaidh raonta feidhme 1, 2 agus 3 a chumhdaítear leis an sprioc, chomh maith leis na GCTanna a chumhdaítear; agus

(c) ráiteas maidir le cé acu atá nó nach bhfuil na spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT bunaithe ar eolaíocht agus comhoiriúnach leis an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C. Sonróidh an gnóthas an creat agus an mhodheolaíocht a úsáideadh chun na spriocanna sin a chinneadh, lena n-áirítear cé acu a dhíorthaítear nó nach ndíorthaítear iad agus úsáid á baint as conair dícharbónaithe earnála, agus na cásanna foluiteacha aeráide agus beartais. Mar chuid de na toimhdí criticiúla chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a leagan síos, tabharfaidh an gnóthas míniú gairid ar conas a bhreithnigh sé forbairtí todhchaí (e.g., athruithe ar an líon díolachán, athruithe ar shainroghanna agus ar éileamh custaiméirí, tosca rialála, agus teicneolaíochtaí nua) agus an chaoi a bhféadfadh tionchar a bheith acu sin ar a astaíochtaí GCT agus ar a laghduithe astaíochtaí araon.

([24]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 (RNAI) ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí nach bhfuil tionscnaimh laghdaithe astaíochtaí carbóin acu'). Tá an fhaisnéis sin comhsheasmhach freisin leis na ceanglais i dTeimpléad 3: Leabhar baincéireachta – Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: méadracht um ailíniú i gcás Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún. Tá an fhaisnéis sin ailínithe le hAirteagal 6 den Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide').

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 11 i gcás mhír 23 **(Spriocanna maidir leis an athrú aeráide)**	Má nochtann an gnóthas ***sprioc an ghlan-nialais*** ar leithligh d'aon ***sprioc laghdaithe astaíochtaí GCT*** atá leagtha síos aige, de réir CETI 2 GDR-T, míneoidh sé conas atá sé beartaithe aige aon astaíocht GCT iarmharach a neodrú go buan.
AR 12 i gcás mhír 24 **(Spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT)**	Spriocanna comhlána a bheidh sna ***spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT***, rud a chiallaíonn nach n-áireoidh an gnóthas aistrithe GCT, ***creidmheasanna carbóin*** ná astaíochtaí seachanta mar bhealach chun na spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a bhaint amach. I gcomhréir le CETI 2 GDR-T, soláthróidh an gnóthas faisnéis faoin raon feidhme agus faoi na modheolaíochtaí a úsáidtear chun an sprioc a shainiú, lena n-áirítear an modh a úsáidtear chun ***astaíochtaí GCT scóip 2*** a ríomh (i.e. an modh suíomhbhunaithe nó margadhbhunaithe).
AR 13 i gcás mhír 24 **(Spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT)**	Má nochtann an gnóthas ***spriocanna*** déine, déanfar iad a fhoirmliú mar chóimheasa ***d'astaíochtaí GCT*** i gcoibhneas le haonad gníomhaíochta fisicí nó aschuir eacnamaíoch. I gcásanna nach bhfuil ach sprioc laghdaithe déine GCT leagtha síos ag an ngnóthas, nochtfaidh sé na dearbhluachanna gaolmhara don spriocbhliain agus don spriocbhliain eatramhach nó do na spriocbhlianta eatramhacha – ach amháin i gcás institiúidí airgeadais scóip 3, ***astaíochtaí*** chatagóir 15, mar a mhínítear thíos. Mar thoradh air sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh ceanglas ar ghnóthas méadú ar dhearbhastaíochtaí GCT a nochtadh le haghaidh na spriocbhliana agus le haghaidh na spriocbhliana eatramhaí nó le haghaidh na spriocbhlianta eatramhacha, e.g. toisc go bhfuil coinne ag an ngnóthas le fás orgánach a ghnó. Díolmhaítear institiúidí airgeadais ó dhearbhluachanna a nochtadh dá spriocanna déine astaíochtaí raon feidhme 3, catagóir 15, ar choinníoll: (a) bearta fisiciúla nó airgeadais a úsáid mar ainmneoirí le haghaidh spriocanna déine agus dearbhastaíochtaí maoinithe a nochtadh atá comhsheasmhach le raon feidhme na spriocanna sin (amhail spriocanna d'earnálacha ábhartha ardtionchair); agus (b) faisnéis chomhthéacsúil a sholáthar i gcomhréir le GDR-M le haghaidh na spriocanna a leagadh síos, agus tuairisc á tabhairt ar na príomhthosca a mbíonn tionchar acu ar athruithe a bhfuil coinne leo ar dhearbhastaíochtaí maoinithe le himeacht ama agus ar an gcaoi a mbaineann siad leis na treochtaí breathnaithe le 3 go 5 bliana anuas.
AR 14 i gcás mhír 24 **(Spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT)**	Agus CETI 2 GDR-T á chur i bhfeidhm: (a) ní athrófar an luach bonnlíne ná an bhonnbhliain mura dtarlaíonn athruithe tábhachtacha ar an teorainn ***sprice*** ná ar an teorainn tuairiscithe; agus (b) roghnóidh an gnóthas bonnbhliain ionadaíoch is déanaí. Féadfaidh sé gurb í an bhonnbhliain a roghnaíonn an gnóthas an bhonnbhliain atá i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh spriocanna atá ann cheana nó an chéad bhliain de chur i bhfeidhm na gceanglas tuairiscithe inbhuanaitheachta.
AR 15 i gcás mhír 24 **(Cur i láthair spriocanna agus gníomhaíochtaí)**	Féadfaidh an gnóthas a ***spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT*** a chur i láthair in éineacht lena ***ghníomhaíochtaí maidir le maolú ar an athrú aeráide*** (féach mír 22) ina léirítear na ***luamháin dícharbónaithe*** agus a rannchuidiú cainníochtúil chun na spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT a bhaint amach mar thábla (féach, e.g., Fíor 1) nó grafaic le himeacht ama (féach, e.g., Fíor 2).

	Bonnbhliain (e.g., 2025)	Sprioc 2030	Sprioc 2035	…	Suas chuig sprioc 2050
Astaíochtaí GCT ($ktCO_2eq$)	100	60	40		
Éifeachtúlacht fuinnimh agus laghdú ídiúcháin	-	-10	-4		
Éifeachtúlacht ábhair agus laghdú ídiúcháin	-	-5	-		
Malartú breosla	-	-2	-		
Leictriú	-	-	-10		

	Úsáid fuinnimh inathnuaite	-	-10	-3		
	Táirge a chéimniú amach, a ionadú nó a mhodhnú	-	-8	-		
	Próiseas a chéimniú amach, a ionadú nó a mhodhnú	-	-5	-3		
	Eile	-	-			

Fíor 1. CETI E1 Athrú Aeráide – *Tábla 1*



Fíor 2. CETI E1 Athrú aeráide – *Grafaic 1*

AR 16 i gcás mhír 24 **(Spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT)**	Glacfaidh an gnóthas teorainn tuairiscithe le haghaidh spriocanna atá comhsheasmhach leis an teorainn arna glacadh le haghaidh E1-8.
AR 17 i gcás mhír 24(c) **(Spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT atá comhoiriúnach do 1.5 °C)**	Agus an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas faoi mhír 24(c) á nochtadh ag an ngnóthas, míneoidh sé an chaoi a ndéanann a ***sprioclach*** nó ***sprioclachanna*** comparáid le conair astaíochtaí earnáilsonrach (má tá sí ar fáil) nó le conair astaíochtaí trasearnála atá comhoiriúnach leis an téamh domhanda a theorannú go 1,5 °C. Chun na críche sin, ríomhfaidh an gnóthas sprioclach tagartha ailínithe 1,5 °C do scóip 1 agus 2, agus sprioclach ar leithligh do scóip 3 má tá spriocanna ***laghdaithe astaíochtaí GCT*** scóip 3 aige, ar féidir a spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT féin nó a spriocanna eatramhacha féin sna scóip faoi seach a chur i gcomparáid leo. An míniú ar cé acu atá nó nach bhfuil na spriocanna comhoiriúnach agus conas atá siad comhoiriúnach, déantar é sin tríd an sprioclach a thagarmharcáil in aghaidh an sprioclacha tagartha. D'fhéadfadh bailíochtú trí thríú páirtí neamhspleách, lena n-áirítear faisnéis faoin tríú páirtí, an mhodheolaíocht/caighdeán a chuirtear i bhfeidhm agus an chonair a úsáidtear, a bheith ina n-ionchuir luachmhara le cur san áireamh sa mhíniú seo.

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-7 – *Tomhaltas fuinnimh agus meascán fuinnimh*

25. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a thabhairt ar thomhaltas fuinnimh agus ar mheascán fuinnimh an ghnóthais.

26. Nochtfaidh an gnóthas a thomhaltas fuinnimh iomlán i meigeavatuaireanta (MWh) a bhaineann lena oibríochtaí féin, arna ndí-chomhiomlánú de réir an mhéid seo a leanas:

(a) tomhaltas fuinnimh iomlán ó fhoinsí iontaise ([25]);

(b) tomhaltas fuinnimh iomlán ó fhoinsí núicléacha ; agus

(c) tomhaltas fuinnimh iomlán ó fhoinsí in athnuaite.

27. An gnóthas a bhfuil oibríochtaí aige in ***earnálacha ag a bhfuil tionchar mór ar an aeráid***, déanfaidh sé a thomhaltas fuinnimh iomlán ó fhoinsí iontaise a dhí-chomhiomlánú a thuilleadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ídiú breosla ó ghual agus ó tháirgí guail;

(b) ídiú breosla ó amhola agus ó tháirgí peitriliam;

(c) ídiú breosla ó ghás nádúrtha;

(d) ídiú breosla ó fhoinsí iontaise eile; agus

(e) ídiú an ***leictreachais, an teasa, na gaile agus an fhuaraithe a cheannaítear nó a fhaightear*** ó fhoinsí breoslaí iontaise.

28. Má tháirgeann an gnóthas fuinneamh, déanfaidh sé a tháirgeadh ***fuinnimh neamh-inathnuaite*** agus a tháirgeadh ***fuinnimh in-athnuaite*** in MWh ([26]) a dhí-chomhiomlánú agus a nochtadh ar leithligh freisin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 18 i gcás mhír 26 **(Ídiú fuinnimh agus meascán)**	Agus an fhaisnéis maidir le tomhaltas fuinnimh a leagtar síos mar cheanglas faoi mhír 26 á hullmhú aige, glacfaidh an gnóthas na cineálacha cur chuige ríomha seo a leanas: (a) ní áirítear bunábhair ná breoslaí nach ndóitear chun críche fuinnimh (e.g. gás nádúrtha chun polaiméirí a tháirgeadh). Is féidir leis an ngnóthas a ídíonn fuinneamh mar amhábhair faisnéis maidir leis an ídiú sin a nochtadh ar leithligh ó na nochtaí a leagtar síos mar cheanglas; (b) MWh a úsáid i Luach Téimh Íochtarach nó i nglanluach calrach don fhaisnéis chainníochtúil uile a bhaineann le dóchán; (c) an fhaisnéis chainníochtúil uile a bhaineann le fuinneamh a bhunú ar thomhaltas fuinnimh deiridh, agus tagairt á déanamh, dá bhrí sin, don mhéid fuinnimh a ídíonn an gnóthas go hiarbhír; (d) seachnóidh sé comhaireamh dúbailte an ídithe fuinnimh agus é ag nochtadh ídiú fuinnimh féinghinte. Má ghineann an gnóthas leictreachas ó fhoinse breosla neamh-inathnuaite nó inathnuaite agus má ídíonn sé an leictreachas ginte ansin, ní dhéanfar an t-ídiú fuinnimh a chomhaireamh ach uair amháin faoin ídiú breosla; (e) gan tomhaltas fuinnimh a fhritháireamh fiú má dhíoltar le tríú páirtí fuinneamh a ghintear ar an láthair agus má úsáideann tríú páirtí é; (f) ní dhéanfaidh sé fuinneamh a fhaightear ó fhoinse laistigh den teorainn eagraíochtúil a chomhaireamh faoi fhuinneamh 'a cheannaítear nó a fhaightear'; (g) coinneoidh sé cuntas ar ghal, teas nó fuarú a fhaightear mar 'dhramhfhuinneamh' ó phróisis thionsclaíocha tríú páirtí faoi fhuinneamh 'a cheannaítear nó a fhaightear';

([25]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #5 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('An sciar de thomhaltas agus táirgeadh fuinnimh neamh-inathnuaite'). Tá an miondealú ina thagairt do tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach i dTáscaire #5 i dTábla 2 den Iarscríbhinn chéanna ('Miondealú an tomhaltais fuinnimh de réir chineál na bhfoinsí neamh-inathnuaite fuinnimh').

([26]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #5 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('An sciar de thomhaltas agus táirgeadh fuinnimh neamh-inathnuaite').

	(h) aird a thabhairt ar hidrigin in-athnuaite mar bhreosla in-athnuaite. Áireofar hidrigin nach ndíorthaítear ina hiomláine ó fhoinsí inathnuaite faoi 'ídiú fuinnimh ó fhoinsí neamh-inathnuaite eile'; agus (i) cur chuige coimeádach a ghlacadh agus an leictreachas, gal, teas nó fuarú á roinnt idir foinsí in-athnuaite agus neamh-inathnuaite agus a léiriú an ndíorthaíonn sé an codán d'fhoinsí in-athnuaite ón gcur chuige margadhbhunaithe nó suíomhbhunaithe. An gnóthas a bhraitheann ar an gcur chuige margadhbhunaithe, ní mheasfaidh sé gur as foinsí in-athnuaite a eascraíonn an tomhaltas fuinnimh ach amháin má shainítear go soiléir cineál na tréithe comhshaoil a ceannaíodh sna socruithe conarthacha lena ***sholáthróirí*** (i.e. comhaontú ceannaigh cumhachta in-athnuaite, taraif chaighdeánaithe leictreachais ghlais, ionstraimí margaidh amhail Ráthaíocht Tionscnaimh ó fhoinsí in-athnuaite san Eoraip ([27]) nó ionstraimí comhchosúla amhail Deimhnithe Fuinnimh In-athnuaite sna Stáit Aontaithe agus i gCeanada).

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-8 – *Oll-astaíochtaí Scóip 1, 2, 3 agus Iomlán na n-astaíochtaí GCT*

29. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar ***thionchair*** dhíreacha agus indíreacha an ghnóthais ar an athrú aeráide mar thoradh ar ghníomhaíochtaí ina oibríochtaí féin agus ina ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach.

30. Déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

(a) nochtfaidh sé ***dearbh-ollastaíochtaí GCT*** a gineadh le linn na tréimhse tuairiscithe, arna sloinneadh mar thonaí méadracha ***CO_2eq*** a aicmítear mar a leanas ([28]):

i. ***astaíochtaí GCT scóip 1***, lena n-áirítear an céatadán d'astaíochtaí GCT Scóip 1 ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) má tá ***astaíochtaí*** aige ón gcóras sin;

ii. ***astaíochtaí GCT scóip 2*** (suíomhbhunaithe agus margadhbhunaithe); agus

iii. ***astaíochtaí GCT Scóip 3*** ó gach catagóir mhór scóip 3 mar iomlán agus in aghaidh na catagóire.

(b) nochtfaidh sé an cur chuige a úsáideann sé chun a ***astaíochtaí GCT*** a thomhas i gcomhréir le CETI 2 GDR-M;

(c) i gcás astaíochtaí GCT scóip 1 agus scóip 2 arna nochtadh i gcomhréir le mír 30(a)(i) agus 30(a)(ii), astaíochtaí a dhí-chomhiomlánú idir:

i. an grúpa cuntasaíochta comhdhlúite (le haghaidh eintiteas a chuireann Caighdeáin Chuntasaíochta Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais i bhfeidhm, mar shampla, chuimseodh an grúpa sin an mháthairchuideachta agus a fochuideachtaí comhdhlúite); agus

ii. astaíochtaí eile a eisiatar ó mhír 30(c)(i).

31. Nochtfaidh an gnóthas a ***astaíochtaí*** díreacha bithghineacha CO_2 ó dhóchán nó ó bhith-dhíghrádú bithmhaise ar leithligh ó ***astaíochtaí GCT scóip 1***.

([27]) Bunaithe ar Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, p.82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

([28]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le Táscairí #1 agus #2 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Astaíochtaí gás ceaptha teasa' agus 'Lorg carbóin'). Tá an fhaisnéis sin ailínithe freisin le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide'), Airteagal 5 (1), Airteagal 6 agus Airteagal 8 (1); Airteagal 449a; Rialachán (AE) 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2453 ón gCoimisiún Teimpléad 1: Leabhar baincéireachta – Riosca aistrithe maidir leis an athrú aeráide: Cáilíocht chreidmheasa na neamhchosaintí de réir na hearnála, astaíochtaí agus aibíocht iarmharach.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 19 i gcás mhír 30 **(Cur chuige tomhais GCT)**	Le Caibidil 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, sainítear an teorainn tuairiscithe atá le cur i bhfeidhm, teorainn a chomhfhreagraíonn do rialú airgeadais de réir Chaighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótacal GCT (2004). De rogha air sin, féadfaidh an gnóthas an sciar cothromais nó an cur chuige rialaithe oibriúcháin a úsáid mar a shainmhínítear i gCaighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótacal GCT (2004) Tá forlámhas ag na forálacha i míreanna 71 (sócmhainní léasaithe), 72 (scéimeanna sochair) agus AR 36 le haghaidh mhír 61 (oibríochtaí comhpháirteacha) de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* ar fhorálacha an chaighdeáin seo. Léireofar leis an dí-chomhiomlánú dá dtagraítear i mír 30 c) cur chuige an ghnóthais i leith na teorann tuairiscithe.
AR 20 i gcás mhíreanna 29 agus 30 **(Tuairisciú astaíochtaí)**	Agus an fhaisnéis á hullmhú chun ***astaíochtaí GCT*** a thuairisciú, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) breithniú a dhéanamh ar Chaighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótacal GCT (2004). Féadfaidh an gnóthas Moladh (AE) 2021/2279 ([29]) ón gCoimisiún nó EN ISO 14064-1:2018 a mheas freisin. I ngach cás, tá tosaíocht ag ceanglais CETI ar na caighdeáin chuntasaíochta GCT thuasluaite (e.g. maidir le teorainneacha tuairiscithe); (b) ***astaíochtaí*** CO_2, CH_4, N_2O, HFCanna, PFCanna, SF_6 agus NF_3 a áireamh. Féadfar GCT breise a mheas nuair atá siad mór; (c) úsáid a bhaint as na luachanna is déanaí maidir leis an b***Poitéinseal Téimh Dhomhanda*** a d'fhoilsigh an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (PIAA) bunaithe ar thréimhse ama 100 bliain chun astaíochtaí ***CO_2eq*** gás neamh-CO_2 a ríomh. Más iad fachtóirí astaíochta atá bunaithe ar luachanna acmhainneachta téite domhanda níos sine na fachtóirí is oiriúnaí nó is infhaighte, is féidir leis an ngnóthas iad sin a úsáid agus a mhíniú i gcomhréir le CETI 2 GDR-M, mír 49, cén acmhainneacht téite domhanda ar a bhfuil an fardal GCT bunaithe; (d) gan aon aistriú, ná aon ***chreidmheas carbóin*** ná aon lamháltas GCT a ceannaíodh, a díoladh nó a aistríodh, a áireamh i ríomh astaíochtaí GCT; agus (e) gan astaíochtaí bithghineacha CO_2 ó dhóchán nó ó bhith-dhíghrádú bithmhaise i scóip 1, 2 agus 3 a áireamh. Áireoidh an gnóthas astaíochtaí GCT neamh-CO_2, amhail CH_4 agus N_2O sna scóip ábhartha.
AR 21 i gcás mhír 30(a) **(Raon feidhme 1 Astaíochtaí CTA AE)**	Maidir le gníomhaíochtaí a chumhdaítear le Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA), tuairisceoidh an gnóthas ar ***astaíochtaí*** scóip 1 de réir mhodheolaíocht CTA AE. Féadfar modheolaíocht CTA AE a chur i bhfeidhm freisin maidir le gníomhaíochtaí i ***limistéir gheografacha*** agus in earnálacha nach gcumhdaítear le CTA AE ar choinníoll go bhfuil an mhodheolaíocht ailínithe le rialacha dlínse áitiúla agus go bhfuil sí ábhartha don ghnóthas.
AR 22 i gcás mhír 30(a) **(Tuairisciú astaíochtaí scóip 1)**	Agus an fhaisnéis maidir le céatadán ***astaíochtaí GCT scóip 1*** ó CTA AE a leagtar síos mar cheanglas faoi mhír 30(a) á hullmhú, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) ***astaíochtaí GCT*** óna fhoinsí astaíochtaí atá faoi réir CTA AE a mheas; (b) áiritheoidh sé an tréimhse chuntasaíochta chéanna le haghaidh oll-astaíochtaí GCT scóip 1 agus astaíochtaí GCT a rialaítear faoi CTA; agus (c) déanfaidh sé an sciar a ríomh ag úsáid na foirmle seo a leanas: $\% = \frac{\text{astaíochtaí GCT (tCO2eq)ó fhoinsí astaíochtaí atá faoi réir CTA AE}}{\text{Astaíochtaí GCT Scóip 1 (t tCO2eq)}}$

([29]) Moladh ón gCoimisiún (AE) 2021/2279 an 15 Nollaig 2021 maidir le modhanna an Loirg Comhshaoil a úsáid chun feidhmíocht chomhshaoil táirgí agus eagraíochtaí ar feadh a saolré a thomhas agus a chur in iúl (IO L 471, 30.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2021/2279/oj).

AR 23 i gcás mhír 30(b) (Tuairisciú astaíochtaí scóip 2)	Agus an fhaisnéis maidir le holl-***astaíochtaí GCT Scóip 2*** a leagtar síos mar cheanglas faoi mhír 30 á hullmhú, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) Treoraíocht scóip 2 Phrótacal GCT (Leagan 2015) a mheas, go háirithe critéir cháilíochta scóip 2 i gCaibidil 7.1 a bhaineann le hionstraimí conarthacha. Féadfaidh an gnóthas freisin Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún, Moladh (AE) 2024/2395 ([30]) ón gCoimisiún, nó na ceanglais ábhartha maidir le cainníochtú ***astaíochtaí indíreacha GCT*** ó fhuinneamh allmhairithe a mheas in EN ISO 14064-1:2018; agus (b) i gcomhréir le CETI 2 GDR-M, faisnéis a sholáthar faoi aon ionstraim chonarthach is gá chun bonn eolais a chur faoi thuiscint ***úsáideoirí*** ar astaíochtaí GCT scóip 2 margadhbhunaithe an ghnóthais.
AR 24 i leith mhír 30(c) **(Tuairisciú astaíochtaí scóip 3)**	Agus an fhaisnéis maidir le holl-***astaíochtaí GCT scóip 3*** á hullmhú, a leagtar síos mar cheanglas faoi mhír 30, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe do Shlabhra Luacha Corparáideach Phrótacal GCT (Scóip 3) (Leagan 2011) a mheas. Féadfaidh an gnóthas freisin Moladh (AE) 2021/2279 ón gCoimisiún nó na ceanglais ábhartha maidir le cainníochtú ***astaíochtaí indíreacha GCT*** in EN ISO 14064-1:2018 a mheas; (b) déanfaidh sé a astaíochtaí iomlána GCT scóip 3 a scagadh bunaithe ar 15 ***chatagóir de scóip 3*** a shonraítear i gCaighdeán Corparáideach Phrótacal GCT agus Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Shlabhra Luacha Corparáideach (Scóip 3) Phrótacal GCT (leagan 2011) agus úsáid á baint as meastacháin ábhartha. De rogha air sin, féadfaidh an gnóthas a chuid ***astaíochtaí GCT indíreacha*** a scagadh bunaithe ar na catagóirí dá bhforáiltear in EN ISO 14064-1:2018, Clásal 5.2.4 (gan astaíochtaí GCT indíreacha ó fhuinneamh allmhairithe a áireamh); (c) a chatagóirí suntasacha Scóip 3 a shainaithint agus a nochtadh bunaithe ar mhéid a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa measta agus ar chritéir eile arna soláthar ag Slabhra Luacha Corparáideach Phrótacal GCT (Scóip 3) Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe (Leagan 2011, lgh. 61 agus 65-68) nó EN ISO 14064-1:2018 Iarscríbhinn H.3.2, amhail caiteachas airgeadais, tionchar, ***rioscaí*** agus ***deiseanna aistrithe*** gaolmhara nó tuairimí ***páirtithe leasmhara***; (d) tosaíocht a thabhairt dá ionchuir agus dá thoimhdí bunaithe ar shaintréithe na sonraí (e.g. sonraí ó ghníomhaíochtaí sonracha laistigh de ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais; sonraí tráthúla lena léirítear go dílis dlínse ghníomhaíocht an tslabhra luacha réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh agus a hastaíochtaí GCT, agus an teicneolaíocht a úsáidtear le haghaidh na gníomhaíochta sin; agus sonraí a fíoraíodh); (e) astaíochtaí GCT scóip 3 i ngach catagóir mhór a thabhairt cothrom le dáta gach bliain ar bhonn na sonraí gníomhaíochta atá ann faoi láthair agus fardal iomlán GCT scóip 3 a thabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad nó i gcás teagmhas mór nó athrú mór ar imthosca; (f) breithniú a dhéanamh ar Chaighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe GCT don Tionscal Airgeadais ón gComhpháirtíocht um Airgeadas Cuntasaíochta Carbóin, go sonrach Cuid A Astaíochtaí Maoinithe 'PCAF (2022). Caighdeán Domhanda Cuntasaíochta agus Tuairiscithe GCT Cuid A: Astaíochtaí Maoinithe. An Dara hEagrán', más institiúid airgeadais í; agus (g) más infheidhme, nochtfaidh sé astaíochtaí GCT ó sheirbhísí néalríomhaireachta ceannaithe agus ó sheirbhísí lárionaid sonraí mar fhothacar de scóip uileghabhálach 3, catagóir 1 'earraí agus seirbhísí réamhtheachtacha ceannaithe'.
AR 25 i gcás mhíreanna 29 agus 30 **(Dí-chomhiomlánú astaíochtaí)**	Déanfaidh an gnóthas a ***astaíochtaí GCT*** a dhí-chomhiomlánú i gcomhréir le forálacha CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta,* Caibidil 3.3.2, más infheidhme. Mar shampla, is féidir leis a astaíochtaí GCT a dhí-chomhiomlánú de réir tíre nó tíreolaíochta, deighleoga oibriúcháin, gníomhaíocht eacnamaíoch, fochuideachta, GCT (CO_2, CH_4, N_2O, HFCanna, PFCanna, SF_6, NF_3 agus GCTanna eile arna meas ag an ngnóthas) nó de réir cineál foinse (dóchán do-aistrithe, dóchán soghluaiste, astaíochtaí próisis agus astaíochtaí éalaitheacha).

([30]) Moladh (AE) 2024/2395 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 lena leagtar síos treoirlínte maidir le léirmhíniú Airteagal 26 de Threoir (AE) 2023/1791 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le soláthar téimh agus fuaraithe (IO L, 2024/2395, 9.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reco/2024/2395/oj).

AR 26 i gcás mhíreanna 29 agus 30 (Dí-chomhiomlánú astaíochtaí)

Féadfaidh an gnóthas a ***astaíochtaí GCT*** a chur i láthair i gcomhréir leis an tábla thíos, agus na rónna á líonadh isteach de réir mar is ábhartha i gcomhréir lena nochtaí faoi mhír 30. Féadfar comparáid a dhéanamh idir ***astaíochtaí*** an ghnóthais le himeacht ama trí astaíochtaí na bliana reatha a chur i gcomparáid le bonnbhliain fhóinteach chomparáideach, e.g. ***spriocbhliain laghdaithe astaíochtaí GCT***, lena léirítear an t-athrú céatadáin (laghdú/méadú) sa cholún comhfhreagrach.

	Bliain chomparáideach		An Bhliain Reatha	% Athrú
	Bliain	Astaíochtaí	Astaíochtaí	
Astaíochtaí GCT Scóip 1				
Oll-astaíochtaí GCT scóip 1 (tCO_2eq)				
Céatadán d'astaíochtaí GCT scóip 1 ó Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE) (%)				
Astaíochtaí GCT Scóip 2				
Oll-astaíochtaí GCT suíomhbhunaithe scóip 2 (tCO_2eq)				
Oll-astaíochtaí GCT margadhbhunaithe scóip 2 (tCO_2eq)				
Astaíochtaí móra GCT Scóip 3				
Iomlán na n-oll-astaíochtaí GCT indíreacha (scóip 3) (tCO_2eq)				
1. Earraí ceannaithe agus ceannaithe				
[fochatagóir: Néalríomhaireacht agus seirbhísí lárionaid sonraí				
2. Earraí caipitiúla				
3. Gníomhaíochtaí a bhaineann le breosla agus fuinneamh (nach n-áirítear i scóip 1 ná i scóip 2)				
4. Iompar agus dáileadh réamhtheachtach				
5. Dramhaíl a ghintear in oibríochtaí				
6. Taisteal gnó				
7. Comaitéireacht fostaithe				
8. Sócmhainní léasaithe réamhtheachtacha				

	9. Iompar iartheachtach				
	10. Próiseáil táirgí díolta				
	11. Úsáid táirgí díolta				
	12. Cóireáil deiridh ré táirgí díolta				
	13. Sócmhainní léasaithe iartheachtacha				
	14. Saincheadúnais				
	15. Infheistíochtaí				
	Astaíochtaí díreacha bithghineacha scóip 1				

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-9 – *Aistrithe GCT agus tionscadail maolaithe GCT arna maoiniú trí chreidmheasanna carbóin*

32. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar ***ghníomhaíochtaí*** an ghnóthais chun GCTanna a laghdú agus a bhaint go buan ón atmaisféar agus ar mhéid agus ar cháilíocht na ***gcreidmheasanna carbóin*** a cheannaigh sé nó atá beartaithe aige a cheannach ón margadh deonach.

33. Má tá tionscadail ***aistrithe agus stórála GCT*** curtha chun feidhme aige, nochtfaidh an gnóthas faisnéis faoi na tionscadail a d'fhorbair sé ina oibríochtaí féin nó ar rannchuidigh sé leo ina ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach ([31]), lena n-áirítear:

(a) tuairisc ghairid ar na tionscadail aistrithe agus stórála GCT;

(b) an méid aistrithe agus stórála GCT atá mar thoradh ar gach tionscadal;

(c) an chaoi a mbainistítear an ***riosca*** a bhaineann le neamhbhuaine, lena n-áirítear toimhdí agus teagmhais sceite agus aisiompaithe a chinneadh agus faireachán a dhéanamh orthu más infheidhme; agus

(d) nochtfaidh sé aon aisiompú (in tCO_2eq) a d'fhéadfadh tarlú sa tréimhse thuairiscithe agus laghdóidh sé an méid CO_2 a bhaintear agus a stóráiltear faoin méid céanna.

34. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis faoi aon tionscadal lasmuigh dá oibríochtaí féin agus dá ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach atá maoinithe aige nó a bhfuil sé beartaithe aige a mhaoiniú trí ***chreidmheasanna carbóin*** ([32]) a cheannach, lena n-áirítear:

(a) méid na gcreidmheasanna carbóin in tCO_2eq a fhíoraítear in aghaidh ***caighdeáin cháilíochta aitheanta le haghaidh creidmheasanna carbóin*** agus a chuirtear ar ceal sa tréimhse thuairiscithe;

(b) méid na gcreidmheasanna carbóin in tCO_2eq a ceannaíodh sa tréimhse thuairiscithe agus nár cuireadh ar ceal go fóill; agus

(c) sciar na gcreidmheasanna carbóin ó thionscadail aistrithe (céatadán de mhéid iomlán na gcreidmheasanna carbóin), agus míniú ar cé acu ó linnte dúlrabhunaithe nó ó linnte teicneolaíochta iad.

([31]) Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Dlí Aeráide Eorpach'), Airteagal 2 (1).

([32]) Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Dlí Aeráide Eorpach'), Airteagal 2 (1).

35. I gcás ina ndearna an gnóthas éilimh phoiblí maidir le neodracht GCT a bhaineann le ***creidmheasanna carbóin*** a úsáid, míneoidh sé an méid seo a leanas:

(a) cé acu a chuireann nó nach gcuireann na héilimh sin agus an spleáchas ar chreidmheasanna carbóin bac ar bhaint amach a ***spriocanna laghdaithe astaíochtaí GCT*** agus cé acu a dhéanann nó nach ndéanann na héilimh agus an spleáchas sin dochar do bhaint amach na spriocanna sin, agus conas nach gcuireann na héilimh agus an spleáchas sin bac ar bhaint amach na spriocanna sin agus conas nach ndéanann na héilimh agus an spleáchas sin dochar do bhaint amach na spriocanna sin; agus

(b) inchreidteacht agus sláine na gcreidmheasanna carbóin a úsáidtear trí thagairt a dhéanamh do ***chaighdeáin cháilíochta aitheanta le haghaidh creidmheasanna carbóin*** agus d'aon toisc eile is gá chun tuiscint a fháil ar inchreidteacht agus sláine na gcreidmheasanna carbóin a bhfuil sé beartaithe ag an ngnóthas a úsáid.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 27 i gcás mhír 33 **(Baint agus stóráil GCT)**	Áirítear ar aistrithe agus stóráil GCT ***réitigh dhúlrabhunaithe*** chomh maith le haistrithe agus stóráil theicneolaíoch. Agus faisnéis faoina thionscadail á hullmhú aige, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) modhanna comhthola a chur i bhfeidhm maidir le cuntas a thabhairt ar aistrithe GCT, amhail Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Deimhniú Aistrithe Carbóin agus Feirmeoireachta Carbóin (ACFC) (Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33])); (b) áireoidh sé sa ríomh na haistrithe ó oibríochtaí ar leis é, a rialaíonn sé nó a rannchuidíonn sé leo agus nár díoladh le páirtí eile trí ***chreidmheasanna carbóin***, agus nach ndéantar a chomhaireamh ná a thuairisciú faoi dhó; (c) cuntas a thabhairt ar na ***hastaíochtaí GCT*** a bhaineann le gníomhaíocht aistrithe, lena n-áirítear iompar agus stóráil, faoi CETI E1-8; agus (d) cuir san áireamh sa ríomh na gníomhaíochtaí aistrithe sa ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach a bhfuil an gnóthas ag rannchuidiú go gníomhach leo, e.g., trí thionscadal comhair le ***soláthróir***.
AR 28 i gcás mhír 34 **(Creidmheasanna carbóin)**	Agus an fhaisnéis maidir le ***creidmheasanna carbóin*** á hullmhú, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) machnamh a dhéanamh ar ***chaighdeáin cháilíochta aitheanta le haghaidh creidmheasanna carbóin***; (b) chun comhaireamh dúbailte a sheachaint, gan creidmheasanna carbóin arna n-eisiúint ó thionscadail ***laghdaithe astaíochtaí GCT*** ná ó thionscadail aistrithe astaíochtaí GCT a áireamh laistigh dá oibríochtaí féin nó go réamhtheachtach agus go hiartheachtach dá ***shlabhra luacha***; agus (c) an méid creidmheasanna carbóin a ríomh atá le cealú sa todhchaí mar shuim na gcreidmheasanna carbóin i dtonaí méadracha ***CO_2eq*** thar fhad na gcomhaontuithe conarthacha atá ann cheana.

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-10 – *Praghsáil inmheánach carbóin*

36. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar ról na praghsála carbóin inmheánaí maidir le cinnteoireacht straitéiseach agus oibríochtúil an ghnóthais a threorú chun ***astaíochtaí gás ceaptha teasa*** a laghdú.

37. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis a bhaineann leis an úsáid a bhaineann sé as ***scéimeanna inmheánacha praghsála carbóin***, eadhon:

(a) míniú ar cé acu a chuireann nó nach gcuireann agus conas a chuireann an gnóthas praghsáil carbóin i bhfeidhm sa chinnteoireacht (mar shampla, cinntí infheistíochta, praghsáil aistrithe agus ***anailís ar chásanna***) agus comhsheasmhacht na bpraghsanna a úsáidtear i gcomparáid leis na praghsanna a úsáidtear sa ráiteas airgeadais le haghaidh tástálacha lagaithe; agus

(b) an meánphraghas carbóin in aghaidh an tona mhéadraigh ***astaíochtaí GCT*** le haghaidh gach scéime praghsála inmheánaí.

Ceanglas maidir le Nochtadh E1-11 – *Éifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo ó rioscaí fisiceacha ábhartha agus rioscaí aistrithe ábhartha agus deiseanna ábhartha a bhaineann leis an aeráid*

38. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar an gcaoi a meastar go ndéanfaidh ***rioscaí fisiceacha*** ábhartha ***a bhaineann leis an aeráid***, ***rioscaí aistrithe a bhaineann leis an aeráid*** agus ***deiseanna a bhaineann leis an aeráid*** difear do staid airgeadais an ghnóthais agus d'fheidhmíocht an ghnóthais amach anseo. Le míreanna 39 agus 42 den Chaighdeán seo, cuirtear sonraíochtaí tráthúla le CETI 2 SBM 3. Tá an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le haghaidh an Cheanglais maidir le Nochtadh seo, ina cuid den fhaisnéis maidir leis na ***héifeachtaí airgeadais*** atá ann faoi láthair agus ***a bhfuil coinne leo*** a leagtar síos mar cheanglas faoi CETI 2 SBM-3.

([33]) Rialachán (AE) 2024/3012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2024 lena mbunaítear creat deimhniúcháin de chuid an Aontais le haghaidh buanaistrithe carbóin, feirmeoireacht carbóin agus stóráil carbóin i dtáirgí (OJ L, 2024/3012, 6.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/3012/oj).

39. Nochtfaidh an gnóthas na ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** ó ***rioscaí fisiceacha ábhartha*** ([34]), lena n-áirítear:

(a) suim ghlanluacha na sócmhainní lena ngabhann riosca fisiceach ábhartha sula mbreithnítear ***gníomhaíochtaí oiriúnaithe don athrú aeráide***, lena n-áirítear na tréimhsí ama ábhartha;

(b) an céatadán de shuim ghlanluacha sócmhainní lena ngabhann riosca fisiceach ábhartha ar a dtugtar aghaidh le ***gníomhaíochtaí*** oiriúnaithe ar an dáta tuairiscithe; agus

(c) méid airgeadaíochta an ghlanioncaim óna ghníomhaíochtaí gnó lena ngabhann riosca fisiceach ábhartha, lena n-áirítear na tréimhsí ama ábhartha.

40. Nochtfaidh an gnóthas na ***héifeachtaí airgeadais a bhfuil coinne leo*** ó ***rioscaí aistrithe*** ábhartha, lena n-áirítear:

(a) suim ghlanluacha na sócmhainní faoi riosca aistrithe ábhartha, lena n-áirítear na tréimhsí ama ábhartha, agus raon ***sócmhainní tréigthe*** féideartha measta ón mbliain tuairiscithe go dtí na tréimhsí ama meántéarmacha agus fadtéarmacha bunaithe ar ***chás*** atá ailínithe leis an athrú aeráide a theorannú go 1,5 °C;

(b) an céatadán de shuim ghlanluacha sócmhainní faoi riosca aistrithe ábhartha a dtugtar aghaidh air le ***gníomhaíochtaí*** maolaithe;

(c) miondealú ar shuim ghlanluacha a sócmhainní réadmhaoine arna n-úsáid mar chomhthaobhachtaí iasachta de réir aicmí éifeachtúlachta fuinnimh ([35]);

(d) na dliteanais mheasta a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann leis an aistriú aeráide nach gcomhlíonann na critéir maidir le haitheantas cuntasaíochta ar an dáta tuairiscithe ach a bhféadfadh sé gur ghá iad a aithint i ráitis airgeadais i dtréimhsí sa todhchaí; agus

(e) méid airgeadaíochta an ghlanioncaim óna ghníomhaíochtaí gnó faoi riosca aistrithe ábhartha agus, más infheidhme, an glanioncam óna chustaiméirí a oibríonn i ngníomhaíochtaí a bhaineann le gual, ola agus gás, lena n-áirítear na tréimhsí ama ábhartha.

41. Nochtfaidh an gnóthas an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun na méideanna a shonraítear i míreanna 39 agus 40 a chainníochtú, lena n-áirítear an raon feidhme a glacadh sa ríomh, toimhdí criticiúla, paraiméadair agus teorainneacha, agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar giaráil ríomha ar an bpróiseas (e.g. ***anailís ar chásanna***) a úsáidtear chun ***rioscaí aistrithe*** a shainaithint agus a mheasúnú.

42. Nochtfaidh an gnóthas méid na sócmhainní nó an ioncaim óna ghníomhaíochtaí gnó a bhaineann leis na ***deiseanna*** sainaitheanta ***a bhaineann leis an aeráid*** ([36]), lena n-áirítear na tréimhsí ama gaolmhara.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 29 i gcás mhíreanna 39–42 **(Cuir chuige ríomha)**	Nuair atá an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas faoi mhíreanna 39 go 42 á nochtadh ag an gnóthas, glacfaidh sé na cineálacha cur chuige seo a leanas: (a) breithniú a dhéanamh ar na tréimhsí ama (gearrthéarmach, meántéarmach agus fadtéarmach) ar lena linn a d'fhéadfaí coinne a bheith leis go réasúnta go dtarlódh éifeachtaí ***an riosca agus na ndeiseanna a bhaineann leis an aeráid***; (b) gach cineál sócmhainne fisicí dílse de chuid an ghnóthais a chur san áireamh, lena n-áirítear, i gcás léas airgeadais, an tsócmhainn is bunús leis an gceart úsáide; (c) na méideanna airgeadaíochta (nó céatadáin) a chur i láthair mar mhéid nó raon aonair; (d) suim ghlanluacha na sócmhainní ón dáta tuairiscithe agus an glanioncam a bhaineann leis an tréimhse thuairiscithe a chur i láthair;

([34]) Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún (an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide) agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún.

([35]) Tá an ceanglas seo maidir le nochtadh comhsheasmhach leis na ceanglais a áirítear in Airteagal 449a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún; Teimpléad 2: Leabhar baincéireachta – Riosca aistrithe a maidir leis an athrú aeráide: Iasachtaí arna gcomhthaobhú le réadmhaoin dhochorraithe – Éifeachtúlacht fuinnimh na comhthaobhachta.

([36]) Tá an fhaisnéis sin ailínithe le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1818 ón gCoimisiún ('an Rialachán maidir le Tagarmharcanna Aeráide').

	(e) maidir le mír 40(c), an aicme éifeachtúlachta fuinnimh a chur i láthair i dtéarmaí raonta tomhaltais fuinnimh in kWh/m² nó aicme lipéid an Deimhnithe Feidhmíochta Fuinnimh (EPC). Mura féidir leis an ngnóthas an fhaisnéis sin a fháil gan costas ná iarracht iomarcach, nochtfaidh sé suim ghlanluacha iomlán na sócmhainní eastáit réadaigh a bhfuil an tomhaltas fuinnimh bunaithe ina leith ar mheastacháin inmheánacha; agus (f) nochtfaidh sé an glanioncam agus suim ghlanluacha na sócmhainní, rud a fhágfaidh go mbeidh sé comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais.
AR 30 i gcás míreanna 39(c), 40(a) agus 40(e) **(Ollmhéid in aghaidh glanmhéid)**	Agus an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas i míreanna 39(c), 40(a) agus 40(e) á nochtadh ag an ngnóthas, míneoidh sé cé acu a dhéantar nó nach ndéantar measúnú ar an méid roimh ***ghníomhaíochtaí*** maolaithe nó ina ndiaidh.
AR 31 i gcás mhír 40(d) **(Dliteanais fhéideartha mheasta)**	Má nochtann an gnóthas an fhaisnéis a fhorordaítear i mír 40(d) ina ráiteas airgeadais, tagróidh sé dó.
AR 32 i gcás mhír 41 **(Suíomh na sócmhainní)**	Agus an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun na méideanna a nochtar faoi mhíreanna 39 agus 40 a chainníochtú á nochtadh ag an ngnóthas, áireoidh sé, i gcás inarb ábhartha, suíomh a shócmhainní ag ***rioscaí fisiceacha*** ábhartha arna gcomhiomlánú ar bhealach a thacaíonn le léiriú dílis ar a rioscaí ([37]).

([37]) Tá an fhaisnéis sin comhsheasmhach leis na ceanglais a áirítear in Airteagal 449a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3172 ón gCoimisiún – Teimpléad 5: leabhar baincéireachta – Riosca fisiceach maidir leis an athrú aeráide: Neamhchosaintí faoi réir riosca fisiceach.

CETI E2 – TRUAILLIÚ

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-1 – *Beartais a bhaineann leis an truailliú*

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-2 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le truailliú*

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-3 – *Spriocanna a bhaineann leis an truailliú*

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-4 – *Truailliú aeir, uisce agus ithreach*

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-5 – *Substaintí ar díol imní iad agus substaintí arb údar mór imní iad*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le ***truailliú*** a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ***ábharthachta***, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

2. Soláthrófar faisnéis sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI E2 *Truailliú* má bhaineann an ***topaic*** sin le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir maidir le nochtadh seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear creataí rialála an Aontais san áireamh sa Chaighdeán seo, lena n-áirítear: plean Gníomhaíochta an Aontais 'I dtreo Truailliú Nialasach le haghaidh Aer, Uisce agus Ithreach'; an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht, 'I dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí'; Prótacal Chív um Chláir Eorpacha ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán; PRTR Eorpach (Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [38]) maidir leis an gClár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán) agus leasuithe RTAT (Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [39]) maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha); IED (Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [40]) maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha) agus leasuithe IED 2.0 (Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [41]) maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha agus Tógála Beostoic); leasuithe REACH (Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [42]) maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán) agus REACH-SPM (Rialachán (AE) 2023/2055 [43]) ón gCoimisiún maidir le Micreacháithníní Polaiméire Sintéisí); agus CLP (Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [44]) maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú Substaintí agus Meascán).

([38]) Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Eanáir 2006 maidir le bunú Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán, agus lena leasaítear Treoracha 91/689/CEE agus 96/61/CE ón gComhairle (IO L 33, 4.2.2006, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/166/oj).

([39]) Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le tuairisciú sonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha, lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 (IO L, 2024/1244, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1244/oj).

([40]) Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus tógála beostoic (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú), (IO L 334, 17.12.2010, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2010/75/oj).

([41]) Treoir (AE) 2024/1785 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) agus Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl (IO L, 2024/1785, 15.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1785/oj).

([42]) Polóil phoiléitir a aicmítear mar 'ábhair nach polaiméirí iad a thuilleadh' (NLP) faoi Rialachán (AE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/2025-10-23), cumhdaítear iad leis an imscrúdú seo.

([43]) Commission Regulation (EU) 2023/2055 of 25 September 2023 amending Annex XVII to Regulation (EC) No 1907/2006 of the European Parliament and of the Council concerning the Registration, Evaluation, Authorisation and Restriction of Chemicals (REACH) as regards synthetic polymer microparticles (OJ L 238, 27.9.2023, p. 67, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2055/oj).

([44]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/2026-05-01).

6. Leagtar amach sa Chaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas:truailliú aeir, truailliú uisce agus truailliú ***ithreach***;***micreaphlaistigh***; agus ***substaintí arb údar imní iad (SoC)***, lena n-áirítear ***substaintí arb údar mór imní iad (SVHC)***.

7. Tagraíonn ***truailliú*** aeir, truailliú uisce agus truailliú ***ithreach*** d'***astaíochtaí*** an ghnóthais san aer, san uisce agus san ithir, chomh maith le hastaíochtaí den sórt sin a chosc, a rialú agus a laghdú. I measc na n-astaíochtaí chun uisce tá astaíochtaí san ***fhionnuisce*** agus san uisce sáile.

8. Le Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil le ***substaintí arb údar imní iad***, lena n-áirítear ***substaintí arb údar mór imní iad***, socraítear na ceanglais nochta chun tuiscint a thabhairt d'***úsáideoirí*** ar na ***tionchair iarbhír*** nó na ***tionchair fhéideartha*** lena mbaineann, agus déantar breithniú leo freisin ar an bhféidearthacht de shrianta a chur ar tháirgeadh, úsáid, dáileadh agus tráchtálú na substaintí sin.

9. Tá tábhacht ar leith ag baint le breithnithe comhthéacs-shonracha i ndáil le ***truailliú***. Má bhaineann ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha le ***limistéir gheografacha*** shonracha, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar chomhiomlánú nó dí-chomhiomlánú iomchuí na faisnéise tuairiscithe, e.g. de réir ***láithreáin***, limistéar ina bhfuil ***strus maidir le huisce*** nó leibhéal eile i gcomhréir le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 3.3.2 *Leibhéal Comhiomlánaithe, Dí-chomhiomlánaithe*.

Idirghníomhaíocht le CETI eile

10. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad seo a leanas na príomhphointí idirghníomhaíochta idir CETI E2 *Truailliú* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile.

    (a) Le CETI E1 *Athrú Aeráide*, tugtar aghaidh ar ***astaíochtaí*** san aer ó na seacht ***ngás ceaptha teasa (GCT)*** seo a leanas: dé-ocsaíd charbóin (CO_2), meatán (CH_4), ocsaíd nítriúil (N_2O), hidreafluaracarbóin (HFCanna), sárfhluaracarbóin (PFCanna), heicseafluairíd sulfair (SF_6) agus trífhluairíd nítrigine (NF_3). Ní thugtar aghaidh ar na hastaíochtaí GCT sin le CETI E2 *Truailliú*.

    (b) Le CETI E3 *Uisce*, tugtar aghaidh ar úsáid acmhainní uisce, lena n-áirítear trí thoirt an ***sceite uisce***.Tugtar aghaidh, áfach, in CETI E2 *Truailliú* ar ***thruailleáin***, lena n-áirítear ***micreaphlaistigh***, a astaítear chuig uisce.

    (c) Le CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais*, tugtar aghaidh ar ***thruailliú*** mar ***spreagadh díreach don athrú bithéagsúlachta agus éiceachórais***, lena dtugtar aghaidh ar ***thionchair*** an truaillithe ar ***bhithéagsúlacht*** agus ar ***éiceachórais***, agus tugtar aghaidh ar astaíochtaí truailleán in CETI E2 *Truailliú*.

    (d) Le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach*, tugtar aghaidh ar ***úsáid acmhainní*** agus ar an aistriú chuig ***geilleagar ciorclach*** ach ní thugtar aghaidh ar ***astaíochtaí truailleán*** arna nginiúint ag ***dramhaíl*** nó trí eastóscadh, claochlú agus úsáid acmhainní, a chumhdaítear le CETI E2 *Truailliú*.

    (e) Le CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear*, tugtar aghaidh ar ***thionchair*** an ghnóthais a bhaineann le ***truailliú***, toisc go bhféadfaidís difear a dhéanamh do dhaoine agus do phobail.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-1 – *Beartais a bhaineann leis an truailliú*

11. Nochtfaidh an gnóthas a ***bheartais*** a bhaineann le ***truailliú*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-P.

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-2 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le truailliú*

12. Nochtfaidh an gnóthas a ***phríomhghníomhaíochtaí*** agus a phríomhacmhainní a bhaineann le ***truailliú*** arna leithdháileadh ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-A.

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-3 – *Spriocanna a bhaineann leis an truailliú*

13. Nochtfaidh an gnóthas a ***spriocanna*** a bhaineann le ***truailliú*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-T.

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-4 – *Truailliú aeir, uisce agus ithreach*

14. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo é a chur ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar ***astaíochtaí truailleán*** an ghnóthais san aer, san uisce agus san ***ithir***, agus ar mhonarú, úsáid agus scaoileadh ***micreaphlaisteach*** isteach sa chomhshaol.

15. Nochtfaidh an gnóthas na méideanna ***astaíochtaí*** ábhartha ***truailleán*** san aer, san uisce agus san ***ithir*** óna oibríochtaí féin, lena n-áirítear mar gheall ar ***thionóiscí comhshaoil***, sa tréimhse thuairiscithe ([45]).

16. Nochtfaidh an gnóthas méideanna na micreaphlaisteach príomhúil a mhonaraítear nó a úsáidtear ina ***tháirgí***, agus, ar leithligh, méideanna na micreaphlaisteach príomhúil a scaoiltear go díreach isteach sa chomhshaol.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhíreanna 15 agus 16 **(Truailliú aeir, uisce agus ithreach)**	Cuirfear na ***truailleáin*** agus na ***micreaphlaistigh*** phríomhúla i láthair in aonaid mhaise ábhartha, e.g. tonaí nó cileagraim.
AR 2 i gcás mhír 15 **(Truailliú aeir, uisce agus ithreach)**	Déanfar ***astaíochtaí*** ábhartha ***truailleán*** a shainaithint trí mheasúnú bainistíochta ina gcuirfear gníomhaíochtaí agus earnáil oibríochta an ghnóthais san áireamh. Is ionchur tábhachtach don mheasúnú sin iad na truailleáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 (PRTR Eorpach), Rialachán (AE) 2024/1244 (RTAT) agus leasuithe ina dhiaidh sin a bhfuil feidhm acu maidir leis an ngnóthas, mar aon le truailleáin eile a thomhaiseann an gnóthas nó a ndéanann an gnóthas faireachán orthu. Agus cinneadh á dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil astaíocht truailleáin shonraigh ábhartha, is féidir leis an ngnóthas breithniú a dhéanamh ar na tairseacha le haghaidh scaoiltí in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1244.
AR 3 i gcás mhír 15 **(Truailliú aeir, uisce agus ithreach)**	Cáilíonn aistrithe ***truailleán*** uisce chuig gléasraí cóireála seachtracha mar ***thruailliú*** laistigh de ***shlabhra luacha*** iartheachtach an ghnóthais. Nuair atá siad ábhartha, tá coinne leis go dtuairisceoidh an gnóthas ar aistrithe mar nochtaí eintiteas-sonracha (féach CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, míreanna 11 agus 12).

Ceanglas maidir le Nochtadh E2-5 – *Substaintí ar díol imní iad agus substaintí arb údar mór imní iad*

17. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo é a chur ar a gcumas d'***úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha an ghnóthais a bhaineann le monarú, trádáil nó úsáid ***substaintí arb údar imní iad*** agus ***substaintí arb údar mór imní iad***, lena n-áirítear rioscaí a eascraíonn as athruithe ar rialacháin.

18. Déanfaidh ***monaróirí substaintí***, ***foirmlitheoirí substaintí*** nó ***allmhaireoirí*** substaintí, bíodh na substaintí sin leo féin nó i meascáin, meáchan iomlán na ***substaintí arb údar imní iad*** a nochtadh, agus ar leithligh, meáchan iomlán na ***substaintí arb údar mór imní iad*** a nochtadh, ar substaintí iad a ndearna na monaróirí, na foirmlitheoirí nó na hallmhaireoirí an méid seo a leanas ina leith:

(a) rinne siad iad a sholáthar mar shubstaintí ina n-aonar nó i meascáin;

(b) rinne siad iad a mhonarú mar shubstaintí ina n-aonar nó i meascáin;

([45]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #8 i dTábla 1 agus le táscairí #1, #2 agus #3 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Astaíochtaí chun uisce', 'Astaíochtaí truailleán neamhorgánach', 'Astaíochtaí truailleán aeir' agus 'Astaíochtaí substaintí ídithe ózóin').

(c) ***chuir siad ar an margadh iad*** mar shubstaintí ina n-aonar nó i meascáin; agus

(d) scaoil siad go díreach isteach sa chomhshaol iad (aer, uisce agus ***ithir***), lena n-áirítear scaoileadh neamhbheartaithe ó sceitheadh nó doirteadh.

19. Déanfaidh ***úsáideoirí substaintí***, bíodh na substaintí sin leo féin nó i meascáin, an méid seo a leanas a nochtadh:

(a) meáchan iomlán na ***substaintí arb údar mór imní iad*** a d'úsáid siad le linn tháirgeadh agus le linn sholáthar na seirbhísí; agus

(b) meáchan iomlán na substaintí arb údar mór imní iad a scaoil siad go díreach isteach sa chomhshaol.

20. ***Monaróirí earraí***, ***allmhaireoirí earraí*** nó ***úsáideoirí earraí*** ina bhfuil ***substaintí arb údar mór imní iad***, nochtfaidh siad ainmneacha na ***substaintí*** atá i láthair i dtiúchan is mó ná 0.1 % meáchan de réir meáchain (w/w), de réir Airteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH), sna háiteanna seo a leanas:

(a) comhpháirteanna nó earraí arna soláthar; agus

(b) comhpháirteanna nó earraí a ***chuirtear ar an margadh***.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 4 i gcás mhíreanna 18 agus 19 **(Substaintí arb Údar Imní Iad agus Substaintí arb Údar Mór Imní Iad)**	Níl feidhm ag na ceanglais i mír 18 ach amháin maidir le gnóthais a oibríonn in earnáil na gceimiceán, eadhon ***substaintí*** ceimiceacha a mhonarú (e.g. NACE Rev.2.1 C20 agus, más infheidhme, C21), meascáin cheimiceacha a fhoirmliú (e.g. NACE Rev.2.1 C20.3, C20.4, C20.5) nó a oibríonn i mórdhíol substaintí ceimiceacha (e.g. NACE Rev.2.1 G46.85). Níl feidhm ag na ceanglais sin maidir le gnóthais arb é a bpríomhghníomhaíocht ***táirgí*** neamhcheimiceacha a mhonarú. Níl feidhm ag na ceanglais i mír 19 ach amháin maidir le gnóthais atá lasmuigh de raon feidhme mhír 18.
AR 5 i gcás mhíreanna 18 agus 19 **(Substaintí arb Údar Imní Iad agus Substaintí arb Údar Mór Imní Iad)**	Cuirfidh gnóthais a thuairiscíonn faoi mhíreanna 18 nó 19 ***substaintí arb údar mór imní iad*** i láthair agus iad grúpáilte de réir aicme ghuaise (de réir Rialachán CLP 1272/2008/CE). Tugann sé sin le tuiscint gur gá ***substaint*** aonair a chomhaireamh faoi gach aicme ghuaise is infheidhme. Mar sin féin, i méideanna iomlána na substaintí arna soláthar, arna monarú, arna ndíol agus arna scaoileadh, seachnófar áireamh dúbailte.
AR 6 i gcás mhíreanna 18 agus 19 **(Substaintí arb Údar Imní Iad agus Substaintí arb Údar Mór Imní Iad)**	Cuirfear na ***substaintí*** i láthair i dtonaí nó i gcileagraim, nó in aonad maise eile atá ábhartha maidir le cainníocht agus cineálacha na ***dtruailleán*** atá á scaoileadh.
AR 7 i gcás mhíreanna 18, 19 agus 20 **(Substaintí arb Údar Imní Iad agus Substaintí arb Údar Mór Imní Iad)**	D'fhéadfadh an fhaisnéis a sholáthraítear faoin gCeanglas maidir le Nochtadh seo tagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a cheanglaítear ar an ngnóthas cheana féin a thuairisciú faoi reachtaíocht eile (e.g. Treoir 2010/75/AE, Rialachán (CE) Uimh. 166/2006, na leasuithe a rinneadh orthu ina dhiaidh sin, etc.).

CETI E3 – UISCE

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-1 – *Beartais a bhaineann leis an truailliú*

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-2 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le truailliú*

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-3 – *Spriocanna a bhaineann leis an truailliú*

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-4 – *Tomhaltas uisce*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le huisce a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ***ábharthachta***, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

2. Soláthrófar faisnéis leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI E3 *Uisce* má bhaineann an ***topaic*** seo le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir maidir le nochtadh, seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 Nochtaí Ginearálta GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear san áireamh sa Chaighdeán seo creataí rialála an Aontais agus creataí ábhartha eile, lena n-áirítear Treoir Réime an Aontais maidir le hUisce (Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([46])), Treoir an Aontais maidir le hUisce Óil (Treoir 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([47])), an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha (Treoir 2010/75/AE), an Straitéis Eorpach maidir le hAthléimneacht i Réimse an Uisce, an Rialachán maidir leis an Scéim um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) (Rialachán 1221/2009/CE), Coinbhinsiún Sruthchúrsaí na Náisiún Aontaithe (1997) agus Coinbhinsiún Uisce UNECE (1992).

6. Leagtar amach leis an gCaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas: úsáid uisce, lena n-áirítear ***aistarraingt uisce***; ***tomhaltas uisce***; ***sceitheadh uisce*** agus ***uisce stóráilte***.

7. Cuimsíonn uisce ***fionnuisce*** agus cineálacha eile uisce, mar shampla uisce goirt, ó fhoinsí éagsúla, amhail ***uisce dromchla***, ***screamhuisce***, uisce sáile, uisce táirgthe agus uisce tríú páirtí.

8. Tá tábhacht ar leith ag baint le breithnithe comhthéacs-shonracha i ndáil le huisce. Má tá ***tionchair, rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha nasctha le ***limistéir gheografacha*** shonracha, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar chomhiomlánú nó dí-chomhiomlánú iomchuí na faisnéise tuairiscithe, e.g. de réir ***láithreáin***, imchuach, limistéir ina bhfuil ***strus maidir le huisce*** nó aon leibhéal eile i gcomhréir le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 3.3.2 *Leibhéal Comhiomlánaithe, Dí-chomhiomlánaithe*.

Idirghníomhaíocht le CETI eile

9. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad seo a leanas na príomhphointí idirghníomhaíochta idir CETI E3 *Uisce* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile.

   (a) Le CETI E1 *Athrú Aeráide*, tugtar aghaidh ar ***rioscaí fisiceacha*** géara agus ainsealacha a eascraíonn as guaiseacha a bhaineann le huisce agus leis na haigéin arb é an t-***athrú aeráide*** is cúis leo nó atá níos measa, lena n-áirítear teocht an uisce a mhéadú, patrúin agus cineálacha frasaíochta athraitheacha, frasaíocht nó inathraitheacht hidreolaíoch, aigéadú na n-aigéan, ionradh salanda, ardú ar leibhéal na farraige, triomach, ***strus maidir le huisce***, frasaíocht throm, tuilte agus eisíocaíochtaí locha oighreacha.

([46]) Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais uisce (IO L 327, 22.12.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2000/60/oj).

([47]) Treoir (AE) 2020/2184 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le cáilíocht an uisce atá beartaithe lena thomhailt ag an duine (athmhúnlú), (IO L 435, 23.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2020/2184/oj).

(b) Le CETI E2 *Truailliú*, tugtar aghaidh ar ***astaíochtaí*** chun uisce, lena n-áirítear astaíochtaí chun uisce sáile, agus monarú, úsáid agus scaoileadh ***micreaphlaisteach***.

(c) Le CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* tugtar aghaidh ar ***thionchair*** ar éiceachórais mhuirí agus ***fionnuisce*** agus ar ***bhithéagsúlacht*** atá nasctha le húsáid uisce.

(d) Le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach*, tugtar aghaidh ar chineál agus ar ***chiorclaíocht insreafaí acmhainní***, lena n-áirítear ***acmhainní muirí***.

(e) Le CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear*, tugtar aghaidh ar ***thionchair*** ábhartha ar dhaoine agus ar phobail a eascraíonn as gníomhaíochtaí an ghnóthais a bhaineann le huisce, lena n-áirítear athruithe ar infhaighteacht, cáilíocht nó rochtain uisce.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-1 – *Beartais a bhaineann leis an truailliú*

10. Nochtfaidh an gnóthas a ***bheartais*** a bhaineann le huisce i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-P ([48]).

11. Má tá ***láithreáin*** ag an ngnóthas atá suite i limistéir ina bhfuil ***strus maidir le huisce*** nach gcumhdaítear lena ***bheartais*** a bhaineann le huisce, nochtfaidh sé an méid sin ([49]).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 le haghaidh mhíreanna 11, 13, 14 agus 16(b) **(Strus maidir le huisce)**	Cuimsíonn ***strus maidir le huisce*** cainníocht nó infhaighteacht (a bhaineann le ***ganntanas uisce***) mar aon le breithnithe cáilíochta agus inrochtaineachta uisce agus soláthraíonn sé tomhas ar bhrú imchuach. Comhpháirt amháin de ***rioscaí*** fisiceacha a bhaineann le huisce is ea strus maidir le huisce, mar aon le tosca eile nach mbaineann le strus maidir le huisce, amhail tuilte agus triomaigh. Le tuiscint chuimsitheach ar rioscaí a bhaineann le huisce, breithnítear gach comhpháirt de rioscaí fisiceacha a bhaineann le huisce (e.g. strus maidir le huisce, tuilte, triomaigh) chomh maith le rioscaí rialála agus clú a bhaineann le huisce.
AR 2 le haghaidh mhíreanna 11, 13, 14 agus 16(b) **(Limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce)**	Áirítear an méid seo a leanas ar tháscairí domhanda (le tacair sonraí ghaolmhara) agus ar thairseacha gaolmhara chun a mheas an bhfuil ***strus maidir le huisce*** ar limistéar: (a) strus uisce bunlíne – cothrom le 'Ard' nó níos mó ná sin: 40–80 %; (b) ídiú uisce – níos mó ná 'Ard': 25–75 % (Séasúrach); (c) ídiú uisce bunlíne – cothrom le 'Ard' nó níos mó ná sin: 50-75 %; agus (d) WEI+ (Innéacs Saothraithe Uisce plus) – cothrom le 40 % nó níos mó ná sin. Cé gurb iad na táscairí domhanda sin is cúis le strus maidir le huisce i dtéarmaí chainníocht na n-acmhainní uisce atá ar fáil (a bhaineann le ***ganntanas uisce***), cuimsítear gach gné de (cainníocht, cáilíocht agus inrochtaineacht) i measúnú cuimsitheach ar strus maidir le huisce. Is iondúil go ndéantar an measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil limistéar neamhchosanta ar strus maidir le huisce ar leibhéal na habhantraí ar a laghad. Féadfar modheolaíochtaí saincheaptha a úsáid chun a mheas an bhfuil limistéar neamhchosanta ar strus maidir le huisce agus an bhféadfadh siad eolas áitiúil a ghiaráil.

([48]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #7 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí nach bhfuil beartais bainistithe uisce acu').

([49]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #8 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Neamhchosaint ar limistéir ina bhfuil ardstrus maidir le huisce').

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-2 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le truailliú*

12. Nochtfaidh an gnóthas a ***phríomhghníomhaíochtaí*** agus a phríomhacmhainní a bhaineann le huisce arna leithdháileadh ar a gcur chun feidhme i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-A.

13. Sonróidh an gnóthas ***príomhghníomhaíochtaí*** agus príomhacmhainní a bhaineann le limistéir ina bhfuil ***strus maidir le huisce***.

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-3 – *Spriocanna a bhaineann leis an truailliú*

14. Nochtfaidh an gnóthas a ***spriocanna*** a bhaineann le huisce i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-T.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 3 i gcás mhír 14 **(Spriocanna maidir le limistéir ina bhfuil strus maidir le huisce)**	I gcomhréir leis na breithnithe raoin feidhme a leagtar amach in CETI 2 GDR-T, mír 51(c), cuirfidh an gnóthas, i gcás inarb ábhartha, ***spriocanna*** a bhaineann le huisce in iúl faoi threoir limistéir gheografacha shonracha, amhail limistéir ina bhfuil ***strus maidir le huisce***.

Ceanglas maidir le Nochtadh E3-4 – *Tomhaltas uisce*

15. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo é a chur ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar fheidhmíocht uisce an ghnóthais.

16. Nochtfaidh an gnóthas na ***méadracht*** uisce seo a leanas dá oibríochtaí féin:

(a) méid iomlán an ***uisce a ídíodh***;

(b) méid iomlán an ***tomhaltais uisce*** i limistéir ina bhfuil ***strus maidir le huisce***;

(c) méid iomlán an ***uisce a astarraingíodh***;

(d) méid iomlán an ***uisce a sceitheadh***;

(e) méid iomlán an ***uisce a athchúrsáladh agus a athúsáideadh*** ([50]); agus

(f) méid iomlán an ***uisce a stóráladh***.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 4 i gcás mhír 16 **(Méadracht uisce)**	Is féidir ***ídiú uisce*** (C) a thomhas go díreach, a shamhaltú, a mheas nó a ríomh tríd an ***sceitheadh uisce*** iomlán (D) a dhealú ón ***aistarraingt uisce*** iomlán (W) le linn na tréimhse tuairiscithe: C = W - D.
AR 5 i gcás mhír 16 **(Aonaid méadrachta uisce)**	Déanfar ***méadracht*** uisce faoi mhír 16(a)–(f) a chur i láthair i méadair chiúbacha (m^3) nó in iolraí díobh.

([50]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #6.2 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Meánchéatadán ualaithe uisce a athchúrsáil agus a athúsáid ag cuideachtaí infheistíochta').

CETI E4 – BITHÉAGSÚLACHT AGUS ÉICEACHÓRAIS

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Straitéis

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-1 – *Plean aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachóras*

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-2 – *Beartais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais*

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais*

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-4 – *Spriocanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais*

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-5 – *Méadracht a bhaineann le hathrú bithéagsúlachta agus éiceachóras*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le héiceachórais a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ábharthachta, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

2. Soláthrófar faisnéis leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* má bhaineann an ***topaic*** seo le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir maidir le nochtadh seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear san áireamh sa Chaighdeán seo creataí rialála an Aontais agus creataí ábhartha eile, lena n-áirítear fís Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal agus a chuspóirí agus ***spriocanna*** ábhartha, gnéithe ábhartha de Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030, Treoracha an Aontais maidir le hEin agus Gnáthóga (Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([51]) agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle ([52])), an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([53])), Plean Gníomhaíochta Muirí 2023 an Aontais, Treoir Réime an Aontais maidir le hUisce (Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa), agus an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra (Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([54])).

6. Leagtar amach leis an gCaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas: ***spreagthaí an athraithe bithéagsúlachta agus éiceachórais***; staid na speiceas; riocht agus ***fairsinge éiceachóras talún, fionnuisce agus muirí;*** agus ***seirbhísí éiceachórais***.

7. Tagraíonn na téarmaí '***bithéagsúlacht***' agus '***éagsúlacht bhitheolaíoch***' don athraitheacht i measc orgánach beo ó gach foinse lena n-áirítear, *inter alia*, éiceachórais talún, ***fionnuisce***, mhuirí agus ***éiceachórais*** uisceacha eile agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad.

8. Tá tábhacht ar leith ag baint le breithnithe comhthéacs-shonracha i ndáil leis an ***mbithéagsúlacht*** agus le ***héiceachórais***. Má bhaineann ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha le ***limistéir gheografacha*** shonracha, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar chomhiomlánú nó dí-chomhiomlánú iomchuí na faisnéise tuairiscithe, e.g. de réir ***láithreáin***, éiceachórais nó leibhéal eile i gcomhréir le CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Caibidil 3.3.2 *Leibhéal Comhiomlánaithe, Dí-chomhiomlánaithe*.

([51]) Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/147/oj).

([52]) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1992/43/oj).

([53]) Directive 2008/56/EC of the European Parliament and of the Council of 17 June 2008 establishing a framework for community action in the field of marine environmental policy (Marine Strategy Framework Directive) (OJ L 164, 25.6.2008, p. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/56/oj).

([54]) Rialachán (AE) 2024/1991 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2024 maidir le hathchóiriú an dúlra agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2022/869 (IO L, 2024/1991, 29.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1991/oj).

Idirghníomhaíocht le CETI eile

9. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad na ***nithe is mó a spreagann athrú ar an mbithéagsúlacht*** agus athrú ar éiceachórais ná an t-athrú aeráide, ***truailliú***, ***athrú ar úsáid talún***, athrú ar úsáid ***fionnuisce*** agus athrú ar úsáid na farraige, saothrú díreach ar orgánaigh agus ***speiceas coimhthíoch ionrach***. Cumhdaítear na spreagthaí sin in CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* ach amháin an t-athrú aeráide agus truailliú, a dtugtar aghaidh orthu in CETI E1 *Athrú Aeráide* agus CETI E2 *Truailliú* faoi seach. Is iad seo a leanas na príomhphointí idirghníomhaíochta idir CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile.

   (a) Le CETI E1 *Athrú Aeráide* tugtar aghaidh ar ***mhaolú ar an athrú aeráide***, ***oiriúnú don athrú aeráide*** agus fuinneamh, ach in CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* tugtar aghaidh ar na ***tionchair*** ar an ***mbithéagsúlacht*** agus ar ***éiceachórais*** a bhaineann le gníomhaíochtaí an ghnóthais lena dtugtar aghaidh ar mhaolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú sin.

   (b) Le CETI E2 *Truailliú*, tugtar aghaidh ar ***astú truailleán*** san aer, san uisce agus san ***ithir*** agus ar mhonarú, úsáid agus scaoileadh ***micreaphlaisteach***, ach tugtar aghaidh ar thionchair an ***truaillithe*** ar bhithéagsúlacht agus ar éiceachórais in CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais*.

   (c) Le CETI E3 *Uisce*, tugtar aghaidh ar úsáid uisce, ach tugtar aghaidh in CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* ar na tionchair ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais a bhaineann le húsáid uisce.

   (d) Le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach*, tugtar aghaidh ar chineál agus ***ciorclaíocht insreafaí acmhainní***, lena n-áirítear ***acmhainní muirí***, ***dramhaíl*** agus cur chun feidhme ***phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh***, ach tugtar aghaidh in CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* ar na tionchair ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais a bhaineann leis na hábhair sin.

   (e) Le CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear*, tugtar aghaidh ar thionchair dhiúltacha ábhartha ar ***phobail dá ndéantar difear*** a eascraíonn as tionchair a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le héiceachórais atá inchurtha i leith an ghnóthais.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Straitéis

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-1 – *Plean aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachóras*

10. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar fhreagairt agus ar rannchuidiú an ghnóthais leis an aistriú atá intuigthe le Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal má tá ***plean aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachórais*** i bhfeidhm aige agus má chuir sé a phríomhghnéithe ar fáil go poiblí.

11. Má tá ***plean aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachóras*** i bhfeidhm ag an ngnóthas chun a ***shamhail ghnó*** agus a straitéis ghnó a athrú ó bhonn ionas go gcuideodh sé leis an sprioc dhomhanda ***cailliúint na bithéagsúlachta*** a stopadh agus a aisiompú, mar a luaitear in GBF, agus má chuir sé príomhghnéithe an phlean sin ar fáil don phobal, nochtfaidh sé na gnéithe sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 11 **(Plean aistrithe maidir leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais)**	Is féidir leis an ***mbithéagsúlacht*** a bheith mar chuid de ***phlean aistrithe*** níos leithne de chuid gnóthais lena dtugtar aghaidh ar an athrú aeráide, mar shampla. I ***bpleananna aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachóras***, nó i bpleananna lena gcomhtháthaítear an bhithéagsúlacht, tá faisnéis maidir le ***spriocanna***, ***príomhghníomhaíochtaí***, pleanáil airgeadais agus rialachas. Meastar freisin go n-áireofar leo míniú soiléir ar an gcaoi a bhforbróidh straitéis agus ***samhail ghnó*** an ghnóthais chun rannchuidiú leis an sprioc dhomhanda maidir le ***cailliúint dhomhanda na bithéagsúlachta*** a stopadh agus a aisiompú a leagtar amach in GBF agus is féidir a áireamh leo sineirgí agus comhbhabhtálacha le cuspóirí eile an phlean aistrithe a shainaithint agus a bhainistiú, lena n-áirítear aon fhreagairt agus rannchuidiú leis an aistriú atá intuigthe le Comhaontú Pháras.
AR 2 i gcás mhír 11 **(Plean aistrithe maidir leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais)**	Ciallaíonn 'curtha ar fáil go poiblí' gur chuir an gnóthas príomhghnéithe a ***phlean aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachóras*** ar fáil sula scaoiltear a ***ráiteas inbhuanaitheachta*** nó tráth a scaoiltear é, trí bhealaí poiblí inrochtana amhail a shuíomh gréasáin nó a thuarascálacha.

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-2 – *Beartais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais*

12. Nochtfaidh an gnóthas a ***bheartais bithéagsúlachta*** agus ***éiceachórais*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-P.

13. I dteannta fhorálacha CETI 2 GDR-P, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar ábhar a ***bheartas*** a bhaineann le ***bithéagsúlacht*** agus ***éiceachórais*** i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) tacú le hinrianaitheacht ***táirgí***, comhpháirteanna agus ***amhábhar*** a bhfuil ***tionchair*** ábhartha ***iarbhír*** nó ***fhéideartha*** acu ar an mbithéagsúlacht agus ar éiceachórais ina ***slabhra luacha***; agus

(b) ***láithreáin*** ina chuid oibríochtaí féin i ***limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de*** ([55]) nó gar dó.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 3 i gcás mhír 12 **(Beartais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le héiceachórais)**	Agus tuairisc á tabhairt aige ar ábhar a chuid ***beartas***, sonróidh an gnóthas, i gcás inarb infheidhme, cé acu a thugann nó nach dtugann siad aghaidh ar chleachtais inbhuanaithe talún nó talmhaíochta, ar chleachtais inbhuanaithe aigéan nó farraigí, agus ar dhífhoraoisiú ([56]).
AR 4 i gcás mhír 12 **(Beartais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le héiceachórais)**	Is féidir le ***hanailís ar chásanna bithéagsúlachta*** agus ***éiceachóras*** bonn eolais a chur faoi ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú thar thréimhsí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha. Is féidir leis an ngnóthas breithniú a dhéanamh ar anailís ar chásanna a úsáid agus a ***bheartais***, a ***ghníomhaíochtaí*** agus a ***spriocanna*** á sainiú aige.
AR 5 i gcás mhír 13(b) **(Beartais a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le héiceachórais)**	Má tá ***láithreán*** an ghnóthais i ***limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de*** nó gar dó, is féidir a ghníomhaíochtaí a bheith bainteach le ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha ar an limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de. Cinnfear cé acu atá nó nach bhfuil láithreán gnóthais lasmuigh de limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de gar do limistéar den sórt sin trí limistéar tionchair an láithreáin a shainiú. Is féidir an réimse tionchair a chinneadh trí achair mhaolánacha a chur i bhfeidhm a bhaineann go sonrach le cineál gníomhaíochta an ghnóthais de réir ceanglais rialála, moltaí eolaíochtbhunaithe agus dea-chleachtas tionscail.

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais*

14. Nochtfaidh an gnóthas a ***phríomhghníomhaíochtaí*** agus a phríomhacmhainní a bhaineann leis an ***mbithéagsúlacht*** agus le ***héiceachórais*** arna leithdháileadh ar a gcur chun feidhme i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-A.

15. I dteannta fhorálacha CETI 2 GDR-A, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar aon ***fhritháireamh bithéagsúlachta*** a úsáidtear mar chuid dá ***ghníomhaíochtaí***, lena n-áirítear aidhm na bhfritháireamh, na héifeachtaí maoiniúcháin i dtéarmaí airgeadaíochta, an limistéar, an cineál agus na critéir cháilíochta a chuirtear i bhfeidhm, agus na caighdeáin a chomhlíonann na fritháirimh bhithéagsúlachta.

([55]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #14.2 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('An sciar d'infheistíochtaí i gcuideachtaí infheistiúcháin nach bhfuil beartas cosanta bithéagsúlachta acu lena gcumhdaítear láithreáin oibríochtúla atá faoi úinéireacht, ar léas nó á mbainistiú i limistéar faoi chosaint nó limistéar a bhfuil ardluach bithéagsúlachta aige, lasmuigh de limistéir faoi chosaint, nó i ngar do limistéar den sórt sin').

([56]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscairí sainordaitheacha a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscairí #11, #12 agus #15 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí nach bhfuil cleachtais talún/talmhaíochta inbhuanaithe acu', 'Infheistíochtaí i gcuideachtaí nach bhfuil cleachtais aigéan/farraigí inbhuanaithe acu', agus 'Dífhoraoisiú').

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM – ARANNA

AR 6 i gcás mhír 14 **(Gníomhaíochtaí a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le héiceachórais)**	Breithneofar le ***gníomhaíochtaí*** atá le nochtadh faoi mhír 14 an ceart chun ***toiliú saor, roimh ré agus feasach*** a fháil ó ***phobail dhúchasacha*** (féach freisin CETI S3-2).

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-4 – *Spriocanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais*

16. Nochtfaidh an gnóthas a ***spriocanna bithéagsúlachta*** agus ***éiceachórais*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-T.

17. Má úsáideann an gnóthas ***fritháirimh bhithéagsúlachta*** agus a ***spriocanna*** á socrú aige, nochtfaidh sé conas a úsáideadh na fritháirimh sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 7 i gcás mhír 16 **(Spriocanna a bhaineann leis an mbithéagsúlacht agus le héiceachórais)**	***Spriocanna*** a bhaineann leis an ***mbithéagsúlacht***: (a) de ghnáth, tugtar aghaidh ar 'bhrúnna' maidir leis an dúlra agus dírítear ar spreagthaí na bithéagsúlachta agus an athraithe éiceachórais a laghdú e.g. ***athrú ar úsáid talún*** mar gheall ar thiontú talún foraoise a sheachaint). Is iondúil go dtugann siad aghaidh freisin ar 'staid an dúlra' agus go bhfuil sé d'aidhm acu feabhas a chur ar fhairsinge agus riocht na speiceas agus ***na n-***éiceachóras e.g. méid pobail na speiceas atá i mbaol a ndíothaithe a mhéadú nó riocht tírdhreacha a athbhunú i gcomparáid le leibhéal bonnlíne; (b) is éifeachtaí iad má tá siad bunaithe ar an eolaíocht agus ailínithe le ***tairseacha éiceolaíocha*** agus má rannchuidíonn siad le spriocanna GBF; (c) is féidir é a shocrú ar leibhéil éagsúla (féach CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, mír 51(c)), e.g. ar leibhéal an ***láithreáin***, an tírdhreacha, na cuideachta nó an ***tslabhra luacha*** réamhtheachtaigh, ag brath ar chuspóir na sprice agus ar acmhainneacht an ghnóthais tionchar a imirt ar a bhaint amach; (d) a chuirtear chun feidhme de ghnáth i gcomhréir leis an ordlathas maolaithe: seachaint, íoslaghdú, aiseag agus cúiteamh.

Ceanglas maidir le Nochtadh E4-5 – *Méadracht a bhaineann le hathrú bithéagsúlachta agus éiceachóras*

18. Is é cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar fheidhmíocht an ghnóthais in aghaidh ***tionchair rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhaineann le hathrú ***bithéagsúlachta*** agus ***éiceachórais***.

19. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas maidir le ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha a bhaineann le hathrú ***bithéagsúlachta*** agus ***éiceachórais***:

    (a) na suíomhanna ina oibríochtaí féin lena mbaineann na tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha;

    (b) i gcás na suíomhanna sin, liosta de ***limistéar/limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de*** (ainm agus cineál) a bhaineann le tionchair dhiúltacha ábhartha an ghnóthais, más ann dóibh; agus

    (c) gníomhaíochtaí an ghnóthais a bhaineann le tionchair dhiúltacha ábhartha ar na limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de a dtugtar tuairisc orthu in (b) thuas ([57]).

20. De bhreis ar mhír 19, agus i gcomhréir le CETI 2 GDR-M, tuairisceoidh an gnóthas ***méadracht*** a bhaineann lena thionchair ábhartha ar ***bhithéagsúlacht*** agus ar ***éiceachórais***.

([57]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 ós rud é go ndíorthaítear é ó tháscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #7 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Gníomhaíochtaí a bhfuil tionchar diúltach acu ar limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de').

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 8 i gcás mhír 19 **(Méadracht a bhaineann le hathrú bithéagsúlachta agus éiceachóras)**	Chun bonn eolais a chur faoin tosaíocht maidir le nochtadh agus faoi leibhéal an chomhiomlánaithe nó an dí-chomhiomlánaithe, breithneoidh an gnóthas suíomhanna ina mbaineann a oibríochtaí féin le ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha ar ***limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de***. Ní gá go mbeadh coinne leis go soláthródh an gnóthas liosta uileghabhálach de na suíomhanna aonair uile ina n-idirghníomhaíonn a oibríochtaí féin le limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de ná go soláthródh sé faisnéis maidir le gach ceann dá shuíomhanna aonair. Is féidir leis an ngnóthas faisnéis a chomhiomlánú do ghrúpaí ábhartha láithreán a bhaineann lena thionchair, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha, mar shampla bunaithe ar an limistéar céanna atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de nó ar bhraisle limistéar i réigiún a ndéanann láithreáin iomadúla difear dóibh. Cinnfear leibhéal mionsonraithe, comhiomlánaithe nó dí-chomhiomlánaithe faisnéise i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, Roinn 3.3.2, agus cineál na dtionchar, na rioscaí agus na ndeiseanna ábhartha, cosúlacht na láithreán nó na limistéar dá ndéantar difear, agus úsáideacht chinnteoireachta na faisnéise a sholáthraítear á gcur san áireamh. Dá réir sin, féadfaidh an gnóthas faisnéis a chur i láthair ar leibhéal comhiomlánaithe le haghaidh grúpaí láithreán nó limistéar atá faoi réir tionchair, rioscaí nó deiseanna comhchosúla a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, ar choinníoll nach bhfolóidh an comhiomlánú sin faisnéis ábhartha.
AR 9 i gcás mhír 20 **(Méadracht a bhaineann le hathrú bithéagsúlachta agus éiceachóras)**	Agus an tuairisc ar ***thionchair*** ábhartha á soláthar i gcomhréir le CETI 2 IRO-2, léireoidh an gnóthas cé na tionchair ábhartha a bhaineann le ***díghrádú talún***, ***fairsingiú fásaigh*** nó ***séalú ithreach*** agus oibríochtaí a dhéanann difear do ***nó éiceachórais atá faoi bhagairt*** ([58]).
AR 10 i gcás mhír 2 **(Méadracht a bhaineann le hathrú bithéagsúlachta agus éiceachóras)**	Ag brath ar an ***bhfothopaic*** atá ábhartha, áireoidh an gnóthas ***méadracht*** i ndáil leis an méid seo a leanas: (a) ***spreagthaí an athraithe bithéagsúlachta agus éiceachórais***; (b) staid an ***speicis*** (e.g. staid a bhaineann leis an ***riosca*** díothaithe); (c) riocht agus ***fairsinge na n-éiceachóras talún, fionnuisce agus muirí*** (e.g. a mhéid a bhaineann le riocht an ***láithreáin*** agus riocht an tírdhreacha); agus (d) ***Seirbhísí éiceachórais***.
AR 11 i gcás mhír 20 **(Méadracht a bhaineann le hathrú bithéagsúlachta agus éiceachóras)**	Is iad sonraí príomhúla maidir le staid na ***méadrachta*** dúlra a bhailítear ar leibhéal an tsuímh nó trí chianbhraiteacht an modh is fearr chun cuidiú leis na ***tionchair*** ar an mbithéagsúlacht agus ar ***éiceachórais*** a chinneadh. Tá sé ábhartha go háirithe sonraí príomhúla maidir le staid an dúlra a úsáid i gcás ina bhfuil ***láithreáin*** an ghnóthais i ***limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de*** nó gar dóibh. Is féidir leis an ngnóthas a thionchair a mheas freisin trí shonraí a úsáid maidir le spreagthaí tionchair nó sonraí tánaisteacha maidir le staid an dúlra.
AR 12 i gcás mhír 20 **(Méadracht a bhaineann le hathrú bithéagsúlachta agus éiceachóras)**	Agus ***méadracht*** atá le nochtadh á sainaithint aige, breithneoidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) minicíocht an fhaireacháin agus an bhail bhunlíne nó an luach bonnlíne agus an bhliain bhonnlíne nó an tréimhse bhonnlíne; agus (b) cé acu a chuireann nó nach gcuireann an mhéadracht ar a gcumas d'***úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbaineann siad leis na ***tionchair*** ábhartha.

([58]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscairí éigeantacha a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscairí #10 agus #14.1 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Díghrádú talún, gaineamhlú, séalú ithreach' agus 'An sciar d'infheistíochtaí i gcuideachtaí infheistiúcháin a ndéanann a n-oibríochtaí difear do speicis faoi bhagairt').

CETI E5 – ÚSÁID ACMHAINNÍ AGUS AN GEILLEAGAR CIORCLACH

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-1 – *Beartais a bhaineann le húsáid acmhainní agus leis an ngeilleagar ciorclach*

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-2 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le húsáid acmhainní agus leis an ngeilleagar ciorclach*

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-3 – *Spriocanna a bhaineann le húsáid acmhainní agus leis an ngeilleagar ciorclach*

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-4 – *Insreafaí acmhainní*

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-5 – *Eis-sreafaí acmhainní*

Táirgí

Dramhaíl

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le húsáid acmhainní agus leis an ngeilleagar ciorclach a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ***ábharthachta***, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

2. Soláthrófar faisnéis sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* má bhaineann an ***topaic*** seo le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir nochta seachas ***beartais, gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear san áireamh sa chaighdeán sin creataí beartais agus rialála an Aontais, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh don Gheilleagar Ciorclach (2020), an Comhaontú Eorpach maidir le Tionsclaíocht Ghlan (2025), an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe (Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([59])), an Treoir Réime Dramhaíola (Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([60])), an Treoir maidir leis an gCeart chun Deisiúcháin (AE) 2024/1799 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([61])) agus an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla (Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([62])).

6. Leagtar amach leis an gCaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas: ***insreafaí acmhainní***; ***eis-sreafaí acmhainní*** a bhaineann le ***táirgí*** agus seirbhísí; eis-sreafaí acmhainní a bhaineann le ***dramhaíl***.

Idirghníomhaíocht le CETI eile

7. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** comhshaoil agus sóisialta lena chéile. Liostaítear thíos na pointí idirghníomhaíochta idir CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile:

   (a) Le CETI E1 *Athrú Aeráide*, tugtar aghaidh ar ***mhaolú ar an athrú aeráide***, ***oiriúnú don athrú aeráide*** agus ídiú fuinnimh, agus le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus Geilleagar Ciorclach* tugtar aghaidh ar insreafaí ábhar (lena n-áirítear ***breoslaí iontaise*** nach n-úsáidtear le haghaidh fuinnimh), eastóscadh acmhainní agus cleachtais ***an gheilleagair chiorclaigh*** lenar féidir ***astaíochtaí GCT*** (lorg carbóin) agus déine fuinnimh a laghdú.

   (b) Le CETI E2 *Truailliú*, tugtar aghaidh ar ***astaíochtaí truailleán*** san aer, san uisce agus san ***ithir*** (lena n-áirítear ***micreaphlaistigh***), agus ***substaintí arb údar imní iad***, lena n-áirítear ***substaintí arb údar mór imní iad***, agus le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* tugtar aghaidh ar chleachtais **úsáide acmhainní** agus bainistithe ***dramhaíola*** a d'fhéadfadh astaíochtaí den sórt sin a ghiniúint nó a mhaolú sa ***slabhra luacha***.

([59]) Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe a shocrú, lena leasaítear Treoir (AE) 2020/1828 agus Rialachán (AE) 2023/1542 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE (IO L, 2024/1781, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1781/oj).

([60]) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe, (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj).

([61]) Treoir (AE) 2024/1799 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna lena gcuirtear deisiú earraí chun cinn agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2394 agus Treoracha (AE) 2019/771 agus (AE) 2020/1828, agus go háirithe Airteagal 5(9) de (IO L, 2024/1799, 10.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1799/oj).

([62]) Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena mbunaítear creat chun soláthar slán inbhuanaithe amhábhar criticiúil a áirithiú agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 168/2013, (AE) 2018/858, (AE) 2018/1724 agus (AE) 2019/1020 (IO L, 2024/1252, 3.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1252/oj).

(c) Le CETI E3 *Uisce*, tugtar aghaidh ar úsáid agus ar bhainistiú uisce mar acmhainn fhisiceach agus ar oibríochtaí an ghnóthais i réimsí ina bhfuil ***strus maidir le huisce***, agus le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* tugtar aghaidh ar ***acmhainní muirí*** agus ar phróisis atá dian ar uisce trínar féidir le bearta ciorclacha tomhaltas a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

(d) Le CETI E4 *Bithéagsúlacht agus Éiceachórais* tugtar aghaidh ar ***thionchair bhithéagsúlachta*** agus ***éiceachórais***, agus le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* tugtar aghaidh ar úsáid acmhainní, ar bhainistiú dramhaíola agus ar ghníomhaíochtaí an ***gheilleagair chiorclaigh*** a d'fhéadfadh cur leis na tionchair sin nó iad a mhaolú.

(e) Le CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear*, tugtar aghaidh ar ***thionchair*** ábhartha ar dhaoine agus ar phobail a eascraíonn as gníomhaíochtaí an ghnóthais, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le húsáid acmhainní, ***táirgí*** agus seirbhísí, agus dramhaíl, agus le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* tugtar aghaidh ar na gníomhaíochtaí sin ó thaobh na teicneolaíochta de i dtéarmaí ***insreafaí acmhainní, eis-sreafaí acmhainní***, dramhaíl agus cleachtais an ***gheilleagair chiorclaigh***.

(f) Tugann CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh* aghaidh ar thionchair a bhaineann le faisnéis ar ***thomhaltóirí*** nó ar ***úsáideoirí deiridh***, ar a sábháilteacht phearsanta agus ar a gcuimsiú sóisialta, agus tugann CETI E5 aghaidh ar ghnéithe a bhaineann le húsáid acmhainní, bainistiú dramhaíola agus ***ciorclaíocht*** na dtáirgí agus na seirbhísí céanna sin. Nochtaí faoi CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* maidir leis na gnéithe sin, tá siad ábhartha chun tuiscint a fháil ar na tionchair a bhaineann le faisnéis agus cuimsiú a bhíonn ar thomhaltóirí agus ar úsáideoirí deiridh a thuairiscítear faoi CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh*.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-1 – *Beartais a bhaineann le húsáid acmhainní agus leis an ngeilleagar ciorclach*

8. Nochtfaidh an gnóthas a ***bheartais maidir le húsáid acmhainní*** agus ***an geilleagar ciorclach*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-P.

9. Sa bhreis ar an bhfaisnéis a leagtar síos mar cheanglas faoi CETI 2 GDR-P, má chomhtháthaíonn an gnóthas ***prionsabail an gheilleagair chiorclaigh*** nó ***ceanglais éicidhearthóireachta*** ina ***phríomhtháirgí*** agus ina ***sheirbhísí geilleagair chiorclaigh***, míneoidh sé conas a dhéantar é sin.

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-2 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le húsáid acmhainní agus leis an ngeilleagar ciorclach*

10. Nochtfaidh an gnóthas a phríomhghníomhaíochtaí maidir le ***húsáid acmhainní*** agus maidir leis an ***ngeilleagar ciorclach*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-A.

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-3 – *Spriocanna a bhaineann le húsáid acmhainní agus leis an ngeilleagar ciorclach*

11. Nochtfaidh an gnóthas a ***spriocanna maidir le húsáid acmhainní*** agus ***an geilleagar ciorclach*** i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-T.

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-4 – *Insreafaí acmhainní*

12. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a thabhairt ar ***insreafaí acmhainní*** an ghnóthais. Áirítear leis sin faisnéis faoi chineálacha agus ***ciorclaíocht*** na n-acmhainní a théann isteach sa ghnóthas.

13. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas:

(a) na ***príomhábhair*** a úsáideadh, ina mbeidh tuairisc bheacht ar gach ceann acu agus ina sonrófar aon ***amhábhair chriticiúla*** agus ***amhábhair straitéiseacha*** atá iontu;

(b) meáchan iomlán na bpríomhábhar uile;

(c) miondealú ar gach príomhábhar, arna shloinneadh i meáchan nó mar chéatadán de mheáchan iomlán na bpríomhábhar uile; agus

(d) na ***hacmhainní tánaisteacha*** a úsáideadh, arna sloinneadh i meáchan nó mar chéatadán de mheáchan iomlán na bpríomhábhar.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 13(a) **(Insreafaí acmhainní)**	Agus an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le mír 13(a) á tuairisciú: (a) soláthróidh an gnóthas tuairisc bheacht ar gach ***príomhábhar***, lena léireofar a ról agus a ábharthacht i gcomhthéacs oibríochtaí an ghnóthais; (b) má tá an t-idirdhealú idir ***ábhar teicniúil*** agus ***ábhar bitheolaíoch*** ábhartha chun ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** an ghnóthais a thuiscint, léireofar leis an t-idirdhealú sin sa tuairisc ar a phríomhábhair.
AR 2 i gcás mhír 13(a) **(Insreafaí acmhainní)**	Féadfaidh ***amhábhair chriticiúla*** agus ***amhábhair straitéiseacha***, mar a shainaithnítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla (Rialachán (AE) 2024/1252), a bheith mar chuid de ***phríomhábhair*** an ghnóthais. I gcás inarb amhlaidh an cás, sonróidh an gnóthas an méid sin. Mar shampla, féadfaidh gnóthas ceallra a shainaithint mar phríomhábhar dá oibríochtaí agus a shonrú go bhfuil litiam ann, a aicmítear mar amhábhar criticiúil agus straitéiseach.

Ceanglas maidir le Nochtadh E5-5 – *Eis-sreafaí acmhainní*

14. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a thabhairt ar an gcaoi a rannchuidíonn an gnóthas leis an n***geilleagar ciorclach*** trí ***tháirgí*** agus seirbhísí a dhearadh, a mhonarú agus a sholáthar i gcomhréir le ***prionsabail an gheilleagair chiorclaigh***, agus trí ***dhramhaíl*** a bhainistiú go héifeachtach.

Táirgí

15. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil maidir le ***marthanacht*** ionchasach a ***phríomhtháirgí***;

(b) faisnéis cháilíochtúil nó chainníochtúil maidir lena mhéid is féidir a phríomhtháirgí a ***dheisiú***;

(c) ***ráta in-athchúrsáilteachta dearthaa*** phríomhtháirgí agus a ***bpacáistíochta***.

Dramhaíl

16. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas maidir le ***dramhaíl*** óna oibríochtaí féin:

(a) tuairisc ar ***shruthanna dramhaíola*** an ghnóthais;

(b) meáchan iomlán na dramhaíola a ghintear;

(c) cion na dramhaíola a atreoraítear ón diúscairt, arna shloinneadh mar chéatadán den dramhaíl iomlán a ghineadh, le miondealú idir ***dramhaíl ghuaiseach*** agus dramhaíl neamhghuaiseach, agus miondealú de réir na gcineálacha oibríochta seo a leanas:

i. ***ullmhú*** le haghaidh ***athúsáide***;

ii. ***athchúrsáil;***

iii. oibríochtaí ***aisghabhála*** eile;

(d) cion na dramhaíola a dhírítear ar dhiúscairt, arna shloinneadh mar chéatadán den dramhaíl iomlán a ghintear ([63]), le miondealú idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl neamhghuaiseach ([64]), agus miondealú de réir na gcineálacha oibríochta seo a leanas:

i. loscadh dramhaíola;

ii. ***líonadh talún***;

iii. oibríochtaí diúscartha eile;

([63]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #13 i dTábla 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Cóimheas dramhaíola neamh-athchúrsáilte').

([64]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Cóimheas idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl radaighníomhach').

(e) cion na dramhaíola nach eol an ceann scríbe deiridh ina leith, arna shloinneadh mar chéatadán den dramhaíl iomlán a ghineadh.

17. Nochtfaidh an gnóthas méid iomlán na ***dramhaíola*** radaighníomhaí a ghineann sé, i gcomhréir leis an sainmhíniú ar dhramhaíl radaighníomhach in Airteagal 3(7) de Threoir 2011/70/Euratom ón gComhairle ([65]) ([66]).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 3 i gcás mhír 15(c) **(Táirgí)**	Nuair a bheidh faisnéis á nochtadh ag an ngnóthas i gcomhréir le mír 15(c), úsáidfidh sé an chothromóid seo a leanas: (a) i gcás ***táirgí***: $\text{Ráta in-athchúrsáilteachta deartha} = \frac{\textit{meáchan iomlán na n-ábhar athchúrsáilte a chuimsítear sa táirge}_x}{\textit{meáchan iomlán na táirge}_x} \times 100$ (b) i gcás ***pacáistíochta***: $\textbf{\textit{Ráta in-athchúrsáilteachta deartha}} = \frac{\textit{meáchan iomlán na n-ábhar athchúrsáilte a chuimsítear sa pacáistíocht}_x}{\textit{meáchan iomlán na pacáistíocht}_x} \times 100$
AR 4 i gcás mhír 16(a) **(Dramhaíl)**	Agus tuairisciú á dhéanamh i gcomhréir le mír 16(a) ar ***shruthanna dramhaíola***, is leor ainm a sholáthar (mar shampla, i gcomhréir leis an Liosta Dramhaíola Eorpach le Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún) agus léiriú ar na ***príomhábhair*** a áirítear sa sruth dramhaíola, amhail bithmhais, miotail, mianraí neamh-mhiotalacha, plaistigh, teicstílí, ***amhábhair chriticiúla***, tearc-chré, etc.
AR 5 i gcás mhíreanna16(b)–(d) agus 17 **(Dramhaíl)**	Agus tuairisciú á dhéanamh i gcomhréir le míreanna 16(b)–(d) agus 17, léireoidh na sonraí meáchan an ábhair ina staid bhunaidh agus ní chuirfear i láthair iad le tuilleadh ionramhála ar shonraí, amhail iad a thuairisciú mar mheáchan 'tirim'.
AR 6 i gcás mhír 16(c)(iii) **(Dramhaíl)**	Tá liosta d'oibríochtaí ***aisghabhála*** le fáil in Iarscríbhinn II, Treoir 2008/98/CE maidir le ***dramhaíl*** (an Treoir Réime Dramhaíola). Comhlíonfaidh 'oibríochtaí aisghabhála eile' sainmhínithe agus ceanglais na Treorach Réime maidir le hUisce. Agus dramhaíl á tuairisciú i gcomhréir le mír 16(c)(iii), sonróidh an gnóthas, más ábhartha, cad iad na 'hoibríochtaí aisghabhála eile' sin. Ní mheastar gur 'oibríocht aisghabhála eile' é loscadh lena ngabhann aisghabháil fuinnimh ach amháin nuair a chomhlíonann sé coinníollacha phointe R1 in Iarscríbhinn II 'Oibríochtaí aisghabhála' a ghabhann leis an Treoir Réime maidir le hUisce.
AR 7 i gcás mhír 16(d)(iii) **(Dramhaíl)**	Tá liosta d'oibríochtaí diúscartha in Iarscríbhinn I, Treoir 2008/98/CE maidir le ***dramhaíl*** (an Treoir Réime Dramhaíola).

([65]) Treoir 2011/70/Euratom ón gComhairle an 19 Iúil 2011 lena mbunaítear creat Comhphobail maidir le bainistiú freagrach agus sábháilte ar bhreosla spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach (IO L 199, 2.8.2011, lch. 48, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/70/oj).

([66]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #9 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Cóimheas idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl radaighníomhach').

CETI S1 – LUCHT SAOTHAIR DÍLIS

CLÁR ÁBHAR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-1 – *Beartais a bhaineann le lucht saothair dílis*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-2 – *Rannpháirtíocht le lucht saothair dílis agus ionadaithe oibrithe, bealaí a bheith ann do lucht saothair dílis chun ábhair imní nó riachtanais agus cuir chuige a chur in iúl maidir le leigheas*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le truailliú*

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-4 – *Beartais a bhaineann le lucht saothair dílis*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-5 – *Saintréithe fhostaithe an ghnóthais*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-6 – *Saintréithe oibrithe nach fostaithe iad i lucht saothair dílis an ghnóthais*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-7 – *Cumhdach cómhargála agus idirphlé sóisialta*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-8 – *Éagsúlacht inscne san ardbhainistíocht*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-9 – *Pá leordhóthanach*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-10 – *Cosaint shóisialta*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-11 – *Daoine faoi mhíchumas*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-12 – *Méadracht oiliúna agus forbartha scileanna*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-13 – *Méadracht sláinte agus sábháilteachta*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-14 – *Méadracht maidir le cothromaíocht oibre agus saoil*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-15 – *Méadracht luach saothair*

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-16 – *Teagmhais idirdhealaithe agus teagmhais eile maidir le cearta an duine*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le lucht saothair dílis a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ***ábharthachta***, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

   (a) Ceanglas maidir le Nochtadh ('DR') CETI S1-5, a chuirfidh an gnóthas i bhfeidhm má thagann sé ar an gconclúid go bhfuil a lucht saothair dílis le tuairisciú tar éis ábhar an mheasúnaithe ábharthachta; agus

   (b) CETI S1-6, a chuirfidh an gnóthas i bhfeidhm má thagann sé ar an gconclúid go bhfuil baint ag oibrithe nach fostaithe iad ina lucht saothair dílis le tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha.

   Tá an scagaire ábharthachta faisnéise a shainmhínítear in CETI 1 Ceanglais Ghinearálta, mír 23, fós infheidhme freisin maidir leis an dá Cheanglas maidir le Nochtadh sin.

2. Soláthrófar faisnéis sa ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI S1 *Lucht Saothair Dílis* má bhaineann an ***topaic*** seo le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir maidir le nochtadh seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear san áireamh sa Chaighdeán seo na hionstraimí agus na coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus Eorpacha maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine; Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta; dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha EIS; Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine; Cairt Shóisialta athbhreithnithe na hEorpa; Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (AE); tosaíochtaí beartais an Aontais mar a leagtar amach i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta iad; agus reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear acquis dhlí saothair an Aontais.

6. Leagtar amach sa Chaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas:

   (a) dálaí oibre (lena n-áirítear ***pá leordhóthanach, cothromaíocht oibre agus saoil***, am oibre, fostaíocht shlán, ***cosaint shóisialta***);

   (b) ***idirphlé sóisialta***, saoirse comhlachais, comhairlí oibreacha, cearta rannpháirtíochta oibrithe agus ***cómhargáil***;

   (c) sláinte agus sábháilteacht;

   (d) ***oiliúint*** agus forbairt scileanna;

(e) éagsúlacht agus ***cóir chomhionann*** (lena n-áirítear comhionannas inscne, ***pá*** comhionann as obair ar comhionann a luach, fostaíocht agus cuimsiú ***daoine faoi mhíchumas***, neamh-idirdhealú, frithchiapadh); agus

(f) cearta daonna eile a bhaineann le saothar (lena n-áirítear ***saothar leanaí***, ***saothar éignithe***, príobháideachas agus tithíocht leordhóthanach).

7. Áirítear le ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais (i) daoine atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas (‘***fostaithe***’) agus (ii) daoine dá ngairtear, chun críoch tuairiscithe faoi CETI, ‘***oibrithe nach fostaithe iad***’ i lucht saothair dílis an ghnóthais. Áirítear orthu sin daoine a bhfuil conarthaí acu leis an ngnóthas tuairiscithe chun saothar a sholáthar (‘daoine féinfhostaithe’) nó daoine arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil go príomha do ‘ghníomhaíochtaí fostaíochta’ (Cód NACE 078). Faisnéis faoi na daoine dá dtagraítear mar ‘oibrithe nach fostaithe iad’ i lucht saothair dílis an ghnóthais i gcomhréir leis an gCaighdeán seo, ní dhéanfaidh sí difear dá stádas faoin dlí saothair is infheidhme. Ní chumhdaítear leis an gCaighdeán seo oibrithe i ***slabhra luacha*** réamhtheachtach nó iartheachtach an ghnóthais. Cumhdaítear na catagóirí oibrithe sin in CETI S2 *Oibrithe sa slabhra luacha*.

8. Tá na sainmhínithe ar dhaoine féinfhostaithe agus ar dhaoine arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil go príomha do ‘ghníomhaíochtaí fostaíochta’ bunaithe ar reachtaíocht náisiúnta. Seo a leanas samplaí d’***oibrithe nach fostaithe iad*** i ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais a d’fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an lucht saothair dhílis:

(a) daoine féinfhostaithe i lucht saothair dílis an ghnóthais, lena bhféadfaí na nithe seo a leanas a áireamh:

i. daoine féinfhostaithe arna bhfostú ag an ngnóthas chun obair a dhéanamh, ar obair í a dhéanfadh ***fostaí*** murach sin nó a dhéanfaí i limistéar poiblí (e.g. ar an tsráid);

ii. daoine féinfhostaithe arna bhfostú ag an ngnóthas chun obair nó seirbhís a sholáthar go díreach in áit oibre chliant an ghnóthais;

(b) daoine atá fostaithe ag tríú páirtí atá i mbun ‘gníomhaíochtaí fostaíochta’, lena bhféadfaí a áireamh daoine a dhéanann an obair chéanna a dhéanann fostaithe, amhail iad siúd a líonann isteach d’fhostaithe atá as láthair go sealadach nó a d’fhéadfaí a sheoladh go sealadach ó Bhallstát eile den Aontas chun dul i mbun oibre don ghnóthas (‘oibrithe ar postú’).

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

9. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad seo a leanas na pointí idirghníomhaíochta idir CETI S1 *Lucht Saothair Dílis* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile:

(a) na caighdeáin shóisialta uile, i.e. CETI S1 *Lucht Saothair Dílis*, CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*, CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear* agus CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh*, tá siad ailínithe i dtéarmaí inneachair agus struchtúir agus tá baint acu lena chéile. Cumhdaítear le CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha* na fothopaicí céanna le CETI S1 *Lucht Saothair Dílis* do na hoibrithe sin sa ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach nach bhfuil i ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais. Tugann na nochtaí sna caighdeáin shóisialta aghaidh ar fhaisnéis ábhartha is gá chun tuairisciú a dhéanamh ar ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhaineann le gach grúpa ***páirtithe leasmhara***, lena n-áirítear i ndáil le dícheall cuí inbhuanaitheachta;

(b) idirghníomhaíonn an Caighdeán seo le CETI E1 *Athrú Aeráide* a mhéid atá an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de ina fhoinse tionchar, rioscaí agus deiseanna do CETI S1 *Lucht Saothair Dílis*; agus

(c) idirghníomhaíonn an Caighdeán seo le CETI E2 *Truailliú* a mhéid is féidir le ***truailliú*** a bheith ina chúis le tionchair dhiúltacha ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-1 – *Beartais a bhaineann le lucht saothair dílis*

10. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a ***bheartais*** chun ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhaineann lena ***lucht saothair dílis*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-P. Luafar inti cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis na beartais sin grúpaí sonracha laistigh dá lucht saothair dílis (mar shampla, ***fostaithe*** atá ag obair i monarcha nó i limistéar geografach ar leith nó daoine féinfhostaithe) nó a lucht saothair dílis uile.

11. Luafaidh an gnóthas cé acu a thugann nó nach dtugann a ***bheartais*** i ndáil lena ***lucht saothair dílis*** aghaidh ar gháinneáil ar dhaoine ([67]), ar ***shaothar éignithe*** nó ar shaothar éigeantach, agus ar ***shaothar leanaí***.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 10 **(Beartais a bhaineann leis an lucht saothair dílis)**	Samplaí de ghnéithe ***beartais*** atá le nochtadh is ea na modhanna cumarsáide a úsáideann an gnóthas chun a bheartais a chur in iúl do na daoine aonair, do na grúpaí daoine aonair nó do na heintitis a bhfuil siad ábhartha dóibh, toisc go bhfuil coinne leis go gcuirfidh siad chun feidhme iad (mar shampla, ***fostaithe***, conraitheoirí agus ***soláthróirí*** an ghnóthais) nó toisc go bhfuil leas díreach acu ina gcur chun feidhme (mar shampla, daoine ina ***lucht saothair dílis***, infheisteoirí).

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-2 – *Rannpháirtíocht le lucht saothair dílis agus ionadaithe oibrithe, bealaí a bheith ann do lucht saothair dílis chun ábhair imní nó riachtanais agus cuir chuige a chur in iúl maidir le leigheas*

12. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar chur chuige ginearálta an ghnóthais maidir le rannpháirtíocht lena ***lucht saothair dílis***, lena n-áirítear infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl*** amhail ***sásraí casaoide***, agus ar a chur chuige maidir le ***leigheas***.

13. Nochtfaidh an gnóthas conas a théann sé i dteagmháil go díreach lena ***lucht saothair dílis*** nó le ***hionadaithe na n-oibrithe*** agus conas a chuireann peirspictíochtaí a lucht saothair dhílis bonn eolais faoina chinntí nó faoina ghníomhaíochtaí atá dírithe ar na ***tionchair iarbhír*** agus ***fhéideartha*** ar a lucht saothair dílis a bhainistiú le linn na bliana tuairiscithe. Cuimseofar ansin:

    (a) an chaoi a bhfaigheann an gnóthas léargas ar pheirspictíochtaí daoine ina lucht saothair dílis a d'fhéadfadh a bheith an-leochaileach do ***thionchair*** agus/nó atá imeallaithe (mar shampla, mná, imircigh, ***daoine faoi mhíchumas***) má ghníomhaíonn an gnóthas chun na peirspictíochtaí sin a thuiscint; agus

    (b) na ***Creat-Chomhaontuithe Domhanda*** nó torthaí eile atá bainte amach ag an ngnóthas le hionadaithe oibrithe ar torthaí iad a bhaineann le cearta daonna a lucht saothair dhílis a urramú má tá aon chomhaontú nó toradh den sórt sin ann.

14. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na bealaí atá ar fáil dá ***lucht saothair dílis*** chun a ábhair imní nó a riachtanais a chur in iúl go díreach dó agus tabharfaidh sé aghaidh orthu. Go háirithe, luafar ann cé acu atá nó nach bhfuil ***sásra casaoide*** i bhfeidhm aige. ([68]) Míneoidh sé freisin conas a dhéanann sé measúnú ar éifeachtacht na mbealaí sin.

([67]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #11 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa próiseas agus beart chun gáinneáil ar dhaoine a chosc').

([68]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha, mar a leagtar amach le táscaire #5 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I agus le Táscaire #11 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa sásraí láimhseála casaoidí/gearán a bhaineann le hábhair fostaithe' agus 'Easpa próiseas agus sásraí comhlíontachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta').

15. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a chur chuige ginearálta maidir le leigheas agus ar na ***próisis chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú ann*** i gcás ina raibh sé ina chúis le ***tionchar*** diúltach ábhartha ar dhaoine ina ***lucht saothair dílis*** nó inar rannchuidigh sé leis an tionchar sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 2 i gcás mhír 13 **(Rannpháirtíocht)**	D'fhéadfadh cineálacha éagsúla rannpháirtíochta a bheith i gceist le rannpháirtíocht le ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais, amhail seisiúin faisnéise, comhairliúchán nó rannpháirtíocht, agus d'fhéadfadh sé go dtarlódh sí ag eatraimh éagsúla.
AR 3 i gcás mhír 14 **(Sásra casaoide)**	Is féidir na 'critéir éifeachtachta le haghaidh ***sásraí casaoide*** neamhbhreithiúnacha', mar a leagtar amach i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, go háirithe Prionsabal 31, a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbealaí. Má tá ***beartais*** ag an ngnóthas chun daoine aonair a úsáideann na bealaí sin a chosaint ar fhrithbheart, lena n-áirítear ***ionadaithe oibrithe***, agus má nochtar iad faoi CETI G1-1, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don nochtadh sin.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le truailliú*

16. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí agus ar na príomhacmhainní a úsáidtear chun a ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha dearfacha agus diúltacha a bhaineann lena ***lucht saothair dílis*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-A.

17. I ndáil le ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha ar a ***lucht saothair dílis***, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar an méid seo a leanas:

(a) a ***phríomhghníomhaíochtaí*** a rinneadh, atá beartaithe nó atá ar bun chun tionchair dhiúltacha ábhartha ar a lucht saothair dílis a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a leigheas, lena n-áirítear a chur chuige i gcásanna ina dtagann teannas chun cinn idir gníomhaíochtaí den sórt sin agus brúnna gnó eile; agus

(b) an dóigh a ndéanann sé rianú agus measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin maidir le torthaí a bhaint amach dá lucht saothair dílis. Is féidir an nochtadh sin a fhágáil ar lár má nochtann an gnóthas conas a rianaíonn sé éifeachtacht a ghníomhaíochtaí i gcomhréir le CETI 2 GDR-T nó GDR-M. Sa chás sin, is leor tagairt don nochtadh sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 4 i gcás mhír 17 **(Príomhghníomhaíochtaí)**	Tá na ***gníomhaíochtaí*** a dhéanann an gnóthas éagsúil ag brath ar a nasc leis an ***tionchar*** agus ar an gcaoi ar shainaithin sé go bhfuil na gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair ábhartha. Tá feidhm ag an gceanglas maidir le nochtadh seo freisin maidir le príomhghníomhaíochtaí chun ***leigheas*** a sholáthar, chun comhoibriú ina leith nó chun é a chumasú i gcás tionchair dhiúltacha iarbhír. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí chun tionchair a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a leigheas tá úsáid cineálacha éagsúla ***giarála*** agus/nó gníomhaíochtaí comhchoiteanna arna ndéanamh trí thionscnaimh ilpháirtithe leasmhara agus/nó tionscnaimh tionscail.
AR 5 i gcás mhír 17 **(An t-aistriú aeráide)**	Cuirfidh an gnóthas a ***ghníomhaíochtaí*** i láthair ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** tuiscint a bheith acu ar na naisc atá ann idir ***topaicí*** éagsúla i gcomhréir le Caibidlí 3.3 agus 9.1 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*. Tá feidhm aige sin maidir le bearta a dhéantar chun ***tionchair*** dhiúltacha ar a ***lucht saothair dílis*** a mhaolú, ar tionchair iad a d'fhéadfadh eascairt as an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. Mar shampla, d'fhéadfadh íos-scálú nó oll-dífhostú tarlú nuair a dhúntar monarcha, agus d'fhéadfadh bearta amhail socrúcháin laistigh de chuideachta nó pleananna luathscoir a mbeadh tionchar acu ar na ***fostaithe*** a bheith mar thoradh air sin.

Méadracht agus spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-4 – *Beartais a bhaineann le lucht saothair dílis*

18. Nochtfaidh an gnóthas spriocanna cáilíochtúla agus/nó cainníochtúla a bhaineann lena ***lucht saothair dílis*** i gcomhréir le CETI 2 GDR-T.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 6 i gcás mhír 18 **(Feidhmíocht rianaithe)**	Is féidir le rannpháirtíocht le ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais nó le ***hionadaithe oibrithe*** an ghnóthais bonn eolais a chur faoi rianú agus measúnú an ghnóthais ar éifeachtacht a ***ghníomhaíochtaí*** a nochtar faoi mhír 17(b), lena n-áirítear ***méadracht*** a fhorbairt, spriocanna a shocrú agus/nó feidhmíocht a rianú in aghaidh na méadrachta agus na ***spriocanna*** sin. Go háirithe, i ndáil le feidhmíocht a rianú, is féidir leis an rannpháirtíocht sin bonn eolais a chur faoin tuiscint ar éifeachtacht bhainistiú an ghnóthais ar ***thionchair*** dhiúltacha ábhartha agus sainaithint na gceachtanna a foghlaimíodh nó na bhfeabhsuithe.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-5 – *Saintréithe fhostaithe an ghnóthais*

19. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo léargas a thabhairt ar chur chuige an ghnóthais maidir le cleachtais fostaíochta, lena n-áirítear slándáil fostaíochta dá ***lucht saothair dílis***. Feidhmíonn sé freisin mar bhonn chun ***méadracht*** chainníochtúil áirithe a leagtar síos mar cheanglas le Ceanglais eile maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo a ríomh agus soláthraíonn sé faisnéis chomhthéacsúil le haghaidh na méadrachta sin.

20. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) an líon iomlán ***fostaithe*** atá ann de réir an lín daoine, mar aon le hidirdhealú de réir inscne;

(b) an líon fostaithe de réir an lín daoine i gcás gach ceann de na tíortha ina bhfuil 50 fostaí nó níos mó aige agus arb iad na deich dtír is mó iad i dtéarmaí an lín fostaithe;

(c) an líon iomlán de na daoine seo a leanas de réir an lín daoine aonair nó de réir coibhéis lánaimseartha:

i. fostaithe buana agus miondealú de réir inscne;

ii. fostaithe sealadacha agus miondealú de réir inscne;

iii. fostaithe a bhfuil uaireanta neamhráthaithe acu;

(d) ráta athraithe na bhfostaithe buana sa tréimhse thuairiscithe; agus

(e) míniú cáilíochtúil i gcás ina bhfuil neamhréir idir an fhaisnéis a thuairiscítear faoi phointe (a) thuas agus an uimhir is ionadaíche a thuairiscítear sna ráitis airgeadais.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 7 i gcás mhír 20(b) **(Sainmhíniú ar chineálacha éagsúla fostaithe)**	Tá na sainmhínithe ar fhostaithe buana, fostaithe sealadacha agus ***fostaithe a bhfuil uaireanta neamhráthaithe acu*** éagsúil ó thír go tír. Má tá ***fostaithe*** ag an ngnóthas i níos mó ná tír amháin, úsáidfidh sé na sainmhínithe de réir dhlíthe náisiúnta na dtíortha ina bhfuil na fostaithe bunaithe chun sonraí ar leibhéal tíre a ríomh. Déanfar sonraí ar leibhéal tíre a shuimiú ansin chun an líon iomlán a ríomh.
AR 8 i gcás mhír 20 **(Faisnéis faoin gcomhthéacs modheolaíochta)**	I gcomhréir le CETI 2 GDR-M, nochtfaidh an gnóthas an modh a úsáidtear chun sonraí ***fostaithe*** a ríomh agus a thiomsú (mar shampla, ag deireadh na bliana tuairiscithe nó mar mheán) agus soláthróidh sé faisnéis chomhthéacsúil.

AR 9 i gcás mhíreanna 20(a) agus 20(b)

(Táblaí cur i láthair – an líon fostaithe)

Cuirfidh an gnóthas na nochtaí a iarradh i láthair i bhformáid insinte nó sna formáidí tábla seo a leanas.

Tábla

Teimpléad chun faisnéis maidir leis an líon fostaithe de réir inscne a chur i láthair

Inscne	An líon fostaithe (an líon daoine) – an tréimhse thuairiscithe reatha	An líon fostaithe (an líon daoine) – an tréimhse thuairiscithe roimhe sin
Fireann		
Baineann		
Eile		
Níor tuairiscíodh		
An líon iomlán fostaithe		

I roinnt Ballstát, is féidir le daoine iad féin a chlárú go dleathach mar dhaoine a bhfuil tríú hinscne acu, agus a aicmítear mar 'eile' sa tábla thuas. Mar sin féin, mura gceadaítear an tríú hinscne leis an dlí, féadfaidh an gnóthas é sin a mhíniú agus a léiriú nach bhfuil an chatagóir 'eile' infheidhme.

Tábla 2

Teimpléad chun an líon fostaithe a chur i láthair de réir an lín daoine i gcás gach ceann de na tíortha ina bhfuil 50 fostaí nó níos mó aige agus arb iad na deich dtír is mó iad i dtéarmaí an lín fostaithe

Tír	An líon fostaithe (an líon daoine) – an tréimhse thuairiscithe reatha	An líon fostaithe (an líon daoine) – an tréimhse thuairiscithe roimhe sin
Tír A		
Tír B		
Tír C		
Tír D		

AR 10 i gcás mhír 20(c)

(Tábla cur i láthair – miondealú ar an líon fostaithe)

Cuirfidh an gnóthas an fhaisnéis i láthair mar théacs insinte nó trí úsáid a bhaint as an tábla seo a leanas.

Tábla 3

Teimpléad chun faisnéis maidir le fostaithe a chur i láthair de réir an chineáil conartha, arna mhiondealú de réir inscne (an líon daoine nó FTE)

BAINEANN	FIREANN	EILE*	NÍOR TUAIRISCÍODH	IOMLÁN
An líon fostaithe buana (an líon daoine/FTE) – An tréimhse thuairiscithe reatha				
An líon fostaithe buana (an líon daoine/FTE) – An tréimhse thuairiscithe roimhe sin				
An líon fostaithe sealadacha (an líon daoine/FTE) – An tréimhse thuairiscithe reatha				

	An líon fostaithe sealadacha (an líon daoine/FTE) – An tréimhse thuairiscithe roimhe sin				
	An líon fostaithe uaireanta neamhráthaithe (an líon daoine/FTE)				
	neamhbhaint-each	**neamhbhaint-each**	**neamhbhaint-each**	**neamhbhainteach**	
	I roinnt Ballstát, is féidir le daoine clárú go dleathach mar dhaoine a bhfuil tríú hinscne aige, agus a aicmítear mar 'eile' sa tábla thuas. Mar sin féin, mura gceadaítear an tríú hinscne leis an dlí, féadfaidh an gnóthas é sin a mhíniú agus a léiriú nach bhfuil an chatagóir 'eile' infheidhme.				
	I roinnt tíortha, féadfar conarthaí uaireanta neamhráthaithe a mheas mar chonarthaí buana nó sealadacha i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta.				
AR 11 i gcás mhír 20(d) **(Ráta athraithe na bhfostaithe a ríomh)**	Chun ráta athraithe na bhfostaithe a ríomh, déanfaidh an gnóthas an líon fostaithe a fhágann go deonach nó mar gheall ar dhífhostú, scor nó bás i seirbhís a roinnt ar an meánlíon fostaithe.				

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-6 – *Saintréithe oibrithe nach fostaithe iad i lucht saothair dílis an ghnóthais*

21. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar an méid a bhraitheann an gnóthas ar ***oibrithe nach fostaithe iad*** mar chuid dá ***lucht saothair dílis***.

22. Nochtfaidh an gnóthas an líon iomlán ***oibrithe nach fostaithe iad*** i ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 12 i gcás mhír 22 **(Breithnithe ábharthachta le haghaidh oibrithe nach fostaithe iad)**	Tá an Ceanglas maidir le Nochtadh seo infheidhme má tá baint ag ***oibrithe nach fostaithe iad*** atá i ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais le ***tionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhaineann leis an lucht saothair dílis. Tagann an cás sin chun cinn má tá oibrithe nach fostaithe iad ríthábhachtach do ***shamhail ghnó*** an ghnóthais, mar shampla má úsáidtear iad chun saothar solúbtha a sholáthar nó má úsáidtear iad i gcroíphróisis. D'fhéadfadh ***spleáchais*** ar oibrithe nach fostaithe iad mar gheall ar an tsamhail ghnó a bheith ina riosca don ghnóthas, go háirithe má tá méadú ag teacht ar an spleáchas ar oibrithe neamhfhostaithe, mar shampla mar gheall ar athruithe ar rialacháin maidir leis an margadh saothair. Is féidir úsáid oibrithe nach fostaithe iad a bheith bainteach freisin le tionchair dhiúltacha ábhartha más cion substaintiúil de lucht saothair dílis an ghnóthais iad oibrithe nach fostaithe iad nó más rud é go bhfuil tionchair dhiúltacha fhéideartha nó fíorthionchair dhiúltacha ábhartha i ndáil le hoibrithe nach fostaithe iad.
AR 13 i gcás mhír 22 **(An modh ríofa agus úsáid meastachán)**	Ríomhfar an líon iomlán ***oibrithe nach fostaithe iad*** i dtéarmaí an lín daoine nó coibhéisí lánaimseartha (FTE), agus tuairisceofar é ó dheireadh na tréimhse tuairiscithe nó mar mheán i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe ar fad. Míniú a thabhairt ar cé acu de na roghanna sin a roghnaigh an gnóthas a d'fhéadfadh a bheith ina bhfaisnéis chomhthéacsúil ábhartha. Mura féidir leis an ngnóthas figiúirí beachta a thuairisciú, cuirfidh sé na forálacha in CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta* maidir le meastacháin i bhfeidhm.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-7 – *Cumhdach cómhargála agus idirphlé sóisialta*

23. Is é is cuspóir don Cheanglas seo maidir le Nochtadh tuiscint a chumasú ar chumhdach comhaontuithe ***cómhargála*** agus idirphlé sóisialta d'***fhostaithe*** dílse an ghnóthais.

24. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le ***cómhargáil***:

(a) céatadán iomlán a ***fhostaithe*** a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála;

(b) sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE), cé acu atá nó nach bhfuil comhaontú cómhargála amháin nó níos mó aige agus, má tá, céatadán foriomlán a fhostaithe a chumhdaítear leis an gcomhaontú nó leis na comhaontuithe sin do gach tír ina bhfuil fostaíocht shuntasach aige, arb iad tíortha LEE iad a nochtar i mír 20(b) thuas; agus

(c) lasmuigh de LEE, an céatadán dá fhostaithe atá cumhdaithe ag comhaontuithe cómhargála de réir réigiúin.

25. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas i ndáil le ***hidirphlé sóisialta*** le haghaidh thíortha LEE:

(a) céatadán na ***bhfostaithe*** atá cumhdaithe ag ***ionadaithe oibrithe***, arna dtuairisciú ar leibhéal na tíre do gach tír LEE ina bhfuil fostaíocht shuntasach ag an ngnóthas, arna ríomh i gcomhréir le mír 24(b) thuas; agus

(b) aon chomhaontú a bheith ann lena chuid fostaithe maidir le hionadaíocht ó Chomhairle Oibreacha Eorpacha, Comhairle Oibreacha Societas Europaea (SE), nó Comhairle Oibreacha Societas Cooperativa Europaea.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 14 i gcás mhír 24(a)

(Cumhdach cómhargála a ríomh)

Ríomhfar céatadán na ***bhfostaithe*** a chumhdaítear le ***comhaontuithe cómhargála*** ag úsáid na foirmle seo a leanas, bunaithe ar an líon fostaithe:

$$\frac{\textit{An líon fostaithe a chumhdaítear le comhaontuithe cómhargála}}{\textit{An líon fostaithe}} \times 100$$

Is iad na fostaithe i ***lucht saothair an ghnóthais féin*** atá cumhdaithe ag comhaontuithe cómhargála na daoine aonair sin a bhfuil oibleagáid ar an ngnóthas an comhaontú a chur i bhfeidhm ina leith. Ciallaíonn sé sin, mura gcumhdaítear aon duine de na fostaithe le comhaontú cómhargála, is é nialas an céatadán a thuairiscítear. Ní gá fostaí i bhfórsa saothair an ghnóthais féin atá cumhdaithe ag níos mó ná comhaontú cómhargála amháin a áireamh ach uair amháin.

AR 15 i gcás mhíreanna 24 agus 25

(Tábla cur i láthair – cumhdach cómhargála)

Cuirfidh an gnóthas an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le míreanna 24(b) agus 24(c) i láthair i bhformáid insinte nó trí úsáid a bhaint as an tábla thíos.

Tábla 4

Teimpléad tuairiscithe le haghaidh cumhdach cómhargála agus idirphlé sóisialta

	Cumhdach na Cómhargála				Idirphlé sóisialta	
Ráta Cumhdaigh	Fostaithe – LEE (le haghaidh thíortha le > 50 fostaí san áireamh sna deich dtír is mó)		Fostaithe – Neamh-LEE		Ionadaíocht san áit oibre (LEE amháin) (le haghaidh thíortha LEE ina bhfuil > 50 fostaí san áireamh sna deich dtír is mó)	
	An tréimhse thuairiscithe reatha	An tréimhse thuairiscithe roimhe sin	An tréimhse thuairiscithe reatha	An tréimhse thuairiscithe roimhe sin	An tréimhse thuairiscithe reatha	An tréimhse thuairiscithe roimhe sin
0–19 %			Réigiún A			
20-39 %	Tír A		Réigiún B			
40-59 %	Tír B				Tír A	
60-79 %					Tír B	
80-100 %						

AR 16 i gcás mhír 25(a) **(Cumhdach an idirphlé shóisialta a ríomh)**	Chun an fhaisnéis a ríomh a leagtar síos mar cheanglas le mír 25(a), sainaithneoidh an gnóthas cé na tíortha LEE ina bhfuil fostaíocht shuntasach aige. I gcás gach ceann de na tíortha sin, tuairisceoidh sí céatadán na bh***fostaithe*** sa tír sin atá fostaithe i mbunaíochtaí ina ndéanann ***ionadaithe oibrithe*** ionadaíocht ar fhostaithe. Sainmhínítear 'bunaíocht' mar aon áit oibríochtaí ina ndéanann an gnóthas gníomhaíocht eacnamaíoch, nach bhfuil neamhbhuan, le modhanna daonna agus earraí. I measc na samplaí tá: monarcha, brainse de shreangshiopa miondíola, nó ceanncheathrú ghnóthais. I gcás tíortha nach bhfuil ach bunaíocht amháin iontu, is é 100 % nó 0 % an céatadán a thuairisceofar.
	$\frac{\text{An líon fostaithe atá ag obair i mbunaíochtaí ina bhfuil ionadaithe oibrithe}}{\text{An líon fostaithe}} \times 100$

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-8 – *Éagsúlacht inscne san ardbhainistíocht*

26. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint ar éagsúlacht inscne a chumasú ar leibhéal na hardbhainistíochta.

27. Nochtfaidh an gnóthas an dáileadh inscne de réir lín (líon daoine) agus céatadáin ar leibhéal na hardbhainistíochta.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I BHFEIDHM

AR 17 i gcás mhír 27 **(Dáileadh inscne a ríomh ar leibhéal na hardbhainistíochta)**	Chun an dáileadh inscne a ríomh ar leibhéal na hardbhainistíochta, sainmhínítear 'ardbhainistíocht' mar an dá leibhéal faoi bhun na gcomhlachtaí riaracháin agus maoirseachta. De rogha air sin, féadfaidh an gnóthas a shainmhíniú féin ar 'ardbhainistíocht' a úsáid, agus sa chás sin nochtfaidh sé an sainmhíniú a d'úsáid sé.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-9 – *Pá leordhóthanach*

28. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar cé acu a íoctar nó nach n-íoctar ***pá leordhóthanach*** le ***fostaithe*** an ghnóthais agus ar an tagarmharc a úsáideann an gnóthas dá mheasúnú.

29. Nochtfaidh an gnóthas cé acu a íoctar nó nach n-íoctar ***pá leordhóthanach*** lena ***fhostaithe*** agus an tagarmharc nó na tagarmharcanna a úsáideann sé chun pá leordhóthanach a chinneadh mar aon le léiriú ar na tíortha a n-úsáidtear tagarmharc ar leith ina leith. Mura n-íoctar pá leordhóthanach le fostaithe, nochtfaidh an gnóthas na tíortha agus céatadán na bhfostaithe lena mbaineann.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 18 i gcás mhír 29 **(Pá leordhóthanach)**	Má íoctar ***pá leordhóthanach*** le gach ***fostaí***, is leor é sin lua agus na tagarmharcanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh air a lua chun an ceanglas sin a chomhlíonadh.

AR 19 i gcás mhír 29 **(Pá leordhóthanach a ríomh)**	Is é bunús an ríomha sin an ***pá*** is ísle i measc ***fhostaithe*** an ghnóthais, gan intéirnigh agus printísigh a áireamh. Ciallaíonn sé sin bunphá móide aon íocaíocht sheasta bhreise a ráthaítear do gach fostaí. Déanfar an pá is ísle a bhreithniú ar leithligh le haghaidh gach tíre ina bhfuil oibríochtaí ag an ngnóthas, ach amháin i gcás ina sainmhínítear an pá íosta nó an pá leordhóthanach ábhartha ar leibhéal fonáisiúnta.
AR 20 i gcás mhír 29 **(Tagarmharcanna pá leordhóthanacha)**	An tagarmharc ***pá leordhóthanach*** a úsáidtear chun comparáid a dhéanamh leis an bpá is ísle, ní bheidh sé níos ísle ná: (a) san Aontas: an leibhéal pá arna bhunú trí ***chómhargáil*** nó an pá íosta reachtúil arna shocrú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2041 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas; (b) lasmuigh den Aontas Eorpach: i. an pá íosta leordhóthanach, arna bhunú le reachtaíocht nó le cómhargáil, lena gcuirtear caighdeán cuibhiúil maireachtála ar fáil agus prionsabail EIS á gcur san áireamh maidir le meastachán a dhéanamh ar íosphá maireachtála mar íosleibhéal (gan dochar do chaighdeáin níos airde maidir le leordhóthanacht pá); nó ii. aon mheastachán ar íosphá maireachtála, lena n-áirítear meastacháin arna dtáirgeadh ag EIS nó ag institiúid arna sainordú ag údaráis phoiblí na tíre ina bhfuil na hoibrithe bunaithe, ina gcuirtear san áireamh prionsabail EIS maidir le meastachán a dhéanamh ar íosphá maireachtála.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-10 – *Cosaint shóisialta*

30. Is é cuspóir an Cheanglais seo maidir le Nochtadh ná tuiscint a chumasú ar cé acu atá nó nach bhfuil ***fostaithe*** an ghnóthais cumhdaithe ag ***cosaint shóisialta*** in aghaidh caillteanas ioncaim mar gheall ar mhórtheagmhais saoil, agus, mura bhfuil, na tíortha nach bhfuil siad cosanta iontu.

31. Mura bhfuil ***cosaint shóisialta*** ag ***fostaithe*** an ghnóthais trí chláir phoiblí nó trí shochair a thairgeann an gnóthas féin, nochtfaidh sé na tíortha oibríochta nach gcumhdaítear na mórtheagmhais saoil seo a leanas le cláir cosanta sóisialta atá ann cheana:

(a) breoiteacht;

(b) dífhostaíocht a thosaíonn agus an ***fostaí*** ag obair don ghnóthas;

(c) díobháil fostaíochta agus míchumas a fuarthas; agus

(d) saoire mháithreachais.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-11 – *Daoine faoi mhíchumas*

32. Is é cuspóir an Cheanglais seo maidir le Nochtadh tuiscint a chumasú ar a mhéid a áirítear ***daoine faoi mhíchumas*** i measc ***fhostaithe*** an ghnóthais.

33. Nochtfaidh an gnóthas céatadán na n***daoine faoi mhíchumas*** i measc a chuid ***fostaithe*** faoi réir srianta dlíthiúla ar bhailiú sonraí.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 21 i gcás mhír 33 **(Bailiú sonraí do dhaoine faoi mhíchumas)**	Leis an gCeanglas maidir le Nochtadh i ndáil le ***daoine faoi mhíchumas***, ní cheanglaítear ar an ngnóthas ach sonraí is féidir a bhailiú go dleathach a thuairisciú. Braitheann stádas míchumais ar shainmhínithe dlíthiúla náisiúnta, ach féadfaidh an gnóthas an sainmhíniú céanna a úsáid ar fud na dtíortha éagsúla ina n-oibríonn sé nó ina bhféadfaidh sé sainmhínithe náisiúnta is infheidhme a úsáid. I gcomhréir le CETI 2 GDR-M, nochtfaidh an gnóthas an mhodheolaíocht ríofa, na cineálacha sonraí agus na foinsí a úsáidtear mar ionchur. D'fhéadfadh suirbhéanna deonacha ***fostaithe*** nó faisnéis ó chuótaí sainordaitheacha míchumais arna dtuairisciú ag an ngnóthas, mar shampla, a bheith i gceist leis sin.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-12 – *Méadracht oiliúna agus forbartha scileanna*

34. Is é cuspóir an Cheanglais seo maidir le Nochtadh tuiscint a chumasú ar na gníomhaíochtaí ***oiliúna*** agus forbartha scileanna a tairgeadh d'***fhostaithe***, laistigh de chomhthéacs an fháis ghairmiúil leanúnaigh, chun scileanna fostaithe a uasghrádú agus chun infhostaitheacht leanúnach a éascú.

35. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe:

(a) céatadán na bh***fostaithe*** a ghlac páirt in athbhreithnithe rialta feidhmíochta agus forbartha gairme; agus

(b) meánlíon na n-uaireanta ***oiliúna*** in aghaidh an fhostaí.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 22 i gcás mhír 35(a) **(Athbhreithniú ar fheidhmíocht ríofa)**	Sainmhínítear athbhreithniú foirmeálta ar fheidhmíocht agus fhorbairt gairme mar athbhreithniú bunaithe ar chritéir atá ar eolas ag an bh***fostaí*** agus ag a oifigeach uachtarach nó ag a hoifigeach uachtarach agus a dhéantar uair sa bhliain ar a laghad, agus fios a bheith ag an bhfostaí go bhfuil an t-athbhreithniú á dhéanamh. Is féidir a áireamh san athbhreithniú meastóireacht ag an bh***fostaí*** uachtarach díreach, piaraí, nó réimse níos leithne d'fhostaithe. Is féidir go mbeidh an roinn acmhainní daonna páirteach san athbhreithniú freisin. D'fhonn an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le mír 35(a) a nochtadh, úsáidfidh an gnóthas figiúirí an lín fostaithe ó CETI S1-5 san ainmneoir mar a leanas: (*an líon fostaithe a ghlac páirt in athbhreithnithe rialta feidhmíochta agus forbartha gairme / an líon fostaithe de réir* $S1-5) * 100$.
AR 23 i gcás mhír 35(b) **(Meánuaireanta oiliúna a ríomh)**	Déanfar meánlíon na n-uaireanta ***oiliúna*** a leagtar síos mar cheanglas le mír 35(b) a ríomh mar a leanas: líon iomlán na n-uaireanta oiliúna a thairgtear ***d'fhostaithe*** agus a chuireann siad i gcrích roinnte ar líon iomlán na bhfostaithe. Chun na meánuaireanta oiliúna iomlána a ríomh, úsáidfear figiúirí an lín foirne le haghaidh na fostaíochta iomláine a thuairiscítear in CETI S1-5.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-13 – *Méadracht sláinte agus sábháilteachta*

36. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar chumhdach, cáilíocht agus feidhmíocht an ***chórais bainistithe sábháilteachta agus sláinte ceirde*** a bunaíodh chun tionóiscí, drochshláinte agus básanna a bhaineann leis an obair a chosc.

37. Nochtfaidh an gnóthas an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe:

(a) céatadán na ndaoine ina **lucht saothair dílis** atá cumhdaithe ag **córas bainistithe sábháilteachta agus sláinte ceirde** an ghnóthais bunaithe ar cheanglais dlí agus/nó caighdeáin nó treoirlínte aitheanta ([69]);

(b) faoi réir srianta dlíthiúla, suim na méideanna seo a leanas:

i. an líon básanna ó ***thionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair*** i measc gach duine i lucht saothair dílis an ghnóthais chomh maith le hoibrithe a oibríonn ar ***láithreáin*** an ghnóthais, ach nach cuid dá lucht saothair dílis iad; agus

ii. an líon básanna de dheasca ***drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair*** i measc a ***fhostaithe***;

([69]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchar príomha mar a leagtar amach le táscaire #1 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Infheistíochtaí i gcuideachtaí nach bhfuil beartais acu chun tionóiscí tionsclaíochta a chosc').

(c) an líon agus an ráta tionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair i measc a lucht saothair dhílis; ([70])

(d) maidir le fostaithe an ghnóthais, an líon cásanna drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair, faoi réir srianta dlíthiúla ar bhailiú sonraí; agus

(e) maidir le fostaithe an ghnóthais, an líon laethanta a cailleadh de dheasca tionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair agus drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair. ([71])

Má mheasann an gnóthas go bhfuil CETI S1-6 ábhartha, áireoidh sé freisin san fhaisnéis faoi phointí (b)(i) agus (c) na cásanna i measc na n-***oibrithe nach fostaithe iad*** ina lucht saothair dílis. I gcás inarb infheidhme, déanfar an fhaisnéis sin a mhiondealú idir fostaithe agus oibrithe nach fostaithe iad.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 24 i gcás mhír 37(a) **(Cumhdach córais bainistithe sábháilteachta agus sláinte ceirde)**	An céatadán de ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais a chumhdaítear lena ***chóras bainistithe sábháilteachta agus sláinte ceirde***, nochtfar é ar bhonn an lín daoine seachas ar bhonn coibhéiseach lánaimseartha.
AR 25 i gcás mhír 37(c) **(Timpistí intaifeadta a bhaineann leis an obair a ríomh)**	Agus ráta na ***dtionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair*** á ríomh, roinnfidh an gnóthas líon na gcásanna ar líon iomlán na n-uaireanta an chloig a d'oibrigh daoine ina ***lucht saothair dílis***, arna iolrú faoi 1 000 000. Is ionann sin agus líon na gcásanna in aghaidh an mhilliúin uair an chloig a oibríodh agus comhfhreagraíonn sé, a bheag nó a mhór, d'iomlán na n-uaireanta an chloig a d'oibrigh 500 oibrí lánaimseartha in aon bhliain amháin. Má shainmhínítear 'tionóiscí a bhaineann leis an obair' sa dlí náisiúnta sna tíortha ina n-oibríonn ***fostaithe*** an ghnóthais ar bhealach atá éagsúil leis an sainmhíniú i nGluais CETI ar 'tionóisc intaifeadta a bhaineann leis an obair', féadfaidh an gnóthas an sainmhíniú náisiúnta a úsáid. Sa chás sin, nochtfaidh sé an méid sin i gcomhréir le CETI 2 GDR-M. Má úsáideann an gnóthas meastacháin, úsáidfidh sé gnáthuaireanta nó uaireanta caighdeánacha oibre, ag cur san áireamh teidlíochtaí tréimhsí saoire íoctha ón obair (mar shampla, saoire íoctha, saoire bhreoiteachta íoctha, laethanta saoire poiblí) agus míneoidh sé é sin ina nochtaí.
AR 26 i gcás mhír 37(c) **(Básanna ó thionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair)**	Áirítear san fhigiúr seo básanna a eascraíonn as ***tionóiscí intaifeadta a bhaineann leis an obair***.
AR 27 i gcás mhír 37(d) **(Cásanna maidir le drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair)**	Tagraíonn 'cásanna drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair' i mír 37(d) do chásanna drochshláinte a bhaineann leis an obair ar chuir na daoine, na gníomhaireachtaí cúitimh nó na gairmithe cúraim sláinte dá ndéantar difear an gnóthas ar an eolas fúthu nó do chásanna a shainaithin sé trí fhaireachas leighis le linn na tréimhse tuairiscithe. Sa chomhthéacs sin, cumhdaítear neamhoird mhatánchnámharlaigh a bhaineann leis an obair faoi dhrochshláinte a bhaineann leis an obair (agus ní faoi thionóiscí a bhaineann leis an obair).

([70]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha a leagtar amach le táscaire #2 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaca le rialacha maidir le nochtadh i dtaobh infheistíochtaí inbhuanaithe ('An ráta timpistí') agus riarthóirí tagarmharcanna chun tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach le táscaire 'Meánchóimheas ualaithe timpistí, díobhálacha, básanna' i Ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.

([71]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #3 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('An líon laethanta a cailleadh de dheasca díobhálacha, timpistí, básanna nó tinnis').

AR 28 i gcás mhír 37(e) **(Laethanta caillte)**	Áireofar ar an líon laethanta a cailleadh an chéad lá iomlán agus an lá deireanach neamhláithreachta. Úsáidfear laethanta féilire don chomhaireamh. Dá bhrí sin, áireofar laethanta nach bhfuil an duine aonair lena mbaineann sceidealaithe le haghaidh oibre (mar shampla ag an deireadh seachtaine, laethanta saoire poiblí) mar laethanta caillte.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-14 – *Méadracht maidir le cothromaíocht oibre agus saoil*

38. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a fháil ar theidlíocht ***fhostaithe*** an ghnóthais ***saoire a bhaineann leis an teaghlach*** a thógáil, lena n-áirítear saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire do thuismitheoirí agus saoire cúramóirí.

39. Nochtfaidh an gnóthas céatadán na ***bhfostaithe*** atá i dteideal ***saoire a bhaineann leis an teaghlach*** a thógáil le linn na tréimhse tuairiscithe.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 29 i gcás mhír 39 (Teidlíocht chun saoire teaghlaigh)	Má tá ***fostaithe*** uile an ghnóthais i dteideal gach ceann de na ceithre chineál ***saoire a bhaineann leis an teaghlach*** trí ***bheartas*** sóisialta agus/nó comhaontuithe ***cómhargála***, is leor an céatadán foriomlán a nochtadh chun mír 39 a chomhlíonadh. Le faisnéis chomhthéacsúil, de réir CETI 2 GDR-M, féadfar aghaidh a thabhairt ar na cineálacha teidlíochtaí saoire a bhaineann leis an teaghlach, mar shampla, i gcás nach bhfuil fostaithe an ghnóthais i dteideal ach dhá cheann de na ceithre chineál.
AR 30 i gcás mhír 39 **(Fostaithe atá i dteideal saoire teaghlaigh)**	Chun críocha mhír 39, is iad na **fostaithe** atá i dteideal ***saoire ar chúiseanna teaghlaigh*** na fostaithe sin a chumhdaítear le rialacháin, ***beartais*** eagraíochtúla, comhaontuithe, conarthaí nó comhaontuithe ***cómhargála*** ina bhfuil teidlíochtaí saoire a bhaineann leis an teaghlach.

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-15 – *Méadracht luach saothair*

40. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a thabhairt ar an mbearna ***phá*** idir mná agus fir i measc ***fhostaithe*** an ghnóthais agus ar leibhéal an neamhionannais luacha saothair laistigh den ghnóthas.

41. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) an bhearna ***phá*** idir na hinscní, arna sainmhíniú mar an difríocht idir na meánleibhéil phá idir ***fostaithe*** baineanna agus fostaithe fireanna, arna sloinneadh mar chéatadán de mheánleibhéal pá na bhfostaithe fireanna ([72]); agus

(b) ***cóimheas luacha saothair iomlán bhliantúil*** an duine aonair is airde a íoctar leis an luach saothair iomlán airmheánach bliantúil do gach fostaí (gan an duine aonair is airde pá a áireamh) ([73]).

([72]) Tacaíonn an fhaisnéis seo leis na riachtanais faisnéise seo a leanas: rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #12 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Bearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní'); agus riarthóirí tagarmharcanna chun tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816, mar a leagtar amach leis an táscaire 'Meán ualaithe na bearna pá idir na hinscní' i Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta d'Iarscríbhinn II.

([73]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le Táscaire #8 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Cóimheas pá POF iomarcach').

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 31 i gcás mhír 41(a) **(An bhearna phá idir na hinscní a ríomh)**	Áireofar i nochtadh na bearna ***pá*** idir na hinscní i gcomhréir le mír 41(a) leibhéal comhlán pá gach ***fostaí*** fireann agus baineann in aghaidh na huaire agus déanfar é a ríomh mar a leanas: $\frac{\text{(Meánleibhéal comhlán pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fireanna – meánleibhéal comhlán pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe baineanna)}}{\text{Meánleibhéal comhlán pá in aghaidh na huaire d'fhostaithe fireanna}} \times 100$
AR 32 i gcás mhír 41(a) **(An bhearna phá idir na hinscní a ríomh)**	Agus an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le mír 41(a) á tiomsú aige, déanfaidh an gnóthas an méid seo a leanas: (a) gach ***fostaí*** fireann agus baineann a áireamh; (b) an gnáth-bhuntuarastal a áireamh; agus (c) aon luach saothair eile a chuirtear ar fáil do gach fostaí a chur san áireamh, in airgead tirim nó in íocaíocht chomhchineáil, a fhaigheann an fostaí go díreach nó go hindíreach (comhpháirteanna comhlántacha nó athraitheacha) óna fhostóir nó óna fostóir i ndáil lena fhostaíocht nó lena fostaíocht.
AR 33 i gcás mhír 41(a) **(Bearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní)**	Leagtar síos mar cheanglas le mír 41(a) go nochtfar an bhearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní, lena dtomhaistear an difríocht fhoriomlán sa ***mheánphá*** idir ***fostaithe*** fireanna agus baineanna ach nach gcuirtear san áireamh inti tosca sonracha ar féidir leo míniú breise a thabhairt ar na difríochtaí pá sin. D'fhéadfadh an bhearna phá choigeartaithe idir na hinscní de réir catagóir fostaithe agus/nó arna miondealú de réir tíre faisnéis chomhthéacsúil bhreise a sholáthar a chomhlánaíonn an bhearna phá neamhchoigeartaithe idir na hinscní.
AR 34 i gcás mhír 41(a)(b) **(Faisnéis faoin gcomhthéacs modheolaíochta)**	I gcomhréir le CETI 2 GDR-M, nochtfaidh an gnóthas an mhodheolaíocht a d'úsáid sé chun na sonraí a thiomsú agus/nó conas a tiomsaíodh na sonraí.
AR 35 i gcás mhír 41(b) **(Ríomh an luacha saothair iomláin bhliantúil)**	Agus an fhaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le mír 41(b) á tiomsú ag an ngnóthas, déanfaidh sé an méid seo a leanas: (a) ***na fostaithe*** uile a chur san áireamh; (b) tuarastal bunúsach, arb é an tsuim é de chúiteamh airgid ráthaithe, gearrthéarmach, agus neamh-inathraithe a chur san áireamh; (c) na nithe uile seo a leanas a chur san áireamh, ag brath ar ***bheartais*** luacha saothair an ghnóthais: i. sochair in airgead tirim, amhail liúntais airgid thirim, bónais, coimisiúin, comhroinnt brabúis airgid thirim agus cineálacha eile íocaíochtaí inathraithe airgid thirim; ii. sochair chomhchineáil, amhail gluaisteáin, árachas sláinte príobháideach, árachas saoil agus cláir folláine; agus iii. luach cóir iomlán na ndreasachtaí fadtéarmacha bliantúla uile (mar shampla, dámhachtainí scair-rogha, scaireanna nó aonaid stoic shrianta, scaireanna nó aonaid stoic feidhmíochta, sáilscaireanna stoic, cearta luachmhéadaithe stoic agus dámhachtainí airgid fadtéarmacha); (d) an fhoirmle seo a leanas a chur i bhfeidhm maidir leis an gcóimheas ***luach saothair iomlán bliantúil***: $\frac{\text{Luach saothair iomlán bliantúil don duine aonair is airde pá de chuid an ghnóthais}}{\text{Luach saothair iomlán bliantúil airmheánach an fhostaí (gan an duine aonair is airde pá a áireamh)}}$ -

Ceanglas maidir le Nochtadh S1-16 – *Teagmhais idirdhealaithe agus teagmhais eile maidir le cearta an duine*

42. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a thabhairt ar a mhéid a dhéanann ***teagmhais idirdhealaithe*** agus ***teagmhais eile maidir le cearta an duine*** difear do ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais.

43. I gcás ***fothopaicí*** ábhartha, nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

(a) faoi réir rialacháin phríobháideachais ábhartha, an líon ***teagmhas idirdhealaithe*** ag an obair a bhfuil bunús leo ar fhorais inscne, tionscnaimh chiníoch nó eitnigh, náisiúntachta, reiligiúin nó creidimh, míchumais, aoise, gnéaschlaonta, nó cineálacha ábhartha eile ***idirdhealaithe***, lena n-áirítear ***ciapadh***, a sainaithníodh sa tréimhse thuairiscithe ([74]);

(b) faoi réir rialacháin phríobháideachais ábhartha, an líon ***teagmhas maidir le cearta an duine*** a bhfuil bunús leo agus a bhaineann lena ***lucht saothair dílis*** arna sainaithint sa tréimhse thuairiscithe, cé is moite díobh siúd a bhaineann le hidirdhealú, a thuairiscítear de réir mhír 43(a) ([75]); agus

(c) méid iomlán na bhfíneálacha, na bpionós agus an chúitimh i leith damáistí a aithníodh le linn na tréimhse tuairiscithe sna ráitis airgeadais maidir le teagmhais idirdhealaithe agus teagmhais eile i leith chearta an duine.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 36 i gcás mhír 43(b) **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Is iad na ***teagmhais maidir le cearta an duine*** faoi raon feidhme an nochta seo na teagmhais sin a bhaineann le gan cearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, ar cearta iad a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2464 (an Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI)), Airteagal 29b(2)(b)(iii). Tuigtear gurb é atá sna teagmhais sin an líon cásanna a bhfuil bunús leo agus atá cláraithe ag gnóthas na nithe seo a leanas: (a) imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha (amhail cásanna os comhair cúirteanna agus binsí intíre, idirghabháil agus gearáin a chomhdaítear leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta d'Fhiontair Ilnáisiúnta ECFE); agus (b) teagmhais eile, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin sé trína phróisis inmheánacha. Chun críoch an nochta seo, níl le tuairisciú ach cásanna a bhfuil bunús leo agus atá fíoraithe. Tugtar bunús le cás nuair a léirítear é le faisnéis oibiachtúil, fhíorasach agus infhíoraithe. Fíoraítear cás nuair a dhéanann Cúirt, ECFE nó údarás riaracháin cinneadh foirmiúil gur tharla an cás. Ní gá gur cásanna a bhfuil bunús leo iad gach imeacht breithiúnach nó neamhbhreithiúnach atá ar siúl, agus ní gach cás eile atá cláraithe ag an ngnóthas.
AR 37 i gcás mhír 43(a) **(Teagmhais idirdhealaithe)**	Is iad na ***teagmhais idirdhealaithe*** a thagann faoi raon feidhme an nochta seo na teagmhais sin a bhaineann le ***hidirdhealú***. Tuigtear gurb é atá sna teagmhais sin an líon cásanna a bhfuil bunús leo agus atá cláraithe ag gnóthas na nithe seo a leanas: (a) imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha (amhail cásanna os comhair cúirteanna agus binsí intíre, idirghabháil agus gearáin a chomhdaítear leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta d'Fhiontair Ilnáisiúnta ECFE); agus (b) teagmhais eile, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin sé trína phróisis inmheánacha. Chun críoch an nochta seo, níl le tuairisciú ach cásanna a bhfuil bunús leo agus atá fíoraithe. Tugtar bunús le cás nuair a léirítear é le faisnéis oibiachtúil, fhíorasach agus infhíoraithe. Fíoraítear cás nuair a dhéanann Cúirt, ECFE nó údarás riaracháin cinneadh foirmiúil gur tharla an cás. Ní gá gur cásanna a bhfuil bunús leo iad gach imeacht breithiúnach nó neamhbhreithiúnach atá ar siúl, agus ní gach cás eile atá cláraithe ag an ngnóthas.

([74]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha, mar a leagtar amach le táscaire #7 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Teagmhais idirdhealaithe').

([75]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #10 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I agus le táscaire #14 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Sáruithe ar Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta' agus 'An líon cásanna sainaitheanta de shaincheisteanna agus teagmhais mhóra maidir le cearta an duine'); agus riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna chun tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach le táscaire 'An líon comhpháirteanna tagarmhairc atá faoi réir sáruithe sóisialta (dearbhuimhir agus coibhneasta arna roinnt ar gach comhpháirt tagarmhairc), dá dtagraítear i gconarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, i bprionsabail na Náisiún Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, sa dlí náisiúnta' i Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta d'Iarscríbhinn II.

AR 38 i gcás mhír 43(a) agus (b) **(Teagmhais chearta an duine agus teagmhais idirdhealaithe)**	Agus an scagaire ábharthachta faisnéise (mír 23 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*) á chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis faoi theagmhais dá dtagraítear faoi mhír 43(a) agus (b), tá measúnú an ghnóthais bunaithe go príomha ar dhéine na ***dtionchar*** ar a ***lucht saothair dílis***.
AR 39 i gcás mhír 43 **(Teagmhais chearta an duine agus teagmhais idirdhealaithe)**	Má mheasann an gnóthas go bhfuil athruithe ar ***theagmhais chearta an duine*** agus ar ***theagmhais idirdhealaithe*** ábhartha chun tuiscint a fháil ar éifeachtacht agus ar infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl***, lena n-áirítear ***sásraí casaoide***, féadfaidh sé crostagairt a dhéanamh do mhír 43(b) agus do mhír 14. I gcomhréir le CETI 2 GDR-M, nochtfaidh an gnóthas an mhodheolaíocht a d'úsáid sé chun na sonraí maidir leis na teagmhais dá dtagraítear i mír 43(a) agus (b) a thiomsú.
AR 40 i gcás mhír 43(a)(b) **(Leigheas nó gníomhaíochtaí a bhaineann le teagmhais a nochtadh)**	Féadfar crostagairt a dhéanamh d'fhaisnéis arna nochtadh i gcomhréir le CETI S1-3 don chaoi ar thug an gnóthas aghaidh ar theagmhais dá dtagraítear i mír 43(a) agus (b) nó don chaoi a bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar theagmhais den sórt sin.
AR 41 i gcás mhír 43(c) **(Nascacht le sonraí an ráitis airgeadais)**	Díorthaítear an figiúr sin ón méid airgeadaíochta a aithnítear sna ráitis airgeadais agus nochtfar é i gcomhréir le CETI 1, míreanna 115 agus 116. Tagraíonn 'fíneálacha, pionóis agus cúiteamh' dóibh siúd a fhorchuirtear ar an ngnóthas trí imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha.

CETI S2 – OIBRITHE SA SLABHRA LUACHA

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-1 – *Beartais a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha*

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-2 – *Rannpháirtíocht le hoibrithe sa slabhra luacha, bealaí a bheith ann d'oibrithe sa slabhra luacha chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl agus cineálacha cur chuige chun leigheas a fháil*

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha*

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-4 – *Spriocanna a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ábharthachta, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 Ceanglais Ghinearálta.

2. Soláthrófar faisnéis leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha* má bhaineann an ***topaic*** sin le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir maidir le nochtadh seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear san áireamh sa Chaighdeán seo na hionstraimí agus na coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus Eorpacha maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine; Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta; dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus coinbhinsiúin bhunúsacha EIS; Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Dhaoine faoi Mhíchumas; an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus Cairt Shóisialta athbhreithnithe na hEorpa; agus Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

6. Leagtar amach sa Chaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas:

   (a) dálaí oibre (lena n-áirítear ***pá leordhóthanach, cothromaíocht oibre agus saoil,*** am oibre, fostaíocht shlán, ***cosaint shóisialta***);

   (b) ***idirphlé sóisialta***, saoirse comhlachais, comhairlí oibreacha, cearta rannpháirtíochta oibrithe agus ***cómhargáil***;

   (c) sláinte agus sábháilteacht;

   (d) ***oiliúint*** agus forbairt scileanna;

   (e) éagsúlacht agus ***cóir chomhionann*** (lena n-áirítear comhionannas inscne, ***pá*** comhionann as obair ar comhionann a luach, fostaíocht agus cuimsiú ***daoine faoi mhíchumas***, neamh-idirdhealú, frithchiapadh); agus

   (f) cearta daonna eile a bhaineann le saothar (lena n-áirítear ***saothar leanaí, saothar éignithe***, príobháideachas, tithíocht leordhóthanach agus uisce agus sláintíocht).

7. Cumhdaítear leis an gCaighdeán seo gach oibrí i ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais a bhfuil tionchar ábhartha ag an ngnóthas orthu nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag an ngnóthas orthu. D'fhéadfadh ***tionchair*** den sórt sin a bheith nasctha le hoibríochtaí dílse an ghnóthais nó lena shlabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach. Áirítear leo tionchair a bhaineann le ***táirgí*** agus seirbhísí an ghnóthais, agus trína ***chaidrimh ghnó***. Cumhdaítear leis an gcaighdeán sin oibrithe nach n-áirítear i raon feidhme '***lucht saothair dílis***' mar a leagtar amach in CETI S1 *Lucht Saothair Dílis* (daoine atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas (‘***fostaithe***’) agus daoine dá ngairtear, chun críoch tuairiscithe CETI, '***oibrithe nach fostaithe iad***' i lucht saothair dílis an ghnóthais).

8. Seo a leanas samplaí d'oibrithe a d'fhéadfadh teacht faoi raon feidhme an Chaighdeáin seo:

(a) oibrithe de sheirbhísí seachfhoinsithe ag obair in ionad oibre an ghnóthais (mar shampla, lónadóireacht tríú páirtí nó oibrithe slándála);

(b) oibrithe ***soláthróra*** atá ar conradh ag an ngnóthas agus a oibríonn ar áitreabh an tsoláthróra trí úsáid a bhaint as modhanna oibre an tsoláthróra nó oibrithe eintitis 'iartheachtaigh' a cheannaíonn earraí nó seirbhísí ón ngnóthas;

(c) oibrithe soláthróra trealaimh don ghnóthas a dhéanann, in áit oibre arna rialú ag an ngnóthas, cothabháil thráthrialta ar threalamh an tsoláthróra mar a shonraítear sa chonradh idir an soláthróir trealaimh agus an gnóthas; agus

(d) oibrithe níos doimhne sa ***slabhra soláthair*** atá ag eastóscadh tráchtearraí a phróiseáiltear ina dhiaidh sin ina gcomhpháirteanna a théann i d***táirgí*** an ghnóthais.

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

9. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad seo a leanas na pointí idirghníomhaíochta idir CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile:

(a) na caighdeáin shóisialta uile, i.e. CETI S1 *Lucht Saothair Dílis*, CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*, CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear* agus CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh*, tá siad ailínithe i dtéarmaí inneachair agus struchtúir agus tá baint acu lena chéile. Cumhdaítear le CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha* na fothopaicí céanna le CETI S1 *Lucht Saothair Dílis* do na hoibrithe sin sa ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach nach bhfuil i ***lucht saothair dílis*** an ghnóthais. Tugann na nochtaí sna caighdeáin shóisialta aghaidh ar fhaisnéis ábhartha is gá chun tuairisciú a dhéanamh ar ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhaineann le gach grúpa ***páirtithe leasmhara***, lena n-áirítear i ndáil le dícheall cuí inbhuanaitheachta;

(b) idirghníomhaíonn an Caighdeán seo le CETI E1 *Athrú Aeráide* a mhéid atá an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de ina fhoinse tionchar, rioscaí agus deiseanna le haghaidh CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*; agus

(c) idirghníomhaíonn an Caighdeán seo le CETI E2 *Truailliú* a mhéid is féidir le ***truailliú*** a bheith ina chúis le ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-1 – *Beartais a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha*

10. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a ***bheartais*** chun ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhaineann le ***hoibrithe sa slabhra luacha*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-P. Luafar ann cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis na beartais sin grúpaí sonracha oibrithe sa slabhra luacha (mar shampla, aoisghrúpaí áirithe nó oibrithe i monarcha nó i dtír ar leith) nó gach oibrí sa slabhra luacha.

11. Luafaidh an gnóthas cé acu a thugann nó nach dtugann a ***bheartais*** i ndáil le ***hoibrithe sa slabhra luacha*** aghaidh ar gháinneáil ar dhaoine ([76]), ar ***shaothar éignithe*** nó ar shaothar éigeantach, agus ar ***shaothar leanaí***.

12. Luafaidh an gnóthas freisin cé acu atá nó nach bhfuil cód iompair ***soláthróra*** aige ([77]).

([76]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #11 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa próiseas agus beart chun gáinneáil ar dhaoine a chosc').

([77]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #4 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa cóid iompair soláthróra').

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 10 **(Beartais a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha)**	Samplaí de ghnéithe ***beartais*** atá le nochtadh is ea na modhanna cumarsáide a úsáideann an gnóthas chun a bheartais a chur in iúl do na daoine aonair, do na grúpaí daoine aonair nó do na heintitis a bhfuil siad ábhartha dóibh, toisc go bhfuil coinne leis go gcuirfidh siad chun feidhme iad (mar shampla, ***fostaithe***, conraitheoirí agus ***soláthróirí*** an ghnóthais), nó toisc go bhfuil leas díreach acu ina gcur chun feidhme (mar shampla, ***oibrithe sa slabhra luacha***, infheisteoirí).

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-2 – *Rannpháirtíocht le hoibrithe sa slabhra luacha, bealaí a bheith ann d'oibrithe sa slabhra luacha chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl agus cineálacha cur chuige chun leigheas a fháil*

13. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar chur chuige ginearálta an ghnóthais maidir le rannpháirtíocht le ***hoibrithe sa slabhra luacha***, lena n-áirítear infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl*** amhail ***sásraí casaoide***, agus ar a chur chuige maidir le ***leigheas***.

14. Nochtfaidh an gnóthas conas a théann sé i dteagmháil go díreach le ***hoibrithe sa slabhra luacha***, lena n-***ionadaithe dlisteanacha*** nó le ***hionadaithe inchreidte***, agus conas a chuireann peirspictíochtaí a chuid oibrithe sa slabhra luacha bonn eolais faoina chinntí nó faoina ghníomhaíochtaí atá dírithe ar na tionchair ***iarbhír*** agus ***fhéideartha*** ar oibrithe sa slabhra luacha a bhainistiú le linn na bliana tuairiscithe. Cuimseofar ansin:

(a) an chaoi a bhfaigheann an gnóthas léargas ar pheirspictíochtaí na n-oibrithe sa slabhra luacha a d'fhéadfadh a bheith an-leochaileach do thionchair agus/nó atá imeallaithe (mar shampla, oibrithe ban, oibrithe imirceacha, oibrithe faoi mhíchumas) má dhéanann an gnóthas gníomhaíocht chun na peirspictíochtaí sin a thuiscint; agus

(b) aon ***Chreat-Chomhaontú Domhanda*** nó aon toradh eile ar tháinig an gnóthas air le hionadaithe oibrithe sa slabhra luacha a bhaineann le hurraim do chearta an duine.

15. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na bealaí atá ar fáil ***d'oibrithe sa slabhra luacha*** chun a n-ábhair imní nó a riachtanais a chur in iúl go díreach dó agus tabharfaidh sé aghaidh orthu. Go háirithe, luafar ann cé acu atá nó nach bhfuil ***sásra casaoide*** i bhfeidhm aige ([78]). Míneoidh sé freisin conas a dhéanann sé measúnú ar éifeachtacht na mbealaí sin.

16. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a chur chuige ginearálta maidir le ***leigheas*** agus ar na ***próisis chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú ann*** i gcás ina raibh sé ina chúis le ***tionchar*** diúltach ábhartha ar ***oibrithe sa slabhra luacha*** nó inar rannchuidigh sé leis an tionchar sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 2 i gcás mhír 14 **(Rannpháirtíocht)**	D'fhéadfadh cineálacha éagsúla rannpháirtíochta a bheith i gceist le rannpháirtíocht le ***hoibrithe sa slabhra luacha***, amhail seisiúin faisnéise, comhairliúchán nó rannpháirtíocht, agus d'fhéadfadh sé go dtarlódh sí ag eatraimh éagsúla.
AR 3 i gcás mhír 15 **(Sásra casaoide)**	Is féidir na 'critéir éifeachtachta le haghaidh ***sásraí casaoide*** neamhbhreithiúnacha', mar a leagtar amach i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, go háirithe Prionsabal 31, a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbealaí. Má tá ***beartais*** ag an ngnóthas chun daoine aonair a úsáideann na bealaí sin a chosaint ar fhrithbheart, agus má nochtar iad faoi CETI G1-1, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don nochtadh sin.

([78]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le Táscaire #11 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa próiseas agus sásraí comhlíontachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta').

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha*

17. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na ***príomhghníomhaíochtaí*** agus ar na príomhacmhainní a úsáidtear chun a ***thionchair***, a ***rioscaí*** agus a ***dheiseanna*** ábhartha dearfacha agus diúltacha a bhaineann le ***hoibrithe sa slabhra luacha*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-A.

18. I ndáil le ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha ar ***oibrithe sa slabhra luacha***, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar an méid seo a leanas:

    (a) a ***phríomhghníomhaíochtaí*** a rinneadh, atá beartaithe nó atá ar bun chun tionchair dhiúltacha ábhartha ar oibrithe sa slabhra luacha a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a leigheas, lena n-áirítear a chur chuige i gcásanna ina dtagann teannas chun cinn idir gníomhaíochtaí den sórt sin agus brúnna gnó eile (mar shampla, i soláthar nó i ndíolacháin); agus

    (b) an chaoi a ndéanann sé rianú agus measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin maidir le torthaí a bhaint amach d'oibrithe sa slabhra luacha. Is féidir an nochtadh sin a fhágáil ar lár má nochtann an gnóthas conas a rianaíonn sé éifeachtacht a ghníomhaíochtaí i gcomhréir le CETI 2 GDR-T nó GDR-M. Sa chás sin, is leor tagairt don nochtadh sin.

19. Maidir leis na ***fothopaicí*** a mheastar a bheith ábhartha don Chaighdeán seo, faoi réir an rialacháin príobháideachais ábhartha, nochtfaidh an gnóthas ***teagmhais maidir le cearta an duine*** a bhaineann le ***hoibrithe sa slabhra luacha*** arna sainaithint sa tréimhse thuairiscithe ([79]).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 4 i gcás mhír 18 **(Príomhghníomhaíochtaí)**	Tá na ***gníomhaíochtaí*** a dhéanann an gnóthas éagsúil ag brath ar a nasc leis an ***tionchar*** agus ar an gcaoi ar shainaithin sé go bhfuil na gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair ábhartha. Tá feidhm ag an gCeanglas maidir le Nochtadh seo freisin maidir le príomhghníomhaíochtaí chun tionchair dhiúltacha iarbhír a sholáthar, chun comhoibriú ina leith nó chun ***leigheas*** a chumasú i gcás tionchair dhiúltacha iarbhír. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí chun tionchair a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a leigheas tá úsáid cineálacha éagsúla ***giarála*** nó gníomhaíochtaí comhchoiteanna arna ndéanamh trí thionscnaimh ilpháirtithe leasmhara nó tionscnaimh tionscail.
AR 5 i gcás mhír 18 **(An t-aistriú aeráide)**	Cuirfidh an gnóthas a ***ghníomhaíochtaí*** i láthair ar bhealach lena gcumasófar tuiscint a fháil ar na naisc atá ann idir ***topaicí*** éagsúla, i gcomhréir le Caibidlí 3.3 agus 9.1 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*. Tá feidhm aige sin maidir le bearta a dhéantar chun ***tionchair*** dhiúltacha ar a ***oibrithe sa slabhra luacha*** a mhaolú, ar tionchair iad a eascraíonn as an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. Mar shampla, d'fhéadfadh dúnadh mianach nó mianadóireacht mhéadaithe mianraí a bhfuil gá leo don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a bheith mar thoradh ar nuálaíocht agus athstruchtúrú. Os a choinne sin, d'fhéadfadh tionchair dhearfacha teacht as tionscnaimh amhail cleachtais cheannaigh a thabhairt cothrom le dáta nó ***oiliúint a chur ar*** oibrithe sa ***slabhra soláthair***. I measc na samplaí eile tá forbairtí seachtracha atá ann faoi láthair agus/nó a bhfuil coinne leo a mbíonn tionchar acu ar ***spleáchais*** atá ina gcúis le ***rioscaí aistrithe chóir***.
AR 6 i gcás mhír 19 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Is iad na ***teagmhais maidir le cearta an duine*** faoi raon feidhme an nochta seo na teagmhais sin a bhaineann le gan cearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, ar cearta iad a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2464 (an Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI)), Airteagal 29b (2) (b) (iii). Tuigtear gurb iad na teagmhais sin na cásanna a bhfuil bunús leo arna gclárú ag an ngnóthas maidir leis na nithe seo a leanas: (a) imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha (amhail cásanna os comhair cúirteanna agus binsí intíre, idirghabháil, gearáin a chomhdaítear leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta d'Fhiontair Ilnáisiúnta ECFE); agus (b) teagmhais eile, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin sé trína phróisis inmheánacha.

([79]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #10 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I, le táscaire #14 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Sáruithe ar Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta' agus 'An líon cásanna sainaitheanta de shaincheisteanna agus teagmhais mhóra maidir le cearta an duine'); agus riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna chun tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach le táscaire 'An líon comhpháirteanna tagarmhairc atá faoi réir sáruithe sóisialta (dearbhuimhir agus coibhneasta arna roinnt ar gach comhpháirt tagarmhairc), dá dtagraítear i gconarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, i bprionsabail na Náisiún Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, sa dlí náisiúnta' i Ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.

	Chun críoch an nochta seo, níl le tuairisciú ach cásanna a bhfuil bunús leo agus atá fíoraithe. Tugtar bunús le cás nuair a léirítear é le faisnéis oibiachtúil, fhíorasach agus infhíoraithe. Fíoraítear cás nuair a dhéanann Cúirt, ECFE nó údarás riaracháin cinneadh foirmiúil gur tharla an cás. Ní gá gur cásanna a bhfuil bunús leo iad gach imeacht breithiúnach nó neamhbhreithiúnach atá ar siúl, agus ní gach cás eile atá cláraithe ag an ngnóthas.
AR 7 i gcás mhír 19 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Agus an scagaire ábharthachta faisnéise (mír 23 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*) á chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis faoi theagmhais dá dtagraítear faoi mhír 19, tá measúnú an ghnóthais bunaithe go príomha ar dhéine na ***dtionchar*** ar a ***oibrithe sa slabhra luacha***.
AR 8 i gcás mhír 19 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Níl coinne leis go nochtfaidh an gnóthas liosta de gach ***teagmhas maidir le cearta an duine***, agus féadfaidh sé an fhaisnéis a sholáthraítear a chomhiomlánú, amhail de réir cineálacha ábhartha teagmhas agus/nó ***oibrithe sa slabhra luacha*** dá ndéantar difear.
AR 9 i gcás mhír 19 **(Crostagairt)**	Má mheasann an gnóthas go bhfuil athruithe ar ***theagmhais maidir le cearta an duine*** ábhartha chun tuiscint a fháil ar éifeachtacht agus ar infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl***, lena n-áirítear ***sásraí casaoide***, féadfaidh sé crostagairt a dhéanamh do mhír 19 agus do mhír 15. Féadfar crostagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a nochtar i gcomhréir le mír 18 don chaoi ar thug an gnóthas aghaidh ar theagmhais maidir le cearta an duine nó don chaoi a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh orthu.

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S2-4 – *Spriocanna a bhaineann le hoibrithe sa slabhra luacha*

20. Nochtfaidh an gnóthas ***spriocanna*** cáilíochtúla nó cainníochtúla a bhaineann le ***hoibrithe sa slabhra luacha*** i gcomhréir le CETI 2 GDR-T.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 10 i gcás mhír 20 **(Feidhmíocht rianaithe)**	Is féidir le rannpháirtíocht le ***hoibrithe sa slabhra luacha***, lena n-***ionadaithe dlisteanacha***, nó le ***hionadaithe inchreidte*** bonn eolais a chur faoi rianú agus measúnú an ghnóthais ar éifeachtacht a ***ghníomhaíochtaí*** a nochtar faoi mhír 18(b), lena n-áirítear ***méadracht*** a fhorbairt, spriocanna a shocrú nó feidhmíocht a rianú in aghaidh na méadrachta agus na ***spriocanna*** sin. Go háirithe, i ndáil le feidhmíocht a rianú, is féidir leis an rannpháirtíocht sin bonn eolais a chur faoin tuiscint ar éifeachtacht bhainistiú an ghnóthais ar ***thionchair*** dhiúltacha ábhartha agus sainaithint na gceachtanna a foghlaimíodh nó na bhfeabhsuithe.

CETI S3 - POBAIL DÁ NDÉANTAR DIFEAR

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-1 – *Beartais a bhaineann le pobail dá ndéantar difear*

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-2 – *Rannpháirtíocht le pobail dá ndéantar difear, bealaí a bheith ann do phobail dá ndéantar difear chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl agus cineálacha cur chuige chun leigheas a fháil*

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le pobail dá ndéantar difear*

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-4 – *Beartais a bhaineann le pobail dá ndéantar difear*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le pobail dá ndéantar difear a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ábharthachta, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 Ceanglais Ghinearálta.

2. Soláthrófar faisnéis leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear* má bhaineann an ***topaic*** seo le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir maidir le nochtadh seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear san áireamh sa Chaighdeán seo na hionstraimí agus na coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus Eorpacha maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine; Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta; agus Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach.

6. Leagtar amach sa Chaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na fothopaicí seo a leanas:

   (a) cearta eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha pobal (lena n-áirítear tionchair a bhaineann le talamh, tionchair a bhaineann le slándáil, tithíocht leordhóthanach agus bia, uisce agus sláintíocht);

   (b) cearta sibhialta agus polaitiúla pobal (lena n-áirítear saoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse comhthionóil, tionchair ar chosantóirí chearta an duine); agus

   (c) cearta na ***bpobal dúchasach*** (lena n-áirítear ***saorthoiliú feasach roimh ré (FPIC)***), féinchinntiúchán, cearta cultúrtha).

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

7. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad seo a leanas na pointí idirghníomhaíochta idir CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile:

   (a) na caighdeáin shóisialta uile, i.e. CETI S1 *Lucht Saothair Dílis*, CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*, CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear* agus CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh*, tá siad ailínithe i dtéarmaí inneachair agus struchtúir agus tá baint acu le chéile. Tugann na nochtaí sna caighdeáin shóisialta aghaidh ar fhaisnéis ábhartha is gá chun tuairisciú a dhéanamh ar ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhaineann le gach grúpa ***páirtithe leasmhara***, lena n-áirítear i ndáil le dícheall cuí inbhuanaitheachta; agus

   (b) baineann an Caighdeán seo leis na caighdeáin chomhshaoil (CETI E1 go E5) toisc go bhféadfadh tionchair ar ***phobail dá ndéantar difear*** eascairt as na tionchair, rioscaí agus deiseanna comhshaoil a nochtann an gnóthas faoi na caighdeáin sin. Mar shampla, d'fhéadfadh ***plean aistrithe*** aeráide nó bithéagsúlachta an ghnóthais difear a dhéanamh do thailte, do chríocha agus d'acmhainní nádúrtha na ***bpobal dúchasach***.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-1 – *Beartais a bhaineann le pobail dá ndéantar difear*

8. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a ***bheartais*** chun na ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhaineann le ***pobail dá ndéantar difear*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-P. Luafar ann cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis na beartais sin pobail shonracha dá ndéantar difear (mar shampla, ***pobal dúchasach*** nó pobal atá ina chónaí timpeall ar ***láithreán***) nó na pobail uile dá ndéantar difear.

9. Nochtfaidh an gnóthas aon fhorálacha ***beartais*** ar leith chun ***tionchair*** ar ***phobail dhúchasacha*** a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 8 **(Beartais a bhaineann le pobail dá ndéantar difear)**	Samplaí de ghnéithe ***beartais*** atá le nochtadh is ea na modhanna cumarsáide a úsáideann an gnóthas chun a bheartais a chur in iúl do na daoine aonair, do na grúpaí daoine aonair nó do na heintitis a bhfuil siad ábhartha dóibh, toisc go bhfuil coinne leis go gcuirfidh siad chun feidhme iad (mar shampla, ***fostaithe***, conraitheoirí agus ***soláthróirí*** an ghnóthais) nó toisc go bhfuil leas díreach acu ina gcur chun feidhme.

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-2 – *Rannpháirtíocht le pobail dá ndéantar difear, bealaí a bheith ann do phobail dá ndéantar difear chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl agus cineálacha cur chuige chun leigheas a fháil*

10. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar chur chuige ginearálta an ghnóthais maidir le rannpháirtíocht leis ***na pobail dá ndéantar difear***, lena n-áirítear infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl*** amhail ***sásraí casaoide***, agus ar a chur chuige maidir le ***leigheas***.

11. Nochtfaidh an gnóthas cé acu a théann nó nach dtéann sé i dteagmháil go díreach leis ***na pobail dá ndéantar difear***, lena n-***ionadaithe dlisteanacha***, nó le ***hionadaithe inchreidte*** agus conas a dhéanann peirspictíochtaí na bpobal dá ndéantar difear bonn eolais dá chinntí nó dá ghníomhaíochtaí atá dírithe ar na ***tionchair iarbhír*** agus na ***tionchair fhéideartha*** ar na pobail dá ndéantar difear a bhainistiú le linn na bliana tuairiscithe. Áireofar leis sin an chaoi a bhfaigheann an gnóthas léargas ar pheirspictíochtaí na bpobal dá ndéantar difear a d'fhéadfadh a bheith an-leochaileach do thionchair agus/nó atá imeallaithe (mar shampla, mná, cailíní, imircigh, ***daoine faoi mhíchumas***), má ghníomhaíonn an gnóthas chun na peirspictíochtaí sin a thuiscint.

12. I gcás inar ***pobail dhúchasacha*** iad na ***pobail dá ndéantar difear***, nochtfaidh an gnóthas conas a chuireann sé san áireamh a gcearta ar leith agus áiritheoidh sé go n-urramófar a gcearta ar leith ina chur chuige maidir le ***rannpháirtíocht*** na b***páirtithe leasmhara***, lena n-áirítear an ceart atá acu chun ***toiliú saor, roimh ré agus feasach*** maidir leis an méid seo a leanas: a maoin chultúrtha, intleachtúil, reiligiúnach agus spioradálta; gníomhaíochtaí a dhéanann difear dá dtailte agus dá gcríocha; agus bearta reachtacha nó riaracháin a dhéanann difear dóibh. I gcás ina ndéantar rannpháirtíocht le pobail dhúchasacha, nochtfaidh an gnóthas freisin cé acu a fuarthas nó nach bhfuarthas comhairle ó phobail dhúchasacha maidir le mód agus paraiméadair na rannpháirtíochta agus conas a rinneadh sin (fad agus a bhí clár oibre, cineál, agus tráthúlacht na rannpháirtíochta á ndearadh, cuir i gcás).

13. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na bealaí atá ar fáil do ***phobail dá ndéantar difear*** chun a n-ábhair imní nó a riachtanais a chur in iúl go díreach dó agus tabharfaidh sé aghaidh orthu. Go háirithe, luafar ann cé acu atá nó nach bhfuil ***sásra casaoide*** i bhfeidhm aige ([80]). Míneoidh sé freisin conas a dhéanann sé measúnú ar éifeachtacht na mbealaí sin.

14. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a chur chuige ginearálta maidir le ***leigheas*** agus ar na ***próisis chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú*** ann i gcás ina raibh sé ina chúis le ***tionchar*** diúltach ábhartha ar ***phobail dá ndéantar difear*** nó inar rannchuidigh sé leis an tionchar sin.

([80]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire sainordaitheach a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #11 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa próiseas agus sásraí comhlíontachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta').

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 2 i gcás mhír 11 **(Rannpháirtíocht)**	D'fhéadfadh cineálacha éagsúla rannpháirtíochta a bheith i gceist le rannpháirtíocht le ***pobail dá ndéantar difear***, amhail seisiúin faisnéise, comhairliúchán nó rannpháirtíocht, agus d'fhéadfadh sé go dtarlódh sí ag eatraimh éagsúla.
AR 3 i gcás mhír 12 **(Rannpháirtíocht le pobail dhúchasacha)**	Áirítear ar shamplaí den nochtadh rannpháirtíochta i mír 12 an próiseas chun toiliú a fháil ó ***phobail dhúchasacha*** agus chun caibidlíocht de mheon macánta a áirithiú i gcás ina ndéanann an gnóthas difear do thailte, do chríocha nó d'acmhainní trí athlonnú nó trí lonnaíocht.
AR 4 i gcás mhír 13 **(Sásra casaoide)**	Is féidir na 'critéir éifeachtachta le haghaidh ***sásraí casaoide*** neamhbhreithiúnacha', mar a leagtar amach i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, go háirithe Prionsabal 31, a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na ***mbealaí***. Má tá ***beartais*** ag an ngnóthas chun daoine aonair a úsáideann na bealaí sin a chosaint ar fhrithbheart, agus má nochtar iad faoi CETI G1-1, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don nochtadh sin.

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le pobail dá ndéantar difear*

15. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na ***príomhghníomhaíochtaí*** agus ar na príomhacmhainní a úsáidtear chun a ***thionchair***, a ***rioscaí*** agus a ***dheiseanna*** ábhartha dearfacha agus diúltacha a bhaineann le ***pobail dá ndéantar difear*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-A.

16. I ndáil le ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha ar ***phobail dá ndéantar difear***, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar an méid seo a leanas:

    (a) a ***phríomhghníomhaíochtaí*** a rinneadh, atá beartaithe nó atá ar bun chun tionchair dhiúltacha ábhartha ar phobail dá ndéantar difear a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a leigheas, lena n-áirítear a chur chuige i gcásanna ina dtagann teannas chun cinn idir gníomhaíochtaí den sórt sin agus brúnna gnó eile (mar shampla, a chleachtais i ndáil le pleanáil agus fáil talún nó i ndáil le saothrú agus maoiniú amhábhar); agus

    (b) an dóigh a ndéanann sé rianú agus measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí maidir le torthaí a bhaint amach do na pobail dá ndéantar difear. Is féidir an nochtadh sin a fhágáil ar lár má nochtann an gnóthas conas a rianaíonn sé éifeachtacht a ghníomhaíochtaí i gcomhréir le CETI 2 GDR-T nó GDR-M. Sa chás sin, is leor tagairt don nochtadh sin.

17. Maidir leis na ***fothopaicí*** a mheastar a bheith ábhartha don Chaighdeán seo, faoi réir an rialacháin príobháideachais ábhartha, nochtfaidh an gnóthas ***teagmhais maidir le cearta an duine*** a bhaineann le ***pobail dá ndéantar difear*** arna sainaithint sa tréimhse thuairiscithe ([81]).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 5 i gcás mhír 16 **(Príomhghníomhaíochtaí)**	Tá na ***gníomhaíochtaí*** a dhéanann an gnóthas éagsúil ag brath ar a nasc leis an ***tionchar*** agus ar an gcaoi ar shainaithin sé go bhfuil na gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair ábhartha. Tá feidhm ag an gceanglas maidir le nochtadh seo freisin maidir le príomhghníomhaíochtaí chun ***leigheas*** a sholáthar, chun comhoibriú ina leith nó chun é a chumasú i gcás tionchair dhiúltacha iarbhír. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí chun tionchair a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a leigheas tá úsáid cineálacha éagsúla ***giarála*** agus/nó gníomhaíochtaí comhchoiteanna arna ndéanamh trí thionscnaimh ilpháirtithe leasmhara agus/nó tionscnaimh tionscail.

([81]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le Táscaire #10 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I, le táscaire #14 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Sáruithe ar Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta' agus 'An líon cásanna sainaitheanta de shaincheisteanna agus teagmhais mhóra maidir le cearta an duine'); agus riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna chun tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach le táscaire 'An líon comhpháirteanna tagarmhairc atá faoi réir sáruithe sóisialta (dearbhuimhir agus coibhneasta arna roinnt ar gach comhpháirt tagarmhairc), dá dtagraítear i gconarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, i bprionsabail na Náisiún Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, sa dlí náisiúnta' i Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta d'Iarscríbhinn II.

AR 6 i gcás mhír 16 **(An t-aistriú aeráide)**	Cuirfidh an gnóthas a ***ghníomhaíochtaí*** i láthair ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas ***d'úsáideoirí*** tuiscint a fháil ar na naisc atá ann idir ***topaicí*** éagsúla i gcomhréir le Caibidlí 3.3 agus 9.1 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*. Tá feidhm aige sin maidir le bearta a dhéantar chun ***tionchair*** dhiúltacha ar ***phobail dá ndéantar difear*** a mhaolú, ar tionchair iad a eascraíonn as an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de. Mar shampla, d'fhéadfadh dúnadh mianach nó mianadóireacht mhéadaithe mianraí a bhfuil gá leo don aistriú chuig geilleagar inbhuanaithe a bheith mar thoradh ar nuálaíocht agus athstruchtúrú.
AR 7 i gcás mhír 17 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Is iad na ***teagmhais maidir le cearta an duine*** faoi raon feidhme an nochta seo na teagmhais sin a bhaineann le gan cearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, ar cearta iad a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2464 (an Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI)), Airteagal 29b (2) (b) (iii). Tuigtear gurb iad na teagmhais sin na cásanna a bhfuil bunús leo arna gclárú ag an ngnóthas maidir leis na nithe seo a leanas: (a) imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha (amhail cásanna os comhair cúirteanna agus binsí intíre, idirghabháil, gearáin a chomhdaítear leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta d'Fhiontair Ilnáisiúnta ECFE); agus (b) teagmhais eile, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin sé trína phróisis inmheánacha. Chun críoch an nochta seo, níl le tuairisciú ach cásanna a bhfuil bunús leo agus atá fíoraithe. Tugtar bunús le cás nuair a léirítear é le faisnéis oibiachtúil, fhíorasach agus infhíoraithe. Fíoraítear cás nuair a dhéanann Cúirt, ECFE nó údarás riaracháin cinneadh foirmiúil gur tharla an cás. Ní gá gur cásanna a bhfuil bunús leo iad gach imeacht breithiúnach nó neamhbhreithiúnach atá ar siúl, agus ní gach cás eile atá cláraithe ag an ngnóthas.
AR 8 i gcás mhír 17 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Agus na ***teagmhais a bhaineann le cearta an duine*** a bhaineann le ***pobail dá ndéantar difear*** á gcinneadh ag an ngnóthas, breithneoidh sé aon díospóid dlíthiúil a bhaineann le ***cearta talún agus le toiliú saor, roimh ré agus feasach*** ó ***phobail dhúchasacha***.
AR 9 i gcás mhír 17 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Agus an scagaire ábharthachta faisnéise (mír 23 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*) á chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis faoi theagmhais dá dtagraítear faoi mhír 17, tá measúnú an ghnóthais bunaithe go príomha ar dhéine na ***dtionchar*** ar ***phobail dá ndéantar difear***.
AR 10 i gcás mhír 17 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Níl coinne leis go nochtfaidh an gnóthas liosta de gach ***teagmhas maidir le cearta an duine***, agus féadfaidh sé an fhaisnéis a sholáthraítear a chomhiomlánú, amhail de réir cineálacha ábhartha teagmhas agus/nó pobal dá ndéantar difear.
AR 11 i gcás mhír 17 **(Crostagairt)**	Má mheasann an gnóthas go bhfuil athruithe ar ***theagmhais maidir le cearta an duine*** ábhartha chun tuiscint a fháil ar éifeachtacht agus ar infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl***, lena n-áirítear ***sásraí casaoide***, féadfaidh sé crostagairt a dhéanamh do mhír 17 agus do mhír 13. Féadfar crostagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a nochtar i gcomhréir le mír 16 don chaoi ar thug an gnóthas aghaidh ar theagmhais maidir le cearta an duine nó don chaoi a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh orthu.

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S3-4 – *Beartais a bhaineann le pobail dá ndéantar difear*

18. Nochtfaidh an gnóthas ***spriocanna*** cáilíochtúla agus/nó cainníochtúla a bhaineann le ***pobail dá ndéantar difear*** i gcomhréir le CETI 2 GDR-T.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 12 i gcás mhír 18 **(Feidhmíocht rianaithe)**	Is féidir le rannpháirtíocht le ***pobail dá ndéantar difear***, lena n-***ionadaithe dlisteanacha***, nó le h***ionadaithe inchreidte*** bonn eolais a chur faoi rianú agus measúnú an ghnóthais ar éifeachtacht a ***ghníomhaíochtaí*** a nochtar faoi mhír 16(b), lena n-áirítear ***méadracht*** a fhorbairt, spriocanna a shocrú agus/nó feidhmíocht a rianú in aghaidh na méadrachta agus na ***spriocanna*** sin. Go háirithe, i ndáil le feidhmíocht a rianú, is féidir leis an rannpháirtíocht sin bonn eolais a chur faoin tuiscint ar éifeachtacht bhainistiú an ghnóthais ar ***thionchair*** dhiúltacha ábhartha agus sainaithint na gceachtanna a foghlaimíodh nó na bhfeabhsuithe.

CETI S4 – TOMHALTÓIRÍ AGUS ÚSÁIDEOIRÍ DEIRIDH

CLÁR

Cuspóir

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-1 – *Beartais a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-2 – *Rannpháirtíocht le tomhaltóirí agus le húsáideoirí deiridh, bealaí a bheith ann do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl agus cineálacha cur chuige chun leigheas a fháil*

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-4 – *Beartais a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 6 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ábharthachta, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 Ceanglais Ghinearálta.

2. Soláthrófar faisnéis leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh* má bhaineann an ***topaic*** seo le ***tionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an bhfaisnéis sin na réimsí tuairiscithe uile a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchar, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir maidir le nochtadh seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na gCeanglas ábhartha maidir le Nochtadh.

5. Cuirtear san áireamh sa Chaighdeán seo ionstraimí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta agus Eorpacha maidir le cearta an duine, lena n-áirítear an Bille Idirnáisiúnta um Chearta an Duine, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta.

6. Leagtar amach leis an gCaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas:

   (a) ***tionchair*** a bhaineann le faisnéis ar thomhaltóirí agus ar úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear príobháideachas, rochtain ar fhaisnéis, saoirse chun tuairimí a nochtadh);

   (b) sábháilteacht phearsanta tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht, cosaint leanaí, slándáil duine); agus

   (c) cuimsiú sóisialta tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh (lena n-áirítear rochtain ar ***tháirgí*** agus ar sheirbhísí, cleachtais mhargaíochta fhreagracha, neamh-idirdhealú).

7. Ní thagann úsáid neamhdhleathach nó mí-úsáid ***táirgí*** agus seirbhísí an ghnóthais a dhéanann ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh*** faoi raon feidhme an Chaighdeáin seo.

Idirghníomhaíocht le CETI topaicshonrach eile

8. Idirghníomhaíonn ***topaicí*** sóisialta agus comhshaoil lena chéile. Is iad seo a leanas na pointí idirghníomhaíochta idir CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh* agus na caighdeáin thopaicshonracha eile:

   (a) na caighdeáin shóisialta uile, i.e. CETI S1 *Lucht Saothair Dílis*, CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*, CETI S3 *Pobail dá nDéantar Difear*, CETI S4 *Tomhaltóirí agus Úsáideoirí Deiridh*, tá siad ailínithe i dtéarmaí inneachair agus struchtúir agus tá baint acu lena chéile. Tugann na nochtaí sna caighdeáin shóisialta aghaidh ar fhaisnéis ábhartha is gá chun tuairisciú a dhéanamh ar ***thionchair, rioscaí*** agus ***deiseanna*** a bhaineann le gach grúpa ***páirtithe leasmhara***, lena n-áirítear i ndáil le dícheall cuí inbhuanaitheachta;

   (b) idirghníomhaíonn an Caighdeán seo le CETI E1 *Athrú Aeráide* a mhéid is féidir leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a bheith ina chúis le tionchair, rioscaí nó deiseanna ábhartha maidir le ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh***; agus

   (c) idirghníomhaíonn an Caighdeán seo le CETI E5 *Úsáid Acmhainní agus an Geilleagar Ciorclach* a mhéid a chuirtear tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh ar an eolas faoi ghnéithe a bhaineann le h***úsáid acmhainní***, bainistiú ***dramhaíola*** nó ***geilleagar ciorclach*** na ***dtáirgí*** nó na seirbhísí a cheannaíonn siad.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-1 – *Beartais a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*

9. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a ***bheartais*** chun ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha a bhaineann le ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-P. Luafar ann cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear leis na beartais sin grúpaí sonracha (mar shampla, aoisghrúpaí ar leith) nó gach tomhaltóir agus úsáideoir deiridh.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 9 **(Beartais a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh)**	Samplaí de ghnéithe ***beartais*** atá le nochtadh is ea na modhanna cumarsáide a úsáideann an gnóthas chun a bheartais a chur in iúl do na daoine aonair, do na grúpaí daoine aonair nó do na heintitis a bhfuil siad ábhartha dóibh, toisc go bhfuil coinne leis go gcuirfidh siad chun feidhme iad (mar shampla, ***fostaithe***, conraitheoirí agus ***soláthróirí*** an ghnóthais) nó toisc go bhfuil leas díreach acu ina gcur chun feidhme.

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-2 – *Rannpháirtíocht le tomhaltóirí agus le húsáideoirí deiridh, bealaí a bheith ann do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl agus cineálacha cur chuige chun leigheas a fháil*

10. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar chur chuige ginearálta an ghnóthais maidir le rannpháirtíocht le ***tomhaltóirí*** agus le ***húsáideoirí deiridh***, lena n-áirítear infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl*** amhail ***sásraí casaoide***, agus ar a chur chuige maidir le ***leigheas***.

11. Nochtfaidh an gnóthas conas a théann sé i dteagmháil go díreach le ***tomhaltóirí*** agus le ***húsáideoirí deiridh***, lena n-***ionadaithe dlisteanacha***, nó le ***hionadaithe inchreidte***, agus conas a chuireann peirspictíochtaí tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh bonn eolais faoina chinntí nó faoina ghníomhaíochtaí atá dírithe ar na ***tionchair iarbhír*** agus ***fhéideartha*** ar thomhaltóirí agus ar úsáideoirí deiridh a bhainistiú le linn na bliana tuairiscithe. Áireofar leis sin an chaoi a bhfaigheann an gnóthas léargas ar pheirspictíochtaí tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh a d'fhéadfadh a bheith an-leochaileach do thionchair agus/nó atá imeallaithe (mar shampla, ***daoine faoi mhíchumas***, leanaí) má dhéanann an gnóthas gníomhaíocht chun na peirspictíochtaí sin a thuiscint.

12. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na bealaí atá ar fáil do ***thomhaltóirí*** agus ***d'úsáideoirí deiridh*** chun a n-ábhair imní nó a riachtanais a chur in iúl go díreach dó agus aghaidh a bheith tugtha orthu. Go háirithe, luafar ann cé acu atá nó nach bhfuil ***sásra casaoide*** i bhfeidhm aige ([82]). Míneoidh sé freisin conas a dhéanann sé measúnú ar éifeachtacht na mbealaí sin.

13. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar a chur chuige ginearálta maidir le ***leigheas*** agus ar na ***próisis chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú ann*** i gcás ina raibh sé ina chúis le ***tionchar*** diúltach ábhartha ar ***thomhaltóirí*** agus ar ***úsáideoirí deiridh*** nó inar rannchuidigh sé leis an tionchar sin.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 2 i gcás mhír 11 **(Rannpháirtíocht)**	D'fhéadfadh cineálacha éagsúla rannpháirtíochta a bheith i gceist le rannpháirtíocht le ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh***, amhail seisiúin faisnéise, comhairliúchán nó rannpháirtíocht, agus d'fhéadfadh sé go dtarlódh sí ag eatraimh éagsúla.

([82]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #11 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa próiseas agus sásraí comhlíontachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta').

AR 3 i gcás mhír 12 **(Sásra casaoide)**	Is féidir na 'critéir éifeachtachta le haghaidh ***sásraí casaoide*** neamhbhreithiúnacha', mar a leagtar amach i bPrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, go háirithe Prionsabal 31, a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na mbealaí. Má tá ***beartais*** ag an ngnóthas chun daoine aonair a úsáideann na bealaí sin a chosaint ar fhrithbheart, agus má nochtar iad faoi CETI G1-1, féadfaidh an gnóthas tagairt a dhéanamh don nochtadh sin.

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-3 – *Gníomhaíochtaí agus acmhainní a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*

14. Tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar na ***príomhghníomhaíochtaí*** agus ar na príomhacmhainní a úsáidtear chun a ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha dearfacha agus diúltacha a bhaineann le ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh*** a bhainistiú i gcomhréir le CETI 2 GDR-A.

15. I ndáil le ***tionchair*** dhiúltacha ábhartha ar ***thomhaltóirí*** agus ar ***úsáideoirí deiridh***, tabharfaidh an gnóthas tuairisc ar an méid seo a leanas:

(a) a ***phríomhghníomhaíochtaí*** a rinneadh, atá beartaithe nó atá ar bun chun tionchair dhiúltacha ábhartha ar thomhaltóirí agus ar úsáideoirí deiridh a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus a ***leigheas***, lena n-áirítear a chur chuige i gcásanna ina dtagann teannas chun cinn idir gníomhaíochtaí den sórt sin agus brúnna gnó eile (mar shampla, cleachtais a bhaineann le margaíocht, díolacháin agus úsáid sonraí); agus

(b) conas a rianaíonn agus a ndéanann sé measúnú ar éifeachtacht na ngníomhaíochtaí sin maidir leis na torthaí atá beartaithe a bhaint amach do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh. Is féidir an nochtadh sin a fhágáil ar lár má nochtann an gnóthas conas a rianaíonn sé éifeachtacht a ghníomhaíochtaí i gcomhréir le CETI 2 GDR-T nó GDR-M. Sa chás sin, is leor tagairt don nochtadh sin.

16. Maidir leis na ***fothopaicí*** a mheastar a bheith ábhartha don Chaighdeán seo, faoi réir na rialála príobháideachais ábhartha, nochtfaidh an gnóthas ***teagmhais*** maidir le ***cearta an duine*** a bhaineann lena ***thomhaltóirí*** agus lena ***úsáideoirí deiridh*** a sainaithníodh sa tréimhse thuairiscithe ([83]).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 4 i gcás mhír 15 **(Príomhghníomhaíochtaí)**	Tá na ***gníomhaíochtaí*** a dhéanann an gnóthas éagsúil de réir a naisc leis an ***tionchar*** agus de réir na caoi ar shainaithin sé go bhfuil na gníomhaíochtaí iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar thionchair ábhartha. Tá feidhm ag an gceanglas maidir le nochtadh seo freisin maidir le príomhghníomhaíochtaí chun ***leigheas*** a sholáthar, chun comhoibriú ina leith nó chun é a chumasú i gcás tionchair dhiúltacha iarbhír. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí chun tionchair a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú nó a leigheas tá úsáid cineálacha éagsúla ***giarála*** agus/nó gníomhaíochtaí comhchoiteanna arna ndéanamh trí thionscnaimh ilpháirtithe leasmhara agus/nó tionscnaimh tionscail.

([83]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go n-eascraíonn sí as táscaire sainordaitheach breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #10 i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I, le táscaire #14 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Sáruithe ar Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe agus Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta' agus 'An líon cásanna sainaitheanta de shaincheisteanna agus teagmhais mhóra maidir le cearta an duine'); agus riachtanais faisnéise riarthóirí tagarmharcanna chun tosca ESG a nochtadh faoi réir Rialachán (AE) 2020/1816 mar a leagtar amach le táscaire 'An líon comhpháirteanna tagarmhairc atá faoi réir sáruithe sóisialta (dearbhuimhir agus coibhneasta arna roinnt ar gach comhpháirt tagarmhairc), dá dtagraítear i gconarthaí agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta, i bprionsabail na Náisiún Aontaithe agus, i gcás inarb infheidhme, sa dlí náisiúnta' i Ranna 1 agus 2 maidir le Cúrsaí Sóisialta d'Iarscríbhinn II.

AR 5 i gcás mhír 16 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Is iad na ***teagmhais maidir le cearta an duine*** faoi raon feidhme an nochta seo na teagmhais sin a bhaineann le gan cearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, ar cearta iad a shainmhínítear i dTreoir (AE) 2022/2464 (an Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (TTCI)), Airteagal 29b (2) (b) (iii). Tuigtear gurb iad na teagmhais sin na cásanna a bhfuil bunús leo arna gclárú ag an ngnóthas maidir leis na nithe seo a leanas: (a) imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha (amhail cásanna os comhair cúirteanna agus binsí intíre, idirghabháil, gearáin a chomhdaítear leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta d'Fhiontair Ilnáisiúnta ECFE); agus (b) teagmhais eile, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin sé trína phróisis inmheánacha. Chun críoch an nochta seo, níl le tuairisciú ach cásanna a bhfuil bunús leo agus atá fíoraithe. Tugtar bunús le cás nuair a léirítear é le faisnéis oibiachtúil, fhíorasach agus infhíoraithe. Fíoraítear cás nuair a dhéanann Cúirt, ECFE nó údarás riaracháin cinneadh foirmiúil gur tharla an cás. Ní gá gur cásanna a bhfuil bunús leo iad gach imeacht breithiúnach nó neamhbhreithiúnach atá ar siúl, agus ní gach cás eile atá cláraithe ag an ngnóthas.
AR 6 i gcás mhír 16 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Agus an scagaire ábharthachta faisnéise (mír 23 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*) á chur i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis faoi theagmhais dá dtagraítear faoi mhír 16, tá measúnú an ghnóthais bunaithe go príomha ar dhéine na ***dtionchar*** ar ***thomhaltóirí*** agus ar ***úsáideoirí deiridh***.
AR 7 i gcás mhír 16 **(Teagmhais a bhaineann le cearta an duine)**	Níl coinne leis go nochtfaidh an gnóthas liosta de gach teagmhas maidir le ***cearta an duine***, agus féadfaidh sé an fhaisnéis a sholáthraítear a chomhiomlánú, amhail de réir cineálacha ábhartha teagmhas agus ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh*** a ndéantar difear dóibh.
AR 8 mír 16 **(Crostagairt)**	Má mheasann an gnóthas go bhfuil athruithe ar ***theagmhais maidir le cearta an duine*** ábhartha chun tuiscint a fháil ar éifeachtacht agus ar infhaighteacht ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl***, lena n-áirítear ***sásraí casaoide***, féadfaidh sé crostagairt a dhéanamh do mhír 16 agus do mhír 12. Féadfar crostagairt a dhéanamh d'fhaisnéis a nochtar i gcomhréir le mír 15 don chaoi ar thug an gnóthas aghaidh ar theagmhais maidir le cearta an duine nó don chaoi a bhfuil sé ag tabhairt aghaidh orthu.

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh S4-4 – *Beartais a bhaineann le tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*

17. Nochtfaidh an gnóthas ***spriocanna*** cáilíochtúla agus/nó cainníochtúla a bhaineann le ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh*** i gcomhréir le CETI 2 GDR-T.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 9 i gcás mhír 17 **(Feidhmíocht rianaithe)**	Is féidir le rannpháirtíocht le ***tomhaltóirí*** agus ***úsáideoirí deiridh***, lena n-***ionadaithe dlisteanacha***, nó le ***hionadaithe inchreidte*** bonn eolais a chur faoi rianú agus measúnú an ghnóthais ar éifeachtacht a ***ghníomhaíochtaí*** a nochtar faoi mhír 15 (b), lena n-áirítear ***méadracht*** a fhorbairt, spriocanna a shocrú agus/nó feidhmíocht a rianú in aghaidh na méadrachta agus na ***spriocanna*** sin. Go háirithe, i ndáil le feidhmíocht a rianú, is féidir leis an rannpháirtíocht sin bonn eolais a chur faoin tuiscint ar éifeachtacht bhainistiú an ghnóthais ar ***thionchair*** dhiúltacha ábhartha agus sainaithint na gceachtanna a foghlaimíodh nó na bhfeabhsuithe.

CETI G1 – IOMPAR GNÓ

CLÁR

Cuspóir

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-1 – *Beartais a bhaineann le hiompar gnó*

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-2 – *Gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar gnó*

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-3 – *Spriocanna a bhaineann le hiompar gnó*

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-4 – *Méadracht a bhaineann le héilliú nó breabaireacht*

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-5 – *Méadracht a bhaineann le tionchar polaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta*

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-6 – *Méadracht a bhaineann le cleachtais íocaíochta*

Cuspóir

1. Is é is cuspóir don Chaighdeán seo Ceanglais maidir le Nochtadh a bhaineann le hiompar gnó a leagan amach, go háirithe i ndáil leis na ***fothopaicí*** a shonraítear i mír 5 den Chaighdeán seo. Mura bhfuil na fothopaicí uile a fhorordaítear leis an gCaighdeán seo le tuairisciú tar éis an mheasúnaithe ábharthachta, tá feidhm ag mír 30 de CETI 1 Ceanglais Ghinearálta.

2. Soláthrófar faisnéis leis an ***ráiteas inbhuanaitheachta*** i ndáil le CETI G1 *Iompar Gnó* má bhaineann an ***topaic*** seo le ***tionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha. Cumhdófar leis an ***bhfaisnéis sin*** na réimsí tuairiscithe a liostaítear i mír 5 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*.

3. Comhlánaíonn na Ceanglais maidir le Nochtadh sa Chaighdeán seo na forálacha in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, lena gceanglaítear ar an ngnóthas faisnéis a nochtadh faoi ***thopaicí*** a bhaineann le ***tionchair, rioscaí agus deiseanna*** ábhartha, go háirithe:

   (a) CETI 2 SBM 3 *Idirghníomhaíocht tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais;* agus

   (b) CETI 2 IRO 2 *Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus ceanglais maidir le nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta*.

4. Sa Chaighdeán seo, tugtar isteach gach Ceanglas maidir le Nochtadh le cuspóir nochta seachas ***beartais***, ***gníomhaíochtaí*** agus ***spriocanna***, dá soláthraíonn na forálacha in CETI 2 GDR-P, GDR-A agus GDR-T an creat is gá le haghaidh na nochtaí ábhartha.

5. Leagtar amach leis an gCaighdeán seo na Ceanglais maidir le Nochtadh i ndáil leis na ***fothopaicí*** seo a leanas:

   (a) ***cultúr corparáideach***, lena n-áirítear ***frithéilliú*** agus ***frithbhreabaireacht***, cosaint sceithirí eolais agus leas ainmhithe;

   (b) bainistiú caidreamh le ***soláthróirí***, lena n-áirítear cleachtais íocaíochta, go háirithe íocaíochtaí déanacha le gnóthais bheaga agus mheánmhéide (FBManna); agus

   (c) tionchar polaitiúil, lena n-áirítear ***gníomhaíochtaí brústocaireachta***.

Ceanglais maidir le Nochtadh

Bainistiú tionchar, rioscaí agus deiseanna

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-1 – *Beartais a bhaineann le hiompar gnó*

6. Nochtfaidh an gnóthas a ***bheartais*** iompair gnó i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-P.

7. De bhreis ar an bhfaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le CETI 2 GDR-P, nochtfaidh an gnóthas an méid seo a leanas:

   (a) cé acu atá nó nach bhfuil ***beartais in aghaidh an éillithe*** agus ***in aghaidh na breabaireachta*** aige atá comhsheasmhach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe ([84]);

   (b) cé acu atá nó nach bhfuil ***beartais*** aige maidir le sceithirí eolais a chosaint ([85]); agus

   (c) na feidhmeanna laistigh den ghnóthas is mó atá i mbaol maidir le h***éilliú*** nó ***breabaireacht***.

([84]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar go n-eascraíonn sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach le táscaire #15 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Easpa beartas frithéillithe agus frithbhreabaireachta').

([85]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchar príomha mar a leagtar amach le táscaire #6 i dTábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Cosaint neamhleor do sceithirí eolais').

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 1 i gcás mhír 6 **(éilliú nó breabaireacht – sainmhíniú)**	Chun críocha an Chaighdeáin seo, cuirfidh an gnóthas sainmhíniú CETI ar ***éilliú*** agus ***breabaireacht*** (féach Gluais CETI) i bhfeidhm, atá cineálach, chun na sainmhínithe éagsúla atá le fáil i ndlíthe áitiúla nó i ndlíthe is infheidhme i ndlínse na máthairchuideachta a shárú agus chun inchomparáideacht ar fud na ngnóthas tuairiscithe a áirithiú.
AR 2 i gcás mhír 7(b) **(sceithirí eolais)**	Gnóthais atá faoi réir ceanglais dhlíthiúla faoin dlí náisiúnta lena dtrasuitear Treoir (AE) 2019/1937, nó faoi réir ceanglais dhlíthiúla choibhéiseacha maidir le cosaint sceithirí, féadfaidh siad an nochtadh a shonraítear i mír 6(b) a chomhlíonadh trína lua go bhfuil siad faoi réir na gceanglas dlí sin.
AR 3 i gcás mhír 7(c) **(éilliú nó breabaireacht)**	Agus faisnéis á nochtadh faoi mhír 7(c), ciallaíonn 'feidhmeanna nó róil is mó atá i mbaol' na feidhmeanna nó na róil sin a mheastar is mó atá i mbaol ***éillithe*** nó ***breabaireachta*** mar thoradh ar a gcúraimí agus a bhfreagrachtaí laistigh den ghnóthas, amhail iad siúd atá ag feidhmiú i dtíortha ardriosca nó a bhíonn ag idirghníomhú le húdaráis phoiblí agus le rialtais.

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-2 – *Gníomhaíochtaí a bhaineann le hiompar gnó*

8. Nochtfaidh an gnóthas a ***ghníomhaíochtaí*** a bhaineann le *hiompar gnó* i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-A.

9. De bhreis ar an bhfaisnéis a leagtar síos mar cheanglas le CETI 2 GDR-A, nochtfaidh an gnóthas faisnéis faoi na ***gníomhaíochtaí*** seo a leanas:

   (a) bainistiú caidreamh le soláthróirí, lena n-áirítear:

      i. má chuireann an gnóthas feidhmíocht inbhuanaitheachta san áireamh agus a sholáthróirí á roghnú aige, an chaoi a ndéantar é sin;

      ii. ***oiliúint*** maidir le hinbhuanaitheacht a chuirtear ar fáil don fhoireann soláthair, más ann di; agus

      iii. rannpháirtíocht le soláthróirí chun feabhas a chur ar a bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta; agus

   (b) nósanna imeachta an ghnóthais chun líomhaintí nó teagmhais a bhaineann le ***héilliú*** nó ***breabaireacht*** a chosc, a bhrath, a imscrúdú agus freagairt dóibh, lena n-áirítear:

      i. oiliúint frithéillithe agus frithbhreabaireachta a thugtar d'fheidhmeanna nó do róil is mó atá i mbaol laistigh den ghnóthas, lena n-áirítear ***comhaltaí de na comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta***; agus

      ii. aon ghníomhaíocht a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe i nósanna imeachta agus i gcaighdeáin frithéillithe agus frithbhreabaireachta ([86]).

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 4 i gcás mhír 9(a) **(caidreamh le soláthróirí)**	Agus an fhaisnéis á cur i láthair aige i gcomhréir le mír 9(a), féadfaidh an gnóthas breithniú a dhéanamh ar chrostagairt a dhéanamh don fhaisnéis maidir le cód iompair ***soláthróra*** a bheith ann i gcomhréir le CETI S2 *Oibrithe sa Slabhra Luacha*, mír 11.

([86]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 mar gur eascair sí as táscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha mar a leagtar amach i dtáscaire #16 de Thábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe 2022/1288 (AE) ón gCoimisiún i dtaobh rialacha maidir le nochtadh i dtaca le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('Cásanna de ghníomhaíocht easnamhach a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar sháruithe ar chaighdeáin frithéillithe agus frithbhreabaireachta').

Méadracht agus Spriocanna

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-3 – *Spriocanna a bhaineann le hiompar gnó*

10. Nochtfaidh an gnóthas a ***spriocanna*** iompair gnó i gcomhréir le forálacha CETI 2 GDR-T.

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-4 – *Méadracht a bhaineann le héilliú nó breabaireacht*

11. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo trédhearcacht a chumasú maidir leis na ciontuithe agus na smachtbhannaí, lena n-áirítear fíneálacha, a bhaineann le ***héilliú*** nó ***breabaireacht*** le linn na tréimhse tuairiscithe agus na torthaí gaolmhara.

12. Nochtfaidh an gnóthas an líon ciontuithe agus smachtbhannaí, lena n-áirítear méid iomlán na bhfíneálacha, as dlíthe in aghaidh an ***éillithe*** agus in aghaidh na ***breabaireachta*** a shárú ([87]) le linn na tréimhse tuairiscithe.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

Ar 5 i gcás mhír 12 **(éilliú nó breabaireacht – ciontuithe agus smachtbhannaí)**	Tagraíonn ciontuithe i leith sárú ar dhlíthe in aghaidh an ***éillithe*** agus in aghaidh na ***breabaireachta*** do chinntí críochnaitheacha arna n-eisiúint ag cúirt choiriúil in aghaidh duine aonair nó gnóthas i leith cion coiriúil a bhaineann le héilliú nó breabaireacht, i gcás ina ndéantar na cinntí cúirte sin a iontráil i dtaifead coiriúil an Bhallstáit chiontaithigh den Aontas Eorpach nó, má tá siad lasmuigh den Aontas, i gclár nó taifead coibhéiseach na dlínse lena mbaineann. Tagraíonn smachtbhannaí i leith sárú ar dhlíthe in aghaidh an éillithe agus in aghaidh na breabaireachta do chinntí críochnaitheacha arna n-eisiúint ag údaráis riaracháin nó rialála in aghaidh duine aonair nó gnóthais i leith éillithe nó breabaireachta.
AR 6 i gcás mhír 12 **(éilliú nó breabaireacht – fíneálacha)**	Tagraíonn fíneálacha a eisítear as sárú ar dhlíthe in aghaidh an ***éillithe*** agus in aghaidh na ***breabaireachta*** do phionóis shainordaitheacha airgeadaíochta a eascraíonn as sáruithe ar dhlíthe in aghaidh an éillithe agus in aghaidh na breabaireachta arna bhforchur ag cúirt, údarás riaracháin nó rialála, a íoctar le státchiste poiblí, agus a aithnítear i ráitis airgeadais an ghnóthais le linn na tréimhse tuairiscithe.

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-5 – *Méadracht a bhaineann le tionchar polaitiúil, lena n-áirítear gníomhaíochtaí brústocaireachta*

13. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar ghníomhaíochtaí agus ar ghealltanais an ghnóthais a bhaineann lena thionchar polaitiúil a fheidhmiú trí rannchuidithe polaitiúla agus ***gníomhaíochtaí brústocaireachta***.

14. Nochtfaidh an gnóthas luach airgeadúil iomlán na ranníocaíochtaí airgeadais agus na ranníocaíochtaí polaitiúla comhchineáil a rinne an gnóthas go díreach agus go hindíreach le linn na tréimhse tuairiscithe, arna ndí-chomhiomlánú de réir tíre nó limistéir gheografaigh i gcás inarb ábhartha, chomh maith leis an gcineál faighteora/tairbhí.

15. Nochtfaidh an gnóthas na príomh-shaincheisteanna a chumhdaítear lena ***ghníomhaíochtaí brústocaireachta*** agus na príomhsheasaimh a glacadh, lena n-áirítear mínithe ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn a ghníomhaíochtaí brústocaireachta lena ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** ábhartha.

16. Nochtfaidh an gnóthas faisnéis faoi cheapadh aon chomhalta de na comhlachtaí ***riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** le linn na tréimhse tuairiscithe reatha a raibh post inchomparáide acu sa riarachán poiblí (lena n-áirítear rialtóirí) sa 2 bhliain roimhe sin.

([87]) Tacaíonn an fhaisnéis sin le riachtanais faisnéise na ngrúpaí seo a leanas: rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais atá faoi réir Rialachán (AE) 2019/2088 toisc go ndíorthaítear é ó tháscaire breise a bhaineann le drochthionchair phríomha a leagtar amach i dtáscaire #17 de Thábla 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le nochtaí maidir le hinfheistíochtaí inbhuanaithe ('An líon ciontuithe agus an líon fíneálacha i leith sárú ar dhlíthe frithéillithe agus frithbhreabaireachta'); agus riarthóirí tagarmhairc chun tosca ESG atá faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1816 ón gCoimisiún a nochtadh mar a leagtar amach sa táscaire 'An líon ciontuithe agus an líon fíneálacha i leith sáruithe ar dhlíthe frithéillithe agus frithbhreabaireachta' i ranna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn II.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 7 i gcás mhír 14 **(ranníocaíochtaí polaitiúla)**	Chun críocha an Chaighdeáin seo, ciallaíonn 'ranníocaíocht pholaitiúil' tacaíocht airgeadais nó tacaíocht chomhchineáil a sholáthraítear go díreach do pháirtithe polaitiúla, dá n-ionadaithe tofa nó do dhaoine atá ag lorg oifige polaitiúla. D'fhéadfadh tabhartais, iasachtaí, urraíocht, réamhíocaíochtaí le haghaidh seirbhísí, nó ceannach ticéad le haghaidh imeachtaí tiomsaithe airgid agus cleachtais chomhchosúla eile a bheith i gceist le ranníocaíochtaí airgeadais. Is féidir a áireamh ar ranníocaíochtaí comhchineáil fógraíocht, úsáid saoráidí, dearadh agus priontáil, deonú trealaimh, ballraíocht ar bhord, fostaíocht nó obair chomhairleoireachta a sholáthar do pholaiteoirí tofa nó d'iarrthóirí ar oifig pholaitiúil.
AR 8 i gcás mhír 14 **(rannchuidiú polaitiúil indíreach)**	Chun críche an chaighdeáin seo, tagraíonn 'ranníocaíocht pholaitiúil indíreach' do na ranníocaíochtaí polaitiúla sin a dhéantar trí bhíthin eagraíocht is idirghabhálaí amhail brústocaire nó carthanacht, nó tacaíocht a thugtar d'eagraíocht amhail meitheal mhachnaimh nó comhlachas trádála atá nasctha le páirtithe nó cúiseanna polaitiúla áirithe nó a thacaíonn leo.
AR 9 i gcás mhír 16 **(tionchar polaitiúil)**	Agus 'suíomh inchomparáide' á chinneadh sa Chaighdeán seo, cuirfidh an gnóthas san áireamh leibhéal freagrachta agus raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéantar.

Ceanglas maidir le Nochtadh G1-6 – *Méadracht a bhaineann le cleachtais íocaíochta*

17. Is é is cuspóir don Cheanglas maidir le Nochtadh seo tuiscint a chumasú ar ***théarmaí caighdeánacha íocaíochta*** agus ar fheidhmíocht an ghnóthais maidir le híocaíocht, go háirithe íocaíochtaí déanacha le FBManna.

18. Nochtfaidh an gnóthas:

(a) tuairisc ar ***théarmaí íocaíochta caighdeánacha*** an ghnóthais de réir líon laethanta de réir phríomhchatagóir ***soláthróirí***, lena sonraítear na téarmaí sin a bhfuil feidhm acu maidir le FBManna má tá siad éagsúil leis na téarmaí a chuirtear i bhfeidhm maidir le soláthróirí eile;

(b) céatadán a íocaíochtaí atá ailínithe leis na téarmaí caighdeánacha sin; agus

(c) an líon imeachtaí dlíthiúla atá fós gan íoc faoi láthair le haghaidh íocaíochtaí déanacha.

CEANGLAIS MAIDIR LE CUR I bhFEIDHM – ARanna

AR 10 i gcás mhír 18(b) **(cleachtais íocaíochta)**	Más ***topaic*** ábhartha don ghnóthas í íocaíocht dhéanach le FBManna, tá feidhm ag mír 11 de CETI 1 *Ceanglais Ghinearálta*; dá bhrí sin, soláthróidh an gnóthas ***méadrach*** eintiteas-sonrach, más ábhartha.

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN II

Acrainmneacha agus Gluais na dTéarmaí'

Cuirtear i láthair san Iarscríbhinn seo na hacrainmneacha uile atá le fáil in (Tábla 1) chomh maith leis na téarmaí uile a shainmhínítear sna CETInna Leasuithe (Tábla 2).

Tábla 1

Acrainmneacha

AR	Ceanglais maidir le Cur i bhFeidhm
BP-1	Ceanglas maidir le Nochtadh - Bunús maidir le hullmhú na ráiteas inbhuanaitheachta
BP-2	Ceanglas maidir le Nochtadh – Faisnéis shonrach má úsáideann an gnóthas roghanna céimnithe isteach
CapEx	Caiteachas Caipitiúil
CH_4	Meatán
CLP	Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú substaintí agus meascán (Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)
CO_2	Dé-ocsaíd Charbóin
CRR	An Rialachán maidir le Ceanglais Chaipitil (Rialachán (AE) 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)
TTCI	An Treoir maidir le Tuairisciú Corparáideach i dtaca le hInbhuanaitheacht (Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)
Ceanglais maidir le Nochtadh	Ceanglais maidir le Nochtadh
CE	An Coimisiún Eorpach
LEE	An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch
EFRAG	An Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais
BORD TUAIRISCITHE INBHUANAITH-EACHTA EFRAG	An Grúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais – an Bord um Thuairisciú Inbhuanaitheachta
E-PRTR	An Clár Eorpach ar Scaoileadh agus Aistriú Truailleán (Rialachán (CE) Uimh. 166/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)
ESG	Comhshaol, Sóisialta agus Rialachas
reatha	Caighdeáin Eorpacha Tuairiscithe Inbhuanaitheachta
CETI 1	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta 1 - *Ceanglais ghinearálta*
CETI 2	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta 2 - *Nochtaí ginearálta*
CETI E1	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta E1 - *Athrú aeráide*
CETI E2	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta E2 - *Truailliú*
CETI E3	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta E3 - *Uisce*
CETI E4	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta E4 - *Bithéagsúlacht agus éiceachórais*
CETI E5	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta E5 - *Úsáid acmhainní agus an geilleagar ciorclach*
CETI G1	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta G1 - *Iompar gnó*
CETI S1	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta S1 - *Lucht saothair dílis*
CETI S2	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta S2 - *Oibrithe sa slabhra luacha*
CETI S3	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta S3 - *Pobail dá ndéantar difear*
CETI S4	Caighdeán Eorpach Tuairiscithe Inbhuanaitheachta S4 - *Tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh*

AN tAONTAS EORPACH	an tAontas Eorpach
CTA AE	Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh (Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]))
FPIC	Toiliú Saor, Roimh Ré agus Eolasach
FTE	Coibhéis lánaimseartha
GBF	Creat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal
GDR	Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh
GDR-A	Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh gníomhaíochtaí agus acmhainní
GDR-M	Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh méadrachta
GDR-P	Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh beartas
GDR-T	Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh le haghaidh spriocanna
GCT	Gás Ceaptha Teasa
GOV-1	Ceanglas maidir le Nochtadh – Ról na gcomhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta i ndáil le hinbhuanaitheacht
GOV-2	Ceanglas maidir le Nochtadh - Feidhmíocht a bhaineann le hinbhuanaitheacht a chomhtháthú i scéimeanna dreasachta
GOV-3	Ceanglas maidir le Nochtadh - Ráiteas maidir le dícheall cuí
GOV-4	Ceanglas maidir le Nochtadh - Bainistiú riosca agus rialuithe inmheánacha ar thuairisciú inbhuanaitheachta
GRI	Tionscnamh Domhanda um Thuairisciú
GWP	Acmhainneacht téite domhanda
HFCanna	Hidreafluaracarbóin
RTAT	Rialachán maidir leis an Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha (Rialachán (AE) 2024/1244 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)
IFRS	Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais
EIS	An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair
IRO-1	Ceanglas maidir le Nochtadh – CETI 2 IRO-1 Tuairisc ar an bpróiseas chun tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus faisnéis ábhartha atá le tuairisciú a shainaithint agus a mheasúnú
IRO-2	Ceanglas maidir le Nochtadh – CETI 2 IRO-2 Tionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha agus Ceanglais maidir le Nochtadh a áirítear sa ráiteas inbhuanaitheachta
ISO	An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú
IUCN	An tAontas Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra
KBA	Príomhlimistéir Bhithéagsúlachta
LEAP	Lonnaigh, Déan Meastóireacht, Déan Measúnú, Ullmhaigh
MWh	Meigeavatuair
N_2O	Ocsaíd Nítriúil
NACE	Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach
NF_3	Trífhluairíd nítrigine
ENRanna	Eagraíochtaí Neamhrialtasacha
NOX	Ocsaídí nítrigine
ECFE	An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta

OpEx	Caiteachas oibríochtúil
PFCanna	Sárfhluaracarbóin
REACH	Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)
SBM-1	Ceanglas maidir le Nochtadh – CETI 2 SBM-1 Straitéis, samhail ghnó agus slabhra luacha
SBM-2	Ceanglas maidir le Nochtadh – CETI 2 SBM-2 Leasanna agus tuairimí páirtithe leasmhara
SBM-3	Ceanglas maidir le Nochtadh – CETI 2 SBM-3 Idirghníomhú rioscaí agus deiseanna tionchar ábhartha le straitéis agus samhail ghnó, agus éifeachtaí airgeadais
SDGanna	Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe
SFDR	An Rialachán maidir le Nochtaí um Airgeadas Inbhuanaithe (Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)
SF_6	Heicseafluairíd sulfair
FBManna	Gnóthais bheaga agus mheánmhéide
SoC	Substaintí arb údar imní iad
SOX	Ocsaídí sulfair
SVHC	Substaintí arb Údar Mór Imní Iad
NA NÁISIÚIN AONTAITHE	Na Náisiúin Aontaithe
WRI	Institiúid Acmhainní an Domhain

([1]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

Tábla 2

Gluais téarmaí a shainmhínítear in CETI

Leis an tábla seo, sainmhínítear na téarmaí atá le húsáid mar thagairt agus na ***ráitis inbhuanaitheachta*** á n-ullmhú i gcomhréir le CETI.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Gníomhaíocht	Le ***gníomhaíochtaí*** táthar ag tagairt do na nithe seo a leanas: a) gníomhaíochtaí agus pleananna gníomhaíochta (lena n-áirítear ***pleananna aistrithe***) a dhéantar chun a áirithiú go ndéanann an gnóthas seachadadh in aghaidh ***spriocanna*** arna leagan síos agus trína bhféachann an gnóthas le haghaidh a thabhairt ar ***thionchair***, ***rioscaí*** agus ar ***dheiseanna*** ábhartha; agus b) cinntí chun tacú leo sin le hacmhainní airgeadais, daonna nó teicneolaíochta. Is féidir le gníomhaíochtaí a bheith ina ngníomhaíochtaí aonair, arna ndéanamh ag an ngnóthas amháin, nó ina ngníomhaíochtaí comhchoiteanna, is é sin, iarrachtaí comhoibríocha ag grúpa ***páirtithe leasmhara*** – amhail gnóthais, rialtais, an tsochaí shibhialta, nó pobail – chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhroinnte nó chun spriocanna comhchoiteanna a bhaint amach, go háirithe nuair nach féidir le haon ghníomhaí aonair na spriocanna sin a bhaint amach go héifeachtach agus é ag obair ina aonar.
Tionchar iarbhír	Is éard is ***tionchair iarbhír*** ann na ***tionchair*** sin a léiríodh sa tréimhse thuairiscithe. Áirítear orthu sin na cinn a tionscnaíodh sna tréimhsí tuairiscithe roimhe sin agus atá fós ann sa tréimhse thuairiscithe reatha.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Pá leordhóthanach	***Pá*** lenar féidir riachtanais an oibrí agus a theaghlaigh a chomhlíonadh i bhfianaise dálaí náisiúnta eacnamaíocha agus sóisialta.
Comhlacht riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta	Tagraíonn na ***comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** do na comhlachtaí rialachais ag a bhfuil an t-údarás cinnteoireachta is airde sa ghnóthas, lena n-áirítear a choistí. Mura bhfuil aon chomhalta de chomhlachtaí riaracháin, bainistíochta nó maoirseachta de chuid an ghnóthais sa struchtúr rialachais, ba cheart an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, más ann don fheidhm sin, a áireamh ann.
Pobail Dá nDéantar Difear	Daoine nó grúpa/grúpaí a chónaíonn nó a oibríonn sa limistéar céanna a ndearna oibríochtaí an ghnóthais nó a shlabhra luacha difear dó nó a bhféadfadh oibríochtaí an ghnóthais nó a ***shlabhra luacha*** réamhtheachtaigh agus iartheachtaigh difear a dhéanamh dó. Féadfaidh pobail a chónaíonn in aice oibríochtaí an ghnóthais (pobail áitiúla) nó iad sin a chónaíonn go cianda a bheith sna ***pobail dá ndéantar difear***. Áirítear leis na pobail dá ndéantar difear, ***pobail dhúchasacha*** dá ndéantar difear iarbhír nó ionchasach.
Luach saothair iomlán bliantúil	Le ***luach saothair iomlán bliantúil*** don ***lucht saothair dílis*** áirítear tuarastal, bónas, dámhachtainí stoic, dámhachtainí céadrogha, cúiteamh plean dreasachta neamhchothromais, athrú ar luach pinsin, agus tuilleamh cúitimh iarchurtha neamhcháilithe arna soláthar le himeacht bliana.
Éifeacht airgeadais lena bhfuil coinne	***Éifeachtaí airgeadais*** nach gcomhlíonann na critéir aitheantais lena gcuimsiú i míreanna líne an ráitis airgeadais sa tréimhse thuairiscithe agus nach gcuimsítear leis na h***éifeachtaí airgeadais atá ann faoi láthair***.
Airteagal (chun críocha CETI E2)	Réad, a dtugtar cruth, dromchla nó dearadh speisialta dó le linn a tháirgthe a chinneann a fheidhm ar bhealach níos mó ná a chomhdhéanamh ceimiceach (Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006).
Táirge toirmiscthe	Is éard is ***táirgí toirmiscthe*** ann earraí nó ábhair a dtoirmisctear a monarú, a ndíol, a ndáileadh, a n-allmhairiú, a n-onnmhairiú nó a n-úsáid de réir dlí nó rialacháin mar gheall ar na ***rioscaí*** a bhaineann leo don tsláinte, don tsábháilteacht, don chomhshaol nó don ord poiblí.
Seirbhís thoirmiscthe	Is éard is ***seirbhísí toirmiscthe*** ann seirbhísí a bhfuil toirmeasc orthu de réir an dlí nó rialacháin seirbhísí a thairiscint, a sholáthar nó a úsáid toisc go meastar iad a bheith neamhsháibháilte, neamhdhleathach, mí-eiticiúil nó contrártha ar bhealach eile do leas nó ***beartas*** an phobail.
Plean aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachóras	Is gné de straitéis ghnó fhoriomlán eagraíochta é ***plean aistrithe bithéagsúlachta agus éiceachóras*** lena leagtar amach cuspóirí, ***spriocanna***, ***gníomhaíochtaí***, sásraí cuntasachta agus acmhainní beartaithe na heagraíochta chun freagairt don aistriú atá intuigthe leis an gCreat Domhanda Bithéagsúlachta agus chun rannchuidiú leis, lena ndéantar an méid seo a leanas: a) ***cailliúint na bithéagsúlachta*** a stopadh agus a aisiompú faoi 2030; agus b) meas a léiriú ar an ***mbithéagsúlacht***, í a chaomhnú, a athchóiriú agus a úsáid go stuama, ***seirbhísí éiceachórais*** a chothabháil, pláinéad sláintiúil a chothú agus tairbhí a sholáthar atá fíor-riachtanach do gach duine faoi 2050. Is féidir leis an mbithéagsúlacht a bheith mar chuid de ***phlean aistrithe*** níos leithne gnóthais freisin. Ba cheart cearta an duine a urramú ann agus, i measc nithe eile, féadfar a áireamh ann sineirgí agus comhbhabhtálacha le cuspóirí eile an phlean aistrithe a shainaithint agus a bhainistiú, lena n-áirítear aon fhreagairt agus rannchuidiú leis an aistriú atá intuigthe le Comhaontú Pháras (***plean aistrithe maidir le maolú ar an athrú aeráide***). Féach freisin an sainmhíniú ar 'plean aistrithe'.
An bhithéagsúlacht / éagsúlacht bhitheolaíoch	An athraitheacht i measc orgánaigh bheo as gach foinse lena n-áirítear ***éiceachórais*** talún, mhuirí agus uisceacha eile agus na coimpléascanna éiceolaíocha ar cuid díobh iad; áirítear éagsúlacht i measc speiceas, idir speicis agus éiceachórais leis sin.
Caillteanas bithéagsúlachta	Aon ghné den ***éagsúlacht bhitheolaíoch*** a laghdú (i.e. éagsúlacht ar an leibhéal géiniteach, ar leibhéal na speiceas agus ar leibhéal an ***éiceachórais***) i limistéar ar leith trí bhás (lena n-áirítear díothú), scriosadh nó baint fhisiciúil; d'fhéadfadh sé go dtagraíonn sé d'iliomad scálaí, ó dhíothú ar scála domhanda go díothú pobail, as a dtagann laghdú ar an mbithéagsúlacht ar an scála céanna sin.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Frithláireamh bithéagsúlachta	Is torthaí intomhaiste caomhnaithe iad ***fritháirimh bhithéagsúlachta*** atá ceaptha chun ***tionchair*** dhiúltacha agus dhosheachanta ghníomhaíochtaí an ghnóthais ar an ***mbithéagsúlacht*** agus ar ***éiceachórais*** a chúiteamh, chomh maith le bearta coisctheacha agus maolaithe a cuireadh chun feidhme cheana. I gcomhthéacs ordlathas an mhaolaithe (i.e. rannchuidiú le seachaint, íoslaghdú, athbhunú agus cúiteamh), meastar de ghnáth gur rogha dheiridh iad fritháirimh bhithéagsúlachta.
Limistéar atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de	Is iad seo a leanas na ***limistéir atá íogair ó thaobh na bithéagsúlachta de***: a) limistéir a chosnaítear trí mhodhanna dlíthiúla nó trí mhodhanna éifeachtacha eile, lena n-áirítear Natura 2000, Láithreáin Oidhreachta Domhanda Nádúrtha UNESCO, ***láithreáin*** Ramsar, agus limistéir eile faoi chosaint, mar shampla, limistéir arna sainiú ag foinsí reachtaíochta náisiúnta; agus b) limistéir a áirítear faoi ***Phríomhlimistéir Bhithéagsúlachta*** (KBAnna), Limistéir Mhuirí Shuntasacha Éiceolaíocha nó Bitheolaíocha, Liosta Dearg IUCN na nEiceachóras nó gnáthóga na speiceas a liostaítear i Liosta Dearg IUCN na Speiceas faoi Bhagairt (a aithnítear go heolaíoch mar gheall ar a dtábhacht don ***bhithéagsúlacht***).
Ábhair bhitheolaíocha	Ábhair a dhíorthaítear ó orgánaigh bheo, amhail plandaí, ainmhithe, nó miocrorgánaigh, agus ar féidir leo filleadh go sábháilte ar an mbithsféar tar éis a n-úsáide gan dochar a dhéanamh don chomhshaol. Áirítear orthu sin ábhair orgánacha bheo agus mharbha araon, amhail crainn, barra, féara, algaí, ainmhithe, agus ***dramhaíl*** bhitheolaíoch amhail aoileach. Is féidir le ***hábhair bhitheolaíocha*** a bheith íon/neamhíon agus ***in-athnuaite***/neamh-inathnuaite. Ní mheastar gur ábhair bhitheolaíocha (e.g. ***breoslaí iontaise***) iad ábhair de bhunadh bitheolaíoch, atá leabaithe i bhfoirmíochtaí geolaíocha nó a claochlaítear ina n-ábhar iontaise.
Breabaireacht	A chur ina luí ar dhuine go mímhacánta gníomhú chun do leasa trí bhronntanas airgid nó aslach eile a thabhairt dó.
Samhail ghnó	Córas an ghnóthais lena ndéantar ionchuir a bhonnathrú trína ghníomhaíochtaí agus trína ndéantar aschuir agus torthaí díobh arb é is aidhm dóibh aidhmeanna straitéiseacha an ghnóthais a chomhlíonadh agus luach a chruthú thar thréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha. Úsáidtear an téarma '***samhail ghnó***' san uimhir uatha in CETI, cé go n-aithnítear go bhféadfadh níos mó ná samhail ghnó amháin a bheith ag gnóthais.
Gaolmhaireacht gnó	Na gaolmhaireachtaí atá ag an ngnóthas le comhpháirtithe gnó, eintitis ina ***shlabhra luacha***, agus aon eintiteas neamh-Stáit nó Stáit atá nasctha go díreach lena oibríochtaí gnó, ***táirgí*** nó seirbhísí. Níl ***gaolmhaireachtaí gnó*** teoranta do ghaolmhaireachtaí conarthacha díreacha. Cuimsítear leo gaolmhaireachtaí gnó indíreacha i slabhra luacha an ghnóthais taobh amuigh den chéad sraith, agus staideanna scairsheilbhe i gcomhfhiontair nó eintitis chomhlachaithe chomh maith le hinfheistíochtaí eile.
Creidmheas carbóin	Ionstraim inaistrithe nó intrádála ar léiriú í ar thona méadrach amháin d'***astaíochtaí CO_2eq*** a laghdú nó a bhaint agus a eisítear agus a fhíoraítear de réir caighdeáin cháilíochta aitheanta.
Coibhéis dé-ocsaíde carbóin (CO_2 eq)	An t-aonad uilíoch tomhais chun an ***poitéinseal téimh domhanda*** atá ag gach ***gás ceaptha teasa*** a léiriú, arna sloinneadh i dtéarmaí poitéinsil téimh dhomhanda d'aonad amháin dé-ocsaíde carbóin. Úsáidtear é chun meastóireacht a dhéanamh ar eisiúint (nó eisiúint a sheachaint) ***gás ceaptha teasa*** difriúil ar bhonn comónta.
Bealach chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl	Is éard atá sna ***bealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl*** struchtúir fhoirmiúla arna mbunú ag an ngnóthas nó ag tríú páirtí (mar shampla, rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhlachais tionscail), lena n-áirítear a ***chaidrimh ghnó***, le próisis thiomnaithe trínar féidir le ***páirtithe leasmhara*** a ndéantar difear dóibh a n-ábhair imní nó a riachtanais a chur in iúl. Is iondúil go n-áirítear sna struchtúir sin céimeanna nó critéir a leantar chun a áirithiú go dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar ábhair imní nó ar riachtanais. Is féidir a áireamh orthu freisin, más infheidhme, ***próisis chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú i leigheas*** le haghaidh ***tionchair iarbhír***. I measc na samplaí de bhealaí chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl tá ***sásraí casaoide***, beolínte, ionadaithe ceardchumainn nó pobail ar an leibhéal oibre nó ar an leibhéal áitiúil, comhairlí oibreacha, próisis idirphlé, sásraí gearáin pobail nó ***tomhaltóirí*** chomh maith le sásraí sceithireachta, a mhéid a chuireann siad ar chumas daoine aon ábhar imní nó riachtanais a chur in iúl maidir le tionchair iarbhír nó ***tionchair fhéideartha*** a dhéanann difear dóibh nó do pháirtithe leasmhara eile.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Saothar leanaí	Obair a bhaineann a n-óige, a n-acmhainn agus a ndínit de leanaí, agus atá díobhálach dá bhforbairt fhisiceach agus mheabhrach. Tagraíonn sé d'obair: a) atá contúirteach agus díobhálach go meabhrach, go fisiceach, go sóisialta nó go morálta do leanaí; agus/nó b) a chuireann isteach ar a scolaíocht tríd an deis freastal ar scoil a bhaint díobh; cuirtear d'oibleagáid orthu an scoil a fhágáil roimh am, nó ceanglaítear orthu iarracht a dhéanamh freastal ar scoil a chomhcheangal le hobair atá rófhada agus róthrom. Sainmhínítear leanbh mar dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Cé acu is féidir nó nach féidir '***saothar leanaí***' a thabhairt ar chineálacha áirithe 'oibre', is rud é a bhraitheann ar aois an linbh, ar chineál agus uaireanta na hoibre a dhéantar agus ar na dálaí faoina ndéantar í. Níl an freagra mar an gcéanna i ngach tír, ná i ngach earnáil laistigh de thíortha. Níor cheart an aois íosta oibre a bheith níos lú ná an aois íosta ag a gcuirtear an freastal scoile éigeantach i gcrích agus, in aon chás, níor cheart í a bheith níos lú ná 15 bliana de réir Choinbhinsiún na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) Uimh. 138 maidir le hAois Íosta. D'fhéadfadh eisceachtaí a bheith ann i roinnt tíortha nach bhfuil forbairt leormhaith ar a ngeilleagair ná ar a saoráidí oideachais, agus tá feidhm ag aois íosta 14 bliana. Sonraíonn EIS na tíortha eisceachta sin mar fhreagairt ar iarratas speisialta ón tír lena mbaineann agus i gcomhairle le heagraíochtaí ionadaíocha fostóirí agus oibrithe. Féadfar a cheadú le dlíthe náisiúnta daoine idir 13 bliana agus 15 bliana d'aois a fhostú chun obair éadrom a dhéanamh fad nach dócha go mbeidh an obair sin díobhálach dá sláinte ná dá bhforbairt agus nach ndéanfaidh sí dochar dá bhfreastal scoile nó dá rannpháirtíocht i gcláir ghairmoideachais nó ***oiliúna***. An aois íosta chun bheith ag gabháil d'obair ar dócha, de thoradh a cineáil nó na n-imthosca ina ndéantar í, go gcuirfidh sí sláinte, sábháilteacht nó moráltacht daoine óga i mbaol, ní bheidh sí níos lú ná 18 mbliana.
Ciorclaíocht	Méid an ailínithe le prionsabail an ***gheilleagair chiorclaigh***.
Geilleagar Ciorclach	Córas eacnamaíoch ina gcoinnítear luach acmhainní sa gheilleagar ar bun a fhad is féidir agus ina bhfeabhsaítear a n-úsáid éifeachtúil i dtáirgeadh agus tomhaltas, rud a laghdaíonn ***tionchar*** comhshaoil a n-úsáide agus a íoslaghdaíonn ***dramhaíl*** agus scaoileadh ***substaintí*** guaiseacha ag gach céim dá saolré, lena n-áirítear tríd an ordlathas dramhaíola a chur i bhfeidhm.
Prionsabal an gheilleagair chiorclaigh	Is iad seo a leanas ***prionsabail an gheilleagair chiorclaigh***: a) ***dramhaíl*** agus ***truailliú*** a dhíothú trí ***tháirgí*** agus ábhair a dhearadh ar féidir leo dul ar ais sa gheilleagar tar éis a n-úsáide; b) táirgí agus ábhair a scaipeadh (ag a luach is airde) trína gcothabháil, trína n-athúsáid agus trína n-athchóiriú; agus c) an dúlra a athghiniúint trí dhíriú ar thimpeallachtaí nádúrtha a fheabhsú agus ar phríomhfheidhmeanna éiceolaíocha a athbhunú.
Seirbhís an gheilleagair chiorclaigh	De réir Iarscríbhinn II a ghabhann le Tacsanomaíocht an Aontais (Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2486 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2020/852), meastar go rannchuidíonn na gníomhaíochtaí seirbhísí eacnamaíocha seo a leanas (CEY 5.1 – CEY 5.6) go substaintiúil leis an aistriú i dtreo ***geilleagar ciorclach***: a) cothabháil agus deisiú; b) ***athúsáid*** agus athdháileadh; c) táirge mar sheirbhís; d) ***athchúrsáil*** agus ***aisghabháil*** acmhainní; agus e) seirbhísí deartha agus comhairliúcháin inbhuanaithe.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Oiriúnú don athrú aeráide	An próiseas chun oiriúnú don athrú aeráide iarbhír agus don athrú aeráide a bhfuil coinne leis agus dá ***thionchair***.
Maolú ar an athrú aeráide	An próiseas a bhaineann le h***astaíochtaí GCT*** a laghdú agus leis an méadú ar an meánteocht dhomhanda a choimeád faoi bhun 1,5 °C os cionn na leibhéal réamhthionsclaíoch, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.
Deis a bhaineann leis an aeráid	Éifeachtaí dearfacha ionchasacha a bhaineann leis an athrú aeráide a d'fhéadfadh a bheith ar an ngnóthas. D'fhéadfadh iarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú don athrú aeráide ***deiseanna*** a chruthú do ghnóthais. Beidh na ***deiseanna a bhaineann leis an aeráid*** éagsúil ag brath ar an réigiún, an margadh agus an tionscal ina n-oibríonn gnóthas.
Riosca fisiceach a bhaineann leis an aeráid (Riosca fisiceach ó athrú aeráide)	***Rioscaí*** a leanann as an athrú aeráide a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar theagmhas (géar-rioscaí) nó ar athruithe níos fadtéarmaí i bpatrúin aeráide (rioscaí ainsealacha). Eascraíonn géar-***rioscaí fisiceacha*** as guaiseacha áirithe, go háirithe teagmhais a bhaineann leis an aimsir amhail stoirmeacha, tuilte, dóiteáin nó toinn teasa. Eascraíonn rioscaí fisiceacha ainsealacha as athruithe níos fadtéarmaí ar an aeráid, amhail athruithe ar an teocht, agus as a n-éifeachtaí ar leibhéil ardaithe na farraige, níos lú uisce a bheith ar fáil, ***caillteanas na bithéagsúlachta*** agus athruithe ar tháirgiúlacht talún agus ***ithreach***.
Riosca aistrithe a bhaineann leis an aeráid	***Rioscaí*** a eascraíonn as an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin atá athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide. Áirítear leo de ghnáth rioscaí ***beartais***, rioscaí dlíthiúla, rioscaí teicneolaíochta, rioscaí margaidh agus rioscaí clú.
Athléimneacht aeráide	An acmhainneacht atá ag eintiteas coigeartú i leith athruithe aeráide, agus i leith forbairtí nó neamhchinnteachtaí a bhaineann leis an athrú aeráide. Is éard atá i gceist le ***hathléimneacht*** in aghaidh an ***athraithe aeráide*** an acmhainneacht ***rioscaí*** a bhaineann leis an aeráid a bhainistiú agus tairbhe a bhaint as ***deiseanna a bhaineann leis an aeráid***, lena n-áirítear an cumas freagairt ar ***rioscaí aistrithe*** agus ***rioscaí fisiceacha*** agus oiriúnú dóibh. Le hathléimneacht ghnóthais in aghaidh an athraithe aeráide áirítear a athléimneacht straitéiseach agus a athléimneacht oibríochtúil araon i leith athruithe a bhaineann leis an aeráid agus i leith forbairtí nó neamhchinnteachtaí atá bainteach leis an aeráid.
Cómhargáil	An chaibidlíocht uile a dhéantar idir fostóir, grúpa fostaithe nó ceann amháin nó níos mó d'eagraíochtaí fostóirí, ar thaobh amháin, agus ceann amháin nó níos mó de cheardchumainn nó, ina n-éagmais sin, ionadaithe na n-oibrithe arna dtoghadh agus arna n-údarú go cuí acu i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin náisiúnta, ar an taobh eile, chun: a) dálaí oibre agus téarmaí fostaíochta a chinneadh; agus/nó b) an caidreamh idir fostóirí agus oibrithe a rialáil; agus/nó c) an caidreamh idir fostóirí nó a n-eagraíochtaí agus eagraíocht oibrithe nó eagraíochtaí oibrithe a rialáil.
Tomhaltóir	Daoine aonair a fhaigheann, a thomhlaíonn nó a úsáideann earraí agus seirbhísí le haghaidh úsáid phearsanta, dóibh féin nó do dhaoine eile, agus ní chun críoch athdhíola, tráchtála nó trádála, gnó, ceardaíochta ná gairme.
Cultúr corparáideach	Cuireann ***cultúr corparáideach*** spriocanna in iúl trí luachanna agus creidimh. Treoraíonn sé gníomhaíochtaí an ghnóthais trí thoimhdí comhroinnte agus noirm ghrúpa amhail luachanna nó ráitis mhisin nó cód iompair.
Éilliú	Cumhacht arna cur ar iontaoibh a mhí-úsáid chun leas príobháideach, rud a fhéadann daoine aonair nó eagraíochtaí a ghríosú. Áirítear leis cleachtais amhail íocaíochtaí éascaíochta, calaois, sracadh, claonpháirteachas agus sciúradh airgid. Áirítear leis freisin aon bhronntanas, iasacht, táille, dámhachtain nó buntáiste eile a thugann aon duine d'aon duine eile nó a fhaigheann aon duine ó aon duine eile mar aslach chun rud éigin a dhéanamh a bheadh mímhacánta, neamhdhleathach nó ina shárú iontaobhais in iompar gnó an ghnóthais. Is féidir a áireamh orthu sin airgead tirim nó sochair chomhchineáil, amhail earraí saor in aisce, bronntanais, agus laethanta saoire, nó seirbhísí pearsanta speisialta a sholáthraítear chun críche buntáiste mhíchuí, nó brú morálta a d'fhéadfadh a bheith ann dá dheasca buntáiste den sórt sin a fháil.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Seachvótáil inchreidte	Daoine ag a bhfuil taithí sách domhain ag dul i ngleic le ***páirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear ó réigiún nó comhthéacs ar leith (mar shampla, oibrithe ban ar fheirmeacha, ***pobail dhúchasacha*** nó oibrithe imirceacha) ar féidir leo cuidiú chun a n-imní dóchúla a chur in iúl go héifeachtach. Sa chleachtas, is féidir forbairt agus eagraíochtaí neamhrialtasacha chearta an duine, ceardchumainn idirnáisiúnta agus sochaí shibhialta áitiúil a áireamh anseo, lena n-áirítear eagraíochtaí creideamh-bhunaithe.
Amhábhair chriticiúla	Is amhábhair iad ***amhábhair chriticiúla*** a bhfuil tábhacht mhór eacnamaíoch ag baint leo agus atá faoi réir riosca soláthair, mar gheall ar thosca amhail comhchruinniú geografach, teorainneacha eacnamaíocha nó geopholaitiúla, rátaí ísle ionchuir athchúrsála deireadh ré nó deacrachtaí maidir le hionadú. Is iad na hamhábhair chriticiúla na hamhábhair sin a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn 1 sna Gníomhartha um Amhábhair Chriticiúla (2023).
Éifeacht airgeadais atá ann faoi láthair	***Éifeachtaí airgeadais*** don tréimhse thuairiscithe reatha a aithnítear sna ráitis airgeadais phríomha.
Seift dícharbónúcháin	Cineálacha comhiomlánaithe de ***ghníomhaíochtaí*** maolaithe amhail éifeachtúlacht fuinnimh, leictriú, aistriú breosla, úsáid as ***fuinneamh inathnuaite***, athrú ***táirgí***, agus dícharbónú an ***tslabhra soláthair*** atá oiriúnach do ghníomhaíochtaí sonracha na ngnóthas.
Spleáchas	Cás ina mbíonn gnóthas spleách ar acmhainní nádúrtha, daonna agus/nó sóisialta chun a phróisis ghnó a dhéanamh. D'fhéadfadh ***spleáchais*** a bheith ina bhfoinsí ***rioscaí*** nó ***deiseanna***, gan beann ar ***thionchair fhéideartha*** an ghnóthais ar na hacmhainní nádúrtha, daonna agus sóisialta ar a mbraitheann sé.
Fású	***Díghrádú talún*** i limistéir thura, bhreacthura agus thirime fo-bhogthaise a leanann as tosca éagsúla, lena n-áirítear éagsúlachtaí aeráide agus gníomhaíochtaí an duine. Ní thagraíonn ***gaineamhlú*** do leathadh nádúrtha fásach atá ann cheana.
Ráta in-athchúrsáilteachta deartha	Táscaire lena dtomhaistear sciar an ***eis-sreafa acmhainní*** a dheartar agus a mhonaraítear ar bhealach inar féidir é a phróiseáil ina ábhar athchúrsáilte. Is féidir an ***ráta in-athchúrsáilteachta deartha*** a léiriú, mar shampla, trí úsáid a bhaint as ábhair atá go hiomlán in-athchúrsáilte leis na scéimeanna ***athchúrsála*** atá ann cheana, trí níos lú cineálacha ábhair a roghnú agus trí aonchineálacht mhéadaithe ábhair, tríd an gcumas an ***táirge*** a dhíchóimeáil nó trí oiriúnacht na bpáirteanna táirge agus na n-ábhar le haghaidh athchúrsála ina n-ábhair ardcháilíochta agus trí threoirlínte leordhóthanacha a chur chun feidhme maidir le dearadh le haghaidh athchúrsála don chineál táirge. Is táscaire tuairiscithe é an ráta maidir leis an gcaoi ar féidir an táirge agus na hábhair úsáidte a athchúrsáil le scéim athchúrsála atá ann cheana agus nach n-athraíonn 'céim úsáide' an in-athchúrsáilteacht go suntasach (e.g. éilliú lena gcoisctear athchúrsáil).
Idirdhealú	Is go díreach nó go hindíreach a dhéantar ***idirdhealú***. Tarlaíonn idirdhealú díreach i gcás ina gcaitear le duine aonair ar bhealach nach bhfuil chomh fabhrach céanna leis an mbealach a gcaitear, nó a gcaithfí, le daoine eile a bhfuil cásanna comhchosúla acu, agus inarb é an rud is cúis leis saintréith ar leith den duine sin, rud is 'foras cosanta' ann. Idirdhealú indíreach a bheidh ann i gcás ina dtabharfaidh riail, ar cosúil gur riail neodrach í, míbhuntáiste do dhuine nó do ghrúpa a bhfuil an tsaintréith chéanna i bpáirt acu. Ní mór a léiriú, i gcomparáid le grúpa comparáide, go dtugann cinneadh míbhuntáiste do ghrúpa.
Ábharthacht dhúbailte	Tá dhá ghné ag baint le ***hábharthacht dhúbailte***: ***ábharthacht tionchar*** agus ***ábharthacht airgeadais***. Comhlíonann ***topaic*** inbhuanaitheachta an critéar maidir le hábharthacht dhúbailte má tá sé ábhartha ó thaobh ***tionchair*** nó ó thaobh airgeadais de nó an dá rud.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Spreagthaí na bithéagsúlachta agus an athraithe éiceachórais	Na tosca uile is cúis, go díreach nó go hindíreach, le hathruithe ar an dúlra, ar shócmhainní antrapaigineacha, ar an méid a chuireann an dúlra le daoine agus ar an gcáilíocht saoil. Tionscnóirí nádúrtha agus antrapaigineacha araon atá i dtionscnóirí díreacha an athraithe. Imríonn siad tionchair dhíreacha fhisiceacha ar an nádúr (go meicniúil agus go ceimiceach agus ó thaobh torainn agus solais de, etc.) agus ***tionchair*** a dhéanann difear dá iompraíocht. Áirítear orthu sin, *inter alia*, an t-athrú aeráide, ***truailliú***, cineálacha éagsúla athraithe ar úsáid talún, ***speicis coimhthíocha ionracha*** agus zónóisí, agus saothrú díreach ar orgánaigh. Oibríonn ***spreagthaí indíreacha an athraithe éiceachórais agus bithéagsúlachta*** ar bhealach idirleata trí spreagthaí díreacha chomh maith le spreagthaí indíreacha eile a athrú agus tionchar a imirt orthu. Déanann siad difear do leibhéal, treo nó ráta na spreagthaí díreacha. Idirghníomhaíochtaí idir tionscnóirí díreacha agus indíreacha, cruthaíonn siad slabhraí éagsúla gaolmhaireachta, aitreabúideachta agus tionchar, a d'fhéadfadh a bheith éagsúil ó thaobh cineáil, déine, ré agus faid de. D'fhéadfadh cineálacha éagsúla éifeachtaí iarmharta a bheith ann de thoradh na ngaolmhaireachtaí sin freisin. Ar thionscnóirí tionchair domhanda áirítear tionscnóirí eacnamaíocha, déimeagrafacha, rialachais, teicneolaíocha agus cultúrtha. I measc tionscnóirí indíreacha, tugtar aird ar leith ar ról institiúidí (idir fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil) agus ar na tionchair a imríonn patrúin táirgthe, soláthair agus tomhaltais ar an dúlra, ar na bealaí a rannchuidíonn an dúlra le saol daoine agus le dea-cháilíocht saoil.
Marthanacht	Cumas ***táirge***, comhpháirte nó ábhair leanúint de bheith feidhmiúil agus ábhartha faoi choinníollacha sonraithe úsáide, cothabhála agus deisiúcháin, go dtí deireadh teicniúil a ré. Is minic a thagraíonn ***marthanacht*** do chumas fisiceach táirge seasamh in aghaidh caithimh, damáiste nó díghrádaithe, ach is féidir marthanacht theicneolaíoch a chuimsiú léi freisin, mar shampla an cumas leanúint de bheith éifeachtach trí nuashonruithe bogearraí.
Ceanglas éicidhearthóireachta	Ceanglais feidhmíochta nó faisnéise atá dírithe ar ***tháirge*** a dhéanamh níos inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de, lena n-áirítear na próisis a tharlaíonn feadh ***shlabhra luacha*** an táirge. Áirítear ar na ceanglais sin: a) feabhas a chur ar ***mharthanacht***, ath-inúsáidteacht, in-uasghrádaitheacht agus indeisitheacht táirgí; b) feabhas a chur ar an bhféidearthacht táirgí a chothabháil agus a athchóiriú; c) táirgí a dhéanamh níos tíosaí ar fhuinneamh agus ar acmhainní; d) aghaidh a thabhairt ar láithreacht ***substaintí*** a chuireann bac ar ***chiorclaíocht***; e) ábhar athchúrsáilte a mhéadú; f) táirgí a dhéanamh níos éasca a athmhonarú agus a athchúrsáil; g) rialacha a leagan síos maidir le loirg charbóin agus chomhshaoil; h) teorainn a chur le giniúint ***dramhaíola***; agus i) feabhas a chur ar infhaighteacht faisnéise maidir le hinbhuanaitheacht táirgí. Tá an liosta iomlán i Rialachán (AE) 2024/1781 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
Tairseach éiceolaíoch	An pointe a bhíonn athrú sách beag ar dhálaí seachtracha ina chúis le athrú gasta ar ***éiceachóras***. I gcás ina sáraítear ***tairseach éiceolaíoch***, ní féidir leis an éiceachóras filleadh ar a ghnáthstaid cothromaíochta roimhe sin trí bhíthin a athléimneachta féin a thuilleadh.
Éiceachóras	Coimpléasc dinimiciúil de phobail plandaí, ainmhithe agus miocrorgánaigh agus a dtimpeallacht neamhbheo ag idirghníomhú le chéile mar aonad feidhmiúil. Le Típeolaíocht Dhomhanda Éiceachóras 2.0 IUCN soláthraítear típeolaíocht ***éiceachóras***.
Seirbhís éiceachórais	Na bealaí a rannchuidíonn ***éiceachórais*** leis na tairbhí a úsáidtear i ngníomhaíocht eacnamaíoch agus i ngníomhaíocht eile an duine, go háirithe na tairbhí a bhaineann daoine as éiceachórais. I Measúnú Éiceachórais na Mílaoise, roinntear ***seirbhísí éiceachórais*** ina seirbhísí tacaíochta, rialála, soláthair agus cultúrtha. Leis an Aicmiú Idirnáisiúnta Coiteann ar Sheirbhísí Éiceachórais, aicmítear cineálacha seirbhísí éiceachóras.
Astaíocht	Scaoileadh díreach nó indíreach ***substaintí***, creathanna, teasa nó torainn ó fhoinsí aonair nó scaipthe isteach san aer, san uisce nó san ***ithir*** (Treoir (AE) 2024/1785).
Fostaí	Duine aonair atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas de réir an dlí náisiúnta nó de réir cleachtas náisiúnta.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Úsáideoir deiridh	Daoine a úsáideann nó a bheartaítear go n-úsáidfidh siad ***táirge*** nó seirbhís áirithe iarbhír.
Timpiste chomhshaoil	Tarlú gan choinne, amhail ***mór-astaíocht***, dóiteán, nó pléascadh, a eascraíonn as forbairtí neamhrialaithe le linn oibríochta, as a dtagann ***tionchair*** dhiúltacha fhéideartha nó iarbhír ar an tsláinte nó ar an gcomhshaol.
Cóir Chomhionann	Is prionsabal ginearálta de dhlí na hEorpa é prionsabal na ***córa comhionainne*** lena ndéantar talamh slán de go gcaitear ar an mbealach céanna le cásanna inchomparáide nó le páirtithe a bhfuil cásanna inchomparáide acu. I gcomhthéacs CETI S1 *Lucht Saothair Dílis*, tagraíonn an téarma 'cóir chomhionann' freisin do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, nach ndéanfar aon ***idirdhealú*** díreach ná indíreach dá réir bunaithe ar fhoras ar bith amhail inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, gnéithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.
Méid an éiceachórais talún, fionnuisce agus mhuirí / Méid an éiceachórais	Méid sócmhainne ***éiceachórais***, i gcás inarb é an tsócmhainn éiceachórais an spás tadhlach éiceachórais de chineál sonrach a bhfuil tacar sainiúil comhpháirteanna bitheacha agus aibitheacha agus a n-idirghníomhaíochtaí mar shaintréithe aige.
Saoire a bhaineann leis an teaghlach	Áirítear le ***saoire a bhaineann leis an teaghlach*** saoire mháithreachais, saoire atharthachta, saoire thuismitheoireachta, agus saoire cúramóirí atá ar fáil faoin dlí náisiúnta nó faoi chomhaontuithe cómhargála. Chun críoch CETI, sainmhínítear na coincheapa sin mar a leanas: a) saoire mháithreachais (ar a dtugtar saoire toirchis freisin): saoire neamhláithreachta cosaint fostaíochta le haghaidh ban fostaithe go díreach timpeall ar am breith linbh (nó, i roinnt tíortha, uchtáil); b) saoire atharthachta: saoire ón obair d'aithreacha nó, i gcás ina n-aithnítear í faoin dlí náisiúnta agus a mhéid a aithnítear í, saoire do dhara tuismitheoirí coibhéiseacha, tráth breithe nó uchtála linbh, chun cúram a sholáthar; c) saoire tuismitheora: saoire ón obair do thuismitheoirí ar an bhforas gur rugadh nó gur uchtaíodh leanbh chun aire a thabhairt don leanbh sin, mar atá sainmhínithe ag gach Ballstát; agus d) saoire cúramóra ón obair: saoire le haghaidh oibrithe chun cúram pearsanta a sholáthar do dhuine gaolta, nó duine a chónaíonn sa teaghlach céanna, óna dteastaíonn cúram nó tacaíocht shuntasach ar chúis leighis thromchúiseacha, mar a shainmhíníonn gach Ballstát.
Éifeacht airgeadais	Éifeachtaí ag ***rioscaí*** agus ***deiseanna*** a imríonn tionchar ar staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid an ghnóthais sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma.
Ábharthacht airgeadais	Tá ***topaic*** inbhuanaitheachta ábhartha ó thaobh airgeadais de má ghineann sé ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** a dhéanann difear do staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais nó sreabhadh airgid an ghnóthais, nó dá rochtain ar mhaoiniú nó dá chostas caipitil, sa ghearrthéarma, sa mheántéarma nó san fhadtéarma (nó a bhféadfadh coinne réasúnach a bheith leis go ndéanfaidís an difear sin).
Saothar éignithe	Gach obair nó seirbhís a bhaintear as aon duine atá faoi bhagairt pionóis agus nár chuir an duine é féin ar fáil go saorálach ina leith. Cuimsítear leis an téarma gach cás ina gcuirtear iallach ar dhuine ar aon bhealach obair a dhéanamh agus áirítear leis cleachtais thraidisiúnta ar 'geall le sclábhaíocht' iad agus cineálacha comhaimseartha comhéigin a bhaineann dúshaothrú saothair leo, rud lena bhféadfaí gáinneáil ar dhaoine agus sclábhaíocht an lae inniu a áireamh.
Foirmlitheoir	Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a chomhcheanglaíonn ***substaintí*** ina meascáin, agus a chuireann ar an margadh iad go minic faoina lipéad branda féin. Níl feidhm ag an sainmhíniú seo ach amháin maidir le heintitis a oibríonn laistigh de thionscal na gceimiceán.
Breosla iontaise	Foinsí neamh-inathnuaite fuinnimh atá bunaithe ar charbón ar nós breoslaí soladacha, gás nádúrtha agus ola.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Toiliú Saor, Roimh Ré agus Eolasach (FPIC)	Is léiriú ar cheart ***pobal dúchasach*** chun a dtosaíochtaí polaitiúla, sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha a fhéinchinneadh é. Tá sé comhdhéanta de thrí cheart idirghaolmhara agus charnacha atá ag pobail dhúchasacha: an ceart go rachfaí i gcomhairle leo, an ceart chun páirt a ghlacadh, agus an ceart chun a dtailte, a gcríoch agus a n-acmhainní. Baineann ***saorthoiliú feasach roimh ré*** le pobail dhúchasacha agus aithnítear é faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, go háirithe Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na bPobal Dúchasach.
Fionnuisce	***Screamhuisce*** agus ***uisce dromchla*** ag a bhfuil meánsalandacht bhliantúil < 0.5 ‰ (i.e. an teorainn a luaitear in Iarscríbhinn II den Treoir Réime maidir le hUisce (Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)).
Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh (GDR)	Leagtar síos i g***Ceanglas Ginearálta maidir le Nochtadh*** ábhar riachtanach na faisnéise a chuireann an gnóthas san áireamh nuair a thuairiscíonn sé ar ***bheartais***, ***gníomhaíochtaí***, ***méadracht*** nó ***spriocanna*** mar a thuairiscítear in CETI 2 *Nochtaí Ginearálta*, de bhun Ceanglas maidir le Nochtadh in CETI nó ar bhonn eintiteas-sonrach. Is é GDR an giorrúchán atá aige.
Laghdú astaíochtaí GCT	Laghdú ar astaíochtaí GCT Scóip 1, 2, 3 nó ***astaíochtaí GCT*** iomlána an ghnóthais i ndeireadh na tréimhse tuairiscithe, i gcoibhneas le h***astaíochtaí*** bonnbhliana. D'fhéadfadh laghduithe ar astaíochtaí leanúint astu seo a leanas, agus cinn eile nach iad, éifeachtúlacht fuinnimh, leictriú, dícharbónú ***soláthróirí***, dícharbónú ar an meascán leictreachais, forbairt ***táirgí*** inbhuanaithe nó athruithe ar theorainneacha nó ar ghníomhaíochtaí tuairiscithe (e.g. seachfhoinsiú, inniúlachtaí laghdaithe), ar choinníoll go mbaintear amach iad laistigh d'oibríocht dhílis agus ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais. Ní dhéantar baintí ná astaíochtaí seachanta a chomhaireamh mar laghduithe ar astaíochtaí.
Baint agus stóráil GCT	Tagraíonn baint (antrapaigineach) d'aistarraingt ***GCTanna*** ón atmaisféar de thoradh gníomhaíochtaí an duine d'aon ghnó. Áirítear orthu sin linnte bitheolaíocha antrapaigineacha ***CO_2*** a fheabhsú agus innealtóireacht cheimiceach a úsáid chun baint agus stóráil fhadtéarmach a bhaint amach. Is féidir le gabháil agus stóráil carbóin ó fhoinsí tionsclaíocha agus foinsí a bhaineann le fuinneamh, nach mbaineann CO_2 den atmaisféar astu féin, CO_2 atmaisféarach a bhaint má úsáidtear i gcomhcheangal le táirgeadh bithfhuinnimh í (Gabháil agus Stóráil Carbóin Bithfhuinnimh). Is féidir baint a aisiompú, arb ionann iad agus aon ghluaiseacht GCT stóráilte amach as an stóráil bheartaithe a ghabhann isteach san atmaisféar arís. Foraois a fásadh chun méid sonrach CO_2 a bhaint, mar shampla, má bhíonn sí faoi réir falscaí, aisiompaítear na h***astaíochtaí*** a ghabhtar sna crainn.
Limistéir gheografacha	Is féidir anailís a dhéanamh ar ***limistéir gheografacha*** nó ar chomhthéacsanna geografacha ar leibhéil éagsúla, e.g. tír, réigiún, contae, imchuach uisce, ***éiceachóras*** nó ***láithreán***, de réir a n-ábharthachta don mheasúnú ***ábharthachta***.
Creat-Chomhaontú Domhanda (CDA)	Feidhmíonn ***Creat-Chomhaontuithe Domhanda*** chun gaolmhaireacht leanúnach a bhunú idir fiontar ilnáisiúnta agus Cónaidhm Dhomhanda Ceardchumann chun a áirithiú go gcloífidh an gnóthas leis na caighdeáin chéanna i ngach tír ina n-oibríonn sé.
Acmhainneacht téite domhanda (GWP)	Toisc lena dtugann tuairisc ar thionchar fórsála radantaí (an méid díobhála a dhéantar don atmaisféar) aonaid amháin de ***GCT*** ar leith i gcoibhneas le haonad amháin ***CO_2***.
Gáis Ceaptha Teasa (GCT)	Na gáis a liostaítear i gcuid 2 d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Áirítear orthu sin dé-ocsaíd charbóin (CO_2), Meatán (CH_4), Ocsaíd Nítriúil (N_2O), Heicseafluairíd sulfair (SF_6), Trífhluairíd nítrigine (NF_3), Hidreafluaracarbóin (HFCanna) agus Sárfhluaracarbóin (PFCanna).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Sásra casaoide	Aon ghnáthphróiseas, bíodh sé státbhunaithe nó gan bheith státbhunaithe, breithiúnach nó neamhbhreithiúnach, trínar féidir le ***páirtithe leasmhara*** casaoidí a dhéanamh agus ***leigheas*** a lorg. Ar shamplaí de ***shásraí casaoide*** státbhunaithe breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha áirítear cúirteanna, binsí saothair, institiúidí náisiúnta um chearta an duine, Pointí Teagmhála Náisiúnta faoi Threoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta, oifigí ombudsman, gníomhaireachtaí cosanta ***tomhaltóirí***, comhlachtaí maoirseachta rialála, agus oifigí gearán arna reáchtáil ag rialtas. Ar shásraí casaoide nach bhfuil státbhunaithe áirítear iad siúd arna riar ag an ngnóthas, ina aonar nó in éineacht le páirtithe leasmhara, amhail sásraí casaoide agus ***cómhargáil*** ar an leibhéal oibríochtúil, lena n-áirítear na sásraí a bhunaítear trí bhíthin na cómhargála. Áirítear orthu freisin sásraí arna riar ag comhlachais tionscail, eagraíochtaí idirnáisiúnta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, nó grúpaí ilpháirtithe leasmhara. Is é an gnóthas, ina aonar nó i gcomhar le páirtithe leasmhara eile, a riarann sásraí casaoide ar an leibhéal oibríochtúil agus tá rochtain dhíreach ag páirtithe leasmhara an ghnóthais orthu. Táthar in ann casaoidí a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go luath agus díreach dá mbarr, rud a choisceann an díobháil agus an géarú ar chasaoidí araon. Le sásraí casaoide, tugtar caoi freisin dóibh siúd a ndéantar difear díreach dóibh aiseolas tábhachtach a sholáthar maidir le héifeachtacht dhícheall cuí an ghnóthais. De réir Threoirphrionsabal 31 ó na Náisiúin Aontaithe, is é is sásraí casaoide éifeachtacha ann sásraí dlisteanacha, inrochtana, intuartha, cothromasacha, trédhearcacha atá comhoiriúnach le cearta agus ina bhfoinse foghlama leanúnaí. I dteanna na gcritéar sin, tá sásraí casaoide éifeachtacha ar an leibhéal oibríochtúil bunaithe ar rannpháirtíocht agus idirphlé. D'fhéadfadh sé gur deacra don ghnóthas measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na sásraí casaoide a bhfuil sé rannpháirteach iontu ná iad siúd a bhunaigh sé féin.
Screamhuisce	An t-uisce uile faoi dhromchla na talún atá i gcrios an tsáithithe agus i dteagmháil dhíreach leis an talamh nó leis an bhfo-ithir. Sainmhínítear é freisin mar uisce atá á choinneáil i bhfoirmiú faoi thalamh agus ar féidir é a aisghabháil ó fhoirmiú faoi thalamh.
Ciapadh	Cás ina dtarlaíonn iompar gan iarraidh a bhaineann le foras cosanta ***idirdhealaithe*** (mar shampla, inscne faoi Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, nó reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh faoi Threoir 2000/78/CE ón gComhairle) chun dínit duine a shárú, agus chun timpeallacht imeaglaithe, naimhdeach, tháireach, náireach nó mhaslach a chruthú.
Dramhaíl ghuaiseach	***Dramhaíl*** a léiríonn ceann amháin nó níos mó de na hairíonna guaiseacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir maidir le Dramhaíl (2008/98/CE).
Earnálacha aeráide ardtionchair	Earnálacha a liostaítear i Ranna A go H agus i Roinn L d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (mar a shainmhínítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1288 ón gCoimisiún).
Teagmhas maidir le cearta an duine	Is éard is ***teagmhais maidir le cearta an duine*** ann teagmhais a bhaineann le gan cearta an duine a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, ar cearta iad a shainmhínítear in Airteagal 29b(2)(b)(iii) de Threoir 2013/34/AE (an Treoir Chuntasaíochta). Tuigtear gurb é atá sna teagmhais sin an líon cásanna a bhfuil bunús leo agus atá cláraithe ag gnóthas na nithe seo a leanas: a) imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha (amhail cásanna os comhair cúirteanna agus binsí intíre, idirghabháil, gearáin a chomhdaítear leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta d'Fhiontair Ilnáisiúnta ECFE); agus b) teagmhais eile, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin sé trína phróisis inmheánacha.
Tionchar	Féach an sainmhíniú ar ***thionchar a bhaineann le hinbhuanaitheacht***.
Ábharthacht tionchair	Beidh ***topaic*** inbhuanaitheachta ábhartha ó pheirspictíocht ***tionchair*** de i gcás ina mbeidh baint aige le hábhar iarbhír nó ionchasach an ghnóthais, le tionchair dhearfacha nó dhiúltacha ar dhaoine nó ar an gcomhshaol thar thréimhsí ama gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha. Ó thaobh tionchair de, áirítear le topaic inbhuanaitheachta ábhartha tionchair a bhaineann le hoibríochtaí dílse agus ***slabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais, lena n-áirítear trína chuid ***táirgí*** agus seirbhísí, agus trína ***ghaolmhaireachtaí gnó***.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Allmhaireoir	Aon duine nádúrtha nó dlítheanach atá freagrach as allmhairiú (i.e. tabhairt isteach fisiciúil sa chríoch chustaim). Le hallmhairiú ***substaintí*** ina n-aonar nó i meascáin, áirítear dáileadh mórdhíola substaintí ceimiceacha, de réir chód NACE G46.85 (Rev.2.1).
Dodhéanta	Níl sé praiticiúil ceanglas a chur i bhfeidhm nuair nach féidir le gnóthas é a chur i bhfeidhm tar éis dó gach iarracht réasúnta a dhéanamh ina leith. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nár bailíodh sonraí sa tréimhse roimhe sin ar bhealach lenar féidir sainmhíniú nua ar ***mhéadracht*** a chur i bhfeidhm go cúlghabhálach agus d'fhéadfadh sé a bheith ***dodhéanta*** na sonraí a athchruthú.
Teagmhas idirdhealaithe	Is iad na ***teagmhais idirdhealaithe*** na teagmhais a bhaineann le ***hidirdhealú***. Tuigtear gurb é atá sna teagmhais sin an líon cásanna a bhfuil bunús leo agus atá cláraithe ag gnóthas na nithe seo a leanas: a) imeachtaí breithiúnacha agus neamhbhreithiúnacha (amhail cásanna os comhair cúirteanna agus binsí intíre, idirghabháil, gearáin a chomhdaítear leis na Pointí Teagmhála Náisiúnta d'Fhiontair Ilnáisiúnta ECFE); agus b) teagmhais eile, lena n-áirítear iad siúd a shainaithin sé trína phróisis inmheánacha.
Comhalta boird neamhspleách	Comhaltaí boird a fheidhmíonn breithiúnas neamhspleách saor ó aon tionchar seachtrach nó aon choinbhleacht leasa. Ciallaíonn neamhspleáchas go ginearálta breithiúnas a fheidhmiú go hoibiachtúil gan srian. I gcás ina n-úsáidfear mar shlat tomhais é chun cosúlacht neamhspleáchais a bhreithniú, nó chun comhalta neamhfheidhmiúcháin de na ***comhlachtaí riaracháin, bainistíochta agus maoirseachta*** a chatagóiriú mar neamhspleách, ciallaíonn sé easpa leasa, staide, comhlachais nó gaolmhaireachta ar dócha, nuair a bhreithnítear ó pheirspictíocht tríú páirtí réasúnta eolaigh é, go n-imreodh sé tionchar míchuí ar chinnteoireacht nó gur chúis laofachta ina leith.
Pobail dhúchasacha	Níor comhaontaíodh ar an leibhéal idirnáisiúnta aon sainmhíniú aonair ar ***phobail dhúchasacha***. Sa chleachtas, tá cóineasú ann i measc gníomhaireachtaí idirnáisiúnta maidir leis na grúpaí is féidir a mheas a bheith ina bpobail dhúchasacha agus ar cheart cosaint speisialta a bheith orthu mar sin. Baineann critéar tábhachtach chun pobail dhúchasacha a shainmhíniú lena gceangal le limistéar traidisiúnta, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún EIS Uimh. 169, Airteagal 1, ina ndeirtear go bhfuil feidhm ag an gcoinbhinsiún maidir le: *'(a) pobail threibheacha i dtíortha neamhspleácha a dhealaíonn a ndálaí sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíocha iad ó chodanna eile den phobal náisiúnta, agus a rialaítear a stádas, go hiomlán nó go páirteach, lena gcustaim nó lena dtraidisiúin féin, nó le dlíthe nó rialacháin speisialta; (b) pobail i dtíortha neamhspleácha a mheastar a bheith dúchasach toisc gur shíolraigh siad ó na pobail a raibh cónaí orthu sa tír, nó i réigiún geografach lena mbaineann an tír, tráth na gabhála nó an choilínithe nó tráth ar bunaíodh teorainneacha an stáit mar atá faoi láthair agus, beag beann ar a stádas dlíthiúil, a choimeádann cuid dá n-institiúidí* ***sóisialta****, eacnamaíocha, cultúrtha agus polaitiúla féin nó iad go léir'*. Luaitear an méid seo a leanas freisin in Airteagal 1(2) de Choinbhinsiún EIS Uimh. 169: *'measfar gur critéar bunúsach é [féin]-aitheantas mar phobal dúchasach nó treibheach chun a chinneadh cé na grúpaí a bhfuil feidhm ag forálacha an Choinbhinsiúin seo maidir leo'*.
Astaíochtaí GCT indíreacha	***Astaíochtaí GCT*** atá mar iarmhairt ar ghníomhaíochtaí gnóthais ach a tharlaíonn ag foinsí atá faoi úinéireacht gnóthais eile nó á rialú ag eintiteas eile. Is éard is astaíochtaí indíreacha ann ***astaíochtaí GCT Scóip 2*** agus ***astaíochtaí GCT Scóip 3*** in éineacht.
Scéim praghsála carbóin inmheánach	Socrú eagraíochtúil a ligeann do ghnóthas praghsanna carbóin a chur i bhfeidhm i gcinnteoireacht straitéiseach agus oibríochtúil. Is éard is praghas carbóin inmheánach ann praghas a úsáideann eintitis chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí airgeadais athruithe ar infheistíocht, táirgeadh, agus patrúin tomhaltais, agus ar dhul chun cinn teicneolaíoch ionchasach agus costais laghdaithe astaíochtaí sa todhchaí. Tá dhá chineál praghas carbóin inmheánach ann a úsáideann gnóthais de ghnáth. Scáthphraghas a thugtar ar an gcéad chineál, ar costas teoiriciúil nó méid barúlach é nach ngearrann an gnóthas ach is féidir a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar impleachtaí eacnamaíocha nó ar chomhbhabhtálacha le haghaidh rudaí cosúil le tionchair riosca, infheistíochtaí nua, glanluach reatha tionscadal, agus costas-tairbhe na dtionscnamh éagsúil. Cáin nó táille inmheánach é an dara cineál, ar praghas carbóin é a ghearrtar ar ghníomhaíocht ghnó, líne ***táirgí***, nó aonad gnó eile bunaithe ar a ***astaíochtaí GCT*** (tá na cánacha nó na táillí inmheánacha sin comhchosúil le praghsáil aistrithe ionchuideachta).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Speicis ionracha/Speicis choimhthíocha ionracha	Speiceas a bhfuil a thabhairt isteach agus/nó a leathadh ag gníomhaíocht an duine ó lasmuigh dá dháileadh nádúrtha ina ***bhagairt ar an mbithéagsúlacht***, ar an tslándáil bia, agus ar shláinte agus dea-bhail an duine. Tagraíonn 'coimhthíoch' don speiceas a bheith tugtha isteach ó lasmuigh dá dháileadh nádúrtha (is comhchiallaigh le 'coimhthíoch' iad 'andúchasach' agus 'neamhdhúchasach'). Ciallaíonn 'ionrach' gur 'gnách leis leathadh amach ar fud na n-***éiceachóras*** ina dtugtar isteach é agus iad a mhodhnú'. Dá réir sin, d'fhéadfadh speiceas a bheith coimhthíoch gan bheith ionrach nó, i gcás speiceas atá de bhunadh réigiúin, d'fhéadfadh sé dul i méid go mór agus teacht chun bheith ionrach, gan é a bheith ina speiceas coimhthíoch iarbhír.
Príomhlimistéar Bithéagsúlachta (KBA)	***Láithreáin*** a rannchuidíonn go mór le marthanacht na ***bithéagsúlachta*** go domhanda, in ***éiceachórais*** talún, ***fionnuisce*** agus mhuirí. Cáilíonn láithreáin mar ***príomhlimistéir bhithéagsúlachta*** má chomhlíonann siad ceann amháin nó níos mó de 11 chritéar, a chuirtear ina gcúig chatagóir: an bhithéagsúlacht faoi bhagairt; an bhithéagsúlacht faoi shrian geografach; ***sláine éiceolaíoch***; próisis bhitheolaíocha; agus do-athsholáthraitheacht. Is é BirdLife International a dhéanann bainistiú ar an mBunachar Sonraí Domhanda KBAnna thar ceann Chomhpháirtíocht KBA.
Príomhábhar	Ábhair, ***substaintí***, comhpháirteanna nó ***táirgí*** atá fíor-riachtanach do chumas an ghnóthais a tháirgí nó a sheirbhísí a mhonarú nó a sholáthar, arna sainaithint trí mheasúnú bainistíochta ina mbreithnítear an méid seo a leanas: a) tosca inmheánacha, amhail méid, costas, criticiúlacht oibríochtúil, nó tábhacht straitéiseach; agus b) tosca seachtracha, lena n-áirítear ***tionchair*** chomhshaoil agus shóisialta amhail ionchais ***páirtithe leasmhara***, éilimh rialála nó ábharthacht clú. I measc na samplaí tá sileacan (ábhair), leictrilítí (substaintí), micreathoilleoirí (comhpháirteanna) agus fóin chliste (táirgí), ach níl siad teoranta dóibh sin amháin.
Príomhtháirge	***Táirgí*** atá lárnach do chruthú luacha nó do chuspóirí straitéiseacha an ghnóthais, arna sainaithint trí mheasúnú bainistíochta ina mbreithnítear an méid seo a leanas: a) tosca inmheánacha, amhail ranníocaíocht le hioncam, brabúsacht, nuálaíocht, nó leanúnachas oibríochtúil; nó b) tosca seachtracha, lena n-áirítear ***tionchair*** chomhshaoil nó shóisialta amhail braistintí ***páirtithe leasmhara***, éilimh rialála nó tábhacht clú.
Díghrádú talún	Tagraíonn ***díghrádú talún*** don iliomad próiseas a thionscnaíonn meathlú nó caillteanas ***bithéagsúlachta***, feidhmeanna ***éiceachórais*** nó a dtairbhí do dhaoine ar a n-áirítear díghrádú na n-éiceachóras talún uile.
Líonadh talún	***Láithreán*** diúscartha ***dramhaíola*** chun dramhaíl a chur ar thalamh nó isteach i dtalamh (féach Treoir 1999/31/CE ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl).
(Athrú ar) úsáid talún	An úsáid a bhaineann an duine as limistéar sonrach chun críche áirithe (amhail úsáid chónaitheach; talmhaíocht; áineas; úsáid thionsclaíoch, etc). Faoi thionchar ag cumhdach talún, ach gan bheith comhchiallach leis. Tagraíonn an t-***athrú ar úsáid talún*** d'athrú ar úsáid nó bainistiú talún ag an duine, a bhféadfadh athrú ar chumhdach talún a bheith ann dá thoradh.
Ionadaí dlisteanach	Daoine aonair a aithnítear mar dhlisteanach faoin dlí nó sa chleachtas, amhail ionadaithe ceardchumainn tofa i gcás oibrithe, nó ionadaithe eile a roghnaítear go saor de ***pháirtithe leasmhara*** dá ndéantar difear.
Giaráil	Cumas an ghnóthais athrú a dhéanamh ar chleachtais mhíchearta páirtí eile a bhfuil baint acu le tionchar diúltach ***a bhaineann leis an inbhuanaitheacht***.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Gníomhaíocht stocaireachta	Gníomhaíochtaí a dhéantar chun tionchar a imirt ar fhoirmliú nó cur chun feidhme ***beartais*** nó reachtaíochta, nó próisis chinnteoireachta rialtas, institiúidí rialtasacha, rialtóirí, institiúidí an Aontais, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí nó bunaitheoirí caighdeán. Áirítear ar ghníomhaíochtaí den sórt sin (liosta neamh-uileghabhálach): a) cruinnithe, comhdhálacha, imeachtaí a eagrú nó rannpháirt a ghlacadh iontu; b) rannchuidiú le comhairliúcháin phoiblí, éisteachtaí nó tionscnaimh chomhchosúla eile nó rannpháirt a ghlacadh iontu; c) feachtais chumarsáide, ardáin, líonraí nó tionscnaimh chosmhuintire a eagrú; agus d) páipéir bheartais agus sheasaimh, pobalbhreitheanna, suirbhéanna, obair thaighde a ullmhú/a choimisiúnú de réir na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le rialacha an chláir trédhearcachta.
Astaíochtaí GCT iata	Meastacháin ar ***astaíochtaí GCT*** sa todhchaí ar dócha go dtarlóidh siad de bharr príomhshócmhainní nó ***táirgí*** gnóthais a dhíoltar laistigh dá saolré oibriúcháin.
Monaróir earraí	Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a dhéanann nó a chóimeálann ***earra*** (féach Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006).
Monaróir substaintí	Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn ***substaintí*** (i.e. a tháirgeann nó a eastóscann substaintí ina staid nádúrtha) (féach Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006).
Acmhainní muirí	***Ábhair bhitheolaíocha*** agus neamh-bhitheolaíocha a fhaightear sna farraigí agus sna haigéin. Ar shamplaí díobh sin tá mianraí domhainfharraige, gairbhéil agus ***táirgí*** bia mara, ach gan bheith teoranta dóibh.
Ábharthacht	Tá ***topaic*** inbhuanaitheachta ábhartha má chomhlíonann sé an sainmhíniú ar ***ábharthacht tionchair***, ***ábharthacht airgeadais***, nó an dá rud.
Méadrach	Táscairí cáilíochtúla agus cainníochtúla a úsáideann an gnóthas chun éifeachtacht sheachadadh a ***bheartais*** a bhaineann le hinbhuanaitheacht a thomhas agus a thuairisciú agus in aghaidh a ***spriocanna*** le himeacht ama. Tacaíonn ***méadracht*** freisin leis an tomhas ar thorthaí an ghnóthais i ndáil le daoine dá ndéantar difear, an comhshaol agus an gnóthas.
Micreaphlaistigh	Micreacháithníní polaiméire sintéisí atá soladach agus a chomhlíonann an dá choinníoll seo a leanas araon: a) tá siad i gcáithníní agus is ionann iad agus 1 % ar a laghad de réir meáchain de na cáithníní sin; nó tógann siad bratú leanúnach dromchla ar cháithníní; agus b) i gcás ina gcomhlíonann 1 % ar a laghad de na cáithníní dá dtagraítear i bpointe (a), de réir meáchain, ceachtar de na dálaí seo a leanas: iii) tá toisí uile na gcáithníní cothrom le 5 mm nó níos lú ná sin; nó iv) tá fad na gcáithníní cothrom le 15 mm nó níos lú ná sin agus tá a gcóimheas idir fad agus trastomhas níos mó ná 3. Eisiatar na polaiméirí seo a leanas ón ainmniúchán seo: a) polaiméirí ar toradh iad ar phróiseas polaiméiriúcháin a tharla sa nádúr, go neamhspleách ar an bpróiseas trínar eastóscadh iad, nach ***substaintí*** atá modhnaithe go ceimiceach iad; b) polaiméirí atá indíghrádaithe mar a chruthaítear i gcomhréir le Foscríbhinn 15 de Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún maidir le Micreacháithníní Polaiméire Sintéisí; c) polaiméirí a bhfuil intuaslagthacht acu ar mó í ná 2 g/L mar a chruthaítear i gcomhréir le Foscríbhinn 16 a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/2055 ón gCoimisiún; agus d) polaiméirí nach bhfuil adaimh charbóin ina struchtúr ceimiceach. Féach Rialachán (AE) 2023/2055 le haghaidh liosta maoluithe.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
	Is iondúil go ndéantar ***micreaphlaistigh*** a chatagóiriú ina gcineálacha príomhúla agus tánaisteacha. Déantar micreaphlaistigh phríomhúla a tháirgeadh d'aon ghnó agus a chur le ***táirgí*** d'aon ghnó (e.g. micreachoirníní, gealra nó cobhsaitheoirí i gcosmaidí), rud a fhágann go scaoiltear go díreach isteach sa chomhshaol iad le linn chéim úsáide an táirge nó ag deireadh a ré. Díorthaíonn micreaphlaistigh thánaisteacha ón miondealú ar phíosaí móra plaisteach (e.g. ***dramhaíl*** phlaisteach, amhail ***pacáistíocht*** nó líonta iascaireachta).
Réiteach dúlrabhunaithe	***Gníomhaíochtaí*** chun ***éiceachórais*** talún, ***fionnuisce***, chósta agus mhuirí nádúrtha nó mhodhnaithe a chosaint, a chaomhnú, a athchóiriú, a úsáid go hinbhuanaithe agus a bhainistiú lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin shóisialta, eacnamaíocha agus chomhshaoil go héifeachtach oiriúnaitheach agus lena soláthraítear, an tráth céanna, tairbhí maidir le dea-bhail an duine, ***seirbhísí éiceachórais***, athléimneacht agus ***bithéagsúlacht***.
Sprioc ghlan-nialasach	Is éard atá i gceist le ***sprioc ghlan-nialasach*** a leagan síos ar leibhéal gnóthais atá ailínithe le spriocanna aeráide sochaíocha a bhaint amach: a) scála laghduithe ar ***astaíochtaí slabhra luacha*** a bhaint amach a bheidh comhsheasmhach leis an laghdú is gá chun glan-nialasacht dhomhanda a bhaint amach i gconairí 1.5 C; agus b) ***tionchar*** aon astaíochta iarmharaí a neodrú (tar éis thart ar 90-95 % d'***astaíochtaí GCT*** a laghdú agus an fhéidearthacht ann go mbeadh éagsúlachtaí earnálacha a bhfuil údar leo ann i gcomhréir le conair earnálach aitheanta) trí mhéid coibhéiseach CO_2 a bhaint go buan.
Oibrithe nach fostaithe iad	Le h***oibrithe nach fostaithe iad*** i ***lucht saothair dílis*** gnóthais, áirítear conraitheoirí aonair a sholáthraíonn saothar don ghnóthas ('daoine féinfhostaithe') agus daoine arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil go príomha do 'ghníomhaíochtaí fostaíochta' (Cód NACE O78).
Fostaithe a bhfuil uaireanta neamhráthaithe acu	Tá ***fostaithe a bhfuil uaireanta neamhráthaithe acu*** fostaithe ag an ngnóthas gan ráthaíocht maidir le líon íosta uaireanta oibre nó líon seasta uaireanta oibre. D'fhéadfadh sé go mbeadh ar an bh***fostaí*** é féin a chur ar fáil le haghaidh oibre de réir mar is gá, ach níl oibleagáid chonarthach ar an ngnóthas líon íosta nó líon seasta uaireanta oibre a thairiscint don fhostaí in aghaidh an lae, in aghaidh na seachtaine nó in aghaidh na míosa. Samplaí a thagann faoin gcatagóir sin is ea oibrithe ócáideacha, fostaithe a bhfuil conarthaí gan íosmhéid uaireanta acu agus fostaithe ar glao-dhualgas.
Fuinneamh neamh-inathnuaite	Fuinneamh nach féidir a shainaithint mar fhuinneamh a dhíorthaítear ó fhoinsí ***in-athnuaite***.
Córas bainistithe sábháilteachta agus sláinte ceirde	Sraith gnéithe idirghaolmhara nó idirghníomhacha chun ***beartas*** agus cuspóirí sábháilteachta agus sláinte ceirde a bhunú, agus chun na cuspóirí sin a bhaint amach.
Deis	Féach an sainmhíniú ar ***dheis a bhaineann le hinbhuanaitheacht***.
Lucht saothair dílis	***Fostaithe*** atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas ('fostaithe') chomh maith le h***oibrithe nach fostaithe iad*** ar conraitheoirí aonair iad a sholáthraíonn saothar don ghnóthas ('daoine féinfhostaithe') nó daoine arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil go príomha do 'ghníomhaíochtaí fostaíochta' (Cód NACE O78).
Substaint lena n-ídítear an t-ózón	***Substaintí*** a liostaítear i bPrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin.
Pacáistíocht	***Táirgí*** déanta d'aon ábhar d'aon chineál atá le húsáid chun earraí a choimeád, a chosaint, a láimhseáil, a sheachadadh, a stóráil, a iompar agus a chur i láthair, ó amhábhair go hearraí próiseáilte, ón táirgeoir go dtí an t-úsáideoir nó an ***tomhaltóir*** (féach Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistíocht agus ***dramhaíl*** ó phacáistíocht).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Pá	An gnáth-***thuarastal*** bunaidh nó íosta maille le haon luach saothair eile, in airgead nó i gcomhchineál, a fhaigheann an t-oibrí, go díreach nó go hindíreach ('comhpháirteanna comhlántacha agus athraitheacha'), óna f(h)ostóir as ucht a f(h)ostaíochta. Ciallaíonn 'leibhéal ***pá***' pá bliantúil comhlán agus an pá comhlán comhfhreagrach in aghaidh na huaire. Ciallaíonn 'leibhéal airmheánach pá' pá an ***fhostaí*** a dtuillfeadh leath na bhfostaithe níos mó de agus leath na bhfostaithe níos lú de.
Duine faoi mhíchumas	Daoine a bhfuil lagú fadtéarmach fisiceach, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh cur isteach ar a rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach sa tsochaí ar bhonn comhionann le daoine eile.
Riosca fisiceach	Braitheann an fiontar eacnamaíoch domhanda uile ar fheidhmiú chórais an Domhain, amhail aeráid chobhsaí agus ***seirbhísí éiceachórais***, amhail soláthar bithmhaise (amhábhair). ***Rioscaí fisiceacha*** a bhaineann leis an dúlra, is toradh díreach iad ar spleáchas eagraíochta ar an dúlra. Tagann rioscaí fisiceacha chun cinn nuair a bhíonn córais nádúrtha lagaithe mar gheall ar an ***tionchar*** atá ag teagmhais aeráide (e.g. teagmhais adhaimsire amhail triomach), teagmhais gheolaíocha (e.g. teagmhais sheismeacha amhail crith talún) nó teagmhais nó athruithe ar chothromaíocht ***éiceachórais***, amhail cáilíocht na h***ithreach*** nó an éiceolaíocht mhuirí, a dhéanann difear do na seirbhísí éiceachórais a mbraitheann eagraíochtaí orthu. D'fhéadfaidís a bheith ina ngéar-rioscaí, ina rioscaí ainsealacha, nó an dá rud. Tagann rioscaí fisiceacha a bhaineann leis an dúlra chun cinn de thoradh athruithe ar dhálaí bitheacha (beo) agus aibitheacha (neamhbheo) a thacaíonn le héiceachórais shláintiúla fheidhmiúla. De ghnáth, baineann rioscaí fisiceacha go sonrach le suíomh. Bíonn rioscaí fisiceacha a bhaineann leis an dúlra bainteach go minic le ***rioscaí fisiceacha*** a ***bhaineann leis an aeráid***.
Curtha ar an margadh	Soláthar nó cur ar fáil do thríú páirtí, cibé acu ar íocaíocht nó saor in aisce. Measfar gur cur ar an margadh is ea allmhairiú.
Beartas	Tacar nó creat cuspóirí ginearálta agus prionsabal bainistíochta a úsáideann an gnóthas i gcomhair cinnteoireachta. Cuirtear chun feidhme le ***beartas*** straitéis nó cinntí bainistíochta an ghnóthais chun tionchair ábhartha iarbhír agus ***tionchair ábhartha fhéideartha*** a chosc, a mhaolú, a thabhairt chun deiridh, a íoslaghdú agus/nó a leigheas, aghaidh a thabhairt ar **rioscaí** ábhartha agus ***deiseanna*** ábhartha a shaothrú, ina n-aonar nó ar leibhéal níos airde (i.e. grúpaí díobh nó **topaicí** gaolmhara). Tá gach beartas faoi chúram duine (daoine) sainithe, sonraítear ann a pheiriméadar feidhme, agus áirítear leis cuspóir amháin nó níos mó (nasctha nuair is infheidhme maidir le ***spriocanna*** intomhaiste). Déantar beartas a bhailíochtú agus a athbhreithniú de réir rialacha infheidhme na ngnóthas maidir le rialachas. Cuirtear beartas chun feidhme trí ***ghníomhaíochtaí*** nó pleananna gníomhaíochta.
Truailleán	***Substaint***, creathadh, teas, torann, solas nó éilleán eile arb ann dóibh in aer, in uisce nó in ***ithir***, a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine agus/nó don chomhshaol, a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do mhaoin ábhartha, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'áiseanna agus d'úsáidí dlisteanacha eile den chomhshaol (féach Rialachán (AE) 2020/852).
Truailliú	***Truailleáin*** a thabhairt isteach go díreach nó go hindíreach, mar thoradh ar ghníomhaíocht an duine, san aer, san uisce nó san ***ithir***, ar truailleáin iad a d'fhéadfadh a bheith díobhálach do shláinte an duine nó do cháilíocht an chomhshaoil, a bhféadfadh damáiste do mhaoin ábhartha a bheith mar thoradh orthu, nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do thaitneamhachtaí agus d'úsáidí dlisteanacha eile a bhaintear as an gcomhshaol nó cur isteach orthu (féach Treoir (AE) 2024/1785).
Tionchar Féideartha	Is iad ***tionchair fhéideartha*** na tionchair sin nár tharla go fóill ach a d'fhéadfadh tarlú amach anseo agus a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don chomhshaol agus do dhaoine.
Próiseas chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú i leigheas	Tagraíonn ***próisis chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú i dtaca le leigheas*** do chineálacha cur chuige fhoirmiúla trína bhfreagraíonn an gnóthas do dhíobháil a shainaithnítear, cibé acu a shainaithnítear iad trí ***bhealaí foirmiúla chun ábhair imní nó riachtanais a chur in iúl*** nó trí mhodhanna eile. Is iondúil go n-áirítear sna próisis sin céimeanna nó critéir a leantar chun a áirithiú go dtugtar aghaidh go leordhóthanach ar ábhair imní nó ar riachtanais agus, más infheidhme, soláthar nó comhar maidir le leigheas le haghaidh ***tionchair iarbhír***. D'fhéadfadh próisis chun leigheas a sholáthar nó chun comhoibriú le leigheas a bheith nasctha le bealach amháin nó níos mó trína bhfuil ***páirtithe leasmhara*** in ann a n-ábhair imní nó a riachtanais a chur in iúl.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Táirge	Is éard is ***táirgí*** ann aon earra fisiceach ***a chuirtear ar an margadh*** nó a chuirtear i mbun seirbhíse.
Leictreachas, teas, gail nó fuarú ceannaithe nó faighte	I gcás ina bhfuair an gnóthas a chuid leictreachais, teasa, gail nó fuaraithe ó thríú páirtí. Léiríonn an téarma 'faighte' imthosca ina bhféadfadh sé nach gceannaíonn cuideachta leictreachas go díreach (e.g., tionónta i bhfoirgneamh), ach tugtar an fuinneamh isteach i saoráid an ghnóthais i gcomhair úsáide.
Caighdeáin cháilíochta aitheanta le haghaidh creidmheasanna carbóin	Caighdeáin cháilíochta le haghaidh ***creidmheasanna carbóin*** ar féidir le tríú páirtithe neamhspleácha iad a fhíorú, ceanglais agus tuarascálacha tionscadal a chur ar fáil go poiblí agus lena n-áirithítear breisíocht, buaine, agus seachaint comhairimh dúbailte agus a sholáthraíonn rialacha maidir le h***astaíochtaí agus baint GCT*** an tionscadail a ríomh, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhíorú.
Timpiste intaifeadta a bhaineann leis an obair	Is éard is tionóisc a bhaineann leis an obair ann tarlú discréideach le linn na hoibre as a n-eascraíonn díobháil fhisiciúil nó mheabhrach. Tá tarlú den sórt sin intaifeadta má bhíonn bás nó níos mó ná trí lá neamhláithreachta ón obair mar thoradh air.
Drochshláinte intaifeadta a bhaineann leis an obair	Cás drochshláinte a bhaineann leis an obair is ea aon tinneas arb iad tosca san ionad oibre is cúis leis nó a dhéanann níos measa é nó arb é nochtadh ag an obair d'fhachtóir riosca fisiceach, eagraíochtúil, ceimiceach nó bitheolaíoch nó do mheascán de na tosca sin is cúis leis go príomha. Tá cás den sórt sin intaifeadta má bhíonn bás nó neamhláithreacht ón obair mar thoradh air.
Aisghabháil (dramhaíl)	Aon oibríocht arb é an príomh-aschur uaithi ***dramhaíl*** ar féidir feidhm úsáideach a bheith aici trí ábhair eile a ionadú a d'úsáidfí murach sin chun feidhm ar leith a chomhlíonadh, nó dramhaíl a bheith á hullmhú chun an fheidhm sin a chomhlíonadh, sa ghléasra nó sa gheilleagar i gcoitinne (féach an Treoir Réime Dramhaíola (2008/98/CE)).
Athchúrsáil	Aon oibríocht ***aisghabhála*** ina ndéantar ábhair ***dhramhaíola*** a athphróiseáil ina d***táirgí***, ina n-ábhair nó ina ***substaintí***, chun na gcríoch bunaidh nó chun críoch eile. Áirítear air sin ábhair orgánacha a athphróiseáil ach ní áirítear air aisghabháil fuinnimh ná ábhar a athphróiseáil ina n-ábhair atá le húsáid mar bhreosla nó le haghaidh oibríochtaí aislíonta (féach an Treoir maidir le Dramhaíl (2008/98/CE)).
Leigheas / feabhsúchán	An duine nó na daoine, na pobail nó an comhshaol dá ndéantar difear a athbhunú go staid atá coibhéiseach nó chomh gar agus is féidir don staid ina mbeidís murar tharla tionchar diúltach iarbhír, lena n-áirítear trí chúiteamh airgeadais nó neamhairgeadais arna sholáthar ag an gcuideachta do dhuine nó do dhaoine a ndéanann an drochthionchar iarbhír difear dóibh.
Fuinneamh inathnuaite	Fuinneamh ó fhoinsí ***in-athnuaite*** neamhiontaise, eadhon fuinneamh gaoithe, gréine (grianfhuinneamh teirmeach agus grianfhuinneamh fótavoltach) agus geoiteirmeach, fuinneamh comhthimpeallach, fuinneamh taoide, fuinneamh toinne agus fuinneamh eile aigéin, hidreachumhacht, bithmhais, gás ó ***líonadh talún***, gás ó ionad cóireála camrais, agus bithghás (Airteagal 2(1) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn).
Ábhair inathnuaite	Ábhair a fhoinsítear go hinbhuanaithe, a léirítear go minic le scéimeanna deimhniúcháin a aithnítear go hidirnáisiúnta, a fhilleann, tar éis eastósctha, ar na leibhéil stoic a bhí acu roimhe seo trí fhás nádúrtha nó trí phróisis athshlánaithe ar ráta atá i gcomhréir le timthriallta úsáide. Dá bhrí sin, déantar iad a athshlánú nó a athfhás ar ráta níos tapúla ná an bhuaint nó an eastóscadh.
Indeisithe	Cumas an ***táirge*** a bheith i riocht feidhmiúil arís trí pháirteanna spártha a bheith ar fáil thar a shaolré iomlán féideartha, simplíocht na díchóimeála, agus inrochtaineacht na faisnéise deisiúcháin.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Insreafaí acmhainní	Ábhair fhisiceacha (e.g. ***substaintí*** agus ***táirgí***) a théann isteach in oibríochtaí gnóthais maidir le táirgeadh, tomhaltas, cothabháil, nó seachadadh seirbhíse. Áirítear leis sin amhábhair íona agus neamhíona (lena n-áirítear ***acmhainní muirí***, iompróirí fuinnimh a úsáidtear chun críoch ábhair), earraí leathchríochnaithe, agus comhpháirteanna, gan beann ar cé acu a cheannaítear, a athúsáidtear nó a aisghabhtar go hinmheánach iad. Léiríonn raon feidhme na n-***insreafaí acmhainní*** freisin spleáchas an ghnóthais ar acmhainní nádúrtha, a éifeachtúlacht acmhainní agus a ***chiorclaíocht***.
Eis-sreafaí acmhainní	Ábhair fhisiceacha (e.g. ***substaintí*** agus ***táirgí***) a fhágann oibríochtaí gnóthais mar thoradh ar a ghníomhaíochtaí, lena n-áirítear aschuir amhail táirgí a dhíoltar, seachtháirgí, ***dramhaíl***, ***astaíochtaí***, agus ábhair atá beartaithe lena n-***athúsáid***, lena n-***athchúrsáil*** nó lena ndiúscairt.
Úsáid acmhainní	Tagraíonn ***úsáid acmhainní*** don chaoi a ndéanann an gnóthas ábhair fhisiceacha, go háirithe ***ábhair theicniúla*** agus ***ábhair bhitheolaíocha***, a fhoinsiú, a thomhailt, a chlaochlú, a athúsáid nó a dhiúscairt ar fud a oibríochtaí agus a ***shlabhra luacha***. Cuimsíonn sé an dá rud seo a leanas: a) ***insreafaí acmhainní***: ábhair a thagann isteach sa ghnóthas (e.g. ábhair, ***substaintí***, comhpháirteanna); agus b) ***eis-sreafaí acmhainní***: ábhair a fhágann an gnóthas (e.g. ***táirgí***, seachtháirgí, ***dramhaíl***).
Athúsáid (dramhaíl)	Aon oibríocht trína mbaintear úsáid an athuair as ***táirgí*** agus comhpháirteanna táirgí nach ***dramhaíl*** iad chun na críche céanna dár ceapadh iad. D'fhéadfadh glanadh nó coigeartuithe beaga a bheith i gceist leis sin ionas go mbeidh siad ullamh don chéad úsáid eile gan go leor réamhphróiseála.
Riosca	Féach an sainmhíniú ar ***riosca a bhaineann le hinbhuanaitheacht***.
Cás	Tuairisc shochreidte ar conas a d'fhéadfaí an todhchaí a fhorbairt bunaithe ar shraith chomhtháite toimhdí maidir le príomhfhórsaí spreagtha a bheidh comhsheasmhach go hinmheánach (e.g. ráta an athraithe theicneolaíoch, praghsanna) agus gaolmhaireachtaí. Tabhair faoi deara nach réamh-mheastacháin ná réamhaisnéisí iad na ***cásanna*** ach úsáidtear iad chun léiriú a sholáthar ar impleachtaí forbairtí agus ***gníomhaíochtaí***.
Anailís ar chásanna	Próiseas chun raon féideartha torthaí teagmhas amach anseo a shainaithint agus a mheasúnú faoi dhálaí éiginnteachta, agus úsáid á baint as cás amháin nó as ***cásanna*** iomadúla.
Astaíochtaí GCT Scóip 1	***Astaíochtaí GCT*** díreacha ó fhoinsí atá faoi úinéireacht an ghnóthais nó á rialú aige.
Astaíochtaí GCT Scóip 2	***Astaíochtaí*** indíreacha ó ***leictreachas, gail, teas, nó fuarú ceannaithe nó faighte a ghiniúint***, arna n-ídiú ag an ngnóthas.
Astaíochtaí GCT Scóip 3	Gach ***astaíocht GCT indíreach*** (nach n-áirítear in ***astaíochtaí GCT Scóip 2***) a tharlaíonn i ***slabhra luacha*** an ghnóthais tuairiscithe, lena n-áirítear ***astaíochtaí*** réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon. Is féidir ***astaíochtaí GCT Scóip 3*** a mhiondealú de réir ***chatagóirí Scóip 3***.
Catagóir Scóip 3	Ceann de na 15 chineál ***astaíochtaí GCT Scóip 3*** a shainaithnítear le Caighdeán Corparáideach Cuntasaíochta agus Tuairiscithe Phrótacal GCT (2004) agus a mhionsonraítear le Slabhra Luacha Corparáideach Phrótacal GCT (Scóip 3), Caighdeán Cuntasaíochta agus Tuairiscithe (Leagan 2011). Gnóthais a roghnaíonn cuntas a thabhairt ar a n-***astaíochtaí Scóip 3*** bunaithe ar chatagóirí ***astaíochtaí GCT indíreacha*** ISO 14064-1:2018, féadfaidh siad tagairt a dhéanamh freisin don chatagóir a shainítear i gClásal 5.2.4 (gan astaíochtaí GCT indíreacha ó fhuinneamh allmhairithe a áireamh) de ISO 14064-1:2018.
Acmhainn thánaisteach	Ábhair a úsáideadh roimhe seo (neamhíon: iad siúd a aisghabhtar ó ***shruthanna dramhaíola*** nó ó fhoinsí eile chomh maith le hábhair a fhaightear i ***dtáirgí*** nó comhpháirteanna úsáidte) agus a thugtar isteach arís i dtimthriallta táirgthe, rud a laghdaíonn an spleáchas ar acmhainní príomhúla agus a íoslaghdaíonn ***tionchair*** chomhshaoil. Mar shampla, ábhair athchúrsáilte chomh maith le táirgí nó comhpháirteanna athúsáidte, deisithe, athchóirithe nó athmhonaraithe.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Suíomh	Is suíomhanna fisiciúla iad ***láithreáin***: a) i gcás ina n-oibríonn gnóthas nó gníomhaithe sa ***slabhra luacha*** agus i gcás inar dócha go dtarlóidh ***spleáchais*** agus ***tionchair***. I measc na samplaí tá monarchana, feirmeacha, mianaigh, oifigí nó lárionaid seirbhíse, bonneagar nó saoráidí, meánna, bonneagair fhodhromchla faoi dhromchla na talún nó faoi dhromchla ghrinneall na farraige, amhail tolláin mianadóireachta faoi thalamh, cáblaí, agus nóid phíblíne nó slabhra luacha; nó b) le measc uathúil d'***ithir***, aeráid, topagrafaíocht, hidreolaíocht, agus tosca fisiceacha agus bitheolaíocha eile.
Idirphlé sóisialta	Gach cineál caibidlíochta, comhairliúcháin nó, go simplí, malartaithe faisnéise idir nó i measc ionadaithe rialtas, fostóirí, a n-eagraíochtaí agus ***ionadaithe oibrithe***, maidir le saincheisteanna leasa choitinn a bhaineann le ***beartas*** eacnamaíoch agus sóisialta. Is féidir é a bheith ina phróiseas tríthaobhach, ina bhfuil an rialtas ina pháirtí oifigiúil san idirphlé, nó féadfar nach mbeidh ann ach caidrimh dhéthaobhacha idir ionadaithe oibrithe agus an bhainistíocht (nó ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí).
Cosaint shóisialta	An tacar beart atá ceaptha an bhochtaineacht agus an leochaileacht ar feadh an tsaoil a laghdú agus a chosc. Ar na mórtheagmhais saoil a dtugtar aghaidh orthu in CETI i ndáil le ***cosaint shóisialta*** áirítear breoiteacht, dífhostaíocht ag tosú ón uair a bhíonn an t-oibrí dílis ag obair don ghnóthas, gortú fostaíochta agus míchumas faighte agus saoire mháithreachais.
Ithir	Brat uachtair an Domhain atá suite idir an bhuncharraig agus an dromchla. Tá an ***ithir*** comhdhéanta de cháithníní mianraí, ábhar orgánach, uisce, aer agus orgánaigh bheo (féach Treoir (AE) 2010/75).
Séalú ithreach	***Ithir*** a chumhdach ar bhealach a fhágann go bhfuil an limistéar a chumhdaítear neamh-thréscaoilteach (e.g. bóthar). D'fhéadfadh an easpa tréscaoilteachta sin ***tionchair*** chomhshaoil a chruthú mar a thuairiscítear i Rialachán (AE) 2018/2026 ón gCoimisiún ([1]).
Páirtí Leasmhar	Iad sin ar féidir leo difear a dhéanamh don ghnóthas nó dá ndéanann an gnóthas difear. Tá dhá phríomhghrúpa ***páirtithe leasmhara*** ann: a) páirtithe leasmhara dá ndéantar difear: daoine aonair nó grúpaí a ndéantar difear dá leasanna nó a bhféadfaí difear a dhéanamh dá leasanna – go dearfach nó go diúltach – de bharr ghníomhaíochtaí an ghnóthais agus a ***ghaolmhaireachtaí*** díreacha nó indíreacha ***gnó*** thar a ***shlabhra luacha***; agus b) ***úsáideoirí ráiteas inbhuanaitheachta***: príomhúsáideoirí an tuairiscithe airgeadais ilchuspóirigh (infheisteoirí reatha agus ionchasacha, iasachtóirí agus creidiúnaithe eile lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, institiúidí creidmheasa, gnóthais árachais), chomh maith le húsáideoirí eile ráiteas inbhuanaitheachta ilchuspóireach, amhail comhpháirtithe gnó an ghnóthais, comhpháirtithe sóisialta (ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí), an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. D'fhéadfadh roinnt páirtithe leasmhara ach ní iad uile a bheith sa dá ghrúpa.
Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara	Próiseas leanúnach idirghníomhaíochta agus idirphlé idir an gnóthas agus a ***pháirtithe leasmhara*** a chuireann ar chumas an ghnóthais a leasanna agus a n-imní a chloisteáil, a thuiscint agus a fhreagairt.
Téarmaí íocaíochta caighdeánacha	Tagraíonn ***téarmaí íocaíochta caighdeánacha*** do théarmaí a ceapadh roimh ré le haghaidh roinnt idirbheart lena mbaineann páirtithe éagsúla agus nár chaibidligh na páirtithe ar leithligh. Is iondúil go dtairgtear/go moltar na téarmaí sin do ***sholáthróirí***. Féadfaidh siad eascairt as ***beartas*** nó nós imeachta gnóthais, nó féadfar iad a ríomh mar mheán nó mar mheán téarmaí i gconarthaí le soláthróirí.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Sócmhainn tréigthe	Is éard is ***sócmhainní tréigthe*** ann (lena n-áirítear 'sócmhainní intréigthe') na sócmhainní nó na hinfheistíochtaí sin (iad gníomhach nó pleanáilte go daingean araon) nach féidir leo, tráth éigin roimh dheireadh a saolré eacnamaíche, toradh eacnamaíoch a thuilleamh a thuilleadh mar thoradh ar athruithe ar rialáil, ar fhórsaí margaidh, ar nuálaíocht theicneolaíoch, nó ar thosca comhshaoil (lena n-áirítear an t-athrú aeráide agus an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin). Áirítear orthu sin de ghnáth sócmhainní a ndearnadh (nó a bhfuil coinne leis go ndéanfar) laghdú, díluacháil, nó comhshó go dliteanais orthu gan choinne nó roimh am; chomh maith le sócmhainní ag a bhfuil ***astaíochtaí GCT gaibhnithe*** suntasacha thar a saolré oibriúcháin. Díríonn an téarma 'sócmhainní tréigthe' ar a bhfuil tarlaithe cheana féin ar dháta na nochtaí agus d'fhéadfadh sé a bheith léirithe cheana féin sna ráitis airgeadais (sa chás sin is féidir iad sin a chrostagairt), agus tagraíonn an téarma 'sócmhainní intréigthe' do mheasúnú réamhbhreathnaitheach lena gcuirtear ***cás*** ar leith amach anseo san áireamh.
Amhábhair straitéiseacha	Fothacar d'***amhábhair chriticiúla*** atá fíor-riachtanach do theicneolaíochtaí glasa agus digiteacha, d'fheidhmeanna cosanta agus spáis (féach Iarscríbhinn I, Roinn 1, Rialachán (AE) 2024/1252 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle).
Substaint	Aon dúil cheimiceach agus a comhdhúile, ina staid nádúrtha nó a fhaightear trí aon phróiseas monaraíochta, lena n-áirítear aon bhreiseán is gá chun a cobhsaíocht a chaomhnú nó aon eisíontas a dhíorthaíonn ón bpróiseas a úsáidtear, ach gan aon tuaslagóir a áireamh a fhéadfar a dheighilt gan difear a dhéanamh do chobhsaíocht na ***substainte*** ná gan a comhdhéanamh a athrú agus cé is moite de na substaintí seo a leanas: a) substaintí mar a shainmhínítear in Airteagal 1 de Threoir 96/29/Euratom ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha sábháilteachta chun sláinte oibrithe agus an phobail i gcoitinne a chosaint ar na contúirtí a éiríonn as radaíocht ianúcháin; b) miocrorgánaigh ghéinmhodhnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(b) de Threoir 2009/41/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid imshrianta miocrorgánach géinmhodhnaithe; agus c) orgánaigh ghéinmhodhnaithe mar a shainmhínítear i bpointe 2 d'Airteagal 2 de Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol (Treoir 2010/75/AE). Chomh maith le substaintí ina n-aonar, tá substaintí i láthair freisin i meascáin, ar tuaslagáin iad atá comhdhéanta de dhá shubstaint nó níos mó.
Substaintí arb údar imní iad	***Substaint*** arb amhlaidh an méid seo a leanas ina leith: a) lena gcomhlíontar na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 59(1) den Rialachán sin; agus/nó b) lena n-aicmítear i gCuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 i gceann de na haicmí guaise nó de na catagóirí guaise seo a leanas: v) carcanaigineacht, catagóirí 1 agus 2; vi) só-ghineacht ghaiméite, catagóirí 1 agus 2; vii) tocsaineacht atáirgthe, catagóirí 1 agus 2; viii) suaitheadh inchríneach do shláinte an duine, catagóirí 1 agus 2; ix) suaitheadh inchríneach don chomhshaol, catagóirí 1 agus 2; x) airíonna marthanacha, soghluaiste agus tocsaineacha nó airíonna an-mharthanach, an-soghluaiste; xi) airíonna marthanacha, inbhithbhailithe agus tocsaineacha nó airíonna an-mharthanach agus an-inbhithbhailithe; xii) íogrú riospráide, catagóir 1; xiii) íogrú craicinn, catagóir 1; xiv) guais don chomhshaol uisceach, catagóirí ainsealacha 1 go 4; xv) guaiseach don chiseal ózóin; xvi) tocsaineacht sain-spriocorgáin – nochtadh aonair, catagóirí 1 agus 2; nó xvii) tocsaineacht sain-spriocorgáin – nochtadh aonair, catagóirí 1 agus 2.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Substaintí arb Údar Mór Imní iad	***Substaintí*** a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 57 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH) agus a sainaithníodh i gcomhréir le hAirteagal 59(1) den Rialachán sin.
Soláthróir	Eintiteas réamhtheachtach ón eagraíocht (i.e., i ***slabhra soláthair*** na heagraíochta), a sholáthraíonn ***táirge*** nó seirbhís a úsáidtear i bhforbairt táirgí nó seirbhísí dílse eagraíochta. Féadfaidh ***soláthróir gaolmhaireacht ghnó*** dhíreach a bheith aige leis an eagraíocht (dá dtagraítear go minic mar sholáthróir den chéad sraith) nó gaolmhaireacht ghnó indíreach.
Slabhra soláthair	An raon iomlán gníomhaíochtaí nó próiseas arna ndéanamh ag eintitis réamhtheachtacha nó iartheachtacha ón ngnóthas, a sholáthraíonn ***táirgí*** nó seirbhísí a úsáidtear chun táirgí nó seirbhísí dílse an ghnóthais a fhorbairt agus a tháirgeadh. Cuimsítear leis sin eintitis réamhtheachtacha lena bhfuil gaolmhaireacht dhíreach ag an ngnóthas (dá dtagraítear go minic mar ***sholáthróir*** den chéad sraith) agus eintitis lena bhfuil ***gaolmhaireacht ghnó*** indíreach ag an ngnóthas.
Uisce dromchla	Uiscí intíre, ach amháin ***screamhuisce***; uiscí trasdultacha agus uiscí cósta, ach amháin i leith stádas ceimiceach, ar lena aghaidh a áireofar uiscí trasdultacha leis freisin. Sainmhínítear é freisin mar an t-uisce go léir ar dhromchla an domhain, lena n-áirítear ***fionnuisce*** agus uisce eile arna idirdhealú ó uisce ón bhfodhromchla (screamhuisce).
Tionchair a bhaineann le hinbhuanaitheacht (nó tionchar)	An éifeacht atá ag an ngnóthas nó a d'fhéadfadh a bheith aige ar an gcomhshaol agus ar dhaoine, lena n-áirítear éifeachtaí ar chearta an duine, a bhaineann lena oibríochtaí dílse agus lena ***shlabhra luacha*** réamhtheachtach agus iartheachtach, lena n-áirítear trína chuid ***táirgí*** agus seirbhísí, agus trína ***ghaolmhaireachtaí gnó***. D'fhéadfadh na ***tionchair*** a bheith iarbhír nó ionchasach, diúltach nó dearfach, beartaithe nó neamhbheartaithe, agus in-aisiompaithe nó do-aisiompaithe. Féadfaidh siad teacht chun cinn sa ghearrthéarma, meántéarma nó fadtéarma. Le tionchair, léirítear rannchuidiú, diúltach nó dearfach, an ghnóthais leis an bhforbairt inbhuanaithe.
Deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht (nó deis)	Teagmhais nó dálaí neamhchinnte comhshaoil, sóisialta nó rialachais a bhféadfadh, má tharlaíonn siad, éifeacht dhearfach ábhartha ionchasach a bheith acu ar ***shamhail ghnó*** agus straitéis an ghnóthais agus ar a chumas a ***spriocanna*** a bhaint amach agus luach a chruthú agus, dá bhrí sin, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a chinntí agus ar chinntí a ghaolmhaireachta gnó a mhéid a bhaineann le ***topaicí*** inbhuanaitheachta. Fearacht aon deis eile, déantar ***deiseanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht*** a thomhas mar theaglaim den mhéid agus an dóchúlacht go dtarlóidh sé.
Riosca a bhaineann le hinbhuanaitheacht (nó riosca)	Teagmhais nó dálaí neamhchinnte comhshaoil, sóisialta nó rialachais a bhféadfadh, má tharlaíonn siad, éifeacht dhiúltach ábhartha ionchasach a bheith acu ar ***shamhail ghnó*** agus straitéis an ghnóthais agus ar a chumas a ***spriocanna*** a bhaint amach agus luach a chruthú agus, dá bhrí sin, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a chinntí agus ar chinntí a ghaolmhaireachta gnó a mhéid a bhaineann le ***topaicí*** inbhuanaitheachta. Cosúil le haon ***riosca*** eile, déantar ***rioscaí a bhaineann le hinbhuanaitheacht*** a thomhas mar theaglaim de mhéid agus de dhóchúlacht an tarlaithe.
Ráiteas inbhuanaitheachta	An roinn thiomnaithe de thuarascáil bhainistíochta an ghnóthais ina gcuirtear i láthair an fhaisnéis faoi ***thopaicí*** agus fothopaicí inbhuanaitheachta arna n-ullmhú i gcomhréir le Treoir (AE) 2022/2464 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus CETI.
Riosca sistéamach	***Rioscaí*** a eascraíonn as briseadh síos an chórais ina iomláine seachas as teip codanna aonair de. Mar shaintréith acu tagann pointí iompaithe beaga le chéile go hindíreach chun teipeanna móra a chruthú ina dtarlaíonn idirghníomhaíochtaí cascáideacha idir ***rioscaí*** fisiceacha agus ***aistrithe*** (tógálacht), de réir mar a thionscnaíonn caillteanas amháin slabhra caillteanas eile, gan córais bheith in ann cothromaíocht a bhaint amach arís tar éis suaite. Sampla de sin is ea caillteanas speicis buntaca, amhail dobhráin mhara, a bhfuil ról ríthábhachtach acu i struchtúr pobail ***éiceachórais***. Nuair a seilgeadh dobhráin mhara a oiread sin gur bheag nár díothaíodh iad sna 1900idí, chuaigh éiceachórais an chósta i léig agus laghdaíodh táirgeadh bithmhaise go mór.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Sprioc	Spriocanna atá intomhaiste, dírithe ar thorthaí agus faoi cheangal ama a bhféachann an gnóthas lena mbaint amach i ndáil le ***tionchair***, ***rioscaí*** nó ***deiseanna*** ábhartha. Féadfaidh an gnóthas iad a shocrú go deonach nó féadfar iad a dhíorthú ó cheanglais dlí atá ar an ngnóthas. Is féidir a chuimsiú le ***sprioc*** ní hamháin feabhsuithe ach freisin cothabháil na dtorthaí a baineadh amach nó caomhnú na leibhéal comhsheasmhach feidhmíochta.
Ábhar teicniúil	Ábhair nach féidir leis an timthriall bitheolaíoch iad a phróiseáil agus a charntar mar ***dhramhaíl*** dá bhrí sin toisc nach féidir leo briseadh síos agus filleadh ar an dúlra mar chothaithigh.
Speicis nó éiceachórais faoi bhagairt	Tagraíonn ***speicis faoi bhagairt***, do speicis faoi bhagairt lena n-áirítear flora agus fauna, a liostaítear ar an Liosta Dearg Eorpach nó ar Liosta Dearg IUCN na Speiceas faoi Bhagairt, dá dtagraítear i Roinn 7 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2139 ón gCoimisiún. Tagraíonn ***éiceachórais faoi bhagairt*** do na ***héiceachórais*** a aicmítear mar éiceachórais atá i mbaol criticiúil, i mbaol agus leochaileach de réir Liosta Dearg IUCN na nÉiceachóras.
Topaic	Úsáideann CETI na téarmaí '***topaic***' agus 'fothopaic' inbhuanaitheachta a thuigtear a bheith comhchiallach leis na téarmaí 'ábhair inbhuanaitheachta' nó 'tosca inbhuanaitheachta'. Déantar nochtaí in CETI a struchtúrú ina dtopaicí. Déantar topaic a imdhealú a thuilleadh i bhfothopaicí. In CETI, úsáidtear an téarma 'topaic' chun topaic nó fothopaic a léiriú, ag brath ar an leibhéal gráinneachta is iomchuí is gá chun an cuspóir nochta faoi seach a chomhlíonadh.
Oiliúint	Tionscnaimh a chuireann an gnóthas i bhfeidhm a fhéachann le scileanna agus eolas a ***lucht saothair dílse*** a choinneáil ar bun agus/nó a fheabhsú. Is féidir modheolaíochtaí éagsúla a áireamh inti, amhail ***oiliúint*** ar an láthair, agus oiliúint ar líne.
Plean aistrithe	Cineál sonrach plean ***gníomhaíochta*** a ghlacann an gnóthas i ndáil le cinneadh straitéiseach ina dtugtar aghaidh: a) ar chuspóir beartais ***phoiblí***; agus/nó b) plean gníomhaíochta eintiteas-sonrach arna eagrú mar shraith struchtúrtha ***spriocanna*** agus gníomhaíochtaí, a bhaineann leis an méid seo a leanas: xviii) príomhchinneadh straitéiseach; xix) athrú mór ar an ***tsamhail ghnó***; agus go háirithe xx) gníomhaíochtaí tábhachtacha agus acmhainní leithdháilte.
Plean aistrithe le haghaidh maolú ar an athrú aeráide	Gné de straitéis fhoriomlán gnóthais ina leagtar amach ***spriocanna***, ***gníomhaíochtaí*** agus acmhainní an ghnóthais dá aistriú i dtreo geilleagar ísealcharbóin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail a ***astaíochtaí GCT*** a laghdú i ndáil leis an gcuspóir go gcuirfear teorann leis an téamh domhanda ag 1,5 °C agus le cuspóir na haeráidneodrachta.
Riosca aistrithe	***Rioscaí*** a leanann as mí-ailíniú idir straitéis agus bainistíocht eagraíochta nó infheisteora agus an tírdhreach athraitheach rialála, ***beartais*** nó sochaíoch ina n-oibríonn sé. Forbairtí a fhéachann le damáiste don aeráid nó don dúlra a stopadh nó a aisiompú, amhail bearta rialtais, forbairtí ceannródaíocha teicneolaíochta, athruithe ar an margadh, dlíthíocht agus roghanna ***tomhaltóirí*** a bheith ag athrú, is féidir leo sin uile ***aistrithe rioscaí*** a chruthú nó a athrú.
Úsáideoir	***Úsáideoirí ráiteas inbhuanaitheachta*** iad príomhúsáideoirí an tuairiscithe airgeadais ag a bhfuil cuspóir ginearálta (infheisteoirí reatha agus ionchasacha, iasachtóirí agus creidiúnaithe eile, lena n-áirítear bainisteoirí sócmhainní, institiúidí creidmheasa, gnóthais árachais), chomh maith le húsáideoirí eile, lena n-áirítear comhpháirtithe gnó an ghnóthais, ceardchumainn agus comhpháirtithe sóisialta, an tsochaí shibhialta agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.
Úsáideoir earraí	Aon duine nádúrtha nó dlítheanach a úsáideann ***earra*** le linn a ghníomhaíochtaí tionsclaíocha nó gairmiúla. Chun críocha na gcaighdeán sin, déantar coincheap an 'úsáideora' a oiriúnú ó úsáideoirí iartheachtacha Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH).

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Úsáideoir substaintí	Aon duine nádúrtha nó dlítheanach, seachas an monaróir, an ***foirmlitheoir***, nó an t-***allmhaireoir***, a úsáideann ***substaint***, léi féin nó i measc, le linn a ngníomhaíochtaí tionsclaíocha nó gairmiúla, gan an ***tomhaltóir*** deiridh a áireamh. Chun críocha na gcaighdeán sin, déantar an coincheap sin a oiriúnú ó úsáideoirí iartheachtacha Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (REACH).
Slabhra luacha	An raon iomlán gníomhaíochtaí, acmhainní agus gaolmhaireachtaí a bhaineann le ***samhail ghnó*** an ghnóthais agus an timpeallacht sheachtrach ina bhfeidhmíonn sé. Cuimsítear le ***slabhra luacha*** na gníomhaíochtaí, acmhainní agus gaolmhaireachtaí a úsáideann an gnóthas agus a mbíonn sé ag brath orthu chun a ***tháirgí*** nó as sheirbhísí a chruthú idir thionscnamh go seachadadh, ídiú agus deireadh ré. Áirítear le gníomhaíochtaí, acmhainní agus gaolmhaireachtaí ábhartha: a) iad sin in oibríochtaí dílse an ghnóthais, amhail acmhainní daonna; b) iad siúd feadh a bhealaí soláthair, margaíochta agus dáilte, amhail ábhair agus foinsiú seirbhíse agus díol agus seachadadh táirgí agus seirbhísí; agus c) na timpeallachtaí maoiniúcháin, geografacha, geopholaitiúla agus rialála ina n-oibríonn an gnóthas. Áirítear le slabhra luacha ***gníomhaithe*** atá réamhtheachtach agus iartheachtach ón ngnóthas. Gníomhaithe atá réamhtheachtach ón ngnóthas (e.g. ***soláthróirí***) soláthraíonn siad táirgí nó seirbhísí a úsáidtear chun táirgí nó seirbhísí an ghnóthais a fhorbairt. Faigheann eintitis atá iartheachtach ón ngnóthas (e.g. dáileoirí, custaiméirí) táirgí nó seirbhísí ón ngnóthas. Úsáidtear an téarma 'slabhra luacha' san uimhir uatha in CETI, cé go n-aithnítear go bhféadfadh slabhraí luacha iomadúla a bheith ag gnóthais.
Pá	***Pá*** comhiomlán, gan comhpháirteanna athraitheacha amhail ***pá*** ragoibre agus dreasachta a áireamh, agus gan liúntais a áireamh ach amháin má tá siad ráthaithe.
Dramhaíl	Aon ***substaint*** nó réad a dhiúscraíonn an sealbhóir, a bhfuil sé beartaithe aige a dhiúscairt, nó a gceanglaítear air a dhiúscairt (féach Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dramhaíl).
Sruth dramhaíola	Sreabhadh maise áirithe ***dramhaíola*** ó phróiseas, gníomhaíocht, saoráid nó tionscal, a ghrúpáiltear go minic de réir ábhair (e.g. plaisteach, miotal, orgánach), tionscnaimh (e.g. teaghlaigh, tionsclaíoch), nó guaise (e.g. guaiseach vs. neamhghuaiseach).
Tomhaltas uisce	An méid uisce a tharraingítear isteach faoi theorainneacha an ghnóthais agus nach sceitear ar ais sa timpeallacht uisce nó chuig tríú páirtí le himeacht na tréimhse tuairiscithe.
Sceitheadh uisce	Suim na n-eisilteach agus an uisce eile a fhágann teorainneacha an ghnóthais agus a scaoiltear isteach in ***uisce dromchla***, ***screamhuisce*** nó chuig tríú páirtithe le himeacht na tréimhse tuairiscithe.
Uisce athchúrsáilte agus athúsáidte	Uisce agus fuíolluisce (cóireáilte nó neamhchóireáilte) a úsáideadh níos mó ná uair amháin cheana sula sceitear amach ó theorainn an ghnóthais é, ionas go laghdaítear an t-éileamh ar uisce. D'fhéadfadh sé gurb é an próiseas céanna é (athchúrsáilte) nó gur próiseas éagsúil é laistigh den tsaoráid chéanna (dá chuid féin nó comhroinnte le gnóthais eile) nó i saoráidí (athúsáidte) eile de chuid an ghnóthais.
Ganntanas uisce	A fhlúirsí, nó a ghainne, atá acmhainní ***fionnuisce*** ó thaobh toirtmhéadrachta de. Is é an duine is cúis leis an nganntanas; Is é an duine is cúis le ganntanas, is feidhm é de thoirt ***tomhaltais uisce*** an duine i gcoibhneas leis an toirt acmhainní uisce i limistéar ar leith. Dá réir sin, réigiún tur nach bhfuil ach fíorbheagán uisce ach gan aon tomhaltas ag an duine ar an uisce sin ann, mheasfaí gur réigiún tur é agus ní réigiún ina bhfuil ganntanas uisce. Is fíorstaid oibiachtúil fhisiceach é an ***ganntanas uisce*** a bhfuiltear in ann a thomhas go comhsheasmhach ar fud réigiún agus le himeacht ama. Tá ganntanas uisce ina léiriú ar a fhlúirsí atá fionnuisce go fisiceach, ní ar cé acu atá nó nach bhfuil an t-uisce sin oiriúnach lena úsáid. D'fhéadfadh sé, mar shampla, go bhfuil acmhainní uisce flúirseach i réigiún (nach mbreithnítear ganntanas uisce a bheith ann dá réir) ach go bhfuil an ***truailliú*** chomh tromchúiseach sin ann nach bhfuil na soláthairtí sin oiriúnach d'úsáidí an duine ná d'úsáidí éiceolaíocha.

Téarma sainmhínithe	Sainmhíniú
Uisce stóráilte	Uisce a choinnítear i saoráidí stórála uisce nó i dtaiscumair.
Strus maidir le huisce	An cumas, nó easpa cumais, freastal ar an éileamh daonna agus éiceolaíoch ar uisce. Is coincheap cuimsitheach é ***strus maidir le huisce*** lena gcuirtear san áireamh roinnt gnéithe fisiciúla a bhaineann le hacmhainní uisce, lena n-áirítear infhaighteacht uisce, cáilíocht uisce, agus inrochtaineacht uisce (i.e. an bhfuil daoine in ann úsáid a bhaint as soláthairtí uisce atá ar fáil go fisiciúil), rud a fheidhmíonn go minic mar fheidhm de leordhóthanacht an bhonneagair agus d'inacmhainneacht uisce, i measc nithe eile.
Asbhaint uisce	Suim an uisce uile a tharraingítear isteach faoi theorainneacha an ghnóthais as gach foinse le haghaidh aon úsáid le himeacht na tréimhse tuairiscithe.
Oibrí sa slabhra luacha	Duine aonair a fheidhmíonn obair i ***slabhra luacha*** gnóthais, gan beann ar ghaolmhaireacht chonarthach a bheith ann leis an ngnóthas nó cineál na gaolmhaireachta sin. In CETI, in raon feidhme na n-***oibrithe sa slabhra luacha*** áirítear na hoibrithe uile i slabhra luacha réamhtheachtach agus iartheachtach an ghnóthais a bhfuil tionchar ábhartha ag an ngnóthas orthu nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag an ngnóthas orthu. Áirítear orthu sin ***tionchair*** atá nasctha le hoibríochtaí dílse an ghnóthais, agus leis an slabhra luacha, lena n-áirítear trína chuid ***táirgí*** nó seirbhísí, agus trína ***ghaolmhaireachtaí gnó***. Áirítear orthu sin na hoibrithe uile nach dtagann faoi raon feidhme '***lucht saothair dílis***' (áirítear le 'lucht saothair dílis' daoine atá i gcaidreamh fostaíochta leis an ngnóthas ('***fostaithe***') chomh maith le h***oibrithe nach fostaithe iad*** ar conraitheoirí aonair iad a sholáthraíonn saothar don ghnóthas ('daoine féinfhostaithe') nó daoine arna soláthar ag gnóthais a bhíonn ag gabháil go príomha do ghníomhaíochtaí fostaíochta) (Cód NACE O78).
Ionadaithe oibrithe	Ciallaíonn ***ionadaithe oibrithe***: a) ionadaithe ceardchumann, is é sin ionadaithe a ainmníonn nó a thoghann ceardchumainn nó comhaltaí ceardchumann i gcomhréir le reachtaíocht agus cleachtas náisiúnta; b) ionadaithe arna dtoghadh go cuí, is é sin ionadaithe arna dtoghadh faoi shaoirse ag oibrithe na heagraíochta, nach bhfuil faoi cheannas ná faoi rialú ag an bhfostóir i gcomhréir le forálacha dlíthe nó rialachán náisiúnta nó le comhaontuithe comhchoiteanna agus nach n-áirítear ar a bhfeidhmeanna gníomhaíochtaí ar sainchumas eisiach na gceardchumann sa tír lena mbaineann iad agus nach n-úsáidtear chun dochar a dhéanamh do sheasamh na gceardchumann lena mbaineann nó a n-ionadaithe.
Cothromaíocht oibre agus saoil	Staid shásúil cothromaíochta idir saol oibre agus saol pearsanta duine aonair. Leis an g***cothromaíocht oibre agus saoil*** go ginearálta, cuimsítear ní hamháin an chothromaíocht idir an saol oibre agus an saol príobháideach i bhfianaise freagrachtaí teaghlaigh nó cúraim, ach cuimsítear leis freisin an leithdháileadh ama idir an t-am a chaitear ag an obair agus sa saol príobháideach lasmuigh de fhreagrachtaí teaghlaigh.

([1]) Rialachán (AE) 2018/2026 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1221/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht shaorálach eagraíochtaí i scéim Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil ('EMAS') (IO L 325, 20.12.2018, lch. 18 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/2026/oj).